



Imleabhar 2 Pleananna Lonnaíochta

Dréachtphlean Forbartha
Chontae na Gaillimhe
2022~2028



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council



Imleabhar 2 **Plean Straitéiseach Limistéar** **Ceannchathartha**

Dréachtphlean Forbartha
Chontae na Gaillimhe
2022~2028



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Brollach

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe

Leibhéal	Ordlathas	Lonnaíocht	Stádas Reatha
1	Limistéar Ceannchathartha	Féach Mír 2 Baile Chláir	Plean Ceannchathartha Bhaile Chláir 2022 - 2028
		Bearna	Plean Ceannchathartha Bhearna 2022 - 2028
		Órán Mór	Plean Ceannchathartha Órán Mór 2022 – 2028
		An Garrán Cnoc Mhaoil Drise	Creatphlean Uirbeach an Gharráin Creatphlean Uirbeach Chnoc Mhaoil Drise
2	Príomhbhailte	Béal Átha na Sluaighe	Plean Ceantair Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe 2015 – 2021 hbhreithniú ar an PCÁ seo le tosú i R3 2021.
		Tuaim	Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018 – 2024 Athbhreithniú ar an PCÁ seo le tosú i R4 2021.
3	Áit a bhfuil Acmhainneacht Straitéiseach aici	Baile Átha an Rí	Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2012 – 2022 Athbhreithniú ar an PCÁ seo le tosú i R4 2021
4	Bailte Féinchothabhála	An Gort Baile Locha Riach	Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2012 – 2022. Athbhreithniú ar an PCÁ seo le tosú i R4 2021
5	Bailte Beagfháis	An Clochán Áth Cinn Maigh Cuilinn Uachtar Ard Port Omna	Féach Mír 3 Pleananna Lonnaíochta um Baile Beagfháis

6	Sráidbhailte Beagfháis	An Cheathrú Rua An Spidéal Béal Átha Ghártha Dún Mór Gleann na Madadh Cinn Mhara Maigh Locha	Féach Mír 4 Pleananna Lonnaíochta um Shráidbhaile Beagfháis
---	------------------------	--	---

1.0 Cuid 1 - Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe

“Is é Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe a spreagfaidh fás inbhuanaithe i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, ag cur réimse cineálacha tithíochta ar fáil, mar aon le saoráidí iompair phoiblí, fostaíochta, pobail, áineasa agus conláiste den gcéad scoth a chur ar fáil i dtimpeallacht shláintiúil a mheallfaidh an líon ard daoine a bheidh ag teastáil chun pobail áitiúla láidre a bhunú agus geilleagar láidir áitiúil agus réigiúnach a chinntiú.”

1.1 Réamhrá

Is é an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) an plean straitéiseach maidir le fás agus forbairt na tíre a mhúnlú amach anseo sa tréimhse go dtí an bhliain 2040, agus bunaítear Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe leis an gcreat sin. Áirítear sa CNP cuspóir náisiúnta pleanála NPO 67 maidir le Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha (PSLC) a ullmhú do Ghailimh trí phróiseas na Straitéise Réigiúnaí Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE).

Cuimsítear i Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE) an Tuaiscirt agus an Iarthair Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha ardleibhéil do Ghailimh. Leagtar amach sa phlean sin an treoir straitéiseach don Limistéar Ceannchathartha chun an fás atá ina chéad fhothorthadh straitéiseach náisiúnta (FSN) sa Chreat Náisiúnta Pleanála a bhaint amach.

Laistigh den SRSE, sainmhínítear ‘Comhfhorbairt Áite’ mar thosaíocht a chuirfidh taca faoin gcreat fáis agus a chinnteoidh sineirgíocht idir infheistíochtaí agus pleanáil le haghaidh idirbheartaíochtaí straitéiseacha agus a dhéanfaidh na torthaí a bheidh i ndán do ‘Dhaoine agus Áit’ a uasmhéadú. ‘Leanfar leis an dlúthfhás lena chinntiú go bhfásfar lonnaitheachtaí uirbeacha agus tuaithe níos dlúithe ar bhealach inbhuanaithe, agus poist, tithe, seirbhísí agus taitneamhachtaí ag tacú leo, seachas sraoilleáil leanúnach agus fás neamhphleanáilte, neamhghéilleagrach.’ Pléitear tuilleadh i gCaibidil 3 an coincheap ‘Comhfhorbairt Áite agus an Saol Uirbeach’.

Léirítear Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe, ábhar an PSLC, i bhFigiúr 1 thíos agus téann sé ó Bhearna san Iarthar isteach go Cathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte, agus soir go Baile Chláir agus Órán Mór. Áirítear sa Limistéar Ceannchathartha thoir na limistéir fáis beartaithe seo a leanas: na hArdáin, an Garrán agus Cnoc Mhaoil Drise.

Sainnithnítear an Garrán agus Cnoc Mhaoil Drise mar phríomhlimistéir fáis straitéisigh laistigh de Chontae na Gaillimhe agus cuirfidh sé sin go suntasach le hardaidhmeanna an CNP agus an SRSE. Tá Creatphleananna Uirbeacha ullmhaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe don Gharrán agus Cnoc Mhaoil Drise agus áirítear iad i gCuid 3 den phlean seo.

Is é ról an Limistéir Cheannchathartha freastal a dhéanamh ar fhás ó thaobh daonra de sa limistéar chun beogacht agus meallacht Chathair na Gaillimhe agus na lonnaitheachtaí baile agus sráidbhaile máguaird a chinntiú. Le Limistéar Ceannchathartha láidir a chuimsíonn bonneagar fisiceach agus saoráidí pobail ardchaighdeán agus comhtháite, neartófar ról réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair agus beidh sé ina chabhair don réigiún dul san iomaíocht ar an leibhéal náisiúnta.

1.2 Cuspóirí Straitéiseacha

Beidh feidhm rithabhachtach ag an bPlean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha maidir le réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair a fhorbairt, agus deimhin a dhéanamh de go mbeidh acmhainneacht ann freastal a dhéanamh ar an bhfás ó thaobh daonra agus fostaíochta de, mar a leagtar amach é sa CNP agus sa SRSE. Is féidir é sin a bhaint amach mar seo a leanas:

- Tacú le forbairt sa Limistéar Ceannchathartha a sholáthróidh tithíocht don daonra réamh-mheasta faoi 2028;
- Tacú le hacmhainneacht eacnamaíoch an Limistéir Cheannchathartha, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar thailte an tsean-Aerfoirt agus ar na tailte sa Gharrán arna gciosú le haghaidh fostaíochta;
- Fás dlúth agus comhdhlúthú a áirithiú laistigh de na lonnaíochtaí Ceannchathartha Baile Chláir agus Bearna, agus sna limistéir fáis atá beartaithe i gCnoc Mhaoil Drise agus sa Gharrán.
- Cur chuige comhtháite a stiúradh i leith bonneagar iomchuí a sholáthar chun dlúthfhás inbhuanaithe a éascú;
- Fás a ailíniú le bonneagar agus seirbhísí iompair atá ar an bhfód cheana féin agus bonneagar agus seirbhísí iompair atá ag teacht chun cinn, mar aon le béim a chur ar lonnaíochtaí insiúlta '10 nóiméad';
- A chinntiú go ndéantar fás a chomhdhlúthú le rochtain éasca ar limistéir fostaíochta, miondíola, pobail agus conláiste, idir limistéir bhunaithe agus limistéir bheartaithe;
- Athnuachan a chur chun cinn, chomh maith le lonnaíochtaí uirbeacha a fhorbairt ar bhealach a chomhdhlúthaíonn agus a fheabhsaíonn aitheantas, mealltacht agus beogacht lonnaíochtaí mar áiteanna tarraingteacha chun cónaí, oibriú agus infheistiú iontu.

1.3 Struchtúr an Doiciméid

Tá trí phríomh-chomhpháirt san imleabhar 2 seo, a bhfuil achoimre orthu anseo:

- **Cuid 1:** Sa chuid seo den imleabhar, tugtar forléargas ginearálta ar Limistéar Ceannchathartha an Chontae agus ar na cuspóirí beartais a bhaineann leis an limistéar seo trí Thábla Maitrise um Úsáid Talún a léiriú;
- **Cuid 2:** Sa chuid seo, leagtar amach tráchttaireacht maidir le gach ceann de na lonnaíochtaí PSLC (Baile Chláir, Bearna & Órán Mór) le cuspóirí beartais sonracha agus Léarscáileanna um Chriosú Úsáide Talún i leith na lonnaíochtaí ar leith;
- **Cuid 3:** Sa chuid seo, mionsonraítear na Creatphleananna Uirbeacha do Chnoc Mhaoil Drise agus don Gharrán, mar aon leis na cuspóirí beartais gaolmhara agus na Léarscáileanna um Chriosú Úsáide Talún.

1.4 Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe

Trí Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe a bhunú, limistéar a chuimsíonn limistéir riaracháin Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe, tugtar deis chun comhordú a dhéanamh ar fhás agus infheistiúocht ar fud an dá limistéar riaracháin a dhaingneoidh todhchaí fhadtéarmach an Limistéir Cheannchathartha.

Deimhníonn anailís ar dhaonáireamh 2016 go bhfuil daonra suntasach ina chónaí lasmuigh de limistéar riaracháin na cathrach a thaistealaíonn isteach sa chathair ar bhonn laethúil ar chúiseanna oibre nó oideachais. Ar an gcaoi chéanna, tá daoine ag taisteal ón gcathair amach go dtí an contae. Tá daoine a bhfuil cónaí orthu i Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe ag baint tairbhe cheana féin as na sineirgíochtaí agus as an gcomhoibriú idir na hÚdaráis Áitiúla agus Gníomhaireachtaí Reachtúla eile, lena n-áirítear bonneagar bóthair, iarnróid agus fuóilluisce, chomh maith le saoráidí sláinte, oideachais, fostaíochta, pobail agus bonneagar sóisialta eile.

De réir agus a fhásann daonra Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair de réir an CNP agus SRSE, táthar ag súil go mbeidh cuid shuntasach den daonra méadaithe lonnaithe laistigh de Limistéar Ceannchathartha an chontae, áit a bhfuil teacht níos fearr ar thailte forbartha óna bhfuil an chathair inrochtana. Braitheann rath bunaidh an Limistéir Cheannchathartha ar chur chuige comhordaithe agus beartaithe maidir le hinfheistiúocht a chinntiú chun bonneagar, seirbhísí agus saoráidí pobail a sholáthar.



Fíor 1: Forléargas ar PSLC

1.5 Réamh-mheastacháin Daonra do Limistéar Ceannchathartha Chontae na Gaillimhe
Mar a leagtar amach i gCuspóir Beartais Náisiúnta 68 den CNP, d'fhéadfadh Limistéar Ceannchathartha an chontae freastal ar suas le 20% den fhás daonra réamh-mheasta do phríomhlimistéar na cathrach agus na mbruachbhailte, de bhreis ar an bhfás atá dírithe ar Limistéar Ceannchathartha an chontae.

Seo iad na spriocanna daonra a leagtar amach do Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe sa Straitéis Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha:

	2016	2026	2031
PSLC na Gaillimhe	94075	27500	14500
Cathair agus Bruachbhailte	78668	23000	12000
Contae na Gaillimhe Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe	15407	4500	2500

Tábla 1.1 Réamh-mheastacháin Daonra ó SRSE

Mar a shainaithnítear i gCaibidil 2 Croístraitéis, *Ordlathas Lonnaíochta agus Straitéis Tithíochta*, tá an leithdháileadh daonra don PSLC de réir spriocanna daonra an SRSE. Cé go sainaithníonn an tábla thuas spriocanna daonra do 2026 agus 2031, is é 2022-2028 saolré Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe agus, mar sin, úsáidtear daonra *pro rata* don dá bhliain bhreise idir 2026-2028 mar seo a leanas:

	2022- 2028	2028- 2031
Limistéar Ceannchathartha Chontae na Gaillimhe	5500	1500

Tábla 1.2 Daonra Limistéar Ceannchathartha an Chontae

Léirítear i dTábla 2.1 i gCaibidil 2 Croístraitéis, *Ordlathas Lonnaíochta agus Straitéis Tithíochta* an leithdháileadh daonra i ngach lonnaíocht agus limistéar fáis a sainaithnítear laistigh de Limistéar Ceannchathartha an chontae. Tá comhchoibhneas idir na figiúirí seo agus na limistéir fáis straitéisigh arna sainaithint sa SRSE. Léirítear an leithdháileadh daonra sa tábla thíos:

Lonnaíocht	Daonáireamh 2011	Daonáireamh 2016	Réamh-mheastacháin Daonra 2022- 2028
Baile Chláir	1217	1248	975
Bearna	1878	1998	750
Órán Mór	4799	4990	1540
An Garrán	*	*	1258
Cnoc Mhaoil Drise	*	*	977

Tábla 1.3 Leithdháileadh Daonra maidir le Lonnaíochtaí agus Limistéir Fáis

*Creatphleananna Uirbeacha

1.6 Dlús agus Tíopeolaíocht

Féachann an CNP agus an SRSE le dlúthfhorbairt cónaithe a bhunú gar do bhonneagar amhail conairí iompair phoiblí. Cuirfear ardleibhéil dlúis chun cinn in aice le conairí iompair phoiblí de réir mar is cuí. Is leor na dlúis a bhainfidh leis na lonnaíochtaí ceannchathartha chun freastail don fhás daonra réamh-mheasta suas go 2028 agus ar aghaidh. Beidh éagsúlacht i gceist ó thaobh dlús, áfach, ar fud an limistéir cheannchathartha chun comhthéacs an tsuímh a chur san áireamh. Tabharfar faoi Staidéar ar Thíopeolaíocht Dlúis le linn shaolré an phlean chun réimse barrmhaith na bhfoirmeacha foirgneamh agus dlús a shainaithint a sholáthróidh cuspóirí an CNP agus an SRSE sna lonnaíochtaí, an Garrán agus Cnoc Mhaoil Drise san áireamh. Pléitear é seo freisin i *gCaibidil 3 Comhfhorbairt Áite, Athnuachan agus an Saol Uirbeach*.

1.7 Foirgnimh Arda

Tá dlúthfhás le baint amach trí úsáid níos éifeachtaí a bhaint as talamh agus breithniú cúramach a dhéanamh ar fhorbairt ard-dhlúis. Tá ról ag foirgnimh níos airde chuige sin. Táthar ag súil go ndéanfar breithniú foirgnimh arda a chur i lonnaíochtaí Ceannchathartha, áit a gcuirfidh siad lena ról ceannchathartha agus le 'Comhfhorbairt Áite'. Pléitear é seo tuilleadh i *gCaibidil 3 Comhfhorbairt Áite, Athnuachan agus an Saol Uirbeach*.

1.8 Nascacht laistigh de Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe

Tá an nascacht idir cathair na Gaillimhe agus Limistéar Ceannchathartha an chontae dea-bhunaithe cheana féin agus is fianaise í ar an gcaidreamh agus sineirgíocht bhunúsach atá ann idir an dá limistéar riaracháin.

Ullmhaíodh Straitéis Iompair na Gaillimhe i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. Sainaithnítear i Straitéis Náisiúnta Iompair 2016 réimse tosaíochtaí maidir le feabhsúcháin iompair phoiblí ar fud an Limistéir Cheannchathartha, chomh maith le Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe N6 a thógáil. Beidh cur chun feidhme na mbeart seo rithabhachtach chun an Limistéar Ceannchathartha a bhunú ar an talamh agus chun tacú leis an dlúthfhorbairt a leagtar amach sa CNP agus sa SRSE.

Cuimseofar naisc láidre idir lonnaíochtaí atá in aice lena chéile agus laistigh de na lonnaíochtaí sin freisin, agus chuig limistéir fostaíochta, chuig an gcathair agus chuig limistéir thaitneamhachta; beidh na naisc seo ina bpríomhspreagadh maidir le dlúthfhás rathúil agus mealltach a chothú sa Limistéar Ceannchathartha. Agus roghanna gluaiseachta áisiúla agus sábháilte ar an bhfód, ní bheidh daonraí amach anseo chomh spleách céanna ar iompar príobháideach, rud a chabhróidh chun an t-athrú aeráide a chomhrac, chun pobail níos sláintiúla agus níos bríomhaire a chothú, agus chun a n-eisíocaíochtaí míosúla a laghdú. Bíonn samhail forbartha iompar inbhuanaithe ina cabhair freisin chun pobail níos ionchuimsithí agus níos cothroime a bhunú.

Tá na bunchlocha tógála iomchuí ag an Limistéar Ceannchathartha thoir cheana féin chun imeall ceannchathartha ardnasctha a bhunú idir an chathair agus an tuath. Tá sé beartaithe Stáisiún Traenach Órán Mór a uasghrádú ó stáisiún ina bhfuil ardán amháin go stáisiún dhá ardán agus réiteoidh lúb thrasnaithe an bealach chun minicíocht na seirbhísí traenach idir Bhaile Átha an Rí agus chathair na Gaillimhe a dhúbláil. Spreagfaidh stáisiún traenach Órán Mór iompar inbhuanaithe laistigh den limistéar Ceannchathartha thoir, rud a chothóidh deiseanna le haghaidh nasc tiomnaithe siúlóide agus rothaíochta, chomh maith le seirbhísí bus áitiúla a bhunú chun daoine ó Órán Mór, ón nGarrán, óna hArdáin agus ó Chnoc Mhaoil Drise a nascadh leis an iarnród agus leis an gcathair, nó soir go Baile Átha an Rí agus níos faide ar aghaidh.

Is féidir na lonnaíochtaí Ceannchathartha a nascadh trí chonair ghlas thuaidh-theas a sholáthraíonn bealaí mealltacha agus sábháilte idir, agus laistigh de, na lonnaíochtaí, chomh maith leo a nascadh leis an bpríomhbhóthar soir-siar agus bonneagar iarnróid agus seirbhísí iompair phoiblí. Cuirfidh réamhphleanáil agus soláthar luath na conaire glaise thuaidh-theas bonn taca faoi phróifíl gluaiseachta inbhuanaithe an Limistéir Cheannchathartha thoir amach anseo, agus imreoidh sé tionchar breise ar an mbealach a dhéanfar forbairt laistigh de na lonnaíochtaí seo a dhearadh, a sholáthar agus a úsáid. Is léir go bhfuil na Creatphleananna Uirbeacha don Gharrán agus do Chnoc Mhaoil Drise ag súil cheana féin leis an nasc seo agus cinnteoidh comhordú idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Chontae na Gaillimhe go leanfar leis an nasc glas seo trína hArdáin.

1.9 Acmhainneacht Fáis Limistéar Ceannchathartha Chontae na Gaillimhe

Mar a leagtar amach i gcuid 1.5, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú suntasach ar dhaonra Limistéar Ceannchathartha an chontae faoin CNP agus an SRSE. Tugtar forléargas sa chuid seo ar na haonaid chónaithe agus an méid talún a bheidh ag teastáil de réir na croístraitéis a leagtar amach i gCaibidil 2 Croístraitéis, Ordlaithas Lonnaíochta agus Straitéis Tithíochta.

Lonnaíocht	Daonáireamh 2016	Réamh-mheastacháin Daonáirimh	Aonaid Chónaithe	Aonaid Chónaithe Féideartha laistigh de Láir na ,Bailte	Méid Talún a bheidh ag teastáil (ha)
Baile Chláir	1248	975	390	117	13.00
Bearna	1998	750	300	90	10.00
Órán Mór	4990	1540	616	184	22.53
An Garrán	*	1258	503	*	14.38
Cnoc Mhaoil Drise	*	977	391	*	13.03

Tábla 2.4 Fás réamh-mheasta ó thaobh struchtúir daonra agus lonnaíochta

***Creatphlean Uirbeach (Féach Cuid 3 den Phlean Ceannchathartha seo)**

Tá an dlúthfhás mar a leagtar amach é sa CNP ina chuid bhunúsach de phleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe lonnaíochtaí uirbeacha agus soláthróidh siad an tairbhe bharrmhaith ó infheistíocht, chomh maith lena chinntiú go mbunófar lonnaíochtaí mealltacha agus sláintiúla. Bainfidh dlúthlonnaíochtaí tairbhe níos mó as infheistíocht i mbonneagar iompair phoiblí, uisce agus fuíolluisce, agus tá gá leforáil a dhéanamh do shaoráidí fostaíochta agus pobail, agus na saoráidí sin a sholáthar freisin d'fhonn tacú le pobail seachas dórtúir a bhunú.

Mar a leagtar amach i gCuid 2 & 3, tá mionscrúdú déanta ar gach ceann de na limistéir um Chreatphleananna Uirbeacha i gcomhthéacs na pleanála le haghaidh an dlúthfháis chun ailíniú a dhéanamh le prionsabail an CNP agus SRSE a chinntiú.

1.9.1 Acmhainneacht Chónaitheach

Áirítear i Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe an chathair agus a bruachbhailte, chomh maith le réimse lonnaíochtaí bailte atá i limistéar an chontae. Cuimsíonn bailte an chontae réimse leathan cineálacha teaghaise cónaithe, ó réadmhaoine móra scoite lonnaithe ar cheapacha móra talún ar imeall lonnaíochtaí go foirgnimh árasáin a tógadh le fiche bliain anuas. Chomh maith leis sin, tá go leor tithíochta den stíl fho-uirbeach le fáil ann a bhaineann le tréimhse na 1970idí go dtí an lá atá inniu ann ó thaobh dearaidh, stíle agus aoise de.

Tá méadú suntasach tagtha ar dhaonra an Limistéir Ceannchathartha thoir le blianta beaga anuas agus meastar gurb é an timpeallacht mhealltach maireachtála, lena n-áirítear réimse leathan seirbhísí agus saoraidí áitiúla, mar aon le rochtain ar chathair na Gaillimhe agus na príomhlíonáirí fhostaíochta taobh thoir na cathrach sa Pháirc Mhór agus in Órán Mór, is cúis leis sin. Leis na saintréithe seo, mar aon le rochtain ar an gcósta ag Cuan Órán Mór agus ar an tírdhreach tuath go ginearálta, is mór an acmhainneacht atá ann don fhás atá beartaithe amach anseo.

Mar a leagtar amach thuas, nuair a chuirfear an t-uasghrádú ar stáisiún traenach Órán Mór i gcrích cuirfear saoraid shuntasach iompair phoiblí ar fáil a bheidh ina *Chumasóir Fáis* don Limistéar Ceannchathartha thoir. Ceadóidh seirbhísí coisithe, rothaíochta agus bus áitiúil naisc idir lonnaíochtaí sa limistéar Ceannchathartha thoir agus an líne iarnróid. Tá an ceantar mórthimpeall ar an stáisiún traenach ainmnithe ina Limistéar Forchomeáda Straitéisigh faoi Phlean Ceantair Áitiúil Órán Mór 2012-2022 agus táthar tar éis Creatphlean Uirbeach iomparthreoraithe a ullmhú maidir leis na tailte seo sa Gharrán. Beidh an Garrán, mar a leagtar amach i gCuid 3, ina limistéar dlúthlonnaíochta ardchaighdeán nua a bheidh dírithe ar stáisiún traenach atá ar an bhfód cheana, agus soláthróidh sé sármaithéas ó thaobh an tsaoil uirbigh de, a chuimseoidh rochtain láithreach ar iompar poiblí chomh maith le réimse saoraidí pobail agus saoraidí eile. Beidh an Garrán ina eiseamláir de chuspóirí fáis an CNP agus an SRSE chun fás a ailíniú le saoraidí iompair phoiblí, lena n-áirítear Cuspóir Beartais Náisiúnta 64 den CNP a chuireann úsáid talún chomhtháite agus pleanáil spásúlachta agus iompar poiblí chun cinn mar mhodh iompair níos fearr ná an gluaisteán príobháideach.

Tá cáilíocht na beatha ríthábhachtach don dlúthmháireachtáil, agus mínítear i gCuid 2 & 3 thíos mar a bheidh dearadh ardchaighdeán comhtháite ina thréith den dlúthfhás a bheidh i gceist, rud a sholáthróidh ardchaighdeán maireachtála agus taitneamhachtaí cónaithe.

Cuirfear comhdhlúthú lonnaíochtaí atá ar an bhfód cheana chun cinn chun láithreáin athfhorbraíochta agus láithreáin inlíonta a fhorbairt d'fhonn beogacht na lonnaíochtaí a fheabhsú. Is beag acmhainneacht atá in Órán Mór ón taobh sin, áfach, ach tá deis ag Bearna agus Baile Chláir fás a sholáthar trí chomhdhlúthú.

1.9.2 Lár an Bhaile agus Miondíol

Is lárphointí tábhachtacha do gach ceann de na lonnaíochtaí iad lár an bhaile agus is é an láthair traidisiúnta maidir le hearraí agus seirbhísí a thrádáil. Is foinse luachmhar fostaíochta é freisin i ngach limistéar faoi seach. Cé go raibh dúshlán roimh fheidhm mhiondíola lár an bhaile le blianta beaga anuas, cuirfidh comhdhlúthú na n-áiteanna seo, lena n-áirítear láithreáin athfhorbraíochta agus láithreáin inlíonta a fhorbairt agus saoraidí áitiúla agus pobail a sholáthar, go mór lena n-athnuachan.

I *gCaibidil 3 Comhfhorbairt Áite, Athnuachan agus an Saol Uirbeach*, cuirtear béim shuntasach ar 'Comhfhorbairt Áite' mar bhealach chun beocht agus meallacht lár an bhaile a fheabhsú mar áiteanna a sholáthróidh caighdeán maireachtála tarraingteach. Tá sé seo i gcomhréir le Cuspóir Beartais Náisiúnta 4 den CNP a fhéachann le háiteanna uirbeacha mealltacha, dea-dheartha, ardchaighdeán agus oiriúnach do dhaoine a chruthú inar féidir le pobail ilghnéitheacha agus chomhtháite taitneamh a bhaint as ardchaighdeán maireachtála agus folláine. Baineann éagsúlacht ó thaobh scála agus feidhme de le limistéir lár an bhaile i gContae Ceannchathartha na Gaillimhe agus is gá cur chuige oiriúnaithe a chur i bhfeidhm i leith gach baile ar leith.

Mar aon le seirbhísí tráchtála, is láithreáin bhunaithe é lár an bhaile a sholáthraíonn siamsaíocht, cúram sláinte agus úsáidí pobail amhail ionaid adhartha. Cothaíonn an iliomad úsáidí seo líon níos mó custaiméirí i lár an bhaile, rud a spreagann feabhsúcháin sa réimse poiblí agus i mbonneagar fisiceach eile.

Chomh maith le bheith ina n-áiteanna mealltacha agus beoga le hoibriú iontu agus le dul ar cuairt orthu, caithfidh gach lár baile laistigh den Limistéar Ceannchathartha a bheith inrochtana do chách trí réimse de mhodhanna iompair inbhuanaithe. Ag cuimhneamh air sin, ní mór go mbeidh limistéir chónaithe agus láithreáin fostaíochta dea-nasctha le lár an bhaile, de shiúl na gcos, ar rothar nó ar iompar poiblí go hidéalach. Caithfidh lár na mbailte seo tús áite a thabhairt dóibh siúd a shiúllann isteach iontu agus do dhaoine maol-luaineachta. Bheadh an cur chuige seo i gcomhréir le Cuspóir Beartais Réigiúnach (CBR) 4.46 den SRSE a spreagann forbairtí miondíola nua chun lonnú gar do chonairí iompair phoiblí chun taisteal inbhuanaithe chuig lár na mbailte agus uathu a chumasú.

Tá lár bhailte síorathraitheacha Chontae Ceannchathartha na Gaillimhe críosaithe le haghaidh úsáidí lár baile, agus cuirfear cur chuige seicheamhach i bhfeidhm iontu i gcomhréir leis na Treoirlínte Pleanála Miondíola agus CBR 4.45 den SRSE. Áirítear i measc úsáidí lár bhailte meascán d'úsáidí tráchtála agus úsáidí cónaithe, ar urlár uachtaracha foirgneamh tráchtála de ghnáth. Dá réir sin, spreagfar maireachtáil lár baile chun beocht a fheabhsú agus pobal bunaithe i lár an bhaile a sholáthar chun an nós traidisiúnta sin de dhaoine a bheith ina gcónaí 'os cionn an tsiopa', gné stairiúil den saol i mbailte agus sráidbhailte na hÉireann, a choinneáil. Bheadh sé sin i gcomhréir le Cuspóir Beartais Náisiúnta 4 den CNP ina leagtar amach go gcaithfidh lár an bhaile a bheith in ann freastal ar ról agus feidhmeanna, ar phobal cónaitheach agus fostaíocht níos mó, agus ar leibhéil feabhsaithe taitneamhachtaí agus caighdeán deartha.

Cuirfidh na lonnaíochtaí beartaithe sa Gharrán agus i gCnoc Mhaoil Drise leis na lonnaíochtaí atá ar an bhfód cheana, seachas dul in iomaíocht leo. Déanfar athúsáid na bhfoirgneamh i lár an bhaile Cheannchathartha a spreagadh, tacófar le hoibreacha feabhsúcháin ríochta poiblí i lár an bhaile, agus úsáidfear sruthanna maoinithe nuair a bheidh a leithéid ar fáil, bíodh é sin tríd an gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach nó trí chlár maoinithe athnuachana eile den sórt sin.

1.9.3 Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíochta

Tá réimsí suntasacha talún fostaíochta ina gcuid de, agus in aice le, Limistéar Ceannchathartha Chontae na Gaillimhe laistigh de limistéar riaracháin Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Tá sé beartaithe, mar a leagtar amach i *gCaibidil 5 Cúrsaí Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Miondíola* go mbeidh an limistéar seo ina lárphointe mór ó thaobh fhorbairt na fostaíochta de. Soláthraíonn na hionaid fhostaíochta atá ar an bhfód cheana féin, go mór mór na cinn atá lonnaithe taobh thoir de chathair na Gaillimhe, bonn fostaíochta inbhuanaithe, iomaíoch agus láidir a dhéanann freastal ar dhaonra na cathrach, daonra an chontae agus níos faide ar aghaidh. Meastar, mar sin, gur cheart an bonn fostaíochta seo a chur ar aghaidh tuilleadh trí leas a bhaint as talamh iomchuí arna críosú le haghaidh úsáidí fostaíochta, agus i dteannta a chéile, ba cheart go dtarlódh an fás cónaithe gar do na boinn fostaíochta seo sna lonnaíochtaí dá dtagraítear thuas. Tá sainaitheint na dtailte fostaíochta seo i gcomhréir leis an SRS agus go speisialta le Cuspóir Beartais Réigiúnach 3.6.5 a fhéachann le tailte a sholáthar ar chúiseanna fostaíochta i gCnoc Mhaoil Drise, sa Pháirc Mhór, ar thailte an tsean-Aerfort agus in Órán Mór, an Garrán san áireamh. Mar a mhionsonraítear i *gCuid 2 & 3*, meastar go mbeidh na lonnaíochtaí sa Gharrán agus i gCnoc Mhaoil Drise ina lonnaíochtaí mealltacha, dinimiciúla agus ceannródaíocha ina soláthraítear bonneagar comhtháite agus nua-aimseartha, lonnaithe laistigh de thimpeallachtaí maireachtála inmhianaithe a mbeidh tóir orthu mar shuíomh i measc cuideachtaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Mar a leagtar amach i *gCuid 1.4*, déantar turais gach lá ón gcontae isteach sa chathair ar chúiseanna oibre, ach léirigh anailís a rinneadh ar Dhaonáireamh 2016 go bhfuil turais á ndéanamh gach lá freisin ón gcathair agus ó na bruachbhailte go lonnaíochtaí ceannchathartha Bhaile Chláir agus Órán Mór. Léirigh na torthaí freisin go bhfuil turais á ndéanamh go háiteanna eile sa chontae, amhail Baile Átha an Rí atá sainaitheanta mar limistéar Acmhainneachta Straitéisí sa SRSE, chomh maith leis na Bailte Buntábhachtacha de Thuaim agus Béal Átha na Sluaighe.

Chomh maith leis na tailte arna gcriosú le haghaidh úsáidí fostaíochta éagsúla sna lonnaíochtaí agus i limistéir na gCreatphleananna Uirbeacha, rinneadh staidéar freisin ar acmhainneacht fostaíochta na dtailte ag Sean-Aerfort na Gaillimhe agus tá an staidéar sin faoi cheangal in Aguisín A i *gCaibidil 5*,

Cúrsaí Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Miondíola. Sainiúitear sa staidéar go bhfuil acmhainneacht shuntasach ann chun fostaíocht fhadtéarmach a chothú ar na tailte athfhorbraíochta seo atá mór agus tarraingteach go leor chun infheistíocht mórsála gnó, fostaíochta agus taighde a tharraingt chun na Gaillimhe, rud lena mbainfeadh mealltacht shuntasach náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá teacht ar a thuilleadh eolais faoi sin i gCaibidil 5.

Tá cuid den Limistéar Ceannchathartha sa Chonair Eacnamaíoch Straitéisí agus tá an chuid eile de i gConair Eacnamaíoch an Atlantaigh. Cuireann na limistéir seo forbairt na fostaíochta chun cinn i nGaillimh i gcás na Conaire Eacnamaíoch Straitéisí, agus i gcontaetha an Iarthair go ginearálta i gcás Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh. Tá teacht ar a thuilleadh eolais faoi sin i *gCaibidil 5 Cúrsaí Eacnamaíochta, Fiontraíochta agus Miondíola*. Chomh maith leis sin, leagtar amach forálacha i *gCaibidil 15 Caighdeán Bainistíochta Forbartha* chun an líon spásanna páirceála ar chúiseanna fostaíochta laistigh de Limistéar Ceannchathartha an Chontae a laghdú, agus beidh Plean Soghluaisteachta Tráchtá ag teastáil le haghaidh forbairtí fostaíochta nua agus forbairtí fostaíochta atá ar an bhfód cheana féin.

1.9.4 Saoráidí Pobail

Beidh soláthar saoráidí pobail agus bonneagar sóisialta laistigh de lonnaíochtaí ina gcuid riachtanach den dlúthfhás atá beartaithe don Limistéar Ceannchathartha chun taca a chur faoi fhás agus bunú pobal bríomhar sláintiúil.

Sainiúitear sa CNP go bhfuil sé níos éasca agus níos éifeachtaí réimse leathan seirbhísí inrochtana a sholáthar don phobal áitiúil in ionaid dlúthmhaireachtála. Beidh seirbhísí cúraim leanaí, seirbhísí oideachais agus seirbhísí cúraim sláinte ina gcuid rithabhachtach de gach lonnaíocht agus cuirfidh siad leis na seirbhísí mórsála a chuirtear ar fáil i gcomhpháirt ar fud Chathair agus Chontae na Gaillimhe agus atá inrochtana ó na lonnaíochtaí ceannchathartha.

Tacaíonn Cuspóir Beartais Réigiúnach 3.6.10 den SRSE le seirbhísí cúraim leanaí, seirbhísí oideachais, seirbhísí pobail agus seirbhísí cúraim sláinte a sholáthar i dteannta le forbairt chónaithe agus fostaíochta. I limistéar PSLC Chontae na Gaillimhe, tabharfar tacaíocht chun naíolanna, lena mbaineann úsáidí eile amhail scoileanna, a chomhshuí laistigh de láithreáin fostaíochta nó gar do limistéir chónaithe chun líon na ndaoine a dhéanann turais a laghdú agus timpeallacht maireachtála dheas a chruthú le haghaidh áitritheoirí reatha agus áitritheoirí amach anseo.

Rinneadh na lonnaíochtaí atá ar an bhfód cheana agus na Creatphleananna Uirbeacha laistigh den Limistéar Ceannchathartha a bhreithniú agus a phleanáil ag cuimhneamh ar Chuspóir Beartais Réigiúnach 9.1 den SRSE, ina luaitear gur cheart dlútháiteanna ionchuimsitheacha a thógáil trí fhreastal a dhéanamh ar fhás agus tithíocht a sholáthar trí dhlúthfhás a chothú in áiteanna a bhfuil deiseanna tithíochta gar do scoileanna, saoráidí pobail, saoráidí sláinte, siopaí agus fostaíocht.

Den chuid is mó, is iad forbróirí, i gcomhaontas leis na páirtithe leasmhara iomchuí, a sholáthróidh saoráidí pobail. Déanfar gach iarracht maoiniú a fháil nuair is féidir chun saoráidí pobail a sholáthar agus a fheabhsú

1.9.5 Spás Oscailte/Bonneagar Glas

Chomh maith le rochtain a sholáthar ar shaoráidí pobail amhail tailte spóirt, ionaid phobail, leabharlanna, naíolanna agus scoileanna, is gá spás oscailte éighníomhach a chur ar fáil freisin a thugann rochtain ar an timpeallacht nádúrtha agus an tuath oscailte laistigh den chúlchríoch ceannchathartha. Is mór an tairbhe a bhaineann limistéar as spás oscailte, lena n-áirítear timpeallacht mhealltach shláintiúil a chur ar fáil dóibh siúd a chónaíonn ann agus dóibh siúd a thagann ann ar cuairt, agus tacaíonn sé leis an bhfiadhúlra agus leis an mbithéagsúlacht freisin. Trí spás oscailte a sholáthar, cosnaítear áiteanna ardtaitneamhachta agus áiteanna áille sa limistéar ceannchathartha mar a leagtar amach sa Mheasúnú ar Shaintréithe Tírdhreacha an chontae agus i *gCaibidil 7 Turasóireacht agus Tírdhreach*.

Mar a léirítear i bhfíor 2 thuas, is ann do spásanna glasa/spásanna oscailte arna n-úsáid ag áitritheoirí agus cuairteoirí ar fud an dá limistéar riaracháin. Tá sé ar cheann de phríomhthosaíochtaí an phlean seo líonra Ceannchathartha de spásanna oscailte, páirceanna, conairí glasa agus conairí eile a chur chun cinn. Mar a leagtar amach i gCuspóir Beartais Réigiúnach 3.6.13 den SRSE, tá tacaíocht ann chun Líonra Glasbhealaigh straitéisigh a chur ar fáil do na limistéir chun Rotharbhealach Náisiúnta Bhaile Átha Cliath-Ghaillimh, an Glasbhealach Cósta ó Órán Mór go Bearna agus an Glasbhealach ó Ghaillimh go dtí an Clochán a chuimsiú. Tá breis eolais le fáil maidir le tábhacht an bhonneagair ghlais i gCaibidil 9 Oidhreacht Nádúrtha, Bithéagsúlacht agus Bonneagar Glas.



Fíor 2 Líonra Glas

1.9.6 Bonneagar

Maidir le bonneagar a sholáthar, luaitear i gCuspóir Beartais Náisiúnta 9 den CNF go gcinnteoidh straitéis chomhtháite ailíniú le hinfheistíocht bonneagair, agus go mbeidh gá le fostaíocht a sholáthar, mar aon le conláistí agus seirbhísí tacaíochta sna limistéir atá le glacadh le fás suntasach. Beidh infheistíocht sa bhonneagar laistigh den Limistéar Ceannchathartha ina tosaíocht mar bhealach chun mealltacht an limistéir a choinneáil agus a mhéadú mar áit le bheith ag maireachtáil agus ag obair inti. Soláthrófar forbairt chomhordaithe amach anseo trí dhlúth chomhoibriú a dhéanamh le gníomhaireachtaí stáit, trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus le heagraíochtaí eile, mar aon le sruthanna maoinithe bonneagair a fháil de réir mar a bheidh siad le fáil. Áireofar sa bhonneagar agus san acmhainn bonneagair a sholáthrófar líonraí iompair fisiceacha ilmhódacha, teicneolaíochtaí digiteacha/cliste, mar aon le bonneagar sóisialta agus pobail.

Tá acmhainn cóireála fuíolluisce i bhfeidhm cheana féin laistigh den Limistéar Ceannchathartha chun freastal a dhéanamh ar an bhfás réamh-mheasta foriomlán suas go 2028. Féadfaidh go mbeidh mionfheabhsúcháin líonra ag teastáil ar stáisiúin chaidéalúcháin áitiúla chun acmhainn iomlán a chinntiú i gceantair áirithe de na lonnaíochtaí ceannchathartha.

Baineann *Cumasóir Fáis* rithábhachtach arna shainnithint sa CNP le Staidéar Draenála do Mhórchéantar na Gaillimhe a sheachadadh.

Is píosa bonneagair rithábhachtaigh é seo atá ag teastáil chun fás agus forbairt inbhuanaithe sa Limistéar Ceannchathartha amach anseo a chinntiú. Tacaíonn an CNP freisin le fás trí limistéir láithreán úrnua a chur ar fáil le haghaidh tithíochta, mar aon le hiompar poiblí agus bonneagar tacaíochta eile.

I measc na bpíosaí eile de bhonneagar ríthábhachtach atá ag teastáil chun forbairt an Limistéir Cheannchathartha a dhaingniú, tá na forálacha arna leagan amach laistigh de Straitéis Iompair na Gaillimhe agus Straitéis Iompair Chontae na Gaillimhe agus Cuarbhóthar na Gaillimhe a sheachadadh.

Príomhchumasóir fáis eile a éascóidh an dlúthmhaireachtáil uirbeach agus a laghdóidh an spleáchas ar ghluaisteáin phríobháideacha ná iompar iarnróid a chur chun cinn, go mór mór ag stáisiún Órán Mór leis an uasghrádú atá beartaithe chun minicíocht na seirbhísí iarnróid a mhéadú. Déantar tagairt sa SRSE don bhonneagar iarnróid a fheabhsú nuair a léirítear i gCuspóir Beartais Réigiúnach 3.6.9 tacaíocht chun iarnród dériain a sholáthar idir Gaillimh agus Baile Átha Luain. Soláthróidh feabhsúcháin bonneagair mar seo réimse tairbhí do PSLC na Gaillimhe agus do cheantair eile laistigh den chontae.

1.9.7 Athrú Aeráide agus Tuile

Mar a leagtar amach i *gCaibidil 14 Athrú Aeráide, Fuinneamh agus Acmhainn In-Athnuaite*, imríonn an t-athrú aeráide tionchar díreach i gcónaí ar shaol daoine, ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar. Féachann an plean le pobail dea-phleanáilte a chruthú ina laghdófar na hachair taistil ar an oideachas, ar an obair agus ar sheirbhísí, ina gcuirfear feabhas ar shaoraidí siúil agus rothaíochta agus ina ndéanfar foinsí áitiúla fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhtháthú. Tháinig *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022- 2028* faoi réir Measúnachta Straitéisí ar Riosca Tuilte (MSRT).

Freagróidh dlúthfhorbairt uirbeach ar an athrú aeráide trí theicneolaíochtaí um fhoirgnimh atá tíosach ar fhuinneamh a dhearadh agus a sholáthar, agus trí Chórais Inbhuanaithe Draenála Uirbí (CIDU a ionchorprú ar chúiseanna bainistíochta uisce dromchla. Is féidir réitigh nuálacha CIDU a úsáid freisin chun feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht laistigh de shráideanna agus spásanna oscailte.

1.9.8 Cúlchríoch Ceannchathartha

Leagtar amach i *gCaibidil 4 Saol agus Forbairt Tuaithe* cur chuige i leith tithíochta tuaithe agus forbartha tráchtála faoin tuath. Cumhdaíonn Straitéis Pleanála Iompair Chontae na Gaillimhe limistéir chúlchríocha an Limistéir Cheannchathartha agus saináithnítear inti limistéir ardbhrú ina bhfuil gá le tithíocht uirbeach a thógáil.

Éilíonn Cuspóir Beartais Náisiúnta 62 den CNP nascacht níos fearr le líonraí straitéiseacha níos leithne, cosc a chur ar chomhtháthú lonnaíochtaí agus fairsingiú straitéiseach fadtéarmach na limistéir uirbeach a spreagadh.

Níl forbairt bhreise na tithíochta uirbí i limistéir chúlchríocha ag teacht le cuspóirí uileghabhálacha an CNP agus an SRSE agus is rud frithiomasach é nuair a smaoinítear ar na múnlaí fáis maidir le dlúthfhás inbhuanaithe. Beidh teorainn leis an méid forbartha a cheadófar, mar a leagtar amach i *gCaibidil 4* den phlean seo. Beidh an fhorbairt le haghaidh úsáidí cónaithe agus fostaíochta dírithe laistigh de na lonnaíochtaí ceannchathartha d'fhonn cur chuige comhordaithe agus barmhaith a chinntiú i leith infheistíochta i saoraidí cónaithe, saoraidí tráchtála, saoraidí fostaíochta agus saoraidí pobail.

1.10 Criosú Úsáide Talún do Limistéir Cheannchathartha Chontae na Gaillimhe

Cuspóirí um Chriosú Úsáide Talún do Limistéir Cheannchathartha Chontae na Gaillimhe

LCCG 1 Forbairt Chónaithe

Tacú le forbairt na dtailte arna sainaithint mar thailte Cónaithe (Céim 1) le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae, faoi réir gnáthcheanglais pleanála, rochtana agus seirbhísithe, agus na tailte arna sainaithint mar thailte Cónaithe (Céim 2) a fhorchoimeád le haghaidh riachtanais fáis fadtéarmacha an limistéir. Ní bheidh tailte Cónaithe (Céim 2) infhorbartha de ghnáth le linn shaolré an Phlean seo, seachas na forbairtí seo a leanas a d'fhéadfadh an tÚdarás Áitiúil breithniú a dhéanamh orthu le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae seo, faoi réir cás oiriúnach a dhéanamh le haghaidh ceann de na tograí seo a leanas:

1. Forbairtí tithe aonair le haghaidh ball teaghlaigh ar thailte faoi úinéireacht teaghlaigh.
2. Forbairtí neamhchónaithe atá oiriúnach do chomhthéacs an tsuímh, d'aon chonláiste cónaithe atá ar an bhfód cheana féin agus do phatrún reatha na forbartha sa limistéar sin.
3. I gcás gur léir nach bhféadtar nó nach ndéanfar tailte Cónaithe (Céim 1) a fhorbairt laistigh de thréimhse an phlean, seans go dtabharfaí faoi fhorbairt chónaithe ar bhonn céimnithe ar thailte Cónaithe (Céim 2) áirithe.

Tiocfaidh na heisceachtaí thuasluaite faoi réir chomhlíonadh na nithe seo a leanas: an Chroístraitéis sa Phlean Forbartha Contae; na Cuspóirí Beartais sa Phlean Ceannchathartha; prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inchothaithe; agus gnáthcheanglais pleanála, inrochtana agus seirbhísithe. Ní cheadófar forbairtí ach amháin sa chás go ndéantar cás dea-bhunaithe chun sástacht an Údarais Phleanála agus nach ndéanfaidh an fhorbairt dochar d'úsáid na dtailte amach anseo d'fhonn freastal ar riachtanais fáis fadtéarmacha an limistéir cheannchathartha seo.

LCCG 2 Forbairt Lár an Bhaile

Díreofar go príomha ar Lár an Bhaile sa Limistéar PSLC mar áit chun forbairtí nua miondíola agus tráchtála a lonnú agus déanfar iarracht ar an gcéad dul síos foirgnimh atá ar an bhfód cheana féin ar na sráideanna tráchtála reatha a athúsáid. Áiritheoidh an tÚdarás Pleanála go mbeidh suíomh forbartha miondíola amach anseo i gcomhréir leis na príomhchuspóirí beartais agus leis an ord tosaíochta, mar a leagtar amach iad faoi Mhír 4.4 go 4.6 de na Treoirlínte um Pleanáil Miondíola Údarais Pleanála 2012 (agus in aon doiciméad nuashonraithe/doiciméad eile a thagann ina áit sin), agus beidh Measúnachtaí Tionchair Miondíola, lena n-áirítear sonraí maidir leis an gcur chuige seicheamhach agus Ráitis Dearaidh le haghaidh forbairtí miondíola de réir na dTreoirlínte Pleanála Miondíola, ag teastáil freisin.

LCCG 3 Forbairt Tráchtála/Úsáide Measctha

Foráil a dhéanamh maidir le forbairtí tráchtála agus forbairtí úsáide measctha a dhéanamh, ar thailte oiriúnacha a thugann lárphointe chun seirbhísí a sholáthar do chomharsanachtaí/limistéir mórthimpeall agus deiseanna a chur ar fáil le haghaidh fiontraíochtaí tráchtála, forbairtí miondíola agus chun fostaíocht a chruthú, le gné d'úsáid chónaithe de réir mar is cuí.

LCCG 4 Forbairt Chónaithe Inlíonta Lár an Bhaile

Foráil a dhéanamh le haghaidh forbartha cónaithe ar thailte i Lár an Bhaile, lena n-áirítear ar láithreáin inlíonta, agus aird á tabhairt ar na leibhéil dlúis iomchuí is féidir a chothú agus ar rochtain ar bhonneagar poiblí agus sóisialta.

LCCG 5 Úsáidí Lár an Bhaile

Beogacht agus inmharthanacht lár an bhaile a chosaint agus a fheabhsú trína chinntiú go bhfanann sé ina phríomháit mhiondíola, thráchtála agus úsáide measctha, agus cosc a chur ar leathadh úsáide nó úsáidí eile nach gcuireann le beogacht agus inmharthanacht lár an bhaile, i dtuairim an Údaráis Áitiúil.

LCCG 6 Creatphleananna Uirbeacha

Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt na gCreatphleananna Uirbeacha, agus meascán sláintiúil inbhuanaithe de dhlús cónaithe agus saoráidí áisiúla a spreagadh laistigh de limistéir na bpleananna.

LCCG 7 Gnó agus Fiontraíocht

Tacaíocht a thabhairt do Chontae Ceannchathartha na Gaillimhe mar thionscnóir fhorbairt na fostaíochta i réigiún an iarthuaiscirt, ag baint leasa as sócmhainní reatha amháin rochtain ar bhraislí fostaíochta idirnáisiúnta bunaithe, iompar poiblí inbhuanaithe agus rochtain ar lucht saothair sciliúil a bhfuil ardoideachas orthu.

LCCG 8 Tailte an tSean-Aerfoirt

An suíomh fostaíochta straitéiseach seo a sholáthar laistigh den PSLC i gcomhréir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

LCCG 9 Tionsclaíocht

Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt maidir le tailte arna gcriosú mar thailte tionsclaíocha agus tailte chun críocha úsáidí fostaíochta laistigh den limistéar PSCL a fhorbairt i gcomhréir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe, gan dochar a dhéanamh don chonláiste cónaithe.

LCCG 10 Turasóireacht

Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara iomchuí chun cur le geilleagar turasóireachta reatha na Gaillimhe. Tabharfar tacaíocht d'fhorbairt iomchuí turasóireachta in áiteanna oiriúnacha i gcomhréir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe.

LCCG 11 Saoráidí Pobail

Cur chun cinn a dhéanamh ar sholáthar agus feabhsú réimse leathan saoráidí pobail laistigh de phobail reatha agus pobail nua laistigh den PSCL.

LCCG 12 Bonneagar Iompair

Éascaíocht a dhéanamh maidir le bonneagar riachtanach iompair a sholáthar agus a chothabháil, lena n-áirítear bóithre poiblí, cosáin, rotharbhealaigh, stadanna an bhus agus tírdhrechtú, mar aon le hoibreacha riachtanacha gaolmhara, de réir mar is cuí. Beidh bóithre nua faoi réir measúnuithe ar riachtanais agus próisis roghnúcháin mionsonraithe maidir le conairí agus bealaí, agus cuirfear srianta agus deiseanna comhshaoil, inter alia, san áireamh freisin.

LCCG 13 Spás Oscailte, Áineas agus Conláiste

Cur chun cinn a dhéanamh ar bhainistíocht, úsáid agus/nó forbairt inbhuanaithe (de réir mar is cuí) na dtailte Spáis Oscailte laistigh den limistéar PSLC.

Áirítear leis sin:

- a) Spásanna oscailte agus gníomhaíochtaí áineasa a fhorbairt, i gcomhréir le dea-chleachtas agus ar thailte oiriúnacha óna bhfuil rochtain leordhóthanach ar an bpobal áitiúil, agus spás oscailte agus saoráidí áineasa atá ar an bhfód cheana a choinneáil, ach amháin i gcás gur féidir a thaispeáint go soiléir chun sástacht Chomhairle Contae na Gaillimhe nach bhfuil na saoráidí sin ag teastáil ón bpobal a thuilleadh;
- b) Bainistíocht iomchuí a dhéanamh ar, agus úsáid iomchuí a bhaint as, aon limistéir laistigh den zón Suirbhéireachta Ordánais lena mbaineann baol tuile chun riosca agus tionchar féideartha tuile a sheachaint, a laghdú agus/nó a mhaolú, de réir mar is cuí;

- c) Bainistíocht iomchuí a dhéanamh ar, agus úsáid iomchuí a bhaint as, limistéir ar bith a mbaineann ardluach bithéagsúlachta leo.

LCCG 14 Bonneagar a sholáthar

Comhoibreoidh an Chomhairle le gníomhaireachtaí reachtúla, lena n-áirítear Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun bonneagar amhail feabhsúcháin iarnróid, Straitéis Iompair na Gaillimhe - Cuarbhóthar na Gaillimhe N6, agus Staidéar Draenála do Mhórchéantar na Gaillimhe a sheachadadh don cheantar MASP uile.

LCCG 15 Fóntais Phoiblí

Soláthar agus cothabháil de bhonneagar riachtanach fóntas poiblí a a éascú, mar aon leis na saoráidí agus úsáidí coimhdeacha riachtanacha, de réir mar is cuí.

LCCG 16 Dlús/Tíopeolaíocht

Réimse tíopeolaíochta a chur i bhfeidhm ar fud na mbailte ceannchathartha, lena n-áirítear limistéir na gcreatphleananna uirbeacha atá i gcomhréir le soláthar bonneagair riachtanaigh, lena n-áirítear soláthar iompair phoiblí inbhuanaithe.

LCCG 17 Foirgnimh Níos Airde

Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na mbailte ceannchathartha, lena n-áirítear limistéir na gcreatphleananna uirbeacha chun freastal ar fhoirgnimh arda de réir uailmhianta an CNP agus an SRSE.

LCCG 18 Criosanna Tuilte agus Úsáidí Talún Iomchuí (Déan tagairt do na léarscáileanna tuilte do Bhaile Chláir agus Órán Mór agus do na Creatphleananna Uirbeacha do Chnoc Mhaoil Drise agus an Garrán)

(a). Crios Tuile A agus Crios Tuile B a chosaint ó fhorbairt mhíchuí agus forbairtí/úsáidí talún a dhíriú isteach sa Chrios Tuile iomchuí i gcomhréir leis an bhfoilseachán 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte - Treoirlínte Pleanála d'Údaráis Áitiúla 2009' (nó aon doiciméad a thagann ina áit sin) agus an treoir a leagtar amach sa Lámhleabhar Deartha, Caighdeán 70, Tuile. Sa chás go mbeartaítear forbairt/úsáid talún laistigh den Chrios Talún a mheastar míchuí, ní mór Tástáil Fírinneithe Bainistíochta Forbartha agus Measúnacht ar Bhaol Tuile Suíomhoiriúnaithe a chur leis an togra forbartha, i gcomhréir leis na critéir arna leagan amach san fhoilseachán 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte - Treoirlínte Pleanála d'Údaráis Áitiúla 2009' agus Ciorclán PL2/2014 (nó in aon doiciméad nuashonraithe/doiciméad eile a thagann ina áit sin).

(b). A chinntiú go gcuirfear Measúnacht Riosca Suíomhoiriúnaithe le tograí forbartha i leith limistéir arna sainaithint i mBearna, Baile Chláir agus Órán Mór agus i gCreatphleananna Uirbeacha do Chnoc Mhaoil Drise agus don Gharrán laistigh de Chrios Tuile C a mbaineann baol tuile leo ó fhoinsí eile (e.g. limistéir de thuile bháistiúil/screamhuisce táscaí agus d'ithir gláir), i gcomhréir leis na critéir arna leagan amach san fhoilseachán 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte - Treoirlínte Pleanála d'Údaráis Áitiúla 2009' agus Ciorclán PL2/2014 (nó in aon doiciméad nuashonraithe/doiciméad eile a thagann ina áit sin).

I gcás tograí forbartha i ngach limistéir eile de Chrios Tuile C, ba cheart don fhorbróir é/í féin a shásamh go bhfuil an leibhéal baol tuilte i gcomhréir leis an bhforbairt arna beartú. Sa chás, i dtuairim an Údaráis Áitiúil, go bhfuil an togra forbartha chomh mór sin go gcaithfear breithniú a dhéanamh ar bhaol tuile (m.sh. go mbeidh limistéir shuntasacha cruastad á gcruthú, rud a d'fhéadfadh an méid uisce a ritheann chun srutha a mhéadú go mór), féadfaidh an tÚdarás Áitiúil a iarraidh go ndéanfar measúnacht baol tuilte suíomhoiriúnaithe, i gcomhréir leis na critéir arna leagan amach san fhoilseachán 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte - Treoirlínte Pleanála d'Údaráis Áitiúla 2009' agus Ciorclán PL2/2014 (nó in aon doiciméad nuashonraithe/doiciméad eile a thagann ina áit sin).

LCCG 19 Cuspóir um Úsáid Shrianta Talún

Éascaíocht a dhéanamh maidir le bainistíocht iomchuí agus úsáid inbhuanaithe baol tuilte laistigh de limistéir arna bhforbairt roimhe seo.

Baineann an criosú seo le limistéir arna bhforbairt roimhe seo amháin agus cuireann sé srian le forbairtí nua, á aithint go bhféadfadh go mbeidh forbairt mhionscála de dhíth ar fhorbairtí reatha laistigh de na criosanna seo, mar a leagtar amach thíos, le linn shaolré an Phlean, rud a d'fhéadfadh cur leis an dlúthfhorbairt uirbeach inbhuanaithe a leagtar amach sa PSLC.

Meastar go bhfuil an criosú bunúsach nó na húsáidí ceadaithe reatha inghlactha i bprionsabal i gcás mionfhorbairtí ar fhoirgnimh reatha (amhail síntí beaga le tithe, formhór na n-athruithe úsáide ar fhoirgnimh reatha nach dócha a chothóidh saincheisteanna suntasacha ó thaobh tuilte de, ar choinníoll nach gcuirfidh siad bac ar shreabhchónairí tábhachtacha, nach dtabharfaidh siad líon mór daoine nua isteach i limistéar baol tuilte ná nach n-úsáidtear iad chun substaintí guaiseacha a stóráil.

LCCG 20 Suíomhanna Sonracha Baol Tuilte (Déan tagairt de Léarscáileanna Tuilte Bhaile Chláir, Bhearna agus Órán Mór agus na Creatphleananna Uirbeacha do Chnoc Mhaoil Drise agus an Garrán) Ní mór Measúnacht Riosca Suíomhoiriúnaithe atá i gcomhréir le Caibidil 5 'Bainistíocht Forbartha Tuilte' den fhoilseachán 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte - Treoirlínte Pleanála d'Údarás Áitiúla 2009' a chur isteach le hiarratais ar chead pleanála i ndáil le tailte i mBaile Chláir, Bearna agus Órán Mór agus sa Chreatphleananna Uirbeacha do Chnoc Mhaoil Drise agus don Gharrán arna sainaithint mar thailte atá laistigh de limistéir bháistiúla Réamh-mheasúnú Riosca Tuilte (PFRA) lasmuigh de Chrios Tuilte Tháscaigh A ar na Léarscáileanna Tuilte. Is saineolaithe atá cáilithe go hoiriúnach agus a bhfuil taithí hidreolaíoch acu a ullmhóidh na measúnachtaí sin agus déanfaidh siad rioscaí agus iarmhairtí aon mhaolaithe riachtanaigh a chainníochtú, mar aon leis na bearta is gá nó na bearta atá beartaithe chun rioscaí iarmharacha a bhainistiú.

LCCG 21 Cúlchríoch Ceannchathartha

Cloífead leis na critéir arna leagan amach sna cuspóirí beartais i *gCaibidil 4 Saol na Tuaithe agus Forbairt* maidir le forbairtí tí aonair lonnaithe ar thailte talmhaíochta lasmuigh de na lonnaithe Baile Chláir, Bearna agus Órán Mór agus lasmuigh de na Creatphleananna Uirbeacha.

LCCG 22 Saintithíocht

Ceangal a chur i bhfeidhm go gcuirfear íoslíon 10% de shuíomhanna cónaithe incháilithe nua ar leataobh d'fhonn aonaid tithíochta sóisialta agus saintithíochta a fhorbairt, ach amháin sa chás go gcomhaontaítear socruithe oiriúnacha eile leis an Údarás Áitiúil, i gcomhréir le Straitéis Tithíocht Chontae na Gaillimhe agus Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus aon leasuithe a ndéanfar ar fhoráil Chuid V ina dhiaidh sin chun beartas an Rialtais a léiriú.

LCCG 23 Maitrís um Chriosú Úsáide Talún

Úsáidí talún éagsúla a dhíríú isteach i gcrios(anna) úsáide talún iomchuí, i gcomhréir leis na cuspóirí úsáide talún agus an mhairtís um chriosú úsáide talún ar a chúl seo. A chinntiú go bhfuil úsáidí talún beartaithe laistigh de Bhaile Chláir, Bearna agus Órán Mór agus na Creatphleananna Uirbeacha do Chnoc Mhaoil Drise agus don Gharrán comhoiriúnach le húsáidí talún reatha agus ag teacht le saintréithe an limistéir.

1.10.1 Criosanna Úsáid Talún

Léirítear sa tábla seo a leanas an criosú úsaíde talún atá beartaithe laistigh de Limistéar Ceannchathartha an Chontae:

Criosú	Cuspóir	Tuairisc
Cónaithe & Cónaithe Inlíonta Reatha	Conláistí cónaithe i limistéir chónaithe reatha a chosaint agus a fheabhsú.	Foráil a dhéanamh d'fheabhsúcháin tí, leasúcháin tí, síntí tí agus forbairt inlíonta iomchuí, i gcomhréir le prionsabail an dea-dhearaidh agus ag déanamh conláiste cónaithe reatha a chosaint.
Cónaitheach Céim 1	Limistéir chónaithe a chosaint, a sholáthar agus a fheabhsú laistigh de shaolré an phlean seo.	Soláthar forbairtí nua ardchaighdeán a éascú ar dhlúis iomchuí agus a chinntiú go bhfuil an leagan amach agus an dearadh nasctha le lár an bhaile agus le saoráidí pobail. Meascán iomchuí a chur ar fáil ó thaobh mhéid, cineál agus tionacht na dtithe chun freastal a dhéanamh ar riachtanais teaghlaigh agus chun pobail chothromaithe a chur ar fáil.
Cónaitheach Céim 2	Limistéir chónaithe a chosaint, a sholáthar agus a fheabhsú.	Soláthar forbairtí nua ardchaighdeán a éascú ag dlúis iomchuí agus a chinntiú go bhfuil an leagan amach agus an dearadh nasctha le lár an bhaile agus le saoráidí pobail. De ghnáth, ní bhíonn forbairtí cónaithe Céim 2 infhorbartha le linn shaolré an phlean seo, faoi réir na bhforálacha arna leagan amach thíos. (* Forbairtí tithe aonair le haghaidh ball teaghlaigh ar thailte faoi úinéireacht teaghlaigh: * Forbairtí neamhchónaithe atá oiriúnach do chomhthéacs an tsuímh, d'aon chonláiste cónaithe atá ar an bhfód cheana féin agus do phatrún reatha na forbartha sa limistéar sin; * I gcás gur léir nach féidir nó nach ndéanfar tailte Cónaithe (Céim 1) a fhorbairt laistigh de thréimhse an phlean, seans go dtabharfaí faoi fhorbairt chónaithe ar bhonn céimnithe ar thailte Cónaithe (Céim 2).
Forbairtí Lár an Bhaile/Cónaithe Inlíonta	Conláiste cónaithe a chosaint, a sholáthar agus a fheabhsú i príomhláithreáin i lár an bhaile le linn shaolré an phlean seo.	Éascaíocht a dhéanamh maidir le forbairtí cónaithe ardchaighdeán nua a sholáthar ar an dlús iomchuí laistigh de láithreáin i Lár an Bhaile. Meascán iomchuí a chur ar fáil ó thaobh mhéid, cineál agus tionacht na dtithe chun freastal a dhéanamh ar riachtanais teaghlaigh agus chun pobail chothromaithe a chur ar fáil.

Lár an Bhaile/Tráchtáil	Foráil a dhéanamh chun úsáidí lár an bhaile iomchuí a fhorbairt agus a fheabhsú, lena n-áirítear úsáidí miondíola, tráchtála, oifige agus sibhialta/pobail, chomh maith le foráil a dhéanamh le haghaidh cóiríochta scéime cónaithe 'Maireachtáil os cionn an tSiopa', nó cóiríocht choimhdeach eile.	Lár an bhaile mar atá sé a fhorbairt agus a chomhdhlúthú chun feabhas a chur ar a bheogacht agus inmhharthanacht, agus forbairtí iomchuí tráchtála agus cónaithe a dhlúthú, rud a chinnteoidh go mbeidh meascán ann ó thaobh úsáidí tráchtála, áineasa agus sibhialta de.
Tráchtáil/Úsáid Mheasctha	Foráil a dhéanamh d'fhorbairtí tráchtála agus forbairtí úsáide measctha a dhéanamh, ar thailte oiriúnacha a thugann lárphointe chun seirbhísí a sholáthar do chomharsanachtaí/limistéir mórthimpeall agus deiseanna a chur ar fáil le haghaidh fiontraíochtaí tráchtála, forbairtí miondíola agus chun fostaíocht a chruthú, gan cur isteach ar bheogacht agus inmhharthanacht an bhaile.	Éascaíocht a dhéanamh maidir le limistéir fhostaíochta reatha a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh, agus deiseanna a éascú chun forbairtí ardchaighdeán tráchtála/úsáide measctha a fhorbairt i dtimpeallacht fhisiceach ardchaighdeán.
Tionsclaíocht	Cur chun cinn a dhéanamh ar fhorbairt inbhuanaithe úsáidí tionsclaíocha agus úsáidí a bhaineann leis an tionsclaíocht, lena n-áirítear déantúsaíocht, próiseáil ábhar, trádstóráil agus dáileadh ar thailte oiriúnacha, le seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha agus ardleibhéal rochtana ar phríomhlíonraí bóithre agus saoráidí iompar phoiblí.	Éascaíocht a dhéanamh maidir le limistéir fhostaíochta reatha a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh, agus deiseanna a éascú chun forbairtí ardchaighdeán tionsclaíocha a fhorbairt i dtimpeallacht fhisiceach ardchaighdeán.
Gnó agus Teicneolaíocht	Foráil a dhéanamh chun gnó agus teicneolaíocht a fhorbairt.	Éascaíocht a dhéanamh maidir le limistéir fhostaíochta reatha a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh-, agus deiseanna a éascú chun forbairtí ardchaighdeán gnó agus teicneolaíochta a fhorbairt i dtimpeallacht fhisiceach ardchaighdeán.
Gnó agus Fiontraíocht	Foráil a dhéanamh chun gnó agus fiontraíocht a fhorbairt.	Éascaíocht a dhéanamh maidir le limistéir fhostaíochta reatha a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh-, agus deiseanna a éascú chun forbairtí ardchaighdeán gnó agus fiontraíochta a fhorbairt i dtimpeallacht fhisiceach ardchaighdeán.

Saoráidí Pobail	Foráil a dhéanamh do shaoráidí sibhialta, pobail agus oideachais.	Éascaíocht a dhéanamh maidir le bonneagar riachtanach pobail, sláinte, creidimh, oideachais, sóisialta agus sibhialta.
Imeall an Chósta	Imeall an chósta a chosaint agus a fheabhsú.	Cosaint agus feabhsú imeall an chósta a cheadú, de réir mar is cuí mar acmhainn straitéiseach ardchionláiste, agus deiseanna siamsaíochta, caomhnaithe agus conláiste áitiúil a chur ar fáil.
Spáis Oscailte/ Áineas agus Conláiste	Spás oscailte reatha a chosaint agus a fheabhsú agus foráil a dhéanamh do spás siamsaíochta agus conláiste.	Éascaíocht a dhéanamh maidir le tuilleadh spásanna oscailte gníomhacha reatha, limistéir aclaíochta foirmiúla, tailte spóirt agus páirceanna spóirt a fhorbairt agus a fheabhsú.
Turasóireacht	Acmhainn chultúir, stairiúil agus turasóireachta a chur chun cinn agus a spreagadh i gcás gach ceann de na SGTanna.	Éascaíocht a dhéanamh maidir le saoráidí turasóireachta atá ar an bhfód cheana i gcuid de na SGTanna a fhorbairt agus a fheabhsú. Forbairt agus infheistíochta turasóireachta nua a spreagadh de réir mar is cuí.
Fóntas Poiblí	Cothabháil a dhéanamh ar thailte a sholáthraíonn bonneagar seirbhíse.	A chur san áireamh go gcaithfear tailte a ainmniú le haghaidh fóntas poiblí amhail córais cóireála fuíolluisce.
Bonneagar Iompair	Éascaíocht a dhéanamh maidir le bonneagar riachtanach iompair a sholáthar agus a chothabháil.	A chur san áireamh go gcaithfear tailte a fhorchoimeád chun bóithre poiblí, cosáin, calafoirt, canálacha, rotharbhealaí, stadanna an bhus agus tírdhreachú a éascú, mar aon le haon oibreacha coimhdeacha, de réir mar is cuí.

1.10.2

Maitrís um Chriosú Úsáide Talún do Limistéar Ceannchathartha Chontae na Gaillimhe

Úsáidí Talún	TC	R	CF	OS	T	I	BE	BT	CE	PU	TI
ÚTT	TC	R	CF	OS	T	I	BE	BT	CE	PU	TI
Siamsaíocht	O	N	N	N	O	N	N	N	N	N	N
ATM	P	O	O	N	O	O	O	O	N	N	N
Banc/Cumann Foirgníochta	P	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Beár/Bialann	P	N	N	N	O	N	N	N	N	N	N
B&B (Leaba is Bricfeasta) ¹	O	O ₁	N	N	O	N	N	N	N	N	N
Oifig Gheallghlacadóra	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Conchró Coinneála	N	N	N	N	N	O	N	N	N	N	N
Caifé ²	P	O	O ₂	N	P	O ₂	O ₂	N	N	N	N
Páirc Charbhán – Saoire	N	N	N	N	O	N	N	N	N	N	N
Íoc is Iompair	N	N	N	N	N	O	O	N	N	N	N
Trádáil Ócáideach	O	N	N	N	O	N	N	N	N	N	N
Pictiúrlann	P	N	O	N	O	N	N	N	N	N	N
Ionad Comhdhála	P	N	O	N	O	N	P	O	N	N	N
Ionaid Sonraí/Ionaid Óstála Gréasáin	P	N	N	N	N	O	P	P	N	N	N

Úsáidí Talún	TC	R	CF	OS	T	I	BE	BT	CE	PU	TI
Bialann Charrsheirbhíse	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Ionad Fiontraíochta	O	N	N	N	N	O	P	O	N	N	N
Tionscal Eastóscach	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Ionad Garraíodóireachta	O	N	N	O*	N	N	O	N	N	N	N
Dochtúir Teaghlaigh & Seirbhísí Leighis Gaolmhara	P	O	O	N	N	N	O	N	N	N	N
Lóistín ¹	P	O ₁	N	N	P	N	N	N	N	N	N
Gruagaire/Pearsanta/Grúmaeireacht	P	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Gníomhaíocht Gheilleagrach bunaithe sa Bhaile ¹	O	O ₁	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Brú Óige	P	O	O	N	P	N	N	N	N	N	N
Óstán	P	O	N	N	P	N	N	N	N	N	N
Iosta Breosla Baile	N	N	N	N	N	O	O	N	N	N	N
Tionsclaíocht	N	N	N	N	N	P	O	N	N	N	N
Aonaid Lóistíochta, Stórála agus Dáilte	N	N	N	N	N	P	O	O	N	N	N
Taifeadadh Meán agus Úsáidí Meán Ginearálta lena mbaineann	O	O	N	N	N	O	P	O	N	N	N
Seomra Taispeántais Díolacháin Mótair	O	N	N	N	N	O	O	N	N	N	N
Club Oíche	O	N	N	N	O	N	N	N	N	N	N
Oifig (<100m ²)	P	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Ofig (100m ² go 1000m ²)	O	N	N	N	N	O	O	N	N	N	N
Páirc Oifigí (> 1000m ²)	N	N	N	N	N	O	O	P	N	N	N
Stáisiún Peitril	O	N	N	N	N	O	O	N	N	N	N
Seirbhísí Gairmiúla/Eile	P	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Bialann	P	N	N	N	P	N	N	N	N	N	N
Gnó Eolaíocht agus Teicneolaíocht-bhunaithe	O	N	N	N	N	P	P	P	N	N	N
Clós Conamair	N	N	N	N	N	O	N	N	N	N	N
Garáiste Seirbhísí	O	N	N	N	N	O	O	N	N	N	N
Siopa - Ar bhonn Comparáide	P	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Siopa - Áise	P	O	N	N	O	N	N	N	N	N	N
Siopaí – Ionad Mór Áise/Comparáide	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Déantúsaíocht Bheag	N	N	N	N	N	P	O	N	N	N	N
Iosta Stórála	N	N	N	N	N	P	O	O	N	N	N
Bialann Beir Leat	O	N	N	N	O	N	N	N	N	N	N
Iosta Iompair	N	N	N	N	N	O	O	N	N	O	N
Ionad Cúraim Tréidlia	O	O	N	N	N	O	O	N	N	N	N
Trádstóráil (Mórdhíol san áireamh)	N	N	N	N	N	P	O	N	N	N	N
Trádstóráil (Miondíol/Neamhbhíia<700m ²) ³	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Trádstóráil (Miondíol/Neamhbhíia/Earraí Tí Toirtiúla 700m ² – 5,000m ²) ³	N	N	N	N	N	N	O	N	N	N	N
Úsáidí Cónaithe	TC	R	CF	OS	T	I	BE	BT	CE	PU	TI
Árasáin ¹	P	O ₁	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Laithreán Stad	N	O	O	N	N	N	N	N	N	N	N
Cónaitheach (gan Árasáin a áireamh) ¹	O	P ₁	N	N	N	N	N	N	N*	N	N
Teach Scoir	O	P	O	N	N	N	N	N	N	N	N
Lóistín Saoire Gearrthéarmach	O	N	N	N	p	N	N	N	N	N	N
Úsáidí Poiblí, Pobail agus Institiúide	TC	R	CF	OS	T	I	BE	BT	CE	PU	TI
Foirgnimh le haghaidh Shláinte, Shábháilteacht agus Leas an Phobail	P	O	O*	N	O	N	O	O	N	N	N
Reilig	N	O	P	O*	N	N	N	N	N	N	N
Saoráidí Cúraim Leanaí (Naíolann)	P	O	P	N	N	O	O	O	N	N	N
Clubtheach agus Saoráidí Gaolmhara	O	O	P	O*	O	N	N	N	N	N	N

Úsáidí Talún	TC	R	CF	OS	T	I	BE	BT	CE	PU	TI
Saoráid Pobail	P	O	P	O*	O	N	O	N	N	N	N
Créamatóiriam	N	O	O	O	N	O	O	N	N	N	N
Foirgneamh Cultúrtha/Áineasa	P	O	P	O*	P	N	O	N	N	N	N
Oideachas – Bunoideachas/Meánoideachas	O	O	P	O*	N	O	O	N	N	N	N
Oideachas – Oideachas/Oiliúint Eile	P	O	P	O	N	O	O	O	N	N	N
Teach Tórraimh	P	O	O	N	N	O	O	N	N	N	N
Fóillíocht	P	O	P	O*	O	N	O	N	N	N	N
Leabharlann	P	O	P	N	O	N	N	N	N	N	N
Ionad Adhartha Phoiblí	O	O	O	N	N	N	O	N	N	N	N
Úsáidí Spáis Oscailte, Áineasa agus Conláiste	TC	R	CF	OS	T	I	BE	BT	CE	PU	TI
Galfchúrsa	N	N	N	O*	P	N	N	N	N	N	N
Gníomhaíochtaí Áineasa/Cultúrtha	O	O	P	O*	P	O	O	N	O*	N	N
Úsáidí Talmhaíochta	TC	R	CF	OS	T	I	BE	BT	CE	PU	TI
Seamlas	N	N	N	N	N	O	N	N	N	N	N
Foirgneamh Talmhaíochta	N	O	N	O*	N	O	O	N	N	N	N
Marglann/Comharchumann	O	N	N	N	N	P	N	N	N	N	N
Úsáidí Ginearálta/Seirbhísí agus Bonneagair	TC	R	CF	OS	T	I	BE	BT	CE	PU	TI
Fógraí – Saorsheasaimh	O	N	O	N	N	O	O	O	N	O	O
Carrchlós	P	O	O	N	O	P	O	O	N	N	O
Saoráidí Athchúrsála/Ionad <i>fág anseo</i>	O	O	O	N	N	O	O	O	N	O	N
Lárionad Dramhaíola	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Bonneagar Fónais agus Suiteálacha Seirbhísí Poiblí Suiteálacha	O	O	O	O*	O	O	O	O	N	P	O
Fuinneamh Gaoithe/In-athnuaite mionscála tí	O	O	O	O*	O	O	O	O	N	O	N

Nótaí Ginearálta faoin Maitrís um Chriosú Úsáide Talún:

- (1) Measfar go bhfuil na húsáidí seo ar thailte Cónaitheacha faoi réir Chuspóir GCMA 1, de réir mar is cuí.
- Caifé (2)** – Measfar an úsáid seo nuair atá sé ina chuid d'fhorbairt chomhoiriúnach fhoriomlán chun freastal ar riachtanais an cheantair máguaird.
- Trádastóráil (3)** – Ní cheadófar forbairt ná foroinnt stóras ina n-aonaid níos lú ná 700m² go hiondúil i suíomhanna atá ar imeall an láir agus amuigh ón lár, de réir Threoirlínte Pleanála Miondíola 2012 (nó aon cháipéis nuashonraithe/a thagann ina n-áit).
- Ionad Sonraí** – Is féidir é a shainiú mar shaoráid, ina bhfuil trealamh teicneolaíocht faisnéise suiteáilte agus ag feidhmiú, chomh maith le sonraí leictreonacha a stóráil agus a dháileadh.
- Crios R: Cónaitheach** – Tá Céim 1 le forbairt mar fhorbairt chónaithe i rith shaolré an Phlean seo; – Níl Céim 2 infhorbartha go ginearálta i rith shaolré an Phlean seo, faoi réir na bhforálacha agus na n-eisceachtaí a leagtar amach faoi Chuspóir GCMA 1.
- *OS** – Feic freisin **Léarscáil – Bainistíocht Riosca Tuilte, Cuspóir GCMA 19 agus GCMA 21 agus Caibidil 15, Caighdeán DM 69.**
D'ainneoin an chriosaithe Spás Oscailte/Áineasa agus Conláiste, caithfidh úsáidí beartaithe sa chrios seo a thaispeáint go gcloíonn siad leis **an gCóras Pleanála & Treoirlínte um Riosca Tuilte (2009)** (nó mar a nuashonraítear é). Féadfaidh Tástáil Fírinnithe a bheith ag teastáil mar a lua sna treoirlínte thuasluaite.
- Ní ainmnítear aon úsáidí sonracha talún don chrios úsáide talún srianta toisc go léiríonn an crios sin forbairtí reatha i gCrios Tuilte A/B. Tá treoir faoi na húsáidí/an fhorbairt atá oiriúnach sa chrios seo le fáil ach féachaint ar **Chuspóirí Beartais GCMA 20 agus Caighdeán GCMA 71** den phlean seo, **léarscáileanna gaolmhara maidir le tuilte agus an Córas Pleanála & Treoirlínte um Riosca Tuilte lena n-áirítear Ciorclán PL2/2014 ón Roinn.**

Nótaí ar Aicmí Úsáide Talún na Maitrise um Chriosú Úsáide Talún:

Sainíodh na haicmí úsáide talún a dtagraítear dóibh i maitris an chriosaithe úsáide talún mar seo a leanas:

1. **Ceadaithe i bPrionsabal (P)** – Is ionann úsáid a ainmnítear mar Ceadaithe i bPrionsabal agus úsáid a nglacann an tÚdarás Áitiúil léi go teoiriciúil sa chrios ábhartha, faoi réir chomhlíonadh na mbeartas, cuspóirí, caighdeán agus ceanglas ábhartha a leagtar amach sa phlean seo agus phrionsabail pleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe.
2. **Oscailte do Mhachnamh (O)** – Is ionann úsáid a ainmnítear mar Oscailte do Mhachnamh agus úsáid a d'fhéadfadh an tÚdarás Áitiúil a cheadú má tá sé sásta go mbeidh an cineál forbartha a bheartaítear comhoiriúnach do na beartais agus cuspóirí don chrios, nach dtiocfaidh sé salach ar úsáidí ceadaithe agus go gcloíonn sé le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, lena n-áirítear na beartais agus cuspóirí a leagtar amach sa phlean seo.
3. **Ní Cheadaítear de ghnáth (N)** – Is ionann úsáid a ainmnítear mar Ní Cheadaítear de ghnáth agus úsáid nach gceadóidh an tÚdarás Áitiúil, seachas i gcás eisceachtúil. D'fhéadfaí sin a dhéanamh mar gheall ar an éifeacht a mheastar a d'fhéadfadh a bheith aici ar úsáidí reatha agus ceadaithe, a neamh-chomhoiriúnacht leis na beartais, cuspóirí, caighdeán agus ceanglais atá sa phlean seo nó toisc nach bhfuil sé ag teacht le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

Cuimsítear an méid seo a leanas sna criosanna úsáide talún a dtagraítear dóibh i maitris an chriosaithe úsáide talún:

1. **Crios TC** – Lár Baile/Sráidbhaile
2. **Crios R** – Cónaitheach
3. **Crios CF** – Saoráidí Pobail
4. **Crios OS** – Spás Oscailte/Áineas agus Conláiste
5. **Crios T** - Turasóireacht
- 6 **Crios I** - Tionsclaíoch
- 8 **Crios BE** – Gnó agus Fiontraíocht
- 9 **Crios BT** – Gnó agus Teicneolaíocht
10. **Crios CE** - Imeall Cósta
11. **Crios PU** – Fónais Phoiblí
12. **Crios TI** – Bonneagar Iompair

2.0 Lonnaíochtaí Ceannchathartha

2.1 Lonnaíocht Cheannchathartha Bhaile Chláir

2.2 Comhthéacs an Bhaile

Tá Baile Chláir suite thart ar 10 km soir ó thuaidh de Chathair na Gaillimhe, taobh istigh de Ghaeltacht Chontae na Gaillimhe. Tá an sráidbhaile lonnaithe laistigh de limistéar ceannchathartha na Gaillimhe agus, mar sin, is cuid de Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe é. Tá an sráidbhaile suite san áit a dtrasnaíonn Príomhbhealach Náisiúnta an N17 ó Ghaillimh go Sligeach (Cúil Mhuine) Abhainn an Chláir. Tá sé ar an acomhal leis an N18, an Príomhbhealach Náisiúnta ó Ghaillimh go Luimneach, a nascann leis an N6, an Príomhbhealach Náisiúnta ó Ghaillimh go Baile Átha Cliath agus an N18/M18.

Tá roinnt siopaí áitiúla, aonaid tráchtála/gnó agus dhá óstán lena mbaineann na saoráidí gaolmhara (ionad fóillíochta) ann, cuirtear saoráidí oideachais ar fáil dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu laistigh den sráidbhaile, sa cheantar máguaird agus líon mór daoine a thaistealaíonn ar an N83 Ó Mhaigh Eo/Sligeach go Gaillimh ar bhonn laethúil/seachtainiúil. Téann Baile Chláir síos i líne ón taobh thuaidh d'Abhainn an Chláir go taobh deas acomhal an N83 agus an R381.

Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí oibreacha draenála i mBaile Chláir le déanaí chun tuilte a mhaolú, agus táthar tar éis droichead nua a thógáil. Sa chuid den sráidbhaile is faide ó thuaidh, tá cnuasach eaglasta le fáil ina bhfuil an Caisleán agus fothrach na Mainistreach Proinsiasach, reilig agus fothrach na heaglaise paróiste ó na meánaoiseanna, agus is i gcoinne an chúlra iontaigh seo atá an sráidbhaile suite ar bhruach Abhainn an Chláir.

2.3 Pobail Inbhuanaithe

2.3.1 Tithíocht

Tá fás suntasach tagtha ar an lonnaíocht chathrach Baile Chláir le 20 bliain anuas, a bhuí sin lena cóngarachacht do Chathair na Gaillimhe, agus tá an-tóir air i gcónaí mar áit chun forbairtí cónaithe a thógáil. I measc na gcineálacha tithe, tá tithe sraithe, tithe leathscoite agus tithe scoite, a bhformhór díobh idir bhungalónna agus thithe dhá stór. Tá roinnt foirgneamh tráchtála/miondíola lonnaithe taobh leis an N83 freisin, laistigh de lár an bhaile.

Is príomhaidhm den phlean lonnaíochta ceannchathartha seo tithíocht bhreise a chur ar fáil amach anseo a chomhlíonann prionsabail na cáilíochta agus na hinbhuanaitheachta, go speisialta ó thaobh dearaidh agus leagain amach de. Caithfidh prionsabail na cáilíochta, na hinbhuanaitheachta agus na hionchuimsitheachta a bheith chun tosaigh agus forbairtí cónaithe á dtógáil i mBaile Chláir amach anseo. Ba cheart go gcuireann scéimeanna nua iltithíochta laistigh de limistéar an phlean rogha iomchuí d'aonaid tithíochta éagsúla ar fáil a dhéanann freastal ar éilimh reatha an tsráidbhaile agus ar éilimh an tsráidbhaile amach anseo, agus a bhíonn freagrúil ar an gcomhthéacs áitiúil, ó thaobh dearaidh, leagain amach agus dlúis de. Caithfidh forbairtí cónaithe laistigh de Bhaile Chláir cloí leis an gcuspóir beartais maidir le haonaid tithíochta a dháileadh ar theaghlaigh le Gaeilge.

2.3.2 Lár an Bhaile/ Miondíol

Tá Lár Bhaile Chláir gnóthach go leor agus an phríomhghníomhaíocht thráchtála lonnaithe siar ó thuaidh den N83 ó Super Valu mhuintir Hughes ar imeall theas lár an bhaile i dtreo an Óstáin The Arches ar imeall thuaidh an láir. Áirítear sa phlean do na sé bliana atá amach romhainn criosú a dhéanamh i Lár an Bhaile agus tá sé ina chuid den phlean sin aghaidh an phríomhlimistéir thráchtála a chur i dtreo an N83. Áirítear sa chriosú sin i lár an bhaile tailte atá soir ó dheas ón N83 lonnaithe i lár an bhaile, agus tailte soir ó dheas ón acomhal idir an N83 agus an R381 a chuimsíonn tailte a shainaitheann mar Lár an Bhaile/inlíonta (féach an léarscáil um chriosú úsáide talún Bhaile Chláir).

Trí lár an tsráidbhaile i mBaile Chláir a chomhdhlúthú d'fhonn freastal ar fhás amach anseo, cabhrófar chun sraoilleáil uirbeach a chosc trí fhorbairt uirbeach níos dlúithe a sholáthar, chomh maith le bonn le haghaidh pobail uirbigh níos inbhuanaithe.

2.3.3 Fostaíocht agus Forbairt Gheilleagrach

Tá Páirc Ghnó lonnaithe taobh leis an N18, agus tá gnólachtaí tráchtála i roinnt aonaid istigh inti. Tá na tailte seo críosaithe mar thailte Gnó agus Fiontraíochta. Rinneadh athchóiriú ar Chaisleán Bhaile Chláir le blianta beaga anuas agus tagann an-chuid turasóirí ann. Reáchtáiltear roinnt féilte ar thailte an chaisleáin, go mór mór le linn an tsamhraidh.

2.3.4 Saoráidí Pobail

Tá saoráidí pobail riachtanach le haghaidh folláine agus feidhmiú pobal inbhuanaithe, agus cuireann siad le caighdeán saoil níos fearr ar an iomlán. Áirítear leo saoráidí oideachais, cúram leanaí, spóirt agus áineasa, ealaíon agus cultúir, saoráidí d'fheidhmeanna sláinte agus sóisialta, tailte adhclachta, ionaid adhartha, srl. i mBaile Chláir, cé go raibh fás suntasach ar fhorbairt agus ar dhaonra le fiche bliain anuas, níor soláthraíodh bonneagar tacaíochta pobail le dul leis an bhfás sin, agus dá bhrí sin tá brú breise ar na saoráidí agus seirbhísí pobail atá ann cheana féin. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin go bhfreastalaíonn soláthar saoráidí nua pobail sa Phlean Forbartha Contae ar riachtanais an phobail áitiúil faoi láthair agus amach anseo i rith thréimhse an phlean, agus go gcuirtear ar fáil iad in áiteanna a bhfuil sé éasca dul chucu de shiúl na gcos, ar rothar nó ar iompar poiblí.

2.3.5 Oideachas

Le blianta beaga anuas, tógadh Coláiste Bhaile Chláir (meánscoil) in aice le Páirc Ghnó Bhaile Chláir. Is Coláiste Pobail comhoideachais, il-sainchreidmheach í an scoile seo a bunaíodh in 2013. Tá an bhunscoil Ag Foghlaim le Chéile Bhaile Chláir lonnaithe ar an gcampas céanna ar an taobh siar ó thuaidh den suíomh.

Tá Bunscoil Bhaile Chláir lonnaithe thart ar 0.5km siar ó thuaidh ón mbunscoil Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile Chláir, soir ón R381 díreach roimh an acomhal idir an N83 agus lár an tsráidbhaile.

Tacófar le saoráidí oideachais de réir mar is cuí laistigh de thailte arna gcriosú i bPlean Lonnaíochta Ceannchathartha Bhaile Chláir.

2.3.6 Comhshaol agus Oidhreacht

Tá roinnt déanmhas cosanta laistigh de lonnaíocht cheannchathartha Bhaile Chláir atá liostaithe ar an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (TDC) atá istigh le Plean Forbartha Contae na Gaillimhe, e.g. Droichead Bhaile Chláir (TDC Uimh. 108) agus Caisleán Bhaile Chláir (TDC Uimh. 110). Tá roinnt Séadchomharthaí Taifeadta seandálaíochta laistigh de limistéar an phlean freisin, ar an taobh ó thuaidh den lonnaíocht an chuid is mó díobh, gar do Mhainistir Bhaile Chláir agus Caisleán Bhaile Chláir.

Téann Abhainn an Chláir trí imeall thuaidh lonnaíocht Bhaile Chláir agus isteach i Loch Coirib. Tá an abhainn seo ina cuid de Limistéir Chaomhantais Speisialta Loch Coirib, suíomh éiceolaíochta ainmnithe a mbaineann tábhacht Eorpach leis.

Tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt ar an bhféiniúlacht uathúil chultúir a léiríonn lonnaíocht amhail Baile Chláir agus a chinntiú go ndéanann forbairt nua an fhéiniúlacht sin a thacú agus a chomhlánú.

Tá oidhreacht cultúir shaibhir ag lonnaíocht Bhaile Chláir agus ag a mhórchúlchríoch tuaithe, mar a léirítear le Caisleán Bhaile Chláir agus Mainistir Bhaile Chláir atá lonnaithe laistigh de theorainn na lonnaíochta, agus leis an gCeárta agus an Músaem atá lonnaithe taobh ó thuaidh den sráidbhaile. Tá sé tábhachtach go léireodh forbairtí nua meas ar an gcultúr bunaithe seo. Tacóidh an Chomhairle i bprionsabal le tograí forbartha a d'fheabhsódh oidhreacht chultúir na láithreán seo, de réir mar is cuí.

Gné eile den oidhreacht chultúir i mBaile Chláir ná a stádas Gaeltachta laistigh de Ghaeltacht Chonamara. Mar sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go léireoidh forbairt nua meas ar oidhreacht stairiúil agus chultúir Bhaile Chláir, agus go ndéanann sí a stádas Gaeltachta agus a oidhreacht theangeolaíoch a chosaint agus a fheabhsú, i gcomhréir le forálacha an Plean Forbartha Contae. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar an Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn sa sráidbhaile trí choinníollacha pleanála iomchuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear eastáit a ainmniú, comharthaíocht, agus céatadán de na haonaid tithíochta sna forbairtí tithíochta nua a shannadh do Ghaeilgeoirí.

2.4 Seirbhísí agus Bonneagar

2.4.1 Diúscairt Fuíolluisce

Le blianta beaga anuas, sholáthair Uisce Éireann ionad cóireála fuíolluisce bhardasaigh i mBaile Chláir. Tá sé d'acmhainn ag an ionad cóireála sin freastal ar riachtanais forbartha cónaithe agus tionsclaíoch Bhaile Chláir sa lá atá inniu ann agus amach anseo.

2.4.2 Seirbhísí Uisce

Freastalaíonn an príomhlíonra uisce poiblí ar Bhaile Chláir. Tacóidh an plean le cothabháil agus feabhsúcháin a dhéanamh ar an soláthar seo chun forbairt todhchaí an tsráidbhaile a chosaint.

2.4.3 Bonneagar Iompair agus Gluaiseachta

Sa phlean seo, cuirtear éifeachtúlacht chun cinn ó thaobh cúrsaíochta agus bainistíochta tráchta ar fud an tsráidbhaile, agus cuirfear páirceáil iomchuí ar fáil, gar do lár an tsráidbhaile."

Tacaíonn an Plean le Seachbhóthar Bhaile Chláir ar an N17 a chur i gcrích. Thiocfaí laghdú mór ar mhéid an tráchta a thagann tríd an sráidbhaile gach lá dá bhforbrófaí an seachbhóthar seo, agus chuirfeadh sé feabhas ar an timpeallacht i lár an tsráidbhaile freisin, chomh maith le sábháilteacht, cúrsaíocht agus bainistíocht tráchta i mBaile Chláir a fheabhsú.

Aithnítear sa phlean freisin agus tugtar tacaíocht ann do thábhacht an iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear úsáid talún agus iompar a chomhtháthú, rud a spreagfaidh aistriú córa iompair ó iompar príobháideach chuig an rothaíocht, siúil agus iompar poiblí. D'fhonn aistriú córa iompair mar sin a spreagadh, ní mór feabhsúcháin a dhéanamh ar líonra na gcosán poiblí atá sa sráidbhaile cheana thar thréimhse an phlean chun gluaiseachtaí sábháilte coisithe a chinntiú. Ina theannta sin, is riachtanach go ndíreoidh forbairtí nua uile ar nascacht agus go nascann siad leis an líonra cosán atá ann cheana ionas go mbainfear nascacht amach agus go mbainfear leas aisti sa sráidbhaile, agus nach gceadófar an cineál forbartha ar a dtugtar 'cliobógacht'.

2.5 Athrú Aeráide agus Tuile

Mar a leagtar amach i *gCaibidil 14 Athrú Aeráide, Fuinneamh agus Acmhainn In-Athnuaite*, imríonn an t-athrú aeráide tionchar díreach i gcónaí ar shaol daoine, ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar ina laghdófar na hachair taistil ar an oideachas, ar an obair agus ar sheirbhísí, ina gcuirfear feabhas ar shaoráidí siúil agus rothaíochta agus ina ndéanfar foinsí áitiúla fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhtháthú.

Rinneadh Measúnú Baol Tuile céim 2 ar phlean lonnaithe Bhaile Chláir agus sainithnítear ceantair a mbaineann baol tuile leo, dobharthuile, tuile cois cósta, tuile bháistiúil agus tuile screamhuisce san áireamh. Tá léarscáil baol tuile le fáil i gCuid 4 den phlean ceannchathartha seo.

Cuspóirí Beartais Bhaile Chláir (Plean Lonnaithe Ceannchathartha Bhaile Chláir - PLCBC)

PLCBC1 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte oiriúnacha agus seirbhísithe a chur chun cinn chun pobail chónaitheacha inbhuanaithe d'ardchaighdeán atá leagtha amach go maith agus a bhfuil tírdhrechtú maith iontu a sholáthar, le meascán oiriúnach cineálacha agus dlús tithíochta, chomh maith le húsáidí tailte comhlántacha ar nós saoráidí pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar an daonra cónaitheach phlean lonnaithe Ceannchathartha Bhaile Chláir. Conláistí cónaithe reatha a chosaint agus forbairt inlíonta nua réititheach arna ndearadh go hiomchuí a éascú, i gcomhréir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe limistéar an phlean. Spreagadh sonrach a dhéanamh ar chónaí os cionn an tsiopa, rud a d'fhéadfadh cur go mór le beogacht lár an bhaile agus gníomhaíocht a shíneadh níos faide ná uaireanta gnó.

PLCBC 2 Lár an Bhaile Inbhuanaithe

Forbairt Bhaile Chláir a chur chun cinn mar thimpeallacht dhlúth, ardchaighdeán, dheathírdhreachaithe agus inrochtana ina bhfuil meascán iomchuí d'úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaitheacha, tráchtála, seirbhísí, turasóireachta, fiontraíochta, poiblí agus pobail, de réir mar is cuí, a sholáthraíonn réimse seirbhísí, áiseanna agus saoráidí miondíola, don phobal áitiúil agus cuairteoirí. Díreofar den chuid is mó ar lár an bhaile agus ar an bpríomhshráid ghaolmhar maidir le gníomhaíocht mhiondíola agus seirbhíse laistigh de na pleananna seo.

PLCBC 3 Saoráidí agus Seirbhísí Pobail

(a). Forbairt saoráidí pobail a chur chun cinn ar thailte/suíomhanna oiriúnacha i lonnaithe Bhaile Chláir agus ardleibhéal rochtana ar an bpobal áitiúil a chur ar fáil, lena n-áirítear úsáidí oideachais, úsáidí pobail, úsáidí sibhialta, úsáidí poiblí, úsáidí áineasa, úsáidí cultúir agus úsáidí eile comhlántacha.

(b). Tailte maidir le saoráidí pobail a sholáthar a fhorchoimeád chun críocha páirc spraoi a sholáthar.

(c). Tailte maidir le saoráidí pobail a sholáthar a fhorchoimeád chun críocha reilig a sholáthar.

PLCBC 4 Gnó & Fiontraíocht

Cur chun cinn a dhéanamh ar úsáidí gnó agus fiontraíochta, tionsclaíocht éadrom/trádstóráil agus úsáidí a leithéid agus páirc fiontraíochta/páirc oifigí, aonaid ghoir/gnólachtaí nuathionscanta agus Gnólachtaí Beaga agus Meánmhéide a fhorbairt ar thailte oiriúnacha i mBaile Chláir agus ardleibhéal rochtana a sholáthar ar líonraí príomhbhóithre agus ar shaoráidí iompair phoiblí.

PLCBC 5 Bonneagar Poiblí

Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt bonneagair agus oibreacha feabhsúcháin a rachaidh chun sochair Bhaile Chláir agus an réigiún i gcoitinne.

PLCBC 6 Líonra Coisithe agus Rothaíochta

Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt chun sraith de bhealaí coisithe agus rothaíochta a fhorbairt, a nascfaidh limistéir chónaithe le lár an bhaile agus seirbhísí pobail áitiúla, nuair is féidir.

PLCBC 7 Creatstraitéis Iompair agus Athnuachana Uirbí

Creatstraitéis Tráchta, Iompair agus Athnuachana Uirbí a ullmhú don Bhaile thar shaolré an phlean agus féadfaidh Plean Athbhreithnithe Bainistíochta Tráchta a bheith ina chuid de sin agus;

(a) Athfhorbairt Suíomhanna Deise laistigh de limistéar an Phlean.

(b) Tacaíocht a thabhairt agus cur chun cinn a dhéanamh ar chúrsaíocht agus bainistíocht éifeachtúil tráchta ar fud Bhaile Chláir, agus éascaíocht a dhéanamh maidir le páirceáil iomchuí a chur ar fáil gar do lár an bhaile.

(c) Líonra de bhealaí siúil agus rothaíochta ainmnithe a chur ar fáil chun nascacht shábháilte agus áisiúil a sholáthar idir phríomhlimistéir chónaithe an bhaile agus phríomhlimistéir eile den bhaile, scoileanna san áireamh.

PLCBC 8 Seachbhóthar Bhaile Chláir

Tacaíocht a thabhairt chun Seachbhóthar Bhaile Chláir a fhorbairt.

PLCBC 9 An Ghaeilge

An Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn mar chéad teanga pobail limistéar Bhaile Chláir, lena n-áirítear:

- A chinntiú go dtugtar ainmneacha Gaeilge ar fhorbairtí agus go ndéanann na hainmneacha sin léiriú ar charachtar an limistéir.
- Forbairt saoraidí oideachais, áineasa, turasóireachta agus gnó a fheidhmíonn trí Ghaeilge a spreagadh.

Úsáidfear comharthaíocht Ghaeilge den chuid is mó agus siombailí a aithnítear go hidirnáisiúnta le feiceáil uirthi.

PLCBC 10 Clásal Feidhme Teanga


Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar chéatadán de na haonaid chónaithe nuair a dhéanfar forbairtí ina bhfuil níos mó ná aonad nó dhó i gceist a fhorbairt i mBaile Chláir. Cuirfear an clásal feidhme teanga i bhfeidhm ar 20% de na tithe ar a laghad nó ar chóimhéid le céatadán na ndaoine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil, i gcomhréir leis an Daonáireamh is deireanaí a foilsíodh, pé ceann acu is mó.

PLCBC 11 Pointí Rochtana Táscacha um Fhorbairt

Pointí rochtana ar thailte infhorbartha/talamh cúil mar a léirítear ar an Léarscáil um Chriosú Úsáide Talún do Bhaile Chláir.

PLCBC 12 Úsáidí Neamhchomhréireacha

I gcás nach bhfuil úsáidí reatha i gcomhréir leis na cuspóirí úsáide talún nó le mairís an phlean, éascóidh/tacóidh an tÚdarás chun na húsáidí sin a athlonnú chuig tailte níos inbhuanaithe a mbaineann an criosú iomchuí leo.



- Teorainn na Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R- Cónaithe (Céim 2)
- C1 - Lár an Bhaile
- TCI - Lár an Bhaile Inlíonta/Cónaitheach
- BE - Gnó & Fiontraíocht
- T - Turasóireacht
- CF - Saoráidí Pobail
- PU - Fónais Phoiblí
- OS - OS - Spás Oscailte/Áineas agus Conláiste
- TI - Bonneagar Iompair
- Uisce/Aibhneacha/Srutháin
- Úsáid Talún Shrianta
- Cuspóirí an Bheartais (Féach thíos)

Cuspóirí an Bheartais

PLCBC 3 Pointe rochtana táscach um fhorbairt

PLCBC 3(c) Féach cuspóir

PLCBC 11 Pointe rochtana táscach um fhorbairt


Dréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028
Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe Baile Chláir
Léarscáil um Chriosú Úsáid Talún

0 100 200 300 400
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021/ 05i_NMA_090
Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann, 2021



- Teoraínn na Lonnaíochta
- Críos Tuile Táscach A
- Críos Tuile Táscach B
- Críos Tuile Táscach C
- PFRA Báistíúil Táscach
- PFRA Uisce Báistíúil Rabharta
- Uisce

**Dréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028**
Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe
Baile Chláir
Bainstíocht Riosca Tuilte

0 100 200 300 400
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021/OSi_NMA_090
Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann 2021

2.6 Lonnaíocht Cheannchathartha Bhearna

2.7 Comhthéacs an Bhaile

Is sráidbhaile cois cósta í Bearna ar imeall thiar Chathair na Gaillimhe, thart ar 6.5km siar ó lár na Cathrach (an Fhaiche Mhór) agus 11km soir ón Spidéal. Tá sé lonnaithe laistigh de Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe. Tá an baile lonnaithe ar thairseach *Ghaeltacht na Gaillimhe*, an Ghaeltacht is mó sa tír. Tá saintréith uathúil ag baint le sráidbhaile Bhearna mar gheall ar a hoidhreacht iascaireachta agus Ghaeltachta agus is suíomh tarraingteach cois cósta í atá gar do Chathair na Gaillimhe. Le blianta beaga anuas, tháinig méadú suntasach ar Bhearna sa sráidbhaile agus sa cheantar máguaird mar gheall ar chomh gar is atá sí do Chathair na Gaillimhe.

2.8 Pobail Inbhuanaithe

2.8.1 Tithíocht

Tháinig borradh mór ar an lonnaíocht Bearna le 20 bliain anuas agus tá an-tóir ar Bhearna i gcónaí mar áit chun forbairtí cónaitheacha a lonnú, go mór mór ós rud é go bhfuil sé cois cósta agus cóngarach do Chathair na Gaillimhe. I measc na gcineálacha tithe, tá tithe sraithe, tithe leathscoite agus tithe scoite, a bhformhór díobh idir bhungalónna agus thithe dhá stór taobh leis an R336 agus in eastáit tithíochta anseo is ansiúd ar fud an bhaile. Tá roinnt forbairtí árasán i lár an bhaile freisin.

Ba cheart go gcuireann scéimeanna nua iltithíochta laistigh de limistéar an phlean rogha iomchuí d'aonaid tithíochta éagsúla ar fáil a dhéanann freastal ar éilimh reatha an tsráidbhaile agus ar éilimh an tsráidbhaile amach anseo, agus a bhíonn freagrach ar an gcomhthéacs áitiúil, ó thaobh dearaidh, leagain amach agus dlúis de. Caithfidh forbairtí cónaithe laistigh de Bhearna cloí leis an gcuspóir beartais maidir le haonaid tithíochta a dháileadh ar theaghlaigh le Gaeilge.

2.8.2 Lár Baile/ Miondíol

Bíonn lár baile Bhearna sách gnóthach. Áirítear criosú Lár Baile sa phlean do na sé bliana amach romhainn agus sainaitheannann ann tailte taobh ó thuaidh agus taobh ó dheas den tSráid Mhór (R336) a théann tríd an sráidbhaile. Trí lár sráidbhaile Bhearna a chomhdhlúthú d'fhonn freastal ar fhás amach anseo, cabhrófar chun sraoilleáil uirbeach a chosc trí fhorbairt uirbeach níos dlúithe a sholáthar, chomh maith le bonn le haghaidh pobail uirbigh níos inbhuanaithe. Ba cheart forbairt nua, tithíocht go mór mór, a sholáthar ar shuíomhanna tearcúsáidte, suíomhanna inlíonta agus/nó suíomhanna athfhorbraíochta, lena n-áirítear suíomhanna agus foirgnimh atá ar an bhfód cheana a athfhorbairt, chun imchlúdach forbartha reatha an limistéir uirbigh a chomhthógáil agus chun a chinntiú go ndíreofar go príomha ar thailte seirbhísithe gar do lár an bhaile agus do roghanna iompair phoiblí sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Tacaíonn na cuspóirí beartais sa phlean seo le comhdhlúthú lár an tsráidbhaile agus tá tailte criosaithe Lár an Bhaile/Inlíonta sainaitheanta chun freastal ar fhorbairt chónaitheach mar a leagtar amach í sa CNP agus sa SRSE.

2.8.3 Fostaíocht agus Forbairt Gheilleagrach

Tá seirbhísí miondíola ar cheann de na príomhfhoinsí fostaíochta i mBearna agus is ríthábhachtach an bonn fostaíochta seo a choinneáil agus a neartú. Déanfaidh soláthar miondíola comhlánach ar an scála iomchuí atá lonnaithe san áit cheart, lena n-áirítear suíomhanna athfhorbraíochta agus suíomhanna tearcúsáidte a athfhorbairt, i lár an bhaile beogacht agus inmharthanacht lár na lonnaíochta a chosaint agus a fheabhsú, agus cabhróidh sé le leibhéal na siopaí/aonad gan áitiú a laghdú.

Is teoranta an bonn gnó agus fiontraíochta atá i mBearna toisc go bhfuil sé chomh cóngarach sin do chathair na Gaillimhe agus d'ionaid arna bhfeidhmiú agus arna dtacú ag Údarás na Gaeltachta sna Forbacha.

Chomh maith leis sin, is beag forbairt atá déanta ar acmhainn turasóireachta na lonnaithe, a mbaineann deis shuntasach léi bonn turasóireachta an limistéir a leathnú agus a chur chun cinn, go mór mór toisc go bhfuil Bearna lonnaithe cois cósta ar thairseach Ghaeltacht na Gaillimhe, Chathair na Gaillimhe agus Chonamara Theas, agus ar fud Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tacaíonn an phlean le forbairt a bhaineann le turasóireacht a lonnú laistigh de lár an tsráidbhaile, lena n-áirítear an turasóireacht uiscebhunaithe. Ba mhór an tsócmhainn áineasa agus turasóireachta é páirc chonláiste cois cósta a bhaint amach i mBearna, lena húsáid ag áitritheoirí, ag an bpobal áitiúil agus ag cuairteoirí chun na háite.

2.8.4 Saoráidí Pobail

Tá saoráidí pobail riachtanach le haghaidh folláine agus feidhmiú pobal inbhuanaithe, agus cuireann siad le caighdeán saoil níos fearr ar an iomlán. Áirítear leo saoráidí oideachais, cúram leanaí, spóirt agus áineasa, ealaíon agus cultúir, saoráidí d'fheidhmeanna sláinte agus sóisialta, tailte adhclachta, ionaid adhartha, etc. I mBearna, cé go raibh fás suntasach ar fhorbairt agus ar dhaonra le fiche bliain anuas, níor soláthraíodh bonneagar tacaíochta pobail le dul leis an bhfás sin, agus dá bhrí sin tá brú breise ar na saoráidí agus seirbhísí pobail atá ann cheana féin. Ina theannta sin, mar gheall ar an gceantar mór scaipthe ar a bhfreastalaíonn cuid de na saoráidí sin sa cheantar, club GAA Bhearna mar shampla, bítear ag brath go mór ar charranna príobháideacha, chun tairbhe a bhaint as na saoráidí sin. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin go bhfreastalaíonn soláthar saoráidí nua pobail i bPlean Bhearna ar

riachtanais an phobail áitiúil faoi láthair agus amach anseo i rith thréimhse an phlean, agus go gcuirtear ar fáil iad in áiteanna a bhfuil sé éasca dul chucu de shiúl na gcos, ar rothar nó ar iompar poiblí.

Tacaíonn an Plean freisin le soláthar fadtéarmach páirc chonláiste cois cósta amach anseo i lár an tsráidbhaile, ó Bhóithrín Mhags go Bóithrín na Leice Léithe, chun freastal ar riachtanais áineasa agus conláiste phobal Bhearna agus cuairteoirí ar Bhearna.

2.8.5 Oideachas

Tá an bhunscoil Scoil Shéamais Naofa lonnaithe taobh ó thuaidh den R336 ar an mbealach isteach sa bhaile mór ón taobh soir. Is scoil chomhoideachais í seo agus leis an mborradh sa cheantar, tá an scoil lán gan mórán spáis ann chun síneadh a chur léi ná saoráidí spraoi allamuigh a chur ar fáil. Tá tailte sainaitheanta le haghaidh Saoráidí Pobail laistigh de Limistéar Ceannchathartha Bhearna a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh saoráidí oideachais.

2.8.6 Comhshaol agus Oidhreacht

Tá roinnt déanmhas cosanta laistigh de phlean limistéir Bhearna agus tá teacht orthu sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta in Aguisín 6 den phlean. Áirítear leo sin Céibh Bhearna atá lonnaithe laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Cuimsítear i Limistéar Caomhantais Ailtireachta Bhóthar na Céibhe formhór na bhfoirgneamh, talún agus struchtúr ina aice le Bóthar na Céibhe, an reilig agus Céibh Bhearna san áireamh, a fhéachann le hoidhreacht thógtha agus saintréithe na sráid-dreacha seo agus a nasc seanbhunaithe leis an gcéibh agus an cladach. Tá roinnt Séadchomhathai Taifeadta seandálaíochta laistigh de limistéar an phlean.

Níl aon suíomhanna éiceolaíochta ainmnithe a mbaineann tábhacht náisiúnta nó Eorpach leo laistigh de limistéar an phlean. Tá roinnt suíomhanna éiceolaíochta den sórt sin, áfach, in aice le limistéar an phlean ar an taobh soir ó Choillte Bhearna go Trá na gCeann, lena n-áirítear na Suíomhanna Eorpacha Cuan na Gaillimhe - Limistéar Caomhantais Speisialta (000268) agus Cuan na Gaillimhe Laistigh - Limistéar faoi Chosaint Speisialta (004031).

Tá forbairt déanta ag oidhreacht chultúir Bhearna óna bhunús stairiúil mar shráidbhaile beag iascaireachta chuig a stádas sa lá atá inniu ann mar lonnaíocht uirbeach nua-aimseartha. Cé go ndearnadh forbairt shuntasach i lár an tsráidbhaile le blianta beaga anuas, tá sé thar a bheith tábhachtach nach n-imreoidh forbairt amach anseo tionchar diúltach ar Limistéar Caomhantais Ailtireachta Bhóthar na Céibhe agus a croí stairiúil a chreimeadh tuilleadh lena linn. Tacaíonn cuspóirí an phlean seo, chomh maith leis na beartais agus cuspóirí reatha arna leagan amach i *gCaibidil 12 Ailtireacht, Seandálaíocht agus Oidhreacht Chultúir*, le caomhnú agus forbairt íogair an Limistéir Caomhantais Ailtireachta. Gné thábhachtach eile d'oidhreacht chultúir Bhearna ná a stádas Gaeltachta laistigh de Ghaeltacht Chonamara. Mar sin, tá sé tábhachtach a chinntiú go léireoidh forbairt nua meas ar oidhreacht stairiúil agus chultúir Bhearna, agus go ndéanann sí a stádas Gaeltachta agus a oidhreacht theangeolaíoch a chosaint agus a fheabhsú, i gcomhréir le forálacha an phlean. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar an Ghaeilge i mBearn a chosaint agus a chur chun cinn sa lonnaíocht trí choinníollacha pleanála iomchuí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear eastáit a ainmniú, comharthaíocht, agus céatadán de na haonaid tithíochta sna forbairtí tithíochta nua a shannadh do Ghaeilgeoirí.

2.9 Seirbhísí agus Bonneagar

2.9.1 Diúscairt Fuíolluisce

Déanann ionad cóireála fuíolluisce poiblí lonnaithe ar Inis Caorach Bearn a sheirbhísiú. Tacaíonn an plean le hionad cóireála fuíolluisce treasach nua a sholáthar chun freastal ar fhorbairtí reatha agus amach anseo i mBearn. Tacóidh an plean le cothabháil agus feabhsúcháin a dhéanamh ar an mbonneagar atá ann cheana chun forbairt todhchaí an tsráidbhaile a chosaint.

2.9.2 Seirbhísí Uisce

Freastalaíonn an príomhlíonra uisce poiblí ar Bhearna. Tacóidh an plean le cothabháil agus feabhsúcháin a dhéanamh ar an soláthar seo chun forbairt todhchaí an tsráidbhaile a chosaint.

2.9.3 Iompraíocht agus Gluaiseacht

Cuireann an Plean éifeachtúlacht chun cinn maidir le cúrsaíocht agus bainistíocht tráchta ar fud an tsráidbhaile, agus éascaíonn sé le páirceáil iomchuí a chur ar fáil, gar do lár an tsráidbhaile. Bheadh sé tairbheach plean bainistíochta tráchta a ullmhú do Bhearna chun feabhas a chur ar bhrú tráchta, chun an luas a fheictear ann faoi láthair a laghdú, go mór mór sa cheantar cóngarach don bhunscoil agus ar Bhóthar na Céibhe, agus chun feabhas a chur ar bhainistíocht na páirceála sa sráidbhaile.

Tacaíonn an Plean le cur i gcríoch an Bhóthair Faoisimh Laistigh chun sráid nua a chruthú sa sráidbhaile ar a ndéanfar forbairt ardchaighdeán úsáide measctha, rud a d'fheabhsódh tuilleadh bheogacht agus rath shráidbhaile Bhearna. Chuirfeadh an tsráid nua tuilleadh feabhais ar cháilíocht na timpeallachta i lár an tsráidbhaile chomh maith le feabhas a chur ar shábháilteacht, cúrsaíocht agus bainistiú tráchta i mBearn.

Aithnítear sa phlean freisin agus tugtar tacaíocht ann do thábhacht an iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear úsáid talún agus iompar a chomhtháthú, rud a spreagfaidh aistriú córa iompair ó iompar príobháideach chuig siúlóid, rothaíocht, agus iompar poiblí. D'fhonn aistriú córa iompair mar sin a spreagadh, ní mór feabhsúcháin a dhéanamh ar líonra na gcosán poiblí atá sa sráidbhaile cheana thar thréimhse an phlean chun gluaiseachtaí sábháilte coisithe a chinntiú. Ina theannta sin, is riachtanach go ndíreoidh forbairtí nua uile ar nascacht agus go nascann siad leis an líonra cosán atá ann cheana ionas go mbainfear nascacht amach agus go mbainfear leas aisti sa sráidbhaile, agus nach gceadófar an cineál forbartha ar a dtugtar 'cliobógacht'.

2.10 Athrú Aeráide agus Tuile

Mar a leagtar amach i gCaibidil 14 Athrú Aeráide, Fuinneamh agus Acmhainn In-Athnuaite, imríonn an t-athrú aeráide tionchar díreach i gcónaí ar shaol daoine, ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar. Féachann an plean le pobail dea-phleanáilte a chruthú ina laghdófar na hachair taistil ar an oideachas, ar an obair agus ar sheirbhísí, ina gcuirfear feabhas ar shaoráidí siúil agus rothaíochta agus ina ndéanfar foinsí áitiúla fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhtháthú. Rinneadh Measúnú Baol Tuile céim 2 ar phlean lonnaíochta Bhearna agus sainithnítear ceantair a mbaineann baol tuile leo, dobharthuile, tuile cois cósta, tuile bháistiúil agus tuile screamhuisce san áireamh. Tá léarscáil baol tuile le fáil i gCuid 4 den phlean ceannchathartha seo.

Cuspóirí Beartais Bhearna (Plean Lonnaíochta Ceannchathartha Bhearna - PLCB)

PLCB1 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte oiriúnacha agus seirbhísithe a chur chun cinn chun pobail chónaitheacha inbhuanaithe d'ardchaighdeán atá leagtha amach go maith agus a bhfuil tírdhreachtaí maith iontu a sholáthar, le meascán oiriúnach cineálacha agus dlús tithíochta, chomh maith le húsáidí tailte comhlántacha ar nós saoráidí pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar an daonra cónaitheach phlean lonnaíochtaí Ceannchathartha Bhearna.

PLCB 1 Lár Baile Inbhuanaithe

Forbairt Bhearna a chur chun cinn mar thimpeallacht dhlúth, ardchaighdeán, dheathírdhreachaithe agus inrochtana ina bhfuil meascán iomchuí d'úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaitheacha, tráchtála, seirbhísí, turasóireachta, fiontraíochta, poiblí agus pobail, de réir mar is cuí, a sholáthraíonn réimse seirbhísí, áiseanna agus saoráidí miondíola, don phobal áitiúil agus cuarteoirí. Díreofar den chuid is mó ar lár an bhaile agus ar an bpríomhshráid ghaolmhar maidir le gníomhaíocht mhiondíola agus seirbhíse laistigh de na pleananna seo.

PLCB 3 Saoráidí agus Seirbhísí Pobail

Leathnú agus forbairt saoráidí agus seirbhísí atá ar an bhfód cheana féin a spreagadh agus a thacú chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

PLCB 4 Gnó agus Fiontraíocht

- (a) Éascaíocht a dhéanamh maidir le húsáidí gnó agus fiontraíochta i mBearna a leathnú nuair is iomchuí agus i gcomhréir le pleanáil agus forbairt cheart an limistéir.
- (b) Beogacht agus inmharthanacht lár an bhaile a chosaint agus a fheabhsú trína chinntiú go bhfanann sé ina phríomháit mhiondíola, tráchtála agus úsáide measctha i mBearna, agus cosc a chur ar leathadh úsáide nó úsáidí eile nach gcuireann le beogacht agus inmharthanacht lár an bhaile sráidbhaile i dtuairim an Údaráis Áitiúil.

PLCB 5 Imeall an Chósta (CE)

- a). Caomhnófar agus feabhsófar Imeall an Chósta, de réir mar is cuí, mar acmhainn straitéiseach ardchionláiste, agus deiseanna siamsaíochta, caomhnaithe agus conláiste áitiúil a chur ar fáil, agus forbairt a mbeadh drochthionchar aici ar an limistéar seo á seachaint ag an am céanna.
- b). Déanfar breithniú ar fhíor-riachtanas tithíochta tuaithe laistigh de Chríos Imeall an Chósta, i gcomhréir leis na forálacha arna leagan amach faoi chuspóirí na mbeartas i gCaibidil 4 Saol na Tuaithe agus Forbairt.

PLCB 6 Scoil Náisiúnta

Tacaíocht a thabhairt chun *Scoil Shéamus Naofa* a uasghrádú nó a athlonnú go suíomh níos oiriúnaí laistigh de theorainn an phlean chun acmhainn daltaí na scoile a mhéadú, chun saoráidí áineasa na scoile a mhéadú, agus chun rochtain níos fearr agus níos sábháilte a sholáthar.

PLCB 7 Páirc Chonláiste Cois Cósta

Tacaíocht a thabhairt chun Páirc Chonláiste Cois Cósta a chruthú feadh Bhóithrín Mhags go Bóithrín na Leice Léithe chun freastal ar riachtanais áineasa agus conláiste phobal Bhearna, chun comhéadan poiblí iomchuí a sholáthar idir an sráidbhaile agus an imeallbhord, agus chun pointe fócais agus suíomh álainn a chruthú le haghaidh turasóireachta ardchaighdeán agus lena húsáid ag an bhforbairt úsáide measctha ar na tailte díreach in aice léi. Ón tús ar fad, cuirfidh cúinsí éiceolaíochta bonn eolais faoi dhearadh aon oibreacha a dhéanfar chun an cuspóir seo a bhaint amach.

PLCB 8 Forbairt Lamairne/Muiríne

Tacaíocht a thabhairt chun staidéar féidearthachta a ullmhú maidir le lamairne/muiríne a fhorbairt cóngarach do Chéibh Bhearna agus d'aon oibreacha riachtanacha muiríne/urthrá chun úsáid agus rochtain phoiblí ar an gceantar mórthimpeall ar an gcéibh a éascú, m.sh.. muirmhúrtha. Áireofar sa staidéar féidearthachta seo na ceanglais cloí le Treoir na gComhphobal Eorpach maidir le Gnáthóga.

PLCB 9 Slánachar Cósta

A chinntiú go bhfuil slánachar tógála ginearálta 30m ann ó líne theorann gharraí an chladaigh chun forbairt páirc chonláiste cois cósta a thapú chomh maith le promanáid cois farraige, bealach rothaíochta, cló(i)s súgartha do pháistí, spás conláiste tírdhreachaithe agus bealaí rochtana feabhsaithe chuig na tránna áitiúla, Céibh Bhearna agus gníomhaíochtaí bunaithe ar chúrsaí uisce.

PLCB 10 Plean Breithmheasa agus Bainistíochta ACA

Plean Bainistíochta agus Breithmheasa le haghaidh Limistéar Caomhantais Ailtireachta a ullmhú agus a fhoilsiú le haghaidh an ACA atá ar Bhóthar na Céibhe cheana féin, lena n-áirítear Bóthar na Céibhe, na tailte agus struchtúr sainaitheanta in aice leis agus Céibh Bhearna, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

PLCB 11 Bainistíocht Lár an Bhaile

Faoi réir acmhainní iomchuí, ullmhóidh an Chomhairle plean bainistíochta lár an bhaile do Bhearna, i gcomhar le páirtithe leasmhara áitiúla. Déanfar breithniú sa Phlean Bainistíochta ar chuid de na rudaí seo a leanas, nó orthu go léir más féidir:

- (a) Soilsiú poiblí a uasghrádú;
- (b) Nascacht lár an Bhaile, lena n-áirítear an phábháil a uasghrádú;
- (c) Lár an Bhaile a uasghrádú/athdhearadh;
- (d) Scéim chun aghaidh sráid-dhreacha tosaíochta sainaitheanta a fheabhsú; a
- (e) Troscán sráide a uasghrádú agus a fheabhsú;
- (f) Scéim chun dearadh comharthaíochta leanúnach comhréireach a chinntiú i lár an bhaile;
- (g) Tírdhreachú bog agus plandáil den chaighdeán iomchuí a sholáthar, chomh maith le spásanna poiblí feidhmiúla;
- (h) Bainistiú páirceála;
- (i) Breithniú a dhéanamh ar thalamh cúil laistigh de lár an bhaile a athúsáid le haghaidh spáis shibhialta/úsáidí eile;
- (j) Éascaíocht a dhéanamh maidir le hoibreacha feabhsúcháin sráid-dhreacha a dhéanamh, faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

LCCG 12 Forbairt Turasóireachta

(a) Cur chun cinn agus éascaíocht a dhéanamh maidir le Bearna a fhorbairt tuilleadh mar phríomhcheann scríbe turasóireachta chun tairbhe an bhaile agus an cheantair máguaird.

(b) Tacaíocht a thabhairt agus éascaíocht a dhéanamh i gcomhar le comhlachtaí agus úinéirí talún iomchuí maidir le bealaí conláiste turasóireachta ar fud an bhaile a chur ar fáil.

(c) Forbairt acmhainn turasóireachta inbhuanaithe Bhearna a spreagadh agus a chabhrú ar bhealach a léireoidh meas ar thábhacht cultúir, teangeolaíoch, tógtha, ailtireachta, seandálaíochta agus oidhreachta an bhaile, lena n-áirítear oidhreachta agus bithéagsúlacht nádúrtha agus saoráidí áitiúla an bhaile, agus a dhéanfaidh an tábhacht sin a mhéadú, a chosaint agus a fheabhsú freisin.

LCCG 13 Bonneagar Poiblí

Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt bonneagair agus oibreacha feabhsúcháin a rachaidh chun sochair Bearna agus an réigiún i gcoitinne..

BMSP 14 Sráid Nua Sráidbhaile

Tacú leis an tSráid nua Sráidbhaile a bheartaítear a chríochnú (an Bóthar Faoisimh Istigh) ó thuaidh den R336 atá ann cheana féin agus cosc a chur ar aon fhorbairt a rachadh i bhfeidhm ar thógáil an bhealaigh cheadaithe amach anseo.

PLCB 15 Líonra Coisithe agus Rothaíochta

Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt chun sraith de bhealaí coisithe agus rothaíochta a fhorbairt, a nascfaidh limistéir chónaithe le lár an bhaile agus seirbhísí pobail áitiúla , nuair is féidir.

PLCB 16 An Ghaeilge

An Ghaeilge a chosaint agus a chur chun cinn mar chéad teanga pobail limistéar Bhearna, lena n-áirítear:

- A chinntiú go dtugtar ainmneacha Gaeilge ar fhorbairtí agus go ndéanann na hainmneacha sin léiriú ar charachtar an limistéir.
- Forbairt saoráidí oideachais, áineasa, turasóireachta agus gnó a fheidhmíonn trí Ghaeilge a spreagadh.
- Úsáidfear comharthaíocht Ghaeilge den chuid is mó agus siombailí a aithnítear go hidirnáisiúnta le feiceáil uirthi.

PLCB 17 Clásal Feidhme Teanga

Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar chéatadán de na haonaid chónaithe nuair a dhéanfar forbairtí ina bhfuil níos mó ná aonad nó dhó i gceist a fhorbairt i mBearna. Cuirfear an clásal feidhme teanga i bhfeidhm ar 20% de na tithe ar a laghad nó ar chóimhéid le céatadán na ndaoine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil, i gcomhréir leis an Daonáireamh is deireanaí a foilsíodh, pé ceann acu is mó.

PLCB 18 Seirbhísí, Stadanna agus Scáthlár Bus

Seirbhís bhus fheabhsaithe a chur chun cinn i mBearna agus fiosrú a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht go bhféadfaí breis stadanna agus scáthlár bus a chur ar an R336 agus ar an tSráid Sráidbhaile nua.


PLCB 19 Líonra Cosán & Soilsithe Phoiblí

- a) Tacú le feabhsúcháin ar an líonra cosán poiblí atá ann cheana féin laistigh de limistéar an phlean.
- b) Éileofar ar fhorbairt nua nascadh leis an líonra cosán agus soilsithe poiblí a fhreastalaíonn ar lár an tsráidbhaile faoi láthair.
- c) Tacú chun cosáin agus soilsiú poiblí a sholáthar ón bhforbairt chónaithe reatha chomh fada le lár an tsráidbhaile. Chun speicis a gcuireann solas isteach orthu (m.sh. sciatháin leathair) a chosaint, níor cheart go soláthródh feistis solais ach an méid solais atá riachtanach do shábháilteacht phearsanta, agus ba cheart iad a dhearadh chun dallrú a sheachaint gan solas a chur amach os cionn plána chothrománaigh.

d) Éascaíocht a dhéanamh maidir le trasrianta coisithe a chur ar fáil gar don scoil náisiúnta, ceantair chónaithe agus ag suíomhanna cuí eile i limistéar an phlean, de réir mar is gá.

PLCB 20 Úsáidí

I gcás nach bhfuil úsáidí reatha i gcomhréir leis na cuspóirí úsáide talún nó le mairís an phlean, éascóidh/tacóidh an tÚdarás chun na húsáidí sin a athlonnú chuig tailte níos inbhuanaithe a mbaineann an criosú iomchuí leo Éascóidh/tacóidh an tÚdarás Áitiúil athlonnú chuig tailte níos inbhuanaithe a mbaineann an criosú iomchuí leo.



- Settlement Boundary
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- C1 - Lár an Bhaile
- TCI - Lár an Bhaile Inlíonta/Cónaithe
- CF - Áiseanna Pobail
- OS - Spás Oscailte/Áineas agus Conláiste
- CE - Imeall an Chósta
- TI - Bonneagar Iompar
- Uisce/Aibhneacha/ Srutháin
- Bóthar Beartaithe
- Úsáid Talún Shrianta
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Limistéar Riaracháin Chathair na Gaillimhe


Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022- 2028
Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe
Bearna
Léarscáil um Chriosú Úsáid Talún

0 170 340 510 680
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021/ OSi_NMA_090
Suirbhéireach Ordanáis Éireann, 2021



- Teorainn na Lonnaíochta
- Crios Tuile Táscach A
- Crios Tuile Táscach B
- ICrios Tuile Táscach C
- PFRA Báistiúil Táscach
- PFRA Uisce Báistiúil Rabharta
- Limistéar Riaracháin Chathair na Gaillimhe
- Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022- 2028
Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe
Bearna
Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte

0 170 340 510 680
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021/ OSi_NMA_090
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021

2.11 Lonnaíocht Cheannchathartha Órán Mór

2.12 Comhthéacs an Bhaile

Tá baile Órán Mór laistigh de limistéar Ceannchathartha Chontae na Gaillimhe anois. Tá sé suite 7km soir ó lár na cathrach ar imeallbhord laistigh Chuan na Gaillimhe. Cé go bhfuil méadú mór tagtha air le blianta beaga anuas, tá leagan amach bunaidh an tsráidbhaile fós le feiceáil. Tá lár an bhaile lonnaithe ag acomhal dhá bhóthair, is iad sin an Phríomhshráid agus Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath. Tá réimse úsáidí tráchtála gníomhacha le fáil timpeall ar limistéar lár an bhaile. Tá limistéir fhostaíochta ann freisin, lena n-áirítear próiseáil thionsclaíoch i suíomhanna ainmnithe ar imeall thuaidh an bhaile. Baineann tairbhí agus dúshláin lena suíomh cois cósta, m.sh.. an dúshlán a bhaineann leis an athrú aeráide agus na tairbhí a bhaineann leis na dea-radhairc sa limistéar.

Tá an-tóir ar Órán Mór mar áit chónaithe toisc go bhfuil sé chomh cóngarach sin don Chathair agus go bhfuil timpeallacht mhaireachtála an-deas le fáil ann. Tá teacht éasca freisin ar an mótarbhealach agus ar na líonraí iarnróid, tréithe mealltacha a chabhróidh go mór chun Órán Mór a fhorbairt ina Bhaile Ceannchathartha le blianta beaga anuas. Sna blianta atá le teacht, is riachtanach a chinntiú go dtarlóidh fás inbhuanaithe seicheamhach pleantreoraithe sa bhaile seo. Éascóidh sé sin chun an baile mór seo a fhorbairt mar bhaile feabhsaithe beoga i gContae Ceannchathartha na Gaillimhe.

2.13 Pobail Inbhuanaithe

2.13.1 Tithíocht

Tá líon beag readmhaoine cónaithe ar an bPríomhshráid in Órán Mór agus tá readmhaoín mhór scoite breise ar cheapacha móra taobh le Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath. Is léir mar a d'fhás an baile amach go seicheamhach ó lár an bhaile i bpatrún gathach. Tá an tithíocht bhruachbhailteach ísealdlúis agus meándlúis a tógadh le déanaí ina tréith den fhorbairt seo. Tógadh cuid shuntasach den tithíocht seo le 20 bliain anuas agus tá an fhorbairt timpeall ar an mbaile mór fós ar siúl. Tá cóiríocht árasáin agus árasáin dhá urlár ina tréith de na limistéir chónaithe in Órán Mór freisin. Tharla an fhorbairt chónaithe ó thuaidh, ó dheas agus soir ó lár reatha an bhaile agus déanfar tuilleadh forbartha le linn shaolré an phlean.

Tá na limistéir chónaithe seo faoi fhad siúil de lár an bhaile den chuid is mó agus tá rochtain orthu ón gcósán, rud a spreagtar agus a nglacadh go fonnmhar leis. Is gá an líonra rothaíochta a fheabhsú ar an mbealach isteach sa bhaile mór ó na limistéir chónaithe taobh amuigh de. Cinnteoidh an plean lonnaíochta seo nascacht shábháilte ardchaighdeáin coisithe agus rothaíochta le seirbhísí áitiúla amhail scoileanna, siopaí agus saoráidí pobail.

Beidh soláthar tithíochta bunaithe ar fhorbairt chónaithe inbhuanaithe ardchaighdeáin a sholáthar ina gcuirtear prionsabail an dea-dhearaidh agus prionsabail an dea-leagain amach i bhfeidhm. Criosófar tailte ar bhealach seicheamhach le haghaidh na forbartha cónaithe timpeall ar bhaile Órán Mór, de réir mar is cuí, chun freastal ar an bhfás réamh-mheasta agus ar éileamh. Déanfar an fhorbairt chónaithe a shainaithint freisin trí fhéachaint ar láithreáin athfhorbraíochta agus láithreáin inlíonta sa lonnaíocht cheannchathartha seo agus mórthimpeall uirthi, i gcomhréir le huailmhianta an CPN agus an SRSE. Nuair a dhéantar anailís ar lár an bhaile in Órán Mór, is léir go bhfuil lár dea-fhorbartha ann lena mbaineann acmhainn theoranta ó thaobh na forbartha cónaithe de. Léirítear na criosanna seo ar an léarscáil um chríosú úsáide talún atá le fáil i gCuid 3 den phlean seo. Cuirfear forbairtí úsáidí measctha in áiteanna oiriúnacha chun cinn i láithreáin i lár an bhaile, faoi réir na pleanála cirte agus na forbartha inbhuanaithe.

2.13.2 Lár an Bhaile/ Miondíol

Tá an príomhlárionad miondíola bunaidh (an Phríomhshráid & Seanbhóthair Bhaile Átha Cliath) tar éis fás leis na blianta ó chroílár Phríomhshráid R338 amach soir, ó thuaidh agus ó dheas. Tá fás le feiceáil i dtreo an iarthair freisin agus cuireann an fharraige teorainn leis an bhfás sin. Tá lár an bhaile ar an leibhéal agus deas, agus tá cosáin agus soilsiú ar fud na háite. Is féidir Cuan Órán Mór a fheiceáil ó áiteanna áirithe sa bhaile mór.

Ritheann an Phríomhshráid thuaidh-theas i líne dhíreach. Tá an abhainn a théann soir siar isteach san fharraige mar theorainn thuaidh ag críos lár an bhaile. Tá réimse foirgneamh de chineálacha agus de mhéideanna éagsúla ar chuid thuaidh na sráide. Is réadmhaoín chónaithe dhá stór atá le fáil ar an gcuid seo den Phríomhshráid ach is réadmhaoine tráchtála atá ar an tsráid agus tú ag druidim i dtreo lár an bhaile.

Tá forbairt déanta ar sciar mór de thailte lár an bhaile siar ón bPríomhshráid, talamh a bhíodh ina páirceanna talmhaíochta roimhe sin. Tá dhá ollmhargadh agus aonaid tráchtála eile le fáil ann anois. Tá dea-nascacht choisithe ar fáil chuig an bhforbairt seo, siúlbealach choisithe ón acomhal idir an Phríomhshráid agus Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath. Tá forbairt níos lú lonnaithe soir ón bPríomhshráid agus is scéim chuimsitheach mórsála úsáide measctha í ina bhfuil aonaid tráchtála agus árasáin le fáil.

Soir ón bPríomhshráid agus ó thuaidh ó Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath ag an acomhal T, tá an tríú forbairt nua sa bhaile mór le fáil. Is éard atá ann ná forbairt úsáide measctha a chuimsíonn úsáidí agus seirbhísí éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais agus siopaí miondíola.

Ar an iomlán tá réimse maith siopaí, caiféanna, bialanna agus tithe tábhairne sa bhaile mór. Tá óstán i lár an bhaile cheana féin agus tá óstáin eile le fáil ar imeall an bhaile. Is léir nach bhfuil mórán spás forbartha fágtha sa Bhaile Ceannchathartha seo, i gcomparáid le háiteanna eile sa chontae. Tá forbairt mhór mhiondíola déanta in Órán Mór le blianta beaga anuas agus is é miondíol an príomhúsáid anois ar na sráideanna breise nach raibh gníomhaíocht tráchtála riamh orthu, amhail taobh thuaidh de Bhóthar an Chaisleáin agus in Ionad Baile Órán. I gcás Ionad Baile Órán, is forbairt Úsáide Measctha/Tráchtála é seo ar an taobh thuaidh den bhaile mór.

Thar shaolré an Phlean, spreagfaidh an Chomhairle na húsáidí breise iomchuí i lár Órán Mór atá ar chóimhéid lena leibhéal ar ordlathas miondíola an chontae agus atá i gcomhréir leis an bpleanáil cheart agus an fhorbairt inbhuanaithe. Déanfar gach iarracht spreagadh a dhéanamh chun foirgnimh neamhshealbhaíthe agus foirgnimh thréigthe i lár an bhaile a úsáid an athuair.

2.13.3 Fostaíocht agus Forbairt Gheilleagrach

Tá ceithre ollmhargadh sraithe in Órán Mór agus cuireann siad go mór le bonn fostaíochta an bhaile. I measc na ndeiseanna fostaíochta eile i lár an bhaile, tá an earnáil fóillíochta, earnáil an fháilteachais agus earnáil na seirbhísí gairmiúla. Cuirtear an-bhéim sa phlean ar ghníomhaíocht a bhaineann le fostaíocht a spreagadh agus a éascú agus tugtar tuilleadh tacaíochta dó sin i *gCaibidil 5 Cúrsaí Fiontraíochta, Geilleagracha agus Miondíola*.

Soláthrófar fostaíocht ar fud Lár an Bhaile, sa Chrios Úsáide Measctha/Tráchtála, sa Chrios Gnó agus Teicneolaíochta, sa Chrios Gnó agus Fiontraíocht agus sa Chrios Tionsclaíoch. I measc na mbuntáistí a bhaineann le suíomh Órán Mór agus an réimse saoráidí atá ar fáil ann, tá na nithe seo a leanas:

- Fianaise go bhfuil bonn láidir fostaíochta ann ó thaobh gníomhaíochtaí tionsclaíocha amhail próiseáil;
- Cóngarach do líonra na mótarbhealaí;
- Dea-nascacht leis na haerfoirt réigiúnacha Aerfort na Sionainne agus Aerfort Chnoc Mhuire;

- Linn d'oibrithe óga sciliúla i limistéir chónaithe an bhaile agus sna hinstitiúidí tríú leibhéal;
- Dea-nascacht le Cathair na Gaillimhe;
- Ardluach Conláiste

Leis na tréithe seo, tá sé ar chumas Órán Mór chun bonn fostaíochta láidir dinimiciúil a chothú. Tá sé d'acmhainn ag an mbaile mór seo tionscail den chineál céanna agus fostóirí féideartha eile a mhealladh toisc go bhfuil réimse tairbhí straitéiseacha eile chuige sin aige:

2.13.4 Gnó agus Teicneolaíocht

Tá dáileacht mhór talún soir ó thuaidh ó Bhaile Órán Mór críosaithe le haghaidh úsáidí Gnó agus Teicneolaíochta. Baineann na húsáidí seo le tionscal eolaíochta agus teicneolaíocht bhunaithe in eolaíochtaí na beatha, bithchógaisíocht, TF, seirbhísí arna dtrádáil go hidirnáisiúnta, agus Taighde agus Forbairt. Féadfaidh úsáidí eile a bheith oiriúnach freisin.

Tá suíomh Gnó agus Teicneolaíochta Órán Mór lonnaithe laistigh den Chonair Eacnamaíoch Straitéiseach mar a phléitear i gCaibidil 5 agus baineann achar 21 heicteár leis. Tagann sé faoi úinéireacht an Údaráis Forbartha Tionscail. Tugadh cead pleanála roimhe sin ar dháileacht thuaidh na talún d'fhonn Páirc Eolaíochta agus Teicneolaíochta, mar aon le saoráid réamhdhéantúsaíochta, a fhorbairt ann chun freastal ar dhéantúsaíocht agus taighde bithchógaisíochta. Tá an cead imithe in éag ó shin ach bhí na húsáidí beartaithe arna leagan amach san iarratas ar chead pleanála den chineál céanna agus na cineálacha úsáidí a cheadófaí anseo ar shuíomh críosaithe Gnó agus Teicneolaíochta. Tríd an suíomh seo a fhorbairt, bheadh sé ina mhórghineadóir fostaíochta sa bhaile ceannchathartha seo.

2.13.5 Gnó agus Fiontraíocht

Taobh ó dheas den suíomh Gnó agus Teicneolaíochta, tá dáileacht talún níos lú arna críosú lena úsáid le haghaidh Gnó agus Fiontraíochta. Éascaíonn an críosú seo le hoifigí a fhorbairt, le húsáidí éadroma tionsclaíocha lena n-áirítear roinnt trádástórála, agus le húsáidí den chineál páirce fiontraíochta a fhorbairt freisin. Téann buntáistí suímh Órán Mór chun tairbhe an chríosaithe seo freisin, toisc go bhfuil fostóirí Gnó agus Fiontraíochta bunaithe lonnaithe in Órán Mór cheana féin.

2.13.6 Tionsclaíocht

Tá líon suntasach fostóirí lonnaithe in Órán Mór ar na tailte arna gcriosú mar thailte tionsclaíocha taobh thuaidh de lár an bhaile, in aice leis na tailte arna gcriosú mar thailte gnó agus teicneolaíochta. Mar sin, is príomhshuíomh sa limistéar ceannchathartha anois é Órán Mór agus déanfaidh sé rath geilleagrach na Gaillimhe a spreagadh agus a mhéadú freisin. Tá na tailte arna gcriosú mar thailte tionsclaíoch níos oiriúnaí chun earraí, lena n-áirítear láimhseáil amhábhair, a dhéanamh agus a phróiseáil. Tá a réimse féin d'úsáidí oiriúnacha - Gnó agus Teicneolaíocht; Gnó agus Fiontraíocht; Tionsclaíocht; Lár an Bhaile/Miondíol; agus Tráchtáil/Úsáid Mheasctha - ag gach limistéar fostaíochta laistigh den bhaile agus cuireann siad go léir le próifíl fostaíochta foriomlán an bhaile.

2.13.7 Seveso

Déanann CHEMORAN in Órán Mór eiblitheoirí, oibreáin ghreamaitheacha agus oibreáin micreadhromchlaithé i dtrí shoitheach imoibriúcháin ina saoráid in Órán Mór. Saináithnítear suíomh Chemoran mar shuíomh Leibhéal Íochair Seveso II lena mbaineann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Mórghuaiseanna Timpiste lena mbaineann Substaintí Contúirteacha) 2006. Chuige sin, tá crios 800 méadar marcáilte amach mórthimpeall ar an suíomh seo, mar a léirítear ar **Léarscáil 1A/1B - Criosú um Úsáid Talún** agus **Léarscáil 2A/2B - Cuspóirí Sonracha**. Tarchuirfear tograí forbartha sa limistéar seo chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta le haghaidh comhairliúcháin.

2.13.8 Saoráidí Pobail

Tá réimse saoráidí pobail lonnaithe in Órán Mór agus sa cheantar máguaird. Chomh maith leis na saoráidí oideachais leagtha amach thíos, tá réimse saoráidí spóirt gníomhacha le fáil ann freisin. I measc na saoráidí pobail eile atá le fáil ann, tá réimse saoráidí cúraim leanaí a mbaineann méid agus scála éagsúla leo, eaglais agus reilig, leabharlann, saoráidí leighis, Stáisiún an Gharda Síochána, Comhar Creidmheasa, banc, búistéir agus gruagaire. Is seaneaglais Chaitliceach é an foirgneamh leabharlainne in Órán Mór agus is léiriú maith é ar fhoirgneamh reatha a úsáid an athuair ar chúis eile.

Tá Páirc Rinn Mhíl lonnaithe taobh ó dheas d'Órán Mór agus is spás oscailte luachmhar éighníomhach í inar féidir le cuairteoirí leas a bhaint as an líonra conairí siúil atá ar fáil.

Déanfaidh an plean gach iarracht leanúint ar aghaidh seirbhísí agus bonneagar pobail a sholáthar de réir agus a fhorbraítear an baile agus a thagann pobail nua chun cinn le linn thréimhse an phlean. Tacóidh an plean le soláthar saoráidí pobail trí mhodhanna éagsúla, lena n-áirítear foinsí maoinithe amhail tacaíochtaí deontais pobail.

2.13.9 Oideachas

Tá bonn láidir oideachais sa bhaile mór seo ina bhfuil trí bhunscoil - Scoil Mhuire, Scoil Iósaif Naofa agus Gaelscoil de hÍde - agus meánscoil amháin, Coláiste Calasanctius.

Tacóidh an plean le forbairt leanúnach na saoráidí oideachais in Órán Mór, i gcomhréir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe.

2.13.10 Comhshaol agus Oidhreacht

Tá roinnt suíomhanna ainmnithe laistigh de limistéar an phlean a áirítear sna Limistéir faoi Chosaint Speisialta agus sna Limistéir Chaomhantais Speisialta. Tá roinnt limistéar beartaithe oidhreacht nádúrtha in Órán Mór freisin a chuimsíonn cuid de Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus Riasc Creganna.

Aithnítear go gcuireann an oidhreacht thógtha le saintréithe agus beogacht Órán Mór. Fanann an Caomhantas Ailtireachta atá i bhfeidhm in Órán Mór in éifeacht, mar aon leis na Déanmhais Chosanta laistigh den bhaile. Tá na sainchomharthaí, amhail an tseaneaglais Chaitliceach i lár an bhaile, fós ag cur le sráid-dhreach an bhaile. Téann an patrún sráide, méid na gceapach agus an comhleanúnachas ailtireachta ó dhéanamh san 18ú haois go dtí déanach sa 19ú haois agus tá go leor tréithe comhchoiteanna acu. Léiríonn an fhoirm agus na saintréithe atá ag Órán Mór anois an stair atá aige mar bhaile. Léiríonn lár an bhaile braistint láidir imfhálaithe arna cruthú ag an mbealach atá na ceapacha agus na foirgnimh leagtha amach. Cruthaítear é sin leis na tithe sraithe, na péirí tithe agus na tithe scoite a bhfuil bearnaí anseo is ansiúd eatarthu, rud a léiríonn na cróite lasmuigh díobh. Is ceapacha cúnga atá ann den chuid is mó, agus aghaidh na bhfoirgneamh amach chomh fada leis an gcosán i lár an bhaile, agus tá gairdíní móra taobh thiar díobh freisin. Is foirgnimh dhá stór iad na seanfhoirgnimh den chuid is mó, agus tá roinnt samplaí ann de theachíní ceann tuí aon stór, nó teachíní a mbíodh ceann tuí orthu tráth. Ainmnítear ceantar mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta de bharr aois, cáilíocht agus comhleanúnachas measta na bhfoirgneamh agus suíomhanna laistigh de chroí an limistéir stairiúil, agus leagtar amach é sa phlean lonnaíochta.

Tá oidhreacht shaibhir seandálaíochta ag Órán Mór, agus is fianaise iad na séadchomharthaí taifeadta atá ann go raibh luathlonnaíocht ar siúl sa cheantar.

2.14 Seirbhísí agus Bonneagar

2.14.1 Diúscairt Fuíolluisce

Rachadh sé go mór chun tairbhe Órán Mór agus an chuid seo do Chontae Ceannchathartha na Gaillimhe dá ndéanfaí saoraidí cóireála uisce Phríomhdhraenáil Oirthear na Gaillimhe a fhorbairt. D'fhéadfadh sé freastal ar bhaile Órán Mór agus ar na ceantair máguaird, agus mar sin, tacaítear leis sa phlean seo. Tá ionad cóireála fuíolluisce Inis Caorach ag déanamh freastail faoi láthair ar Órán Mór. Déanann dabhcha séarachais aonair nó córais chóireála fuíolluisce dílsithe freastal ar roinnt tithe agus forbairtí eile ar imeall bhaile Órán Mór.

2.14.2 Seirbhísí Uisce

Faigheann Órán Mór a chuid uisce ó Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Thuama, agus chuige sin, ní gné teorannaithe ó thaobh na forbartha de é soláthar uisce.

2.14.3 Bonneagar Iompair agus Gluaiseachta

Tá rochtain láithreach ón mbaile mór seo ar na príomhlíonraí bóithre go léir a thugann rochtain ar Chathair na Gaillimhe. Tá rochtain éasca freisin ar na mótarbhealaí M6/M17/M18 ó Órán Mór agus, mar sin, tá sé éasca taisteal go Sionainn, go Luimneach agus go Baile Átha Cliath. Tugann stáisiún traenach Órán Mór rogha do dhaoine a chónaíonn i mbaile Órán Mór taisteal ar an traein ar an tseirbhís laethúil chomaitéireachta go Cathair na Gaillimhe, áit is féidir nasc a fháil go Baile Átha Cliath agus Luimneach. Táthar ag súil go soláthródh acmhainn fheabhsaithe iarnróid breis seirbhísí traenacha le linn na mbuaicthréimhsí. Meastar go soláthróidh an tseirbhís iompair inbhuanaithe seo an rogha dóibh siúd a chónaíonn in Órán Mór agus sa cheantar máguaird nasc iompair phoiblí iontaofa a úsáid go Cathair na Gaillimhe, rud a laghdóidh a spleáchas ar an ngluaisteán príobháideach. Anuas air sin, cuirfidh an fhorbairt a bheartaítear sa Chreatphlean Uirbeach don Gharrán feabhas ar nascacht an stáisiún traenach le baile Órán Mór.

2.15 Athrú Aeráide agus Tuile

Mar a leagtar amach i *gCaibidil 14 Athrú Aeráide, Fuinneamh agus Acmhainn In-Athnuaite*, imríonn an t-athrú aeráide tionchar díreach i gcónaí ar shaol daoine, ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar. Féachann an plan le pobail dea-phleanáilte a chruthú ina laghdófar na hachair taistil ar an oideachas, ar an obair agus ar sheirbhísí, ina gcuirfear feabhas ar shaoraidí siúil agus rothaíochta agus ina ndéanfar foinsí áitiúla fuinnimh in-athnuaite agus ísealcharbóin a chomhtháthú. Rinneadh Measúnú Baol Tuile céim 2 ar phlean lonnaíochta Órán Mór agus sainithnítear ceantair a mbaineann baol tuile leo, dobharthuile, tuile cois cósta, tuile bháistiúil agus tuile screamhuisce san áireamh. Tá léarscáil baol tuile le fáil i gCuid 4 den phlean ceannchathartha seo.

Cuspóirí Beartais Órán Mór (Plean Lonnaíochta Ceannchathartha Órán Mór – PLCÓM)

PLCÓM 1 Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte oiriúnacha agus seirbhísithe a chur chun cinn chun pobail chónaitheacha inbhuanaithe d'ardchaighdeán atá leagtha amach go maith agus a bhfuil tírdhrechtú maith iontu a sholáthar, le meascán oiriúnach cineálacha agus dlús tithíochta, chomh maith le húsáidí tailte comhlántacha ar nós saoraidí pobail, seirbhísí áitiúla agus saoraidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaonra cónaitheach phlean lonnaíochtaí Ceannchathartha Órán Mór.

PLCÓM 2 Lár an Bhaile Inbhuanaithe

Forbairt Órán Mór a chur chun cinn mar thimpeallacht dhlúth, ardchaighdeán, dheathírdhreachaithe agus inrochtana ina bhfuil meascán iomchuí d'úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaitheacha, tráchtála, seirbhísí, turasóireachta, fiontraíochta, poiblí agus pobail, de réir mar is cuí, a sholáthraíonn réimse seirbhísí, áiseanna agus saoráidí miondíola, don phobal áitiúil agus cuairteoirí. Díreofar den chuid is mó ar lár an bhaile agus ar an bpríomhshráid ghaolmhar maidir le gníomhaíocht mhiondíola agus seirbhíse laistigh de na pleananna seo.

PLCÓM 3 Gnó agus Fiontraíocht

(a) Éascaíocht a dhéanamh maidir le húsáidí gnó agus fiontraíochta in Órán Mór a leathnú nuair is iomchuí agus i gcomhréir le pleanáil agus Inbhuanaithe forbairt cheart an limistéir.

(b) Beogacht agus inmharthanacht lár an bhaile a chosaint agus a fheabhsú trína chinntiú go bhfanann sé ina phríomháit mhiondíola, tráchtála agus úsáide measctha in Órán Mór, agus cosc a chur ar leathadh úsáide nó úsáidí eile nach gcuireann le beogacht agus inmharthanacht lár an bhaile sráidbhaile i dtuairim an Údaráis Áitiúil.

PLCÓM 4 Gnó agus Teicneolaíocht

Cur chun cinn a dhéanamh maidir le húsáidí ardluacha gnó agus teicneolaíochta a fhorbairt chun ról Órán Mór mar ionad fáis do chuideachtaí móra nuálacha a neartú. Áirítear ina measc siúd cuideachtaí in earnálacha amhail tionsclaíocht eolaíocht agus teicneolaíocht bhunaithe in eolaíochtaí na beatha, bithchógaisíocht, TF, seirbhísí arna dtrádáil go hidirnáisiúnta, agus Taighde agus Forbairt. Déanfaidh an criosú seo foráil d'fhorbairtí páirce oifige, saoráidí stórála agus lóistíocht ar úsáidí coimhdeacha go léir iad a bhaineann leis na príomhúsáidí thuasluaite. Féadfaidh breithniú a dhéanamh freisin ar shaoráidí oiliúna, amhail saoráidí For-Rochtana Tríú Leibhéal a chur ar fáil.

PLCÓM 5 Tionsclaíocht

Cur chun cinn a dhéanamh ar nuair is iomchuí ar úsáidí tionsclaíocha agus úsáidí a bhaineann leis an tionsclaíocht, lena n-áirítear déantúsaíocht, próiseáil ábhar, trádastóráil agus dáileadh ar thailte oiriúnacha, le seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha agus ardleibhéal rochtana ar phríomhlíonraí bóithre agus saoráidí iompair phoiblí. Beidh cóireáil imill agus/nó sciathadh leordhóthanach ag teastáil chun comhéadan ardchaighdeán le spásanna poiblí agus aon limistéir chónaithe ina aice láimhe nó aon úsáidí talún íogaire eile a chinntiú, de réir mar is cuí.

PLCÓM 6 Forbairt Turasóireachta

Forbairt acmhainn turasóireachta inbhuanaithe Órán Mór a spreagadh agus a chabhrú ar bhealach a léireoidh meas ar thábhacht ailtireachta, sheandálaíochta agus chultúir an bhaile agus an cheantair máguaird.

PLCÓM 7 Seveso

Rachaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhairle leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta nuair atá measúnú á dhéanamh ar fhorbairtí ábhartha beartaítear láithreáin nó gar do láithreáin arna sainaitheint faoin Treoir maidir le Mórghuaiseanna Timpiste a Rialú (Treoir Seveso II), d'fhonn mórthionóiscí lena mbaineann substaintí contúirteacha a chosc agus chun iarmhairtí na mórthionóiscí sin ar an gcomhshaol agus ar an bpobal a theorannú.

PLCÓM 8 Saoráidí Pobail

Féachaint le saoráidí breise pobail a sholáthar, lena n-áirítear cúram leanaí, cúram sláinte, ionad adhartha agus ionad pobail, mar chuid lárnach de thograí maidir le forbairt chónaithe nua a thógail, agus saoráidí reatha an cheantair á gcur san áireamh.

PLCÓM 9 Saoráidí Pobail i gCnoc Óráin

A chinntiú go soláthrófar saoráidí siamsaíochta agus conláiste mar chuid lárnach de thograí forbartha i gCnoc Óráin.

PLCÓM 10 Saoráidí Áineasa

Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt chun siúl bhealaí agus rotharbhealaí cois abhann a fhorbairt ar fud limistéar an phlean nuair is féidir, agus a chinntiú go mbreithnítear ar a leithéid de thograí, nó go ndéantar iad a chuimsiú i bhforbairt tailte in aice láimhe, de réim mar is cuí. Mar chuid de thograí, cuirfear san áireamh aon tionchair ar oidhreacht nádúrtha agus limistéir chaomhnaithe ainmnithe a d'fhéadfadh teacht as gníomhaíochtaí siamsaíochta.

PLCÓM 11 Spás Oscailte

Spásanna oscailte a chosaint ó fhorbairt mhíchuí, d'fhonn a mhealltacht a choinneáil agus a ról ó thaobh conláiste cónaithe agus saintréithe foriomlána Órán Mór a fheabhsú, agus éascaíocht a dhéanamh chun spásanna oscailte agus spásanna sibhialta a fhorbairt ag suíomhanna iomchuí laistigh de Limistéar an Phlean.

PLCÓM 12 Saoráidí Oideachais

Tacaíocht a thabhairt chun saoráidí oideachais leordhóthanach a sholáthar don phobal áitiúil, saoráidí bunscoile, saoráidí meánscoile, cláir fhor-rochtana tríú leibhéal, saoráidí Taighde & Forbartha san áireamh, chomh maith le saoráidí oiliúna eile, d'fhonn freastal ar riachtanais an réimse is leithne daoine laistigh d'Órán Mór agus a cheantair máguaird.

PLCÓM 13 Comhshaol agus Oidhreacht


Cosaint agus caomhnú a dhéanamh ar charachtar speisialta na ngnéithe oidhreachta tógtha go léir laistigh de limistéar an phlean, chomh maith leis na cinn atá le fáil sa cheantar máguaird.

PLCÓM 14 Fóntais Phoiblí

Tacaíocht a thabhairt do dheiseanna chun na córais reatha draenála screamhuisce agus uisce bhréin a uasghrádú chun srianta féideartha sa líonra cóireála reatha a mhaolú agus chun féachaint chuige go seasfaidh an bonneagar riachtanach an aimsir agus go mbeidh sé in ann tacú le forbairt iomlán Órán Mór.

PLCÓM 15 Úsáidí Neamhchomhréireacha

I gcás nach bhfuil úsáidí reatha i gcomhréir leis na cuspóirí úsáide talún nó le mairtís an phlean, éascóidh/tacóidh an tÚdarás Pleanála lena n-athlonnú chuig tailte níos inbhuanaithe a mbaineann an criosú iomchuí leo.



- Teorainn na Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- R - Cónaithe Inlíonta
- CI - Lár an Bhaile
- TCI - Lár an Bhaile Inlíonadh/Cónaithe
- C2 - Úsáid Tráchtála/Measctha
- BE - Gnó & Fiontraíocht
- BT - Gnó & Teicneolaíocht
- I - Tionsclaíocht
- CF - Áiseana Pobail
- OS - Spás Oscailte/Siamsaíocht & Conláiste TI
- Bonneagar Iompair
- Uisce/Aibhneacha/Srutháin
- Úsáid Talún Shrianta
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Creatphlean Uirbeach an Gharráin
- Limistéar Riaracháin Chathair na Gaillimhe


Dréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022- 2028
Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe
Órán Mór
Léarscáil um Chríosú Úsáid Talún

0 200 400 600 800
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021/05_NMA_090
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2021



- Teorainn na Lonnaíochta
- Crios Tuilte Táscach A
- Crios Tuilte Táscach B
- Crios Tuilte Táscach C
- PFRA Báistiúil Táscach
- PFRA Uisce Báistiúil
- Limistéar Riaracháin Chathair na Gaillimhe
- Uisce

Dréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022- 2028
Limistéar Ceanncathartha na Gaillimhe
Órán Mór
Bainistíocht Riosca i gCas Tuilte

0 200 400 600 800
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021/05_NMA_090
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021

3.0 Creatphleananna Uirbeacha

3.1 Creatphlean Uirbeach Chnoc Mhaoil Drise

/ b h / a l ! h L [5 w L { 9

5NŞİ-ÖKÚ

/w9!çt l [9! b | lw .9! / l

. ŠlŘK fŠl-úkyġ ōŠl-ŋúI-łúKŜ I-ŋ f2yyI-ŋ2ÖKú yǎzl-
łyI- ŐKdzłŘ ŋŋúKłōKI-ŐKúI-ŐK ŘŜ [łYłăúŞI-ŋ
/Šl-yġŎKI-úKI-ŋúKI- yI- DI-łłłYKŜŰ λ Ʒ/2φ yI-
DI-łłłYKŜ I-Ʒdză ä2fłúKŋŰŰI-ŋ I-yŷŎI-łłKŘŜłY
YI-łŋŰŠI-ŐKúłfI- ŘŜy äŎ2úK I-Ʒdză Ʒ2 fŠ2ŋ
I-ŎYKI-łyŷ ŐKdzy fŠl-úkyġ I-YI-ŐK YI-ŋ
ŐK2YKI-ŋăI-yI-ŐKú ŐKŰyI-łúKŜ YKŰŋ λ [łYłăúŞI-ŋ
/Šl-yġŎKI-úKI-ŋúKI- yI- DI-łłłYKŜ

. Šl-fúI-łyŜ нлнм



Tagairt/Oifig
6770/Baile Átha Cliath
DRÉACHT: 2021-03-

CLÁR ÁBHAIR

Réamhrá	1
Fís Straitéiseach	3
Comhthéacs Pleanála Straitéisí	5
Tailte ag Cnoc Mhaoil Drise	7
Prionsabail agus Straitéis	13
Creat	17
Creatphlean Chnoc Mhaoil Drise	31
Cuspóirí Beartais agus Criosú Úsáide Talún	34

1.0 RÉAMHRÁ

Tá Cnoc Mhaoil Drise lonnaithe go straitéiseach i gcoillár Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe thoir níos lú ná 5km ó Chathair na Gaillimhe agus díreach in aice leis an teorainn idir Contae na Gaillimhe agus Cathair na Gaillimhe. Tá baint láidir idir Cnoc Mhaoil Drise agus an bonn leathan fostaíochta atá le fáil ann i bPáirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise, Páirc Theicneolaíochta na Gaillimhe agus sa Pháirc Mhór Thoir agus Thiar. Is iad seo an pointe is faide soir a théann an chonair fostaíochta ón gcathair go Cnoc Mhaoil Drise.


Cé go bhfuil na tailte móra leathnaithe na Páirce Móire Thoir fós faoi úinéireacht an Údaráis Forbartha Tionscail, áirítear i gCnoc Mhaoil Drise freisin tailte suntasacha i gCnoc Mhaoil Drise atá oiriúnach chun fás uirbeach a dhéanamh agus forbairt chónaithe nua a thógáil orthu. Faoi láthair, déanann bóthar an N6 teorainn éifeachtach idir úsáidí cónaithe agus úsáidí fostaíochta i

mbruachbhailte thoir thuaidh na Gaillimhe. Tá na limistéir chónaithe Dabhach Uisce, Baile an Bhriotaigh, Mervue agus an Baile Bán go léir laistigh d'ímfhálú chonair an N6, cé go bhfuil na boinn fostaíochta i gCnoc Mhaoil Drise agus i bPáirc Ghnó Bhaile an Bhriotaigh lasmuigh de sin.

Le Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe, tiocfaidh athrú ar an mbealach a bheidh trácht ag trasnú agus ag teacht isteach i Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe thoir. Déanann na Comhoifigigh Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gClár Riosca gach ráithe, agus tuairiscítear é don Choiste Iniúchta agus Riosca agus don Bhord araon. Beidh an N6 reatha a théann chuig an R339 Bóthar Mhuine Mheá saor ó thréthracht a théann trasna na cathrach agus beidh deis mhór ann leathnú uirbeach a dhéanamh ar fud na deighilte reatha.

Tá go leor tailte láithreán úrnua ar fáil chun freastal ar fhás uirbeach agus féadfaidh sé a bheith pleantearaithe ón tús, rud a chinnteoidh go soláthrófar samhail forbartha inbhuanaithe ar bhonn céimnithe sa ghearrthearma, sa mheántearma agus san fhadtearma. Is féidir le Cnoc Mhaoil Drise leanúint ar aghaidh lena bhonn fostaíochta a forbairt, agus an fás cónaithe atá ag teastáil a chur ar fáil freisin ag an am céanna chun a chinntiú go gcuirfidh samhail forbartha inbhuanaithe bonn taca leis an bhfás agus fás don Limistéar Ceannchathartha.

Leagtar amach sa Chreatphlean seo an fhís, na prionsabail agus an creat a bheidh mar threoir maidir le dlúthfhás ardchaighdeán a forbairt ar bhealach ordúil agus inbhuanaithe i gCnoc Mhaoil Drise sa Limistéar Ceannchathartha.



Comharsanachtaí Nasctha a chuimsítear i Limistéar Ceannchathartha Thoir na Gaillimhe

1.0 RÉAMHRÁ

Teorainn an Chreata

Nuair a cuireadh tús le hathbhreithniú ar an acmhainn fás uirbeach Chnoc Mhaoil Drise, bhí an N83 agus an N339 ó thuaidh agus ó dheas, agus Bóthar na Páirce Móire ar an taobh thiar ann chun an limistéar i gceist a shainiú. Bhí an teorainn thoir suite siar ó na tithe feadh Bhóthar Bhaile an Teampaill, ag dul trí na tailte talmhaíochta.

Tar éis réamhchomhairliúcháin le Comhairle Chontae na Gaillimhe, measadh go ndéanfaí freastal níos fearr ar an bhfís fhadtéarmach do Chnoc Mhaoil Drise tríd an teorainn thoir a shíneadh amach chomh fada le Bóthar Bhaile an Teampaill. D'éascódh sin an acmhainn fás fhadtéarmach amach anseo agus Bóthar Bhaile an Teampaill ina theorainn lonnaíochta nádúrtha ag an limistéar.

D'fhoill cur chuige pleantreoraithe a chinntiú maidir le Cnoc Mhaoil Drise a bhunú ar bhealach ordúil, rinneadh an limistéar iomlán a fhoroinnt chun limistéir forbartha gearrthearma agus meántearma a áireamh chun críocha cónaithe agus fostaíochta araon, mar aon le Limistéar Fáis Todhchaí a ligfidh d'fhás soir amach anseo agus a chuirfidh leis na céimeanna luath na forbartha pobail agus bonneagair.

THUAIDH



Teorainn Bhunaidh an Chreatphlean



Teorainn Athbhreithnithe an Chreatphlean




Creatphlean (Limistéar Forbartha + Limistéar Fáis Todhchaí)

2.0 FÍS STRAITÉISEACH


Tá Cnoc Mhaoil Drise ina chuid bhunúsach de Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe, agus ina limistéar fáis suntasach don chontae. Cuimsítear ann úsáidí suntasacha fostaíochta agus tá go leor acmhainne ann chun dlúthfhás ardchaighdeán inbhuanaithe a sholáthar

Lonnaíocht chomharsanachta ardchaighdeán, mhealltach, insiúlta nua, lonnaithe mórthimpeall ar lárionad áitiúil nua beoga a fhreastalóidh ar fhorbairt agus leathnú pobail. Ardchaighdeán na beatha agus rochtain éasca ar Ghaillimh, limistéar a bhaineann taitneamh as na tairbhí a théann le saoráidí forleathana nua pobail agus spás oscailte laistigh de Chnoc Mhaoil Drise. Inrochtana go fíoréasca ó áiteanna laistigh de Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe san áireamh, agus acmhainn ann chun samhlacha agus seirbhísí iompair inbhuanaithe a ghlacadh maidir leis an iompar ó lá go lá.

Rochtain den scoth ar ionaid fostaíochta i gCathair na Gaillimhe, i mBaile an Bhriotaigh agus sa Pháirc Mhór, agus úsáidí fostaíochta suntasacha nua beartaithe do Thailte Shean-Aerfort na Gaillimhe. Acmhainn chun rochtain dhíreach a sholáthar ón M6 isteach go moil fostaíochta na Páirce Móire agus Chnoc Mhaoil Drise



Lonnaíochtaí Ceannchathartha Nasctha



Fostaíocht agus Rochtain

3.0 COMHTHÉACS PLEANÁLA STRAITÉISÍ



Tá an Creatphlean seo ailínithe le hordlathas straitéisí pleanála agus pleananna forbartha Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla. Tá an Dlúthfhás, Gluaiseacht Inbhuanaithe agus freagairt don Athrú Aeráide ina mbeartais agus cuspóirí comhchoiteanna sna straitéisí agus pleananna seo go léir.

Is é an **Creat Náisiúnta Pleanála (CNP)** plean straitéiseach an Rialtais chun fás agus forbairt todhchaí na tíre seo againne a mhúnlú go dtí 2040. Foroineann an CNP an tír ina trí réigiún - Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair; Réigiún an Deiscirt; agus Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

Leis an CNP, bunaítear Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe mar phríomhionad fáis Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Caithfidh Gaillimh sciar níos mó den fhás a ghineann sé a choinneáil laistigh dá teorainn cheannchathartha. I measc na ndúshlán a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu, tá iompar/gluaiseacht agus cáilíocht uirbeach, rogha tithíochta agus inacmhainneacht, go mór mór lasmuigh den limistéar i gcroílár na cathrach.

Tacaíonn an **Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE)** do réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair ó thaobh an CNP. a chur chun feidhme. Laistigh den SRSE, sainmhínítear 'Comhfhorbairt Áite' mar thosaíocht a chuirfidh taca faoin gcreat fáis agus a chinnteoidh sineirgíocht idir infheistíochtaí agus pleanáil le haghaidh idirbheartaíochtaí straitéiseacha agus a uasmhéadóidh na torthaí a bheidh i ndán do 'Dhaoine agus Áit'.

'Leanfar leis an dlúthfhás lena chinntiú go bhfásfar lonnaíochtaí uirbeacha agus tuaithe níos dlúithe ar bhealach inbhuanaithe, agus poist, tithe, seirbhísí agus taitneamhachtaí ag tacú leo, seachas sraoilleáil leanúnach agus fás neamhphleanáilte, neamhgheilleagrach.'

Soláthraíonn an Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha (PSLC), laistigh den SRSE, creat le haghaidh pleananna forbartha agus beartaithe tosaíochta. Tá acmhainn shuntasach tailte ag an Limistéar Ceannchathartha chun freastal ar fhás an daonra, agus féachann sé le tithíocht a chomhtháthú le bonneagar iompair, rud a chothóidh patrúin fáis inbhuanaithe. Sainithnítear roinnt limistéar fáis straitéisigh, lena n-áirítear Cnoc Mhaoil Drise, an Garrán agus Órán Mór sa Limistéar Ceannchathartha thoir, agus na hArdáin i gceantar Chathair na Gaillimhe.

Sainithnítear an Chonair Eacnamaíoch Straitéiseach i **bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022- 2028 (PFCG)**. Tá sí ar an taobh thoir den chathair agus tá rochtain éasca uirthi, agus dlús ard bonneagair bhunaithe agus luachmhar inti chomh maith. Beartaítear sa PFCG dul sa tóir ar na príomhghnéithe de Straitéis Phleanála Iompair na Gaillimhe, lena n-áirítear forbairt laistigh de Chathair na Gaillimhe agus Contae na Gaillimhe a chomhdhlúthú laistigh de chonair ina bhfuil leathnú soir beartaithe; tugtar na hArdáin agus an Garrán ar an limistéar seo go ginearálta.

Tá Plean Dramhuisce Príomhdhraenála na Gaillimhe luaite mar chumasóir ríthábhachtach do mhórlimistéar Órán Mór agus do na limistéir cheannchathartha ó thuaidh, agus mar chumasóir den acmhainn straitéiseach a chuireann na tailte mórtimpeall ar stáisiún traenach Órán Mór ar fáil.

Tá stáisiún traenach Órán Mór lonnaithe sa Gharrán ag pointe is faide ó dheas de na limistéir fáis Cnoc Mhaoil Drise, na hArdáin agus an Garrán. Tá sé beartaithe an stáisiún a uasghrádú go stáisiún ina bhfuil dhá ardán agus lúb thrasnaithe an bealach chun minicíocht na seirbhísí traenach isteach sa Limistéar Ceannchathartha a dhúbláil. Le cur chuige pleanbhunaithe maidir leis na limistéir seo a fhorbairt, cinnteofar go mbeidh nasc glas ardchaighdeán siúlóide agus rotháíochta ar fáil idir an stáisiún traenach agus na limistéir fáis atá numaithe don todhtodhchaí.

4.0 TAILTE AG CNOC MHAOIL DRISE



Bóthar na Páirce Móire ag féachaint ó thuaidh (foinse: Google Street View)



Páirc Ghnó na Páirce Móire



R339 ag féachaint soir (foinse: Google Street View)



Bóthar na Páirce Móire/ Acomhal N83 (foinse: Google Street View)

4.0 TAILTE AG CNOC MHAOIL DRISE

THUAIDH

Comhthéacs Áitiúil

Is é limistéar Chnoc Mhaoil Drise an píosa atá in easnamh faoi láthair ón tírdhreach cheannchathartha dírithe ar an bpointe nódach ag Acomhal Uí Loinsigh ar an N6 agus an R339 mar atá anois.


Leis na tailte úrnua ag Cnoc Mhaoil Drise, tá deis iontach ann pleanáil a dhéanamh d'fhás an daonra agus chun lonnaíocht nua éagsúil a bheidh ina spreagadh maidir le Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe a bhunú.

Beidh Cnoc Mhaoil Drise nasctha go nádúrtha le lonnaíocht beartaithe eile sna hArdáin agus sa Gharrán, le hacmhainn shoiléir chun réiteach iompair inbhuanaithe a sholáthar idir Cnoc Mhaoil Drise agus cinn scríbe eile i Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe, lena n-áirítear Cathair na Gaillimhe.



4.0 TAILTE AG CNOC MHAOIL DRISE

Straitéis Iompair Phoiblí



Cuireann an Straitéis Iompair Phoiblí leis na seirbhísí reatha idir imill iartharach Chnoc Mhaoil Drise agus Cathair na Gaillimhe.

Soláthraíonn an R339 deis iontach chun na bealaí iompair phoiblí seo a leathnú i gcomhréir leis an bhfás chun lúb a chruthú trí Chnoc Mhaoil Drise agus seirbhísí bus a sholáthar go díreach laistigh de lonnaíocht Chnoc Mhaoil Drise tríd an Limistéar Ceannchathartha.

Straitéis Rothaíochta



Téann an príomhlíonra rothaíochta agus an líonra tánaisteach rothaíochta laistigh de Chathair na Gaillimhe feadh imeall iartharach Chnoc Mhaoil Drise cheana féin. De réir agus a bheidh Cnoc Mhaoil Drise á fhorbairt, cuirfear ceangail rothaíochta leis an líonra rothaíochta bunaithe ar fáil go héasca ó áiteanna laistigh de Chnoc Mhaoil Drise, agus tabharfaidh sé rogha eile mealltach d'áitritheoirí Cnoc Mhaoil Drise seachas comaitéireacht Ceannchathartha.

Anuas air sin, tá acmhainn ann bealaí glasa a sholáthar do choisithe agus rothaithe trí Chnoc Mhaoil Drise, na hArdáin agus an Garrán a nascadh le stáisiún traenach agus seirbhísí iarnróid Órán Mór, chomh maith leis an taitneamhacht cósta Cuan Órán Mór.

Cuarbhóthar Beartaithe Chathair na Gaillimhe



Nuair a bheidh Cuarbhóthar Beartaithe Chathair na Gaillimhe ann, ní bheidh tréthracht ag trasnú na cathrach ón Limistéar Ceannchathartha a thuilleadh. Nuair a bheidh an tréthracht imithe ón N6, laghdófar an t-éileamh reatha ar acmhainn carrbhealaigh ar an N6 agus beidh deis ann smaoineamh faoi na bóithre seo a úsáid le haghaidh saoráidí tiomnaithe iompair phoiblí, rothaíochta agus coisithe, rud a sholáthrófar nascacht den scoth laistigh den Limistéar Ceannchathartha thoir agus idir Cnoc Mhaoil Drise agus Cathair na Gaillimhe.

Tríd an N6 a chur in oiriúint mar sin, brisfeadh síos an bac reatha idir na limistéir chónaithe agus na limistéir fostaíochta i Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe thoir.

4.0 TAILTE AG CNOC MHAOIL DRISE

THUAIDH


Úsáid Talún

Cuimsítear úsáidí forleathana fostaíochta i gCnoc Mhaoil Drise cheana féin agus áirítear ann tailte eile tearcforbartha le haghaidh fáis fostaíochta.

Áirítear i limistéar Chnoc Mhaoil Drise go ginearálta go leor tailte úrnua atá oiriúnach don fhás uirbeach pleantearaithe. Leathnaíonn na tailte seo ón R339 agus an Pháirc Mhór soir agus ó thuaidh go dtí Bóthar Bhaile an Teampaill agus an N83, timpeall ar na tailte fostaíochta críosaithe.

Taobh le himill bhunaithe an R339 agus Bhóthar Bhaile an Teampaill, tá gnáthfhorbairt ribíneach ar dhlús íseal le fáil agus is léir go bhfuil acmhainn ann forbairt chónaithe inlíonta a chur ann chun leas a bhaint as úsáidí bonneagair, fostaíochta, conláiste agus lár na cathrach atá ann cheana féin agus na húsáidí atá beartaithe chun leasa an daonra atá ag dul i méid.

- Fostaíocht
- Críos Fostaíochta
- Cónaitheach
- Críos Cónaithe
- Áineas agus Conláiste
- Lár an Cheantair
- Oideachas/Pobal
- Críos Oideachais/Pobail



Úsáidí Talún Reatha (Tabhair faoi deara go léirítear Críosú Úsáide Talún i gCuid 8.0)

4.0 TAILTE AG CNOC MHAOIL DRISE


Topagrafaíocht

Ardaíonn topagrafaíocht Chnoc Mhaoil Drise beagán agus í lán d'ardáin agus ísleáin bheaga áitiúla, agus Páirc Ghnó na Páirce Móire lonnaithe ar na pointí is airde siar ó thuaidh.

Tá an chuid is mó de na tailte atá ar fáil ar an taobh thoir agus ó dheas den limistéar fostaíochta ag féachaint soir agus ó dheas, rud a thugann deis iontach chun lonnaíocht chónaithe ardchaighdeán a fhorbairt sa treo ceart chun críocha sochair ghréine agus conláiste feabhsaithe.



10




4.0 TAILTE AG CNOC MHAOIL DRISE

Tírdhreach

Cuimsítear sna tailte ag Cnoc Mhaoil Drise, seachas na tailte ag limistéir na bPáirceanna Gnó bunaithe, páirceanna oscailte le teorainneacha ina bhfuil meascán d'fhálta sceacha beaga, crainn aonair agus grúpaí de chrainn, chomh maith le limistéir de choillte measctha níos dlúithe.

Féadfaidh an bonneagar glas reatha an straitéis forbartha láithreáin a threorú, d'fhonn na sócmhainní crainn agus fálta sceacha níos luachmhaire a choinneáil, agus iad a nascadh trí phlandáil nua a dhéanamh a bhaineann leis an bhforbairt nua.


Féadfaidh an bonneagar glas túsphointe a sholáthar freisin maidir le spás oscailte poiblí a lonnú agus bealaí nua mealltacha trí Chnoc Mhaoil Drise a bhunú.




4.0 TAILTE AG CNOC MHAOIL DRISE

Bóithre agus Rochtain

Tá Cnoc Mhaoil Drise inrochtana go héasca ón taobh theas tríd an R339 agus is féidir teacht air freisin ón N83 tríd an bPáirc Mhór. Trí Straitéis Iompair Phoiblí na Gaillimhe a chur i bhfeidhm agus Cuarbhóthair Chathair na Gaillimhe a fhorbairt, cuirfear pointí inrochtana breise ar fáil chuig Páirc Ghnó na Páirce Móire, agus b'fhéidir chuig na tailte theas ag Cnoc Mhaoil Drise.



Bóithre & Rochtain Reatha



Bóithre & Rochtain i gComhthéacs Cuarbhóthar Beartaithe Chathair na Gaillimhe.

5.0 PRIONSABAIL AGUS STRAITÉIS

Príomhchuspóirí Straitéise

Leanúint ag cur le Páirc Ghnó na Páirce Móire ó thuaidh agus soir.

Dlúthfhás a chothú a bhunóidh lonnaíocht chónaithe ardchaighdeán le saoráidí pobail gaolmhara ar na tailte ó dheas lena mbaineann acmhainn ghlas láidir ó dheas go dtí na hArdáin agus an Garrán go stáisiún traenach Órán Mór.

Ardrochtain ar fhostaíocht agus Lár an Cheantair agus Cathair na Gaillimhe, le rochtain dhíreach ar iompar poiblí agus ar líonra rothaíochta uirbí ar mhaithe le gluaisteacht inbhuanaithe.

Déanfar tuilleadh forbartha soir amach anseo.




5.0 PRIONSABAIL AGUS STRAITÉIS

Prionsabail Rochtana



Is féidir pointí rochtana a bhaint amach go héasca ón R339 agus ó Bhóthar na Páirce Móire, le rochtain dhíreach bhreise ón N83 ó thuaidh.


Prionsabail Úsáide Talún



Comhdhlúthú agus leathnú a dhéanamh ar an limistéar fostaíochta reatha ag Páirc Ghnó na Páirce Móire agus limistéar fostaíochta nua a fhorbairt, i dtreo iardheisceart na dtailte ar dtús agus ag cuimsiú lárionad áitiúil, meánscoil agus páirc phoiblí agus líonra gluaiseachta in bhuanaithe.

Is féidir freastal ar a thuilleadh forbartha amach anseo soir agus ó thuaidh i dtreo an N83..

Prionsabail Nascachta




Tá sí rithábhachtach do bhunú na lonnaíochta Cheannchathartha nua rochtain agus nascacht den scoth a sholáthar do na cinn scríbe agus úsáidí talún uirbeacha agus ceannchathartha beartaithe arna mbunú cheana féin agus dóibh siúd atá beartaithe.

Ag croílár Chreat Chnoc Mhaoil Drise, tá líonra gluaiseachta inbhuanaithe ina gcuimsítear ceangail mhealltacha agus shábháilte chun siúil, rothaíocht agus naisc chuig seirbhísí iompair phoiblí lena n-áirítear stáisiún traenach Órán Mór sa Gharrán, a chur chun cinn agus a spreagadh.

Straitéis

- Úsáidí Fostaíochta a leathnú
- Limistéar fáis uirbhígh nua a bhunú i dtreo an R339 ina gcuimsítear saoráidí oideachais agus saoráidí pobail.
- Cur le pointí rochtana reatha mar fhreagairt ar fhás
- Ceangail ghlasa a bhunú lena n-úsáid ag coisithe agus rothaithe, agus a nascann le seirbhísí iompair phoiblí go háitiúil agus laistigh den Limistéar Ceannchathartha níos leithne.
- Féachaint chuige go seasfaidh fás fadtéarmach an aimsir, agus limistéar fáis todhchaí a bhunú soir agus ó thuaidh.



Straitéis Fáis ina léirítear Úsáidí Talún Chun eolas a fháil maidir le Criosú Úsáide Talún, téigh go Cuid 8.0.


5.0 PRIONSABAIL AGUS STRAITÉIS

Féachaint chuige go seasfaidh an Plean an aimsir

Cuireann úsáid talún agus seirbhísí mórthimpeall reatha agus beartaithe bonn eolais faoi úsáidí talún reatha agus bunú lonnaithe cónaithe reatha ag Cnoc Mhaoil Drise, ach is mór an tábhacht a bhaineann leis an gcuspóir maidir le féachaint chuige go seasfaidh an lonnaithe nua an aimsir freisin ionas gur féidir leis an lonnaithe leanúint ar aghaidh ag fás amach anseo.


Tarlóidh an chéad chéim den fhás uirbeach ag Cnoc Mhaoil Drise ar an gcuid thiar theas de na tailte, ach cuirfear ceangail ghlasa, spás oscailte agus taitneamhachtaí ann amach anseo chun freastal ar fhás leanúnach fadtéarmach soir agus ó thuaidh, agus chun a chinntiú go mbeidh an cineál forbartha ardchaighdeán agus nasctha céanna a bhí ina cuid de na céimeanna luath le fáil san fhorbairt amach anseo, rud a chinnteoidh go mbeidh Cnoc Mhaoil Drise ina áit mhaireachtála mhealltach.

- Fostaíocht
- Crios Fostaíochta Beartaithe
- Cónaithe
- Crios Cónaithe/Beartaithe Cónaithe
- Áineas agus Conláiste
- Lár an Cheantair
- Lárionad Áitiúil
- Limistéar Fáis Todhchaí Oideachas/Pobal
- Crios Beartaithe Oideachais/Pobal
- Príomhbhealaí coisithe/rothaíochta
- Bealaí Rothaíochta
- Líonra Bus
- Rochtain Suímh
- Nasc Todhchaí Féideartha



Future Growth Area showing indicative future employment and residential areas.

Miondealú ar Limistéir an Chreata



A

Comharsanacht Chónaithe Chnoc Mhaoil Drise agus Úsáidí Pobail Tacaíochta

Achar Foriomlán: 41ha

Neas-achar Forbartha: 36ha

(seachas tailte cónaithe agus tailte oideachais reatha)

B

Leathnú Úsáidí Fostaíochta Pháirc Gnó na Páirce Móire

Achar Foriomlán: 75ha

Neas-achar Forbartha: 34ha

(seachas tailte fostaíocht agus tailte cónaithe reatha)

C

Limistéar Fáis Todhchaí

Neas-achar Forbartha: 100ha



6.0 CREAT


Úsáid Talún

Cuimseofar dhá ghné ar leith in úsáid talún sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Leanfaidh an bonn fostaíochta reatha ag an bPáirc Mhór Thoir ar aghaidh ag fás agus bunófar limistéar fáis uirbigh nua siar ó dheas ar na tailte ag Cnoc Mhaoil Drise.

Cuimseofar sa lonnaíocht nua lárionad áitiúil beoga ag croílár an phobail chónaithe nua. Beidh acmhainn ag an mbunscoil reatha leathnú amach in aice leis an lárionad áitiúil agus beidh rochtain dhíreach ag an lárionad áitiúil agus an scoil ar pháirc nua.

Bunófar forbairt chónaithe mórtimpeall ar an lárionad áitiúil, an scoil agus an pháirc.





Úsáid Talún Fhadtéarmach

San fhadtéarma, leathnófar Cnoc Mhaoil Drise isteach sa Limistéar Fáis Todhchaí, lena n-áirítear an pháirc phoiblí a leathnú soir agus í a nascadh ar deireadh le páirc líneach arna leathnú ó thuaidh idir Bóthar Bhaile an Teampaill agus an Pháirc Mhór Thoir, rud a spreagfaidh a thuilleadh forbartha cónaithe.

Tá an pháirc líneach, mionpháirceanna agus ceangail ghlasa eile beartaithe le bheith ina gcuid den líonra coisithe agus rothaíochta fhadtéarmaigh a éascóidh patrúin ghluaisteachta inbhuanaithe ag Cnoc Mhaoil Drise.

Táthar ag súil freisin go leathnófar an nasc glasa a chuimsíonn rotharbhealaí agus siúlbealaí trí na hArdáin agus ar aghaidh chuig an nGarrán agus stáisiún traenach Órán Mór d'fhonn a chinntiú go mbeidh rochtain ar iompar poiblí ardchaighdeán ag daonra méadaithe an Limistéir Cheannchathartha amach anseo.

	Fostaíocht Reatha
	Cónaithe Reatha
	Oideachas Reatha
	Fostaíocht Beartaithe
	Úsáid Mheasctha Bheartaithe
	Cónaithe Beartaithe
	Oideachas Beartaithe
	Spás Oscailte Poiblí Beartaithe
	Cónaithe Todhchaí
	Fostaíocht Todhchaí
	Spás Oscailte Poiblí Todhchaí

Limistéar Fáis Todhchaí ina léirítear limistéir fostaíochta agus limistéir chónaithe amach anseo.

6.0 CREAT

Dlús


Beidh sé rithábachtach do rathúlacht bhunaidh Chnoc Mhaoil Drise comharsanacht shainiúil mhealltach a bhunú go luath ina mbeidh lárionad áitiúil, bunscoil leathnaithe agus páirc phoiblí, agus go leor forbartha cónaithe chun ceantar beoga a chinntiú.

Chuige sin, táthar ag súil go dtógfar an chéad chéim den fhorbairt i dtreo chuid thiar theas Chnoc Mhaoil Drise, agus go mbunófar lárionad de dhlús níos airde agus go leanfar ar aghaidh ansin le próifíl de dhlús meánach. Éascóidh limistéir aistrithe comhéadan iomchuí le tithe atá ar an bhfód cheana.

Dlús meánach 30-35 /ha Dlús

Ard-dlús/Dlús meánach +35/ha

Líon na dteaghaisí: c. 750



THUAIDH

THUAIDH

Gluaiseacht Níos Leithne/Iompar Poiblí

Addition of summary page from Systra analysis - TBC

6.0 CREAT

Gluaiseacht & Rochtain


Beidh Cnoc Mhaoil Drise ina chomharsanacht an-insiúlta ar fad le teaghaisí lonnaithe cóngarach don lárionad áitiúil, do shaoráidí pobail, don pháirc phoiblí agus d'iompar poiblí.

Beidh feithiclí in ann na tailte cónaithe bunaidh thiar theas a rochtain ón R339 in aice leis an mbunscoil agus seans go mbeidh rochtain eile ann níos faide soir. Ní bheidh aon réthracht trí Chnoc Mhaoil Drise.

Beidh moilliú tráchta éighníomhach ina chuid de phríomhbhealaí ceangail feithiclí agus athróidh siad go tapa go stíl sráideanna cónaithe. Beidh saoráidí coisithe agus rothaíochta feiceálach agus tabharfar ardleibhéal tosaíochta do choisithe.


Tá acmhainn ann rochtain iompar poiblí amháin a chur ann ó Bhóthar na Páirce Móire trí Chnoc Mhaoil Drise chuig an R339. Leis sin, thabharfaí seirbhísí iompair poiblí isteach sa lárionad áitiúil agus chuig an scoil, agus ligfí do sheirbhísí iompair poiblí gabh thart ar aomhal Bhóthar na Páirce Móire/R339.

-  Bóithre Reatha
-  Priomhnasc
-  Áitiúil
-  Criosú Cónaithe
-  Lionra Bóthair na Páirce Gnó
-  Rochtain Suimh
-  Nasc Féideartha Todhchaí
-  Rochtain d'Iompar Poiblí Amháin






Teascáin Cineálacha Sráide




Príomhcheangal 1-1



Príomhcheangal 2-2



Bóthar Áitiúil 3-3 (le saoráidí rothaíochta)



Bóthar Áitiúil 4-4 (rothaithe ag comhroinnt na sráide)



Bóthar Áitiúil 4-4 (rothaithe ag comhroinnt na sráide)



Crios Baile 5-5

6.0 CREAT

Gluaiseacht Coisithe & Rothaíochta

Trí ordlathas na gcineálacha sráide beartaithe, cuirfear bealaí forleathana coisithe agus rothaíochta ar fáil ar fud Chnoc Mhaoil Drise.

Beidh na saoráidí seo, chomh maith le gluaiseachtaí feithiclí íseal-luais, ina mbonn taca agus comharsanacht mhealltach insiúlta á bunú.

Beidh áitritheoirí de gach aois in ann turais áitiúla a dhéanamh, amhail dul ar scoil, chuig an lárionad áitiúil agus chuig seirbhísí iompair phoiblí, ar bhealach sábháilte.

Leathnófar an líonra feadh na páirce phoiblí i dtreo an limistéir fáis todhchaí ionas gur féidir le Cnoc Mhaoil Drise leathnú go héasca amach anseo ar bhealach a chuimsíonn saoráidí ardchaighdeán do choisithe agus rothaithe.

-  Iompar Poiblí
-  Líonra Rothaíochta
-  Príomhlíonra Coisithe





Tírdhreach

Freagróidh forbairt ag Cnoc Mhaoil Drise don bhonneagar glas agus do ghnéithe de tírdhreach na dtailte foriomlána agus bunóidh sí freisin teorainneacha iomchuí le húsáidí talún in aice láimhe.

Bunóidh an chéad chéim forbartha tírdhreach nua a chuimseoidh ordlathas sráideanna ina mbeidh imill tírdhreachaithe agus crainn sráide a chuirfidh le meallacht thimpeallacht na comharsanachta.

Beidh rochtain dhíreach ar pháirc phoiblí mhór ón lárionad áitiúil agus ón mbunscoil agus beidh spásanna conláiste éighníomhacha agus gníomhacha, chomh maith le tírdhreachú ardchaighdeán, ina gcuid den pháirc phoiblí sin. Beidh radharc amach ar an bpáirc ón bhforbairt chónaithe, rud a chinnteoidh sábháilteacht agus a fheabhsóidh conláiste cónaithe.


Leathnóidh an pháirc phoiblí i dtreo an limistéir fáis todhchaí ionas gur féidir forbairt chónaithe agus conláiste amach anseo a nascadh le céad chéimeanna forbartha Chnoc Mhaoil Drise.

Úsáidfear Córais Inbhuanaithe Draenála Uirbí (CIDU) i dtírdhreachú an limistéir, rud a neartóidh tréithe inbhuanaithe Chnoc Mhaoil Drise.

-  Fásra Reatha
-  Tírdhreach na Páirce Gnó
-  Teorainneacha Feabhsaithe
-  Crainn Bheartaithe
-  Clóis Súgartha
-  Tailte Spóirt
-  Mionpháirceanna / Páirceanna Líneacha
-  Páirc Phríomha

6.0 CREAT

Teascáin Tírdhreacha



Páirc Líneach 1-1 (ag an Lárionad Áitiúil)



Páirc Líneach 2-2 (laistigh den Chrios Baile)



Inbhuanaitheacht

Is léiriú é Creatphlean Chnoc Mhaoil Drise ar na trí ghné agus cuspóir a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear an inbhuanaitheacht shóisialta, an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus an inbhuanaitheacht eacnamaíoch.

Inbhuanaitheacht Shóisialta

Mar chomharsanacht an-insiúlta ina bhfuil na teaghaisí go léir cóngarach don lárionad áitiúil, don bhunscoil, don pháirc phoiblí agus don tseirbhís iompair phoiblí, beidh Cnoc Mhaoil Drise sainaitheanta mar chomharsanach áitiúil a thacaíonn le pobal láidir áitiúil.

Beidh na sráid-dhreach, na saoráidí siúil, saoráidí rothaíochta agus rochtain ar shaoráidí agus taitneamhachtaí áitiúla ina spreagadh d'idirghníomhaíocht shóisialta. Cinnteoidh dearadh agus foirgnimh, sráid-dhreacha agus tírdhreachú ardchaighdeán comhshaoil mhealltach. Le chéile, cuirfidh na saintréithe seo bonn taca le 'Comhfhorbairt Áite'.

Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

Is croíphrionsabal den Chreatphlean é coisíocht, rothaíocht agus iompar poiblí a chur chun cinn in áit an ghluaisteáin phríobháidigh, lena n-áirítear le haghaidh turas áitiúil agus rochtain ar Ghaillimh agus ar an gceantar máguaird.

Cinntefar saintréithe tírdhreacha láidre Chnoc Mhaoil Drise trí phríomhghnéithe tírdhreachaithe agus éiceolaíochta na háite a choinneáil agus a neartú trí phlandáil sráide nua, tírdhreachú spáis oscailte agus teicneolaíochtaí CIDU a chur i bhfeidhm sna sráideanna, sa pháirc phoiblí agus sna mionpháirceanna.

Cruthóidh an líonra seo de spásanna conláiste agus sráideanna nasctha agus spásanna glasa timpeallacht mhealltach coisíochta, chomh maith le tacú chun próifíl láidir éiceolaíochta agus bithéagsúlachta a bhunú sa cheantar.

Trí phleanáil a dhéanamh don limistéar fáis todhchaí, cinntefar inbhuanaitheacht chomhshaoil fhadtéarmach Chnoc Mhaoil Drise.

Inbhuanaitheacht Eacnamaíoch

Beidh Cnoc Mhaoil Drise díreach in aice le mórbhoinn fostaíochta reatha atá á bhforbairt agus a thugann deiseanna iontacha d'áitritheoirí cónaí agus oibriú ag Cnoc Mhaoil Drise gan ghá le comaitéireacht a dhéanamh.


Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe go mbeidh sean-Aerfort na Gaillimhe ina Champas Nuálaíochta, Gnó agus Teicneolaíochta a mbainfidh mealltacht réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta leis agus a bheidh bonn daonra an-mhór ag teastáil chun oibriú ann agus chun tacú leis an bhfiontraíocht nua seo.

Beidh Cnoc Mhaoil Drise, lena n-áirítear an limistéar fáis todhchaí, san áit cheart chun tairbhe a bhaint as na boinn fostaíochta reatha i Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe, agus as an gCampas Nuálaíochta, Gnó agus Teicneolaíochta atá beartaithe.



6.0 CREAT





Ceantair Shaintréithe

Bainfidh ardchaighdeán le saintréithe uileghabhálacha Chnoc Mhaoil Drise mar chomharsanacht chónaithe mhealltach agus bheoga.

Glacfar le réimse leathan dearthaí agus tíopeolaíochtaí tógála laistigh den lárionad áitiúil agus sna ceantair forbartha cónaithe máguaird d'fhonn ardchaighdeán agus éagsúlacht a chinntiú.

Beidh cuma an tsráidbhaile uirbigh ar an lárionad áitiúil le foirgnimh shraithe trí nó ceithre stór ann, rud a dhéanfaidh soiléir gurb é sin croílár Chnoc Mhaoil Drise.

Beidh foirmeacha foirgníochta éagsúla le fáil sna limistéir chónaithe ó thuaidh, thiar theas agus thoir theas, ag leathnú amach ón lárionad áitiúil agus iad go léir oiriúnach dá n-úsáidí cónaithe, fostaíochta agus spáis oscailte agus saintréithe uathúla ag baint leo go léir.

Tiocfaidh tograí forbartha aonair faoi réir a léirithe mar a dearadh iad chun rannchuidiú agus comhtháthú a dhéanamh le forbairt Chnoc Mhaoil Drise go ginearálta.

- Cónaithe Reatha Ísealdlúis
- Cónaithe Thuaidh
- Cónaithe Thiar Theas
- Cónaithe Thoir Theas
- Lárionad Áitiúil
- Spás Oscailte Lárnach
- Oideachas
- Fostaíocht

Beidh leathnú beartaithe ar lonnaíocht nua ina chuid ríthábhachtach de Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe, i gContae na Gaillimhe, agus soláthrófar ann caighdeán maireachtála den scoth agus go leor acmhainne chun leathnú amach chun a bheith ina mórchomharsanacht chónaithe i Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe.

7.0 CREATPHLEAN CHNOC MHAOIL DRISE

Forbraítear Creatphlean Uirbeach Chnoc Mhaoil Drise trí phróiseas a bhfuil rannpháirtíocht agus tuiscint ar na tailte, agus ar an neart, ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann leo, mar bhonn eolais.

Léiríonn an Creatphlean Uirbeach mar is féidir le fás uirbeach pleantearaithe a sheachadadh ag Cnoc Mhaoil Drise bunaithe ar phleanáil, úsáid talún inbhuanaithe agus comhtháthú le hiompar poiblí. Beidh Cnoc Mhaoil Drise ina chomharsanacht cheannchathartha ardchaighdeán, bheoga mhealltach le rochtain iontach ar fhostaíocht agus saoráidí pobail, chomh maith le Cathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird.

Úsáid Talún

- Comhdhlúthú agus leathnú den limistéar bunaithe fostaíochta ag Páirc Ghnó na Páirce Móire.
- Lonnaíocht chónaithe nua Chnoc Mhaoil Drise a bhunú siar ó dheas de na tailte, lárionad áitiúil, bunscoil agus páirc phoiblí san áireamh.
- Limistéar fáis todhchaí a fhorbairt chun leathnú fadtéarmach a éascú sa Limistéar Ceannchathartha.

Tírdhreach

- Freagairt do phríomhghnéithe tírdhreachaithe reatha, agus tírdhreach agus próifíl bithéagsúlachta feabhsaithe a bhunú ar fud na dtailte.
- Sráid-dhreacha, páirc phoiblí agus mionpháirceanna ardchaighdeán a fhorbairt chun coláiste cónaithe iontach a sholáthar agus chun ‘comhfhorbairt áite’ a mhéadú.

Foirgnimh

- Dearadh agus tíopeolaíochtaí foirgnimh ardchaighdeán a sholáthraíonn ardchaighdeán na beatha agus a chinntíonn go bhfuil Cnoc Mhaoil Drise mealltach mar áit.
- Ceantair shaintréithe a chuimsiú, lena n-áirítear an lárionad áitiúil agus roinnt limistéar cónaithe sainiúla chun éagsúlacht a chinntiú ar fud an cheantair.

Gluaiseacht & Rochtain

- Comharsanacht atá an-dírithe ar choisithe agus rothaithe agus nasctha le hiompar poiblí.
- Rochtain d’fheithiclí ón R339 agus ó Bhóthar na Páirce Móire.
- Rochtain fhéideartha amach anseo ón N83 agus ó chúinne thiar theas Pháirc Ghnó na Páirce Móire Thiar.

Eochair

- 1 Limistéar Cónaithe
- 2 Beartaithe Lárionad Áitiúil
- 3 Tailte Leathnaithe Scoile
- 4 Fostaíocht
- 5 Limistéar Fáis Todhchaí
- 6 Spás Oscailte Poiblí Ilúsáide
- 7 Mionpháirceanna/Clóis Spraoi
- 8 Páirceanna Líneacha/Conairí
- 9 Glasa Teorainneacha
- 10 Feabhsaithe Plás an Lárionaid Áitiúil
- 11 Rochtain d’Fheithiclí
- 12 Rochtain d’Iompar Phoiblí Amháin
- 13 Rochtain Fhéideartha Thodhchaí
- 14 Naisc Fhéideartha Thodhchaí
- 15 Rochtain do Choisithe/Rothaithe
- 16 Líonra Bóthair Todhchaí Tháscaigh

7.0 CREATPHLEAN CHNOC MHAOIL DRISE



NA hARDÁIN

8.0 CUSPÓIRÍ BEARTAIS AGUS CRÍOSÚ ÚSÁIDE TALÚN

CPUG 1 Forbairt Chónaithe

Tacú le forbairt na dtailte arna sainaithint mar thailte Cónaithe (Céim 1) le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae, faoi réir gnáthcheanglais phleanála, rochtana agus seirbhísithe, agus na tailte arna sainaithint mar thailte Cónaithe (Céim 2) a fhorchoimeád le haghaidh riachtanais fáis fadtéarmacha Chreatphlean Uirbeach an Gharráin.

Ní bheidh tailte Cónaithe (Céim 2) infhorbartha de ghnáth le linn shaolré an Phlean seo, seachas na forbairtí seo a leanas a d'féadfadh an tÚdarás Áitiúil breithniú a dhéanamh orthu le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae seo, faoi réir cás oiriúnach a dhéanamh le haghaidh ceann de na tograí seo a leanas:

1. Forbairtí tithe aonair le haghaidh ball teaghlaigh ar thailte faoi úinéireacht teaghlaigh.
2. Forbairtí neamhchónaithe atá oiriúnach do chomhthéacs an tsuímh, d'aon chonláiste cónaithe atá ar an bhfód cheana féin agus do phatrún reatha na forbartha sa limistéar sin.
3. I gcás gur léir nach féidir nó nach ndéanfar tailte Cónaithe (Céim 1) a fhorbairt laistigh de thréimhse an phlean, seans go dtabharfaí faoi fhorbairt chónaithe ar bhonn céimnithe ar thailte Cónaithe (Céim 2) áirithe.

Tiocfaidh na heisceachtaí thuasluaite faoi réir chomhlíonadh na nithe seo a leanas: an Chroístraitéis sa Phlean Forbartha Contae; na Cuspóirí Beartais sa Phlean Ceannchathartha; prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inchothaithe; agus gnáthcheanglais pleanála, inrochtana agus seirbhísithe.

Ní cheadófar forbairtí ach amháin sa chás go ndéantar cás dea-bhunaithe chun sástacht an Údaráis Pleanála agus nach ndéanfaidh an fhorbairt dochar d'úsáid na dtailte amach anseo chun freastal ar riachtanais fáis fadtéarmacha an limistéir cheannchathartha seo.

CPUG 2 Forbairt Lár Baile

Forbairt ionad nódaigh soiléire úsáid measctha a chur chun cinn, ina gcuimsítear miondíol agus seirbhísí áitiúla, chomh maith le húsáidí cónaithe.

Le foirmeacha foirgnóchta iomchuí, cinnteofar lárionad nádach arna sainiú go soiléir agus uirbeach ó thaobh saintréithe de.

Beidh timpeallacht an-choisithe ar fad ina tréith den lárionad nádach freisin, mar aon le réimse poiblí agus tírdhreachú ardchaighdeán le rochtain dhíreach do choisithe agus rothaithe idir an lárionad nádach, an pháirc phoiblí agus an bhunscoil.

Rachaidh an príomhcheangal d'fheithiclí timpeall ar an lárionad nádach d'fhonn tréthracht a chosc.

CPUG 3 Gnó agus Teicneolaíocht

Cur chun cinn a dhéanamh maidir le húsáidí ardluacha gnó agus teicneolaíochta a fhorbairt chun ról na Páirce Móire/Chnoc Mhaoil Drise mar ionad fostaíochta do chuideachtaí móra nuálacha a neartú. Áirítear ina measc siúd cuideachtaí in earnálacha amhail tionsclaíocht eolaíocht agus teicneolaíocht bhunaithe in eolaíochtaí na beatha, bithchógaisíocht, TF, seirbhísí trádaithe idirnáisiúnta, agus Taighde agus Forbairt. Déanfaidh an criosú seo foráil d'fhorbairtí páirce oifige, saoráidí stórála agus lóistíocht ar úsáidí coimhdeacha go léir iad a bhaineann leis na príomhúsáidí thuasluaite. Féadfaidh breithniú a dhéanamh freisin ar shaoráidí oiliúna, amhail saoráidí For-Rochtana Tríú Leibhéal a chur ar fáil.

De ghnáth, ní cheadaítear úsáidí míchuí nó neamhchomhlánacha sa chrios seo. Bheadh sé níos oiriúnaí a leithéid sin d'fhorbairt a lonnú ar thailte arna gcriosú mar thailte Tionsclaíocha, Gnó & Fiontraíochta agus tailte Lár an Bhaile/Tráchtála, tailte Tráchtála/úsáide

Measctha.

CPUG - 4 Saoráidí Pobail

Cur chun cinn a dhéanamh ar sholáthar agus feabhsú réimse leathan saoráidí pobail laistigh de phobail reatha agus pobail nua laistigh de Chreatphlean Uirbeach Chnoc Mhaoil Drise. I gcás forbartha mórscála, beidh saoráidí pobail in situ sula gcuirfear an fhorbairt i gcrích nó sula sealbhófar é.

CPUG 5 Spás Oscailte, Áineas agus Conláiste

Cur chun cinn a dhéanamh ar bhainistíocht, úsáid agus/nó forbairt inbhuanaithe (de réir mar is cuí) na dtailte Spáis Oscailte laistigh de limistéar an Chreatphlean Uirbigh.

Áirítear leis sin:

- a) Spásanna oscailte agus gníomhaíochtaí áineasa a fhorbairt, i gcomhréir le dea-chleachtas agus ar thailte oiriúnacha óna bhfuil rochtain leordhóthanach ar an bpobal áitiúil, agus spás oscailte agus saoráidí áineasa atá ar an bhfód cheana a choinneáil, ach amháin i gcás gur féidir a thaispeáint go soiléir chun sástacht Chomhairle Contae na Gaillimhe nach bhfuil na saoráidí sin ag teastáil ón bpobal a thuilleadh;
- b) Bainistíocht iomchuí a dhéanamh ar, agus úsáid iomchuí a bhaint as, aon limistéir laistigh den zón Suirbhéireachta Ordanáis lena mbaineann baol tuile chun riosca agus tionchar féideartha tuile a sheachaint, a laghdú agus/nó a mhaolú, de réir mar is cuí;
- c) Bainistíocht iomchuí a dhéanamh ar, agus úsáid iomchuí a bhaint as, limistéir ar bith a mbaineann ardluach bithéagsúlachta leo.

8.0 CUSPÓIRÍ BEARTAIS AGUS CRIOSÚ ÚSÁIDE TALÚN

CPUG 6 Bonneagar Iompair

Éascaíocht a dhéanamh maidir le bonneagar riachtanach iompair a sholáthar agus a chothabháil. Áirítear leis sin tailte a chur ar fáil chun bóithre poiblí, cosáin, rotharbhealaigh, stadanna an bhus agus tírdhreachú, mar aon le hoibreacha riachtanacha gaolmhara, a sholáthar, de réir mar is cuí.

CPUG 7 Úsáid Talún Shrianta

Éascaíocht a dhéanamh maidir le bainistíocht iomchuí agus úsáid inbhuanaithe baol tuilte laistigh de Chreatphlean Uirbeach Chnoc Mhaoil Drise.

Cuireann an criosú seo srian le forbairtí nua, á aithint go bhféadfadh go mbeidh forbairt mhionscála de dhíth ar fhorbairtí reatha laistigh de na criosanna seo, mar a leagtar amach thíos, le linn shaolré Phlean an Cheantair Áitiúil, rud a d'fhéadfadh cur le dlúthfhorbairt uirbeach inbhuanaithe an bhaile.

Meastar go bhfuil an criosú bunúsach nó na húsáidí ceadaithe reatha inghlactha i bprionsabal i gcás mionforbairtí ar fhoirgnimh reatha (amhail síntí beaga le tithe, formhór na n-athruithe úsáide ar fhoirgnimh reatha nach dócha a chothóidh saincheisteanna suntasacha ó thaobh tuilte de, ar choinníoll nach gcuirfidh siad bac ar shreabhchónairí tábhachtacha, nach dtabharfaidh siad líon mór daoine nua isteach i limistéar baol tuilte ná nach n-úsáidtear iad chun substaintí guaiseacha a stóráil.

Ós rud é go mbaineann iarratais mar seo le foirgnimh agus limistéir fhorbartha reatha, ní féidir an cur chuige seicheamhach a úsáid chun iad a lonnú i limistéir ísealriosca agus ní bheidh feidhm ag an Tástáil Fírinne.

Ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí tuilte a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe, caithfear

Measúnú mionsonraithe ar Riosca Tuilte, arna dhéanamh i gcomhréir leis an bhfoilseachán 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte - Treoirlínte Pleanála agus Ciorclán PL2/2014 (nó aon doiciméad nuashonraithe) a chur le tograí forbartha laistigh den chrios seo.

Ní dhéanfar breithniú ar thograí ach amháin sa chás go léirítear chun sástacht an Údaráis Áitiúil nach mbeadh drochthionchair acu ar shruthchúrsa, ar thuilemhá nó ar shaoráidí cosanta nó bainistíochta tuilte, nó nach gcuirfí cosc ar na saoráidí sin a rochtain, nó nach mbeadh baol tuilte níos mó ann in áiteanna eile dá bharr. Is gá freisin go léireofar cineál agus dearadh na mbeart bainistíochta riosca tuilte, idir bhearta struchtúrtha agus bhearta neamhstruchtúrtha, d'fhonn a léiriú nach méadófar guais agus riosca tuilte. Cloífidh bearta bheartaithe leis an deachleachtas ó thaobh sláinte agus sábháilteachta úsáideoirí agus áitritheoirí na forbartha a bhainistiú.

Cloífear, de réir mar is cuí, leis na sonraíochtaí a leagtar amach sa phlean seo le haghaidh forbairtí i limistéir atá i mbaol tuilte. (Déan tagairt freisin don Lámhleabhar Deartha, Caighdeán 70.)

CPUG 9 Saintithíocht

Ceangal a chur i bhfeidhm go gcuirfear íoslíon 10% de shuíomhanna cónaithe incháilithe nua ar leataobh d'fhonn aonaid tithíochta sóisialta agus saintithíochta a fhorbairt, ach amháin sa chás go gcomhaontaítear socruithe oiriúnacha eile leis an Údarás Áitiúil, i gcomhréir le Straitéis Tithíocht Chontae na Gaillimhe agus Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus aon leasuithe a ndéanfar ar fhoráil Chuid V ina dhiaidh sin chun beartas an Rialtais a léiriú.

CPUG 10 Comhtháthú an Chreatphlean Uirbigh

Caithfear tuarascáil shoiléir ghonta maidir le réasúnaíocht an dearaidh a chur isteach le gach iarratas ar phleanáil agus na rudaí seo a leanas léirithe ann:

- Mar a chuirfidh an fhorbairt bheartaithe le bunú foriomlán Chnoc Mhaoil Drise mar a leagtar amach sa Chreatphlean Uirbeach seo é.
- Mar a chuirfidh an fhorbairt bheartaithe seo le bunú na príomhpháirce poiblí mar a leagtar amach sa Chreatphlean Uirbeach seo é.
- Mar a dhéanfar an fhorbairt bheartaithe a chomhtháthú le forbairtí eile a chríochnófar, a cheadófar nó a bheartófar ag Cnoc Mhaoil Drise, ar bhealach a mbeidh an fhís agus straitéis a leagtar amach i gCreatphlean Uirbeach Chnoc Mhaoil Drise mar bhonn eolais.
- Mar a dhéanfar an fhorbairt bheartaithe a chomhtháthú le réadmhaoine taobh léi.
- Mar a léireoidh an fhorbairt bheartaithe dearadh na hailtireachta agus an tírdhreacha, agus caighdeán forbartha bheartaithe, agus mar a thacóidh an fhorbairt le ceantair shaintréithe iomchuí a bhunú.

CPUG 11 Céimniú na Forbartha


Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe forbairt an limistéir seo i gcéimeanna ar bhealach a ailíneoidh an fhorbairt le soláthar bonneagair agus gnéithe poiblí d'fhonn seachadadh na físe foriomláine a chinntiú.

CPUG 12 Ranníoc Forbartha Speisialta

Tá sé bheartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe Scéim Ranníoca Forbartha Speisialta a ullmhú chun soláthar bonneagair san áit seo a chumasú agus chun cabhrú ó thaobh limistéir phoiblí a fhorbairt agus tacaíocht a chothú.

8.0 CUSPÓIRÍ BEARTAIS AGUS CRIOSÚ ÚSÁID TALÚN

Criosú Úsáid Talún



- Teorainn Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- Lárionad Nódach
- BT - Gnó & Teicneolaíocht
- CF - Áiseanna Pobail
- OS - Spás Oscailte/Áineas & Conláiste
- Conair Ghlas Tháscach
- TI - Bonneagar Iompair
- uisce/Aibhneacha/Srutháin
- Limistéar Riaracháin Chathair na Gaillimhe


Dréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022- 2028
Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe
Cnoc Mhaoil Drise
Léarscáil um Chriosú Úsáid Talún

0 100 200 300 400
Metres



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021/ 05i_NMA_090
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021



- Teorainn Lonnaíochta
- Crios Tuile Táscach C
- PFRA Báistiúil Táscach
- PFRA Báistiúil Rabharta
- Limistéar Riarachán Chontae na Gaillimhe
- Uisce

**Dréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022- 2028
Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe
Cnoc Mhaoil Dríse
Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte**

0 100 200 300 400
Méadair



**Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council**

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021/ 05i_NMA_090
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021

3.0 Creatphlean Uirbeach an Gharráin

AN GARRÁN

DRÉACHT-CHREATHPHLEAN UIRBEACH

Comharsanacht shuaitheanta do
Chontae na Gaillimhe, lena leagtar
amach caighdeáin nua maidir le
maireachtáil inbhuanaithe
chomhaimseartha ina bhfuil rochtain
den scoth ar iompar poiblí.

DRÉACHT: Márta 2021





Tagairt/Oifig
6656/Baile Átha
Cliath DRÉACHT:
29/03/2021

Clár Ábhair

1.0	Réamhrá	1
2.0	Fís	3
3.0	Comhthéacs Pleanála Straitéisí	5
4.0	Tailte ag an nGarrán	7
4.1	Comhthéacs Áitiúil	7
4.2	Tailte an Chreata	9
5.0	Prionsabail agus Straitéis	19
5.1	Prionsabail	19
5.2	Straitéis	21
6.0	Creat	23
6.1	Úsáid Talún	23
6.2	Dlús	24
6.3	Iompar Poiblí	25
6.4	Gluaiseacht agus Rochtain	26
6.5	Tírdhreach	27
6.6	Ceantair Shaintréithe	29
6.7	Inbhuanaitheacht	33
7.0	Creatphlean Uirbeach an Gharráin	35
8.0	Cuspóirí Beartais agus Criosú Úsáid Talún	38



Stáisiún Óran Mór ag an nGarrán

1.0 RÉAMHRÁ

Tá an Garrán lonnaithe laistigh de Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe, 8km soir ón gcathair, ina aice le baile Órán Mór agus tá radharc ón gceantar ar

Chuan Órán Mór. Soláthroidh na tailte ag an nGarrán, mar aon leis na hArdáin agus Cnoc Mhaoil Drise go díreach siar ó thuaidh, acmhainn mhór don fhás pleantearaithe laistigh de Limistéar Ceannchathartha Thoir na Gaillimhe.

Go huathúil, tá stáisiún traenach bunaithe, Stáisiún Órán Mór, mar aon le dromchla carrchlós, lonnaithe i lár na dtailte. Tá seirbhísí traenacha le fáil siar go Cathair na Gaillimhe, agus soir go Baile Átha na Rí, agus ar aghaidh go Baile Átha Cliath agus Luimneach. Is é Stáisiún Órán Mór an chéad stáisiún lasmuigh de Chathair na Gaillimhe ar an líne Gaillimh-Baile Átha Cliath / Luimneach, ar imeall thoir na cathrach. Tá an dara stáisiún, Baile Átha an Rí, 15km níos faide soir.


Baineann an Garrán taitneamh as rochtain dhíreach ar líonraí iarnróid agus líonraí bóthair, rud a sholáthraíonn nascacht ar chinn scribe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Níl lár Chathair na Gaillimhe ach 10 nóiméad ar an traein agus beidh an fhorbairt bheartaithe ag na hArdáin beagán de bhreis ar 1km siar ó thuaidh ón stáisiún traenach.

Níl na mórlimistéir fostaíochta - an Pháirc Mhór, Baile an Bhriotaigh agus Mervue - ach idir 3km agus 6km uaidh ar an mbóthar.

Tá lár Órán Mór laistigh de 1.5km ón nGarrán via Bóthar an Chósta, agus tá úsáidí lár an bhaile, úsáidí pobail agus úsáidí conláiste mórtimpeall ar lár bunaidh an tsráidbhaile, chomh maith le húsáidí suntasacha fostaíochta taobh ó thuaidh den bhaile i bPáirc Ghnó Órán Mór agus Páirc Ghnó Pháirc an Fhia.

Tá an Garrán lonnaithe go straitéiseach chun a bheith ina mhol iompair a fhreastalaíonn ar dhaoine thodhchaí Limistéar Ceannchathartha thoir na Gaillimhe. Bunaíonn an doiciméad seo Creatphlean maidir le soláthar fadtéarmach lonnaíochta nua ag an nGarrán, agus mar spreagadh le haghaidh tuilleadh fáis inbhuanaithe ar fud imeall thoir Chathair na Gaillimhe.

Leagtar amach sa Chreatphlean seo an fhís, na prionsabail agus an creat a bheidh mar threoir maidir le lonnaíocht atá dírithe ar iompar poiblí dlúth comhaimseartha ardchaighdeán nua a fhorbairt ag an nGarrán ar bhealach ordúil inbhuanaithe.



Comhthéacs Ceannchathartha agus Réigiúnach an Gharráin



Forbairt inbhuanaithe a chomhtháthaíonn go hiomlán le Sráidbhaile
Órán Mór agus Cathair na Gaillimhe.





3.0 COMHTHÉACS PLEANÁLA STRAITÉISÍ

Tá an Creatphlean seo ailínithe le hordlathas straitéisí pleanála agus pleananna forbartha Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla. Tá an Dlúthfhás, Gluaiseacht Inbhuanaithe agus freagairt don Athrú Aeráide ina mbeartais agus cuspóirí comhchoiteanna sna straitéisí agus sna pleananna seo go léir.

Is é an **Creat Náisiúnta Pleanála (CNP)** plean straitéiseach an Rialtais chun fás agus forbairt todhchaí na tíre seo againne a mhúnlú go dtí 2040. Foroineann an CNP an tír ina trí réigiún - Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair; Réigiún an Deiscirt; agus Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre.

Bunaíonn an CNP Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe mar phríomhionad fáis Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair. Caithfidh Gaillimh sciar níos mó den fhás a ghineann sé a choinneáil laistigh dá teorainn cheannchathartha. I measc na ndúshlán a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu tá iompar/gluaiseacht agus cáilíocht uirbeach, rogha tithíochta agus inacmhainneacht, go mór mór lasmuigh den limistéar i gcroílár na cathrach.

Tacaíonn an **Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta (SRSE)** do réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair le cur chun feidhme an CNP. Laistigh den SRSE, sainmhínítear 'Comhfhorbairt Áite' mar thosaíocht a chuirfidh taca faoin gcreat fáis agus a chinnteoidh sineirgíocht idir infheistíochtaí agus pleanáil le haghaidh idirbheartaíochtaí straitéiseacha agus a dhéanfaidh na torthaí a bheidh i ndán do 'Dhaoine agus Áit' a uasmhéadú.

'Leanfar leis an dlúthfhás lena chinntiú go bhfásfar lonnaíochtaí uirbeacha agus tuaithe níos dlúithe ar bhealach inbhuanaithe, agus poist, tithe, seirbhísí agus taitneamhachtaí ag tacú leo, seachas sraoilleáil leanúnach agus fás neamhphleanáilte, neamhghéilleagrach.'

Soláthraíonn an Plean Straitéiseach Limistéir Cheannchathartha (PSLC), laistigh den SRSE, creat le haghaidh pleananna forbartha agus beartaithe tosaíochta. Tá acmhainn shuntasach tailte ag an Limistéar Ceannchathartha chun freastal ar fhás an daonra, agus féachann sé le tithíocht a chomhtháthú le bonneagar iompair, rud a chothóidh patrúin fáis inbhuanaithe. Sainithnítear roinnt limistéar fáis straitéisigh, lena n-áirítear Órán Mór agus an Garrán, na hArdáin agus Cnoc Mhaoil Drise ar thaobh thoir na cathrach.

Sainithnítear an Chonair Eacnamaíoch Straitéiseach i **bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015- 2021 (PFCG)**. Tá sí ar an taobh thoir den chathair agus tá rochtain éasca uirthi, agus dlús ard bonneagair bhunaithe agus luachmhar inti chomh maith. Beartaítear sa PFCG dul sa tóir ar na príomhghnéithe de Straitéis Pleanála Iompair na Gaillimhe, lena n-áirítear forbairt laistigh de Chathair na Gaillimhe agus Contae na Gaillimhe a chomhdhlúthú laistigh de chonair ina bhfuil leathnú soir beartaithe ; tugtar na hArdáin agus an Garrán ar an limistéar seo go ginearálta.

Tá Plean Dramhuisce Príomhdhraenála na Gaillimhe luaite mar chumasóir rithabhachtach do mhórlimistéar Órán Mór agus na limistéar cheannchathartha ó thuaidh, agus mar chumasóir den acmhainn straitéiseach na tailte mórtimpeall ar stáisiún traenach Órán Mór ar fáil.

Tá stáisiún traenach Órán Mór lonnaithe sa Gharrán ag pointe is faide ó dheas de na limistéir fáis Cnoc Mhaoil Drise, na hArdáin agus an Garrán. Tá sé beartaithe an stáisiún a uasghrádú go stáisiún ina bhfuil dhá ardán agus lúb thrasnaithe an bealach chun minicíocht na seirbhísí traenach isteach sa Limistéar Ceannchathartha a dhúbláil.


Le cur chuige pleanbhunaithe maidir leis na limistéir seo a fhorbairt, cinnteofar go mbeidh nasc glas ardchaighdeán siúil agus rothaíochta ar fáil idir an stáisiún traenach agus na limistéir fáis todhchaí seo.



Radharc ó Chuan Órán Mór ó L7105



Líne iarnróid riain aonair ag féachaint siar i dtreo na Gaillimhe



N67/R446

4.1 Comhthéacs Áitiúil

Cuimsíonn na tailte ag an nGarrán, ábhar an chreatphlean seo, thart ar 70 heicteár de thalamh talmhaíochta a nascann achar forbartha Chathair na Gaillimhe ag Ros Cam le Contae na Gaillimhe ag Órán Mór.

Sainíonn an N67/R446 agus an R338 Bóthar an Chósta imeall na dtailte ó thuaidh agus ó dheas faoi seach, agus trasnaíonn an líne iarnróid ó Ghaillimh go Baile Áth Cliath/ Luimneach na tailte idir an dá bhóthair seo. Faoi láthair, soláthraíonn Bóthar an Chósta an phríomhrochtain bhóthair ar na tailte ar an taobh theas den iarnród, chomh maith le hÓrán Mór agus Ros Cam a nascadh san oirthear agus san iarthar faoi seach. Tá crosairí comhréidh ag an iarnród ar na bóithre ag dul ó thuaidh ó Bhóthar an Chósta, lena n-áirítear an bóthar áitiúil L7105 a théann tríd an nGarrán.

Tá na hArdáin, lonnaíocht bheartaithe shuntasach nua siar ó thuaidh, nasctha leis an nGarrán trí Bhóthar Dhabhach Uisce agus an L7105. Tá deis ann nasc níos díri do choisithe agus rothaithe a sholáthar ó na hArdáin thar an N67/R446 go dtí an stáisiún traenach ag an nGarrán.

Cé go mbeidh an stáisiún traenach ina spreagadh mór ar fhorbairt agus fás inbhuanaithe, beidh an rochtain dhíreach d'fheithiclí ar an N67/R446 an-tábhachtach chun an t-éileamh ar fheithiclí príobháideacha ar Bhóthar an Chósta a laghdú agus acmhainn an bhealaigh seo mar chonair iompair inbhuanaithe a mhéadú.

Tá an Garrán, leis an stáisiún traenach, réidh le bheith ina phríomh-mhol inbhuanaithe iompair agus fáis, ag freastal ní amháin ar Garraun, ach freisin ar na daonraí atá ann agus atá beartaithe ar an taobh thoir de Chathair na Gaillimhe, agus in Órán Mór.



Comhthéacs áitiúil tailte an Gharráin



Cuan Orán Mór mar a fheictear é ón gcroisaire comhréidh ag an nGarrán

4.0 TAILTE AG AN nGARRÁN



4.2 Tailte an Chreata

4.2.1 Tréithe

Ó thaobh saintréithe de, is ceantar tuaithe agus ceantar cósta é an Garrán. Seo an gnáth-thírdhreach sa chuid seo de Chontae na Gaillimhe, ina mbíonn dáileachtaí páirceanna sách beag ag leathnú amach ar fhearann droimneach atá le fána. De ghnáth, sainítear teorannacha páirce le fála sceacha geala, claíocha cloiche agus fála cuailí agus ráillí.



Tírdhreach

Áirítear san fhásra féarach talmhaíochta, chomh maith le ceantair lán de scrobarnach agus coillearnacha níos forbartha. Tá na crainn agus coillearnacha níos sainiúla brúite le chéile mórtimpeall ar fhoirgnimh cloiche feirme laistigh ar an gcuid theas de na tailte. Taobh thuaidh den iarnród, áirítear san fhásra roinnt limistéar coillearnaí níos mó, sciathadh leanúnach de chrainn feadh na teorann thuaidh, áit a mbuaileann na tailte leis an N67, agus meascán d'fhálú leanúnach agus crainn aonair feadh teorainneacha páirce agus chlaífort an iarnróid.

Níl aon sruthchúrsaí laistigh de na tailte, ach leathnaíonn leibhéil ísle na réileán láibe cósta trasna bhóthar an chósta isteach sna tailte, rud a fhágann limistéar bogaigh atá soghabhálach do thuile cósta.

Tá Ráth, (Tag. Séadchomhartha taifeadta: GA095-012) suite ar chnocán carraigeach laistigh de cheantar coillearnaí feadh tuaisceart na dtailte, agus is éard atá ann ná caiseal ciorclach de bhalla cloiche atá tar éis titim.

Is timpeallacht agus conláiste sainiúil cois cósta é Cuan Órán Mór, a bhfuil radhairc iontacha uaidh trasna an chuain chuig Órán Mór agus Caisleán Órán Mór, agus ar aghaidh chuig Rinn Mhíl i bhfad i gcéin.

Éiceolaíocht

Shainnadh réamhniúchadh éiceolaíochta ar na tailte trí phríomhghnáthóg, lena n-áirítear féarach talmhaíochta saibhir, scrobarnach choill agus coillearnacha níos forbartha ina bhfásann fuinseog go príomha. Níl aon dromchla aolchloiche nochta le fáil ar na tailte. Tá líon teoranta crann agus fála sceacha lánfhásta ann a bheadh oiriúnach d'aon líon suntasach ialtóg ar an bhfara, ach tá na gnáthóga atá ann oiriúnach do réimse ialtóg shealgaireachta agus timaistrithe, áfach. Ní dhearnadh aon fhianaise shoiléir ar bhroic, dobharchúnna, nó aon mhamaigh chosanta eile a thaifeadadh, ach tá a leithéid de speicis le fáil sa cheantar go ginearálta. Is dóchúil go mbíonn mamaigh bheaga amhail giorriacha agus gráinneoga ann ó am go ham ar a laghad, d'aineoinn nach ndearnadh iad a thaifeadadh.


Foirgnimh

Cé nach bhfuil na tailte forbartha go mór, tá roinnt grúpaí d'fhoirgnimh ar leith ann. Tá grúpa de bhungalónna scoite agus seanfhoirgnimh feirme lonnaithe i dtreo an iarthair sa Chartrún. Tá líon beag bungalónna agus foirgneamh cloiche traidisiúnta taobh leis an L7105 a théann ó thuaidh trí na tailte. Tá forbairt nua cónaithe, An Inse Ghlas, ar an gcuid thoir de na tailte, agus tá thart ar 40 teach dhá stór le fáil inti.





4.0 TAILTE AG AN nGARRÁN



Saintréithe tírdhreacha na tuaithe agus an chósta

EOCHAIR

-  **Teorainn an Gharráin**
-  Stáisiun Traenach
-  Crosaire Comhréidh
-  Páirceáil
-  Radhairc
-  Fásra
-  Bogaigh



Saintréithe an tírdhreacha



4.0 TAILTE AG AN nGARRÁN

4.2.2 Topagrafaíocht

Téann na tailte le fána ón tuaisceart go dtí an deisceart, agus tá radhairc iontach uathu amach ar Chuan Órán Mór. Bíonn na leibhéil ar imeall thuaidh na dtailte ag 14-16m OD de ghnáth, ag ardú siar go 25m OD ag an bpointe is airde. Laistigh de na tailte, tá droimneachtaí níos áitiúla agus níos géire, agus tá an chuid is múnlaíthe agus is géire den talamh sa chuid iartharach de na tailte.

Taobh le Bóthar an Chósta, tá na leibhéil tart ar 4-4.5m OD de ghnáth, ag íslíú go háitiúil ar fud lárphointe na dtailte go leibhéal chomh híseal le 3.0m OD. Leanann an chuid íseal seo de Bhóthar an Chósta ar aghaidh le haghaidh c. 200m. Tagann an cuan suas chomh fada leis an mbóthar, agus leanann imlíne íseal an chósta trasna an bhóthair agus isteach sna tailte. Tá na leibhéil laistigh de chuid theas na dtailte chomh híseal le 2.0m OD, agus sainítear an ceantar seo, ar bhogach cósta a bhíonn i mbaol tuile. Téann an t-iarán trasna na dtailte agus tá sé i gcaidhséar nó ar chlaifort, ag brath ar phróifíl bhunaidh an tír-raoin. Tá an chuid is mó den tír-raon iarnróid trasna ón gcarrchlós, agus tá sé níos mó ná 6.0m ar aird e.

EOCHAIR

-  Teorainn an Gharráin
-  Stáisiún Traenach
-  Crosaire Comhréidh
-  Páirceáil
-  Radhairc
-  Spotaí Leibhéil
-  Imlínte



Topagrafaíocht



Líne iarnróid ardaithe ag an nGarrán

4.0 TAILTE AG AN nGARRÁN

4.23 Bonneagar Iarnróid

Téann iarnród na Gaillimhe/Bhaile Átha Cliath soir siar trí na tailte agus tá crosaire comhréidh le fáil áit a gcasann an t-iarnród leis an L7105. Is éard atá sa 20km thiar den iarnród, ó Ghaillimh go Baile Átha an Rí, ná rian singil, rud a chuireann isteach ar mhinicíocht na seirbhísí traenach.

Tá Stáisiún Traenach Órán Mór lonnaithe i dtreo lár na dtailte, siar ón gcrosaire comhréidh, leis an ardán ar an taobh deas den rian agus é 175m ar fad.

Tá céimeanna agus rampaí ón ardán síos go dromchla carrchlóis ina bhfuil 140 spás ar thaobh deas den rian. Nascann bóthar agus rotharbhealach a tógadh le déanaí an áit seo le Bóthar an Chósta.

Tagann an t-iarnród isteach sa chuid thoir thuaidh de na tailte ó Órán Mór faoin N67. San áit seo, tá an ráille thart ar 15m OD, ag ísliú diaidh ar ndiaidh go c. 11m OD agus é ag dul i dtreo an stáisiúin, sula dtéann sé thar chloch os cionn an bhóthair áitiúil ag an gCartrún, agus é ag ardú siar arís.

Is cuspóir fadtéarmach é do réigiún an iarthair ráille dúbailte a chur ann idir Baile Átha an Rí agus Gaillimh.

Mar chuid de na feabhsúcháin ar bhonneagar an iarnróid ag an nGarrán, cuirfear isteach lúb thrasnaithe an bealach 1km, mar aon le hardán breise agus an bonneagar gaolmhar.

Beidh minicíocht bhreise na seirbhísí iarnróid, mar aon leis an stáisiún traenach feabhsaithe, ina spreagadh mór ó thaobh lonnaíocht atá dírithe ar iompar poiblí dlúth comhaimseartha ardchaighdeán nua a fhorbairt ag an nGarrán.

Díreach mar a bheidh an stáisiún traenach ina shaintréith den saol ag an nGarrán, beidh na naisc siúil agus rothaíochta a bhunófar ar fud na líne riachtanaí chun lonnaíocht insiúlta nasctha a chinntiú.



Droichead cloiche ar an L71051



An carrchlós, stáisiún traenach agus ráille iarnróid aonair atá ar an bhfód cheana féin

4.0 TAILTE AG AN nGARRÁN

4.2.2 Bóithre agus Rochtain

Sainíonn an **R338 Bóthar an Chósta** cuid theas na dtailte agus is é an t-aon bhealach faoi láthair chun rochtain a fháil ar na tailte. Is bóthar leathan dhá-lána é Bóthar an Chósta a bhfuil ballaí cloiche traidisiúnta ísle taobh leis den chuid is mó. Tá an bóthar suite ar thírdhreach cothrom cois cósta agus tá radhairc oscailte uaidh ó dheas thar pháirceanna talmhaíochta agus réileáin láibe go Órán Mór agus níos faide ar aghaidh. Áit a bhfuil an bóthar íseal, seachas balla cloiche a bheith taobh leis is balla ard neamhbhriste taobh leis, agus barrchaidhp air chun tuile thaoide a mhaolú. Tá an chuid íseal seo de Bhóthar an Chósta ina cabhsa. Taobh thuaidh de Bhóthar an Chósta, tá meascán de thalamh féarach, coillearnach, scrobarnach, clampaí de chrainn lánfhásta agus na bogaigh chósta dá dtagraítear cheana.

Téann **bóthar áitiúil cúng (nó lána) an L7105** ó thuaidh ó bhóthar an chósta trí lár thailte am Gharráin. Ag an acomhal le bóthar an chósta, tá bungaló agus clibín botháin cloiche thraidisiúnta i roschoill de chrainn lánfhásta. Is lána traidisiúnta tuaithe atá ann, agus tá ballaí cloiche taobh leis agus crainn lánfhásta sna páirceanna in aice leis. Éiríonn an lána níos airde leis an tír-raon, ag éirí níos oscailte níos faide ar aghaidh ná na crainn lánfhásta agus tá radhairc amach uaidh ansin ó dheas thar Chuan Órán Mór. Éiríonn sé níos géire ansin, áit a gcasann sé leis an gcrosaire comhréidh ag iarnród Gaillimh go Baile Átha Cliath/Luimneach, agus leanann sé mar bhóthar tuaithe áitiúil agus téann sé trasna ar an N67/R446 ag dul go dtí an Garrán Thuaidh agus Dabhach Uisce ó thuaidh. Tá ceithre bhungaló lonnaithe taobh thoir den bhóthar, ceann amháin díobh ó dheas ón gcrosaire comhréidh agus na cinn eile ó thuaidh.

Is ann do bhóthar áitiúil eile, an L71051, cul-de-sac a théann ó bhóthar an chósta go dtí an Cartrún i dtreo an cheantair siar ón nGarrán. Tá rochtain ón mbóthar seo ar theach agus clós feirme agus leanann sé ansin faoin iarnród, faoi dhroichead cloiche ar a bhfuil taca, chuig lonnaíocht bheag ina bhfuil 10 mbungaló scoite.

Tá rochtain ar an **stáisiún traenach** ó bhóthar an chósta trí bhóthar a tógadh le déanaí a bhfuil lánaí rothaíochta agus cosáin leis, agus forbairt de 40 teach scoite agus leathscoite dhá stór ar a dtugtar an Inse Ghlas a bhfuil rochtain dhíreach air ó bhóthar an chósta.

Téann an **N67/R446** feadh thaobh thuaidh an Gharráin, ach níl rochtain uaidh faoi láthair ar na tailte. Is débhealach ceithre lána 30m ar leithead an bóthar seo a bhfuil gualainn chrúa agus lárstráice leathan i gceist leis. Tá an bóthar ardaithe ar chlaífort soir ó thuaidh ó na tailte, áit a dtrasnaíonn sé an t-iarnród ó Ghaillimh go Baile Áth Cliath/Luimneach, agus éiríonn sé níos ísle de réir agus a íslíonn an tír-raon nádúrtha agus é ag dul siar. Ar imeall na conairí bóthair ar an dá thaobh, tá coillearnach duillsiltheach measctha le fáil.

Go dtí le deireanas, bhí an bóthar ainmnithe mar Bhóthar Náisiúnta, ach rinneadh é a athaicmiú go Bóthar Réigiúnach, an R446. Táthar ag súil go ndéanfar feidhm an bhóthair a oiriúnú in am trátha chun Mórlánaí Bus agus lánaí rothaíochta idir Órán Mór agus Cathair na Gaillimhe a áireamh. Mar bhóthar réigiúnach, is féidir acomhal nua a bhunú freisin chun freastal díreach a dhéanamh ar an nGarrán.



Bóthar Costa



L7105



L71051, agus droichead cloiche i

4.0 TAILTE AG AN nGARRÁN

THUAIDH



KEY



Bothar Reatha Roghanna Rochtana
Cosc ar Rochtain



Líonra bóthair agus rochtain reatha



5.0 PRIONSABAIL AGUS STRAITÉIS

5.1 Prionsabail

Chun lonnaíocht atá dírithe i gceart ar iompar poiblí a chur ar fáil ag an nGarrán, a dhéanann na sochair ar an infheistíocht sa bhonneagar iompair a uasmhéadú agus rogha eile a sholáthar ar an bhforbairt thraidisiúnta a bhíonn bunaithe ar an ngluaisteán príobháideach, caithfidh Creatphlean an Gharráin a bheith pleantearaithe ón tús, agus bunaithe ar na príomhphrionsabail a chuirfidh bonn faoin bhFís dá leithéid d'fhorbairt inbhuanaithe.

Tá an Fhís don Gharrán mar bhonn eolais ag na príomhphrionsabail, agus tá siad fréamhaithe sa bheartas Náisiúnta agus sa bheartas Áitiúil araon. Áirítear leo sin:

Lonnaíocht Cheannchathartha

Tírdhreach agus Muirdhreach

Dlúth, Insiúlta agus Nasctha

Rochtain d'Fheithiclí

Lonnaíocht Cheannchathartha



Lonnaíochtaí reatha agus lonnaíochtaí beartaithe a nascadh

Luach an stáisiún iarnróid bunaithe a bharrfheabhsú don fhorbairt atá dírithe ar an iompar inbhuanaithe

Gnóchan pleanála agus sochair ar an infheistíocht san iompar poiblí a uasmhéadú

Dlús ard iomchuí a sholáthar gar do sheirbhísí iompair phoiblí

Soláthar a dhéanamh do naisc bus áitiúil ón limistéar ceannchathartha thoir chuid an stáisiún traenach

Dlúth, Insiúlta agus Nasctha




Lárionad áitiúil sainiúil, a chuimsíonn stáisiún traenach, siopaí le haghaidh riachtanais áitiúla, sráideanna coisithe agus spás poiblí, ag freastal ar an bhforbairt inléite go ginearálta.

Lárionad áitiúil a chuimsíonn foirgnimh ard-dlúis, ailtireacht ardchaighdeán agus réimse poiblí a chruthú, agus lárionad áitiúil agus lárionad pobail beoga agus mealltach a chruthú dá bharr. Laghdaítear an phróifíl dlúis go hiomchuí chun freagairt do chúinsí teorann Teaghaisí laistigh d'achar siúil ón lárionad áitiúil iompar, fostaíocht, agus oideachas úsáid mheasctha agus lárionad pobail

Bealaí glasa ón lárionad áitiúil chuig gach áit den Gharrán, agus níos faide ar aghaidh, ag cruthú timpeallachta siúil agus rothaíochta sábháilte agus mhealltaigh ar fud an cheantair.

5.0 PRIONSABAIL AGUS STRAITÉIS

Tírdhreach agus Muirdhreach



An cuan a thabhairt isteach, chun forbairt tuaithe agus cósta ar leith a chruthú, áit a mbaineann áitritheoirí taitneamh as conláiste an dá áit.

Spás agus tírdhreach oscailte arna struchtúrú ag ceantair coillearnacha, Páirc Eiceolaíoch bhogaigh chósta, agus líonra de spásanna glasa, bealaí agus naisc ardchaighdeán mealltacha.

CIDU cuimsithe i gclaiseanna reatha agus linnte maolaithe mar chuid de shaintréith tírdhreacha an Gharráin

Gnáthóga reatha a neartú agus naisc nua a bhunú chun próifíl shaibhir ó thaobh bithéagsúlachta de a chinntiú

Ballaí cloiche, tírdhreach rollach, coillearnach agus cósta a chuimsiú, mar aon le dearadh tógála ardchaighdeán, agus áit lena haitheantas sainiúil féin a chruthú

Rochtain d'Fheithiclí



Acomhal nua ar an N67/R446 chun rochtain dhíreach ar an nGarrán a sholáthar d'fheithiclí

Líonra bóthair ó thuaidh nasctha tríd an L57105 agus príomhshráideanna an Gharráin leis an N67/R446 agus le hÓrán Mór agus níos faide ar aghaidh

Rochtain dhíreach ar na tailte theas ó bhóthar an chósta

Rochtain choisithe ar an lárionad áitiúil, rud a chinntíonn timpeallacht choisithe ardchaighdeán laistigh den lárionad áitiúil

Bainistíocht tráchta forchéimnithe, i gcomhréir le céimeanna forbartha na tréthrachta thuaidh-theas ag an gcroaire comhréidh agus ag íosbhealach an Chartrúin agus na tréthrachta feadh bhóthar an chósta

5.0 PRIONSABAIL AGUS STRAITÉIS



Straitéis an chreata

5.2 Straitéis

Lúb thrasnaithe an bealach 1km agus ardán eile ag an nGarrán chun seirbhísí traenach níos fearr a sholáthar agus dérianú fadtéarmach a dhéanamh ar an iarnród iomlán. Lárionad úsáid mheasctha láidir a sholáthar tríd an stáisiún traenach agus an chearnóg phoiblí, rud a chinntíonn croí pobail ga agus mealltach mar aon le tosaíocht coisithe. Acomhal nua a bhunú ar an N67/R448 chun príomhrochtain d'fheithiclí a sholáthar isteach chuig an nGarrán agus amach uaidh, agus rochtain choisithe ar an tseirbhís bus. Spreagadh a dhéanamh maidir le seirbhísí mhaith de bhusanna áitiúla a sholáthar do dhaoine in Órán Mór, Ros Cam agus sna hArdáin ionas go mbeidís in ann an stáisiún traenach, Órán Mór agus cathair na Gaillimhe a rochtain. Na tailte isle feadh an chósta a fhorbairt mar Pháirc Éiceolaíoch uathúil, ina gcuimsítear bogaigh, conairí agus limistéir chonláiste, agus próifil shaibhir flóra agus fána. Comharsanacht insiúlta ina bhfuil líonra de naisc choisithe agus rothaíochta ar fud na háite agus trasna ar an iarnród in áiteanna ríthábhachtacha, agus chuig bóthar an chósta agus níos faide ar aghaidh. Droichead coisithe agus rothaíochta féideartha thar an N67/R446, ag nascadh na nArdán leis an nGarrán agus seirbhísí traenach. Struchtúr tírdhreacha de chonairí glasa ag déanamh spásanna oscailte, ceantair choillearnaí agus an Pháirc Éiceolaíoch a nascadh, claiseanna reatha agus linnte maolaithe a chuimsiú ar chúiseanna bailithe uisce dromchla, chomh maith le plandáil agus crainn atá oiriúnach do phailíneoirí a chur. Foirmeacha foirgníochta agus treoshuíomh a bharrfheabhsú chun tairbhe a bhaint as sochar gréine, chomh maith le radhairc a fháil ar Chuan Órán Mór. Bainistíocht tráchtá ag an gcroisre comhréidh, ag an íosbhealach ag an gCartrún, agus feadh bhóthar an chósta, i gcomhréir leis an bplean céimnithe, d'fhonn teorainn a chur le tréthracht sna háiteanna seo agus naisc rothaíochta agus choisithe níos láidre a bhunú.



6.1 Úsáid Talún

Tá láithreacht an stáisiúin traenach i gcoirlár na dtailte mar bhonn eolais láidir ag an straitéis úsáide talún don Gharrán, chomh maith leis an bhfís le haghaidh comharsanachta beoga agus insiúlta a chothaíonn an pobal agus caighdeán na beatha.

Beidh lárionad áitiúil úsáide measctha lonnaithe in aice leis an lárionad áitiúil, agus beidh miondíol, bialann/caifé, agus úsáidí pobail agus cónaithe le fáil ann mórthimpeall ar spás poiblí lárnach a sholáthraíonn rochtain dhíreach ar an stáisiún traenach. Ar an dá thaobh den lárionad poiblí, beidh limistéir chónaithe a leathnaíonn an lárionad áitiúil agus a chinntíonn tairseach chriticiúil ó thaobh daonra de don lárionad beoga.

Beidh an fhostaíocht lonnaithe idir an lárionad áitiúil agus an N67/R446 agus beidh sí inrochtana go héasca ag áiritheoirí an Gharráin de shiúl na gcos, agus beidh sé inrochtana freisin ón N67/R446. Leathnaíonn an ceantar a=seo amach go 2ha agus d'fhéadfadh sé tacú le cineálacha éagsúla fostaíochta a d'fhéadfadh 300-1200 post a sholáthar, ag brath ar úsáidí beartaithe agus ceadaithe.

Úsáidfear formhór na dtailte le haghaidh Úsáide Cónaithe, le déúsáid Oideachais agus Chónaithe soir, agus le cuid mhór den Spás Oscailte ag cur fearann páirce nádúrtha agus struchtúrtha araon agus naisc choisithe agus rothaíocht ar fud na háite.

EOCHAIR

- Lárionad Áitiúil - Úsáid Mheasctha
- Lárionad Áitiúil - Cónaithe
- Fostaíocht
- Cónaithe
- Oideachas agus Pobal Spás
- Oscailte agus Conláiste



Úsáid Talún

6.0 CREAT

6.2 Dlús

Má tá an Fhís don Gharrán le baint amach, caithfidh an phróifíl dlúis arna glacadh daonra leordhóthanach a sholáthar i bhforbairt dhlúth.

Tá sé d'acmhainn ag an nGarrán c.1,000 aonad a sholáthar i ndlús agus típeolaíochtaí éagsúla. Féachann an straitéis dlúis chuig teaghaisí reatha laistigh de na tailte, go speisialta ag an gCartrún, d'fhonn comhtháthú le teaghaisí bunaithe a cheadú. Chomh maith céanna, is díol suntais é gur féidir dlús níos airde a chur i bhfeidhm i gcás go mbíonn cuid de na réadmhaoine seo, nó iad go léir, ar fáil lena bhforbairt. Forbrófar na tailte ag croílár an Gharráin, gar don stáisiún traenach mar aon leis na tailte soir ón bPáirc Éiceolaíoch agus óna bhfuil radharc ar an bPáirc Éiceolaíoch, trí leas a bhaint as réimse leathan ard-dlúis d'fhonn an daonra a chónaíonn laistigh de 400m den stáisiún agus an lárionad áitiúil a uasmhéadú. Bainfidh réimse dlúis meánach leis an gcuid eile de na limistéir chónaithe, rud a chinnteoidh comharsanacht bheoga agus comhtháthú iomchuí le teaghaisí bunaithe.

Beidh dlús níos ísle le fáil ar na tailte arda amháin feadh teorainn an Chontae ar mhaithe le haistriú iomchuí chuig an tírdhreach in aice leo a sholáthar.

- Ard-dlús
- Dlús Meánach
- Dlús Íseal
- Ní Bhaineann



Úsáid Talún

6.3 Iompar Poiblí

Is cuid ríthábhachtach de Chreat an Gharráin an sochar a bhaineann le stáisiún traenach bunaithe a uasmhéadú mar spreagadh ar fhorbairt dhlúth agus inbhuanaithe.

Éascóidh lúb thrasnaithe an bealach ag an nGarrán, agus ardán eile ag Stáisiún Órán Mór uasghrádú tábhachtach ó thaobh mhinicíocht na seirbhísí go seirbhís iarnróid a bheidh ina sheirbhís ‘tar ann agus imigh’ nach mór. Beidh sé mar fhís ag an gCreatphlean go mbeidh traenacha ag imeacht gach 15 nóiméad (gach 12 nóiméad má tá an flít ar fáil), agus fad an turais idir Órán Mór agus Gaillimh de thart ar 8 nóiméad ar fad.

Téann an straitéis iompair níos faide ar aghaidh ná an Garrán chun daonraí bunaithe Órán Mór agus na Gaillimhe Thoir, chomh maith le daonra beartaithe na nArdán, a áireamh.

Le hathdhearadh an N67 mar bhóthar réigiúnach, tá sé d'acmhainn ag an líonra bóithre poiblí tacú le seirbhís bus áitiúil a d'fhéadfadh seirbhís mhaith a sholáthar, rud a éascóidh chun daoine atá ina gcónaí sna lárionaid daonra níos leithne a ghluaiseacht chuig an stáisiún traenach, agus uaidh chomh maith.

Léirítear lúb bus áitiúil, ag úsáid an R446 agus Bóthar an Chósta chun seirbhísí a sholáthar go minic agus amanna turais níos giorra a sholáthar freisin chuig an stáisiún traenach. Féadfaidh bealach na lúibe bus a athrú de réir agus a fhorbraítear ceantair nua, na hArdáin go speisialta.



Líonra bus áitiúil ag nascadh limistéir chónaithe agus limistéir fostaíochta leis an stáisiún traenach ag an nGarrán

6.4 Gluaiseacht agus Rochtain

Beidh líonra forleathan nasc coisithe agus rothaíochta ar fáil ar fud an Gharráin, rud a spreagfaidh siúl agus rothaíocht i dtimpeallacht atá sábháilte agus mealltach lena húsáid.

Déanfaidh traein freastal ar an nGarrán, agus beidh busanna friothálacha ag déanamh freastal ar limistéir níos leithne na lonnaithe. Beidh rochtain dhíreach ar an stáisiún traenach ón N67/R446 agus Bóthar an Chósta.

Soláthróidh acomhal nua ar an N67/R446 rochtain d'fheithiclí ar an nGarrán, agus freastalóidh sé ar an áiríonad áitiúil agus ar na limistéir chónaithe ó thuaidh den iarnród, ceantar an Chartrúin san áireamh. Beidh na príomhshráideanna ó thuaidh den lárionad áitiúil ina nasc idir an L7105 agus an N67/R446, rud a nascaidh ceantar Bhóthar Dhabhach Uisce leis an bpríomhlíonra bóthair. Freastalóidh Bóthar an Chósta ar na limistéir chónaithe reatha agus nua taobh theas den iarnród, chomh maith le carrchlós an stáisiúin. De réir agus a fhorbrófar an Garrán, cuirfear trácht ar mhalairt slí tríd an N67/R446, rud a chiallaíonn go mbeidh Bóthar an Chósta ina chonláiste agus nasc mealltach sábháilte do choisithe agus do rothaithe. Céimneofar amach tréthracht ar an L7105 freisin, agus ní bheidh an crosaire comhréidh á úsáid ach ag coisithe, rothaithe iompar poiblí. Ar an gcaoi chéanna, beidh an droichead íosbhealaigh ina rochtain do choisithe agus rothaithe, rud a chruthóidh nasc mealltach le Bóthar an Chósta.

Laistigh den Gharrán, soláthróidh ordlathas na sráideanna struchtúr gluaiseachta an-inléite ar fad trí rochtain a chur ar fáil ar gach cuid den chomharsanacht, agus ar bhealach a chinntíonn timpeallacht shábháilte siúlóide agus rothaíochta.



Nasc ar fud an limistéir do choisithe agus rothaithe , agus rochtain nua d'fheithiclí ar an N67/R446

6.5 Tírdhreach

Tá saintréithe na dtailte mar bhonn eolais ag an straitéis tírdhreacha, lena n-áirítear topagrafaíocht, radhairc ar Chuan Órán Mór, coillearnacha agus fásra bunaithe, ballaí cloiche agus fála sceacha atá ina dteorainneacha páirce, agus cineál bogaigh an limistéir idir bóthar an chósta agus an líne iarnróid.

Beidh sé ina chuid ríthábhachtach den straitéis tírdhreacha Páirc Éiceolaíoch cois cósta a bhunú a nascann an Garrán lena thimpeallacht tírdhreacha cois cósta, rud a bheidh ina saoráid chonláiste agus cinn scríbe uathúil.

Beidh ceantair choillearnaí agus teorainneacha páirce ardchaighdeán ina gcuid den tírdhreach agus den bhonneagar glas, ag cur boinn eolais le lonnú spásanna oscailte agus conairí glasa a sholáthróidh limistéir chonláiste, chomh maith le timpeallacht dheas siúil agus rothaíochta a chur ar fáil.

Déanfar claífoirt chonairí an iarnróid a thírdhreachú mar chuid den líonra bonneagair ghlais, agus déanfar é a oiriúnú freisin chun naisc choisithe agus rothaíochta le rampaí réidhe a sholáthar a nascann leibhéil éagsúla talún feadh an iarnróid le droichead nua choisithe soir ón gcrosaire comhréidh.

Beidh fearann páirce bithéagsúlachta lonnaithe ar thaobh deas den chlaífort, in aice le suíomh na scoile, agus feidhmeoidh sé mar chomhlimistéar oideachais agus conláiste.

EOCHAIR

- | | | | |
|---|--|---|--------------------------------|
|  | Coillearnach Reatha |  | Crainn Nua |
|  | Coillearnach Nua Talamh |  | Páirc Éiceolaíoch |
|  | Féarach & Claiseanna Reatha |  | Fearann Páirce Bithéagsúlachta |
|  | Páirceanna Imeartha | | |
|  | Crosairí iarnróid Coisithe & Rothaíochta | | |



Straitéis um Thírdhreacha agus Bonneagar Glas





6.6 Ceantair Shaintréithe

Beidh an Garrán ina fhorbairt shuaitheanta do Chontae na Gaillimhe, ag leagan amach caighdeán maidir le maireachtáil inbhuanaithe chomhaimseartha ina bhfuil rochtain den scoth ar iompar poiblí. Imreoidh tírdhreach cósta an Gharráin tionchar láidir ar shaintréith an limistéir ach beidh a aitheantas féin aige freisin lena lárionad áitiúil féin, chomh maith le cearnóg phoiblí agus stáisiún traenach, chomh maith le Páirc Éiceolaíoch uathúil cois cósta.

Lárionad Áitiúil

Lárionad uirbeach ardchaighdeán, coisithe agus beoga, le stáisiún traenach, úsáidí miondíola, bialann/caifé, úsáidí pobail agus cónaithe, tógtha mórthimpeall ar chearnóg phoiblí shainiúil. Freastalóidh dlúthstruchtúr agus patrún sráide uirbeach ar fhoirgnimh ard-dlúis a mbíonn idir fhoirgnimh dhá stór agus fhoirgnimh ceithre stór de ghnáth, arna léiriú mar stil ailtireachta comhaimseartha. Beidh an lárionad faoi fhad siúil d'áitritheoirí uile an Gharráin.

Páirc Éiceolaíoch


Tírdhreach sainiúil agus saoráid chonláiste a nascann an Garrán lena thírdhreach cósta, ag tabhairt an cósta isteach sa Gharrán agus ag tabhairt áitritheoirí agus cuairteoirí chun an chósta. Ó thaobh saintréith de, beidh an pháirc ina bogach cósta nádúrtha, ina mbeidh ceantair bhogaigh, coillearnaí agus bithéagsúlachta, mar aon le ceantair shiamsaíochta agus conláiste neamhfhoirmiúla agus iad go léir nasctha ag líonra de chonairí agus clárchosáin. Feidhmeoidh an pháirc mar chonláiste, agus mar chuid den líonra foriomlán coisithe agus rothaíochta, ach beidh sí ina cuid freisin den bhonneagar bailithe agus bainistíochta báistí sa Gharrán. Beidh radharc anuas ar an bpáirc ón taobh thuaidh, agus ó na forbairtí cónaithe ar an taobh thoir.

Limistéir Chónaithe

Leis na limistéir shaintréithe ag an nGarrán, agus iad deartha chun freagairt do shaintréithe éagsúla topagrafacha agus tírdhreacha na dtailte, agus chun an treoshuíomh agus braistint áite a bharrfheabhsú, cinnteofar éagsúlacht agus inléiteacht na forbartha foriomláine. Mar chomharsanacht insiúlta, beidh conairí coisithe, rothaíochta agus tírdhreacha ina gcomhthréithe ar fud na limistéir ar fad. Is ailtireacht chomhaimseartha ardchaighdeán a bheidh ina saintréith ag na foirgnimh, agus tíopeolaíochtaí agus arda éagsúla in áiteanna éagsúla chun spriocdhúlús a bhaint amach. Beidh na ceithre cheathrú den Gharrán, ó thuaidh agus ó dheas ón stáisiún traenach, agus soir agus siar, ina gceantair shaintréithe ar leith.

Fostaíocht agus Oideachas

In dhá cheantar ar leith laistigh den Gharrán, beidh saoráidí spáis oibre agus scoile le fáil, agus beidh a n-aitheantais agus saintréithe féin acu a léiríonn a gcuid úsáidí. Tá an limistéar fostaíochta oiriúnaithe agus féadfaidh sé roinnt tíopeolaíochtaí a éascú, ach is foirgnimh dhlútha iláitíochta a chomhlánóidh an lárionad áitiúil. Le sochair an iompair phoiblí, an lárionad áitiúil agus an tírdhreacha chósta, beidh an limistéar fostaíochta ina áit oibre den scoth d'áitritheoirí an Gharráin agus an cheantair cheannchathartha go ginearálta. Beidh an limistéar oideachais ina limistéar idirchriosach idir an Garrán agus Órán Mór, agus beidh sé insiúlta go héasca ón dá limistéar. Beidh saoráidí spóirt agus páirc bithéagsúlachta ina chuid den limistéar seo freisin agus freastalóidh sé ar riachtanais mac léinn agus riachtanais an phobail.



Líne Iarnróid

Is gné shuntasach den Gharrán é an líne iarnróid agus beidh sí ina cuid ríthábhachtach den straitéis dearaidh ghinearálta maidir le conairí tírdhreacha agus naisc choisithe agus rothaíochta a sholáthar a neartaíonn an fhís ghinearálta de chomharsanacht insiúlta.

Tá dhá phointe trasnaithe, ag an gcroisire comhréidh, agus ag íosbhealach an Chartrúin, agus soláthraíonn an dá cheann seo crosairí comhréidhe.

Cuirfear leo siúd le dhá chroisire breise. Beidh an chéad cheann ag an lárionad áitiúil agus an stáisiún traenach, agus is uasdhroichead coisithe agus rothaíochta a bheidh ann is féidir a rochtain ó leibhéal an ardáin trí rogha de staighrí agus ardáin a úsáid. Ar an taobh theas, ag dul chuig an gcarrchlós agus chuig an bPáirc Éiceolaíoch, tá céimeanna agus rampaí ann cheana féin ó leibhéal an ardáin, ach déanfar bealaí breise atá claonta go réidh a chomhtháthú ag dul soir agus siar laistigh den chlaifort agus ag nascadh leis na limistéir chónaithe.

Beidh an dara ceann soir ón gcroisire comhréidh, áit a bhfuil an t-iarnród i gcaidhséar i bpáirt. Ina chuid de sin, beidh cosáin atá claonta go réidh ag teacht ó na tailte in aice leo, agus rampaí agus céimeanna ann mar rochtain chuig tardhroichead.

Déanfar na struchtúir dhroichid a dhearadh mar ghnéithe ar leith laistigh den tírdhreach agus iad ag cur leis an mbraistint áite. Neartóidh siad freisin an líonra coisithe agus rothaíochta, ag soláthar naisc idir chodanna éagsúla den fhorbairt agus beidh radhairc iontacha uathu ar Chuan Órán Mór.

THUAIDH




Saintréithe Ceantair an Gharráin

6.0 CREAT



Cineál Sráide Tánaistí Príomhúil



Cineál Sráide Tánaistí Táscái



Cineál Sráideanna Treasacha Táscacha



EOCHAIR

- | | | | |
|-----|--------------------------------|---|-----------------------------------|
| — | Teorainn an tsúmh | ■ | Láirionad Áitiúil Úsáide Measctha |
| □ | Stáisiún Traenach | ■ | Cónaithe |
| --- | Líne lamróid Dériain | ■ | Fostalocht |
| ○ | Carrchlós an Stáisiúin | ■ | Limistéar Déúsáide Scoile/Pobail |
| ■ | Crosairí Coisithe/Rothaíochta | ■ | Spás Oscailte Poiblí |
| ■ | Príomhbhealach Beartaithe | ● | Fásra coinneithe |
| ← | Bealaí Tánaisteacha Beartaithe | | |

6.7 Inbhuanaitheacht

Beidh leibhéil bhunúsacha inbhuanaitheachta ag baint leis an nGarrán toisc gur dhlúthfhorbairt le neamhspleáchas íseal ar an iompar príobháideach. Anuas air sin, forbraíodh Creatphlean Chnoc Mhaoil Drise mar léiriú ar na trí ghné agus cuspóir a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear an inbhuanaitheacht shóisialta, an inbhuanaitheacht chomhshaoil agus an inbhuanaitheacht eacnamaíoch.

Inbhuanaitheacht Shóisialta

Mar dhlúthfhorbairt insiúlta a chuimsíonn líonra leathan de naisc choisithe agus rothaíochta, mar aon le Páirc Éiceolaíoch, líonra spáis oscailte níos lú, agus lárionad áitiúil beoga, beidh an idirghníomhú sóisialta ina shaintréith den saol ag an nGarrán.

Is suntasach an idirghníomhú sóisialta maidir le folláine, caighdeán na beatha agus bród/úinéireacht áite a chothú. Soláthróidh spásanna conláiste foirmiúla agus neamhfhoirmiúla gar do na tithe spásanna conláiste sóisialta agus conláiste gníomhachtaíthe inar féidir le háitritheoirí teacht le chéile, agus cuirfidh an saoráid déusaide oideachais agus pobail idirghníomhaíocht agus rannpháirtíocht shóisialta chun cinn.

Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

Is croíphrionsabal den Chreatphlean coisíocht, rothaíocht agus iompar poiblí a chur chun cinn in áit an ghluaisteáin phríobháidigh. Trí lonnaíocht dírithe ar iompar poiblí a chruthú, mar aon le comhtháthú íogair a dhéanamh le saintréithe tírdhreacha, éiceolaíochta agus cósta an cheantair, cruthaítear bonn láidir le haghaidh lonnaíochta nua atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de.

Glacann an Creatphlean le príomhghnéithe nádúrtha, chomh maith le hiad a chosaint freisin. Trí na cosáin ghlasa, ag nascadh conairí fásra reatha, agus feabhas a chur ar an limistéir bogaigh reatha d'fhoth gnáthóg shaibhir a chruthú, cuirfear feabhas ar dhintiúir chomhshaoil na dtailte. Cruthóidh an líonra seo de spásanna conláiste agus sráideanna nasctha agus spásanna glasa timpeallacht mhealltach coisíochta, chomh maith le tacú chun próifíl láidir éiceolaíochta agus bithéagsúlachta a bhunú sa cheantar.

I bhfianaise an méid spáis oscailte a chuireann an Creatphlean agus na tailte ar fáil, tá acmhainn ann bonneagar teasa a fhorbairt sa cheantar a chuirfeadh feabhas ar a dhintiúir chomhshaoil fadtéarmacha.

Inbhuanaitheacht Eacnamaíoch

Cuimsítear fostaíocht, úsáidí lárionaid áitiúil, agus saoráidí pobail, sóisialta agus oideachais ag an nGarrán a bheidh inrochtana ag áitritheoirí láithreacha, ach beidh siad inrochtana freisin ag muintir an limistéir cheannchathartha go ginearálta ar an iompar poiblí.

Tríd an nGarrán a fhorbairt, déanfar infheistiú suntasach sa bhonneagar iarnróid agus ina thógáil, agus cruthófar deiseanna gnó agus fostaíochta fadtéarmacha freisin. Rachaidh an daonra nua ag an nGarrán, chomh maith leis na naisc iompair poiblí ón limistéar ceannchathartha níos leithne, chun tairbhe lár baile Órán Mór le custaiméirí nua ón mbonn daonra atá ag dul i méid. .



7.0 CREATPHLEAN AN GHARRÁIN

Forbairt shuaitheanta do Chontae na Gaillimhe, ag leagan amach caighdeán maidir le maireachtáil inbhuanaithe chomhaimseartha ina bhfuil rochtain den scoth ar iompar poiblí.



7.0 CREATPHLEAN AN GHARRÁIN

Forbraíodh Creatphlean Uirbeach an Gharráin trí phróiseas a bhfuil rannpháirtíocht agus tuiscint ar na tailte, agus ar an neart, ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann leo, mar bhonn eolais. Léiríonn an Creatphlean mar is féidir dlúthlonnaíocht nua ardchaighdeán iomparthreoraithe a chruthú agus a sholáthar.

Úsáidí Talún

- Dlúthlonnaíocht dírithe ar iompar poiblí ina bhfuil meascán de thionacht chónaithe le haghaidh maireachtála ó ghlúin go glúin á sholáthar ar fud an láithreáin;
- Lárionad áitiúil nua ilusáide, thart ar 1 heicteár ó thaobh achair de, lonnaithe ó thuaidh den chroí ina bhfuil an stáisiún traenach reatha lonnaithe;
- Limistéar fostaíochta nua, thart ar 2 heicteár ó thaobh achar de, a sholáthraíonn deiseanna iontacha saoil/oibre agus atá inrochtana go héasca, agus freastal den scoth a dhéanamh air ag an iompar poiblí.
- Láithreán scoile agus pobail dé-úsáide, thart ar 6 heicteár ó thaobh achair de, ina ndéantar freastal ar riachtanais oideachais féideartha i gContae na Gaillimhe.

Rochtain agus Gluaiseacht

- Lúb thrasnaithe an bealach agus ardán eile - i gcomhréir leis na feabhsúcháin atá beartaithe ó thaobh seirbhísí traenach, agus chun freastal ar an uailmhian dlúthlonnaíocht nua dírithe ar an iompar poiblí a chur ar fáil ag an nGarrán.
- Rochtain nua d'fheithiclí ón N67/R446; agus
- Líonra de bhealaí coisithe agus rothaíochta tiomnaithe, naisc agus pointí rochtana, ag cinntiú tréscailteachta agus nascachta díri idir na limistéir forbartha ó thuaidh agus ó dheas, na limistéir lonnaíochta ina aice leo agus an tírdhreach go ginearálta.

Tírdhreach

- Páirc Éiceolaíoch nua, thart ar 7 heicteár agus a chuimsíonn mol conláiste féideartha, lonnaithe ag carrchlós an stáisiúin, le líonra de bhealaí coisithe agus rothaíochta a nascann an stáisiún traenach, tithe nua agus an Glasbhealach Cósta.
- Líonra tírdhreacha feabhsaithe comhtháite a chuimsíonn gnéithe tírdhreacha coinnithe agus feabhsaithe, agus a dhéanann freastal do chonláiste feabhsaithe, do ghnáthóga éiceolaíochta agus do chonláiste neamhfhoirmiúil.

PRÍOMHGHNÉITHE MHÁISTIRPHLEAN AN CHREATA

Úsáidí Talún

- 1 Cónaithe (reatha agus beartaithe)
- 2 Lárionad Áitiúil an Gharráin
- 3 Limistéar fostaíochta Láithreán
- 4 oideachais dé-úsáide

Tírdhreach

- 5 Páirc Éiceolaíoch an Gharráin
- 6 Moil Chonláiste/Pobail
- 7 Crainn agus fála seach choinnithe
- 8 Spás Oscailte Poiblí
- 9 Bealach Cósta Féideartha

Rochtain agus Gluaiseacht


- 11 Stáisiún Traenach
- 12 Carrchlós an stáisiúin
- 13 Pointí rochtana d'fheithiclí
- 14 Naisc agus bealaí coisithe/rothaíochta
- 15 tiomnaithe Crosairí iarnróid coisithe &
- 16 rothaíochta Príomhshráid
- 17 Sráideanna Tánaisteacha
- 18 Rochtain Áitiúil Amháin

7.0 CREATPHLEAN AN GHARRÁIN

T H U A I D H

Eastát Tionsclaíoch
Pháirc an Fhia

Go Baile Átha Cliath/
Luimneach



8.0 CUSPÓIRÍ BEARTAIS AGUS CRIOSÚ ÚSÁIDE TALÚN

CPUG 1 Forbairt Chónaithe

Tacú le forbairt na dtailte arna sainaithint mar thailte Cónaithe (Céim 1) le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae, faoi réir gnáthcheanglais phleanála, rochtana agus seirbhísithe, agus na tailte arna sainaithint mar thailte Cónaithe (Céim 2) a fhorchoimeád le haghaidh riachtanais fáis fadtéarmacha Chreatphlean Uirbeach an Gharráin.

Ní bheidh tailte Cónaithe (Céim 2) infhorbartha de ghnáth le linn shaolré an Phlean seo, seachas na forbairtí seo a leanas a d'féadfadh an tÚdarás Áitiúil breithniú a dhéanamh orthu le linn shaolré an Phlean Forbartha Contae seo, faoi réir cás oiriúnach a dhéanamh le haghaidh ceann de na tograí seo a leanas:

1. Forbairtí tithe aonair le haghaidh ball teaghlaigh ar thailte faoi úinéireacht teaghlaigh.
2. Forbairtí neamhchónaithe atá oiriúnach do chomhthéacs an tsuímh, d'aon chonláiste cónaithe atá ar an bhfód cheana féin agus do phatrún reatha na forbartha sa limistéar sin.
3. I gcás gur léir nach féidir nó nach ndéanfar tailte Cónaithe (Céim 1) a fhorbairt laistigh de thréimhse an phlean, seans go dtabharfaí faoi fhorbairt chónaithe ar bhonn céimnithe ar thailte Cónaithe (Céim 2) áirithe.

Tiocfaidh na heisceachtaí thuasluaite faoi réir chomhlíonadh na nithe seo a leanas: an Chroístraitéis sa Phlean Forbartha Contae; na Cuspóirí Beartais sa Phlean Ceannchathartha; prionsabail na planála cuí agus na forbartha inchothaithe; agus gnáthcheanglais phleanála, inrochtana agus seirbhísithe.

Ní cheadófar forbairtí ach amháin sa chás go ndéantar cás dea-bhunaithe chun sástacht an Údaráis Pleanála agus nach ndéanfaidh an fhorbairt dochar d'úsáid na dtailte amach anseo chun freastal ar riachtanais fáis fadtéarmacha an limistéir cheannchathartha seo.

CPUG 2 Forbairt Lár an Bhaile

Forbairt ionad nódaigh soiléire úsáid measctha a chur chun cinn, ina chuimsítear miondíol agus seirbhísí áitiúla, chomh maith le húsaidí cónaithe.

Cinnteoídh foirmeacha foirgníochta lárionad nódach sainithe go soiléir agus uirbeach i gcarachtar.

Beidh timpeallacht an-choisithe ar fad ina tréith den lárionad nódach freisin, mar aon le réimse poiblí agus tírdhreachú ardchaighdeán agus cearnóg uirbeach lárnach lena mbaineann aghaidh thógtha, áit a mbeidh an stáisiún traenach.

Cruthóidh naisc choisithe agus rothaíochta na lárionad nódach le gach cuid den Gharrán agus áireofar leo roghanna maidir leis an iarnród a thrasnú.

Rachaidh an príomhcheangal d'fheithiclí idir an lárionad nódach agus an limistéar fostaíochta d'fhonn tréthracht a chosc. Deanfar breithniú ar phlána talún an lárionaid nódaigh a ardú chun é a dhéanamh cothrom le hardáin an stáisiúin agus chun soláthar páirceála a éascú ar bhonn íoslaigh nó leathíoslaigh.

CPUG 3 Gnó agus Fiontraíocht

Cur chun cinn a dhéanamh ar úsáidí gnó agus fiontraíochta, tionsclaíocht éadrom/trádstóráil agus a leithéid agus páirc fiontraíochta/páirc oifigí, aonaid ghoir/gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí beaga agus meánmhéide a fhorbairt, agus seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha a chur ar na tailte arna sainaithint laistigh den Chreatphlean Uirbeach.

CPUG 3 Saoráidí Pobail

Cur chun cinn a dhéanamh ar sholáthar agus feabhsú réimse leathan saoráidí pobail laistigh de phobail de Chreatphlean Uirbeach Chnoc Mhaoil Drise. I gcás forbartha mórsála, beidh saoráidí pobail in situ sula gcuirfear an fhorbairt i gcrích nó sula sealbhófar é, mura gcomhaontóidh an tÚdarás Áitiúil a mhalairt.

CPUG 4 Spás Oscailte, Áineas agus Conláiste

Cur chun cinn a dhéanamh ar bhainistíocht, úsáid agus/nó forbairt inbhuanaithe (de réir mar is cuí) na dtailte Spáis Oscailte laistigh de limistéar an Chreatphlean Uirbigh, na nithe seo a leanas san áireamh:

- a) Spásanna oscailte agus gníomhaíochtaí áineasa a fhorbairt, i gcomhréir le dea-chleachtas agus ar thailte oiriúnacha óna bhfuil rochtain leordhóthanach ar an bpobal áitiúil, agus spás oscailte agus saoráidí áineasa atá ar an bhfód cheana a choinneáil, ach amháin i gcás gur féidir a thaispeáint go soiléir chun sástacht Chomhairle Contae na Gaillimhe nach bhfuil na saoráidí sin ag teastáil ón bpobal a thuilleadh;
- b) Páirc Éiceolaíoch a bhunú ar na tailte ó dheas mar mhórchonláiste poiblí agus chun bithéagsúlacht limistéar an Chreatphlean Uirbigh a fheabhsú.
- c) Bainistíocht iomchuí a dhéanamh ar, agus úsáid iomchuí a bhaint as, aon limistéir laistigh den zón Suirbhéireachta Ordanáis lena mbaineann baol tuile chun riosca agus tionchar féideartha tuille a sheachaint, a laghdú agus/nó a mhaolú, de réir mar is cuí;
- d) Bainistíocht iomchuí a dhéanamh ar, agus úsáid iomchuí a bhaint as, limistéir ar bith a mbaineann ardluach bithéagsúlachta leo.

CPUG 5 Bonneagar Iompair

Éascaíocht a dhéanamh maidir le bonneagar riachtanach iompair a sholáthar agus a chothabháil. Áirítear leis sin tailte a chur ar fáil chun bóithre poiblí, cosáin, rotharbhealaigh, stadanna an bhus agus tírdhreachú, mar aon le hoibreacha riachtanacha gaolmhara, a sholáthar, de réir mar is cuí.

CPUG 6 Rochtain Bheartaithe ón R446

Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht socrúcháin iompar phoiblí a chruthú maidir le rochtain ón R446 go cuid thuaidh de limistéar Chreatphlean an Gharráin.

8.0 CUSPÓIRÍ BEARTAIS AGUS CRIOSÚ ÚSÁID TALÚN

CPUG 7 Maoiniú faoin gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach

Is Cuspóir Beartais de chuid na Comhairle é oibreacha cumasúcháin bonneagair agus forbairt ghaolmhar a sholáthar go hiomlán i gcomhréir leis an gcistiúchán faoin gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach a dámhadh i mí Marta 2021.

CPUG 7 Úsáid Talún Shrianta

Éascaíocht a dhéanamh maidir le bainistíocht iomchuí agus úsáid inbhuanaithe baol tuilte laistigh de Creatphlean Uirbeach an Gharráin. Cuireann an criosú seo srian le forbairtí nua, á aithint go bhféadfadh go mbeidh forbairt mhionscála de dhíth ar fhorbairtí reatha laistigh de na criosanna seo, mar a leagtar amach thíos, le linn shaolré an Chreatphlean uirbigh, rud a d'fhéadfadh cur le dlúthfhorbairt uirbeach inbhuanaithe an bhaile.

Meastar go bhfuil an criosú bunúsach nó na húsáidí ceadaithe reatha inghlactha i bprionsabal i gcás mionfhorbairtí ar fhoirgnimh reatha (amhail síntí beaga le tithe, formhór na n-athruithe úsáide ar fhoirgnimh reatha nach dócha a chothóidh saincheisteanna suntasacha ó thaobh tuilte de, ar choinníoll nach gcuirfidh siad bac ar shreabhchónairí tábhachtacha, nach dtabharfaidh siad líon mór daoine nua isteach i limistéar baol tuilte ná nach n-úsáidtear iad chun substaintí guaiseacha a stóráil.

Ós rud é go mbaineann iarratais mar seo le foirgnimh agus limistéir fhorbartha reatha, ní féidir an cur chuige seicimheach a úsáid chun iad a lonnú i limistéir ísealriosca agus ní bheidh feidhm ag an Tástáil Fírinneithe.

Ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí tuilte a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe, caithfear Measúnú mionsonraithe ar Riosca Tuilte, arna dhéanamh i gcomhréir

leis an bhfoilseachán 'An Córas Pleanála agus Bainistíocht Riosca Tuilte - Treoirlínte Pleanála agus Ciorclán PL2/2014 (nó aon doiciméad nuashonraithe) a chur le tograí forbartha laistigh den chrios seo.

Ní dhéanfar breithniú ar thograí ach amháin sa chás go léirítear chun sástacht an Údaráis Áitiúil nach mbeadh drochthionchair acu ar shruthchúrsa, ar thuilemhá nó ar shaoraidí cosanta nó bainistíochta tuilte, nó nach gcuirfí cosc ar na saoraidí sin a rochtain, nó nach mbeadh baol tuilte níos mó ann in áiteanna eile dá bharr. Is gá freisin go léireofar cineál agus dearadh na mbearta bainistíochta riosca tuilte, idir bhearta struchtúrtha agus bhearta neamhstruchtúrtha, d'fhonn a léiriú nach méadófar guais agus riosca tuilte. Cloífidh bearta beartaithe leis an deachleachtas ó thaobh sláinte agus sábháilteachta úsáideoirí agus áitritheoirí na forbartha a bhainistiú.

Cloífear, de réir mar is cuí, leis na sonraíochtaí a leagtar amach sa phlean seo le haghaidh forbairtí i limistéir atá i mbaol tuilte. (Déan tagairt do Chuspóir Beartais DO6 agus Treoirlíne CSB 3 sa Lámhleabhar Deartha)

CPUG 8 Tuile Cóta (le foirmlí ag CAAS)

Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe forbairt an limistéir seo i gcéimeanna ar bhealach a ailíneoidh an fhorbairt le soláthar bonneagair agus gnéithe poiblí d'fhonn seachadach na físe foriomláine a

CPUG 9 Sainthíocht

Ceangal a chur i bhfeidhm go gcuirfear íoslíon 10% de shuíomhanna cónaithe incháilithe nua ar leataobh d'fhonn aonaid tithíochta sóisialta agus saintithíochta a fhorbairt, ach amháin sa chás go gcomhaontaítear socruithe oiriúnacha eile leis an Údarás Áitiúil, i gcomhréir le Straitéis Tithíocht Chontae na Gaillimhe agus Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus aon leasuithe a ndéanfar ar fhoráil Chuid V ina dhiaidh sin chun beartas

an Rialtais a léiriú.

CPUG 10 Comhtháthú an Chreatphlean Uirbigh

Caithfear tuarascáil shoiléir ghonta maidir le réasúnaíocht an dearaidh a chur isteach le gach iarratas ar phleanáil agus na rudaí seo a leanas léirithe ann:

- Mar a chuirfidh an fhorbairt bheartaithe le bunú foriomlán an Gharráin mar a leagtar amach sa Chreatphlean Uirbeach seo é.
- Mar a chuirfidh an fhorbairt bheartaithe seo le bunú na páirce éiceolaíche mar a leagtar amach sa Chreatphlean Uirbeach seo é.
- Mar a dhéanfar an fhorbairt bheartaithe a chomhtháthú le forbairtí eile a chríochnófar, a cheadófar nó a bheartófar sa Gharrán, ar bhealach a mbeidh an fhís agus straitéis a leagtar amach i gCreatphlean Uirbeach an Gharráin mar bhonn eolais.
- Mar a dhéanfar an fhorbairt bheartaithe a chomhtháthú le réadmhaoine taobh léi.
- Mar a léireoidh an fhorbairt bheartaithe dearadh na hailtireachta agus an tírdhreacha, agus caighdeán forbartha beartaithe, agus mar a thacóidh an fhorbairt le ceantair shaintréithe iomchuí a bhunú.

CPUG 11 Staidéar maidir le Dlús Tíopeolaíochta

Tabharfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi Staidéar mionsonraithe maidir le Dlús Tíopeolaíochta a bhaineann go sonrach leis an nGarrán agus a shainaithneoidh na tíopeolaíochtaí agus dlúis fhoirgnimh is fearr agus is oiriúnaí chun fíis agus straitéis an Gharráin a sholáthar.


CPUG 12 Ranníoc Forbartha Speisialta

Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe Scéim Ranníoca Forbartha Speisialta a ullmhú chun soláthar bonneagair san áit seo a chumasú agus chun cabhrú ó thaobh limistéir phoiblí a fhorbairt agus tacaíocht a chothú.

Criosú Úsáid Talún

TAILTE AG AN nGARRÁN





- Teorainn na Lonnaíochta
- R- Cónaithe Reatha
- R- Cónaithe (Céim 1)
- R- Cónaithe (Céim 2)
- Lárionad Nódach
- BT - Gnó & Teicneolaíocht
- CF - Áiseanna Pobail
- OS - Spás Oscailte/Áineas & Conláiste
- T1 - Bonneagar Iompair
- Úsáid Talún Shrianta
- Limistéar Riaracháin Chathair na Gaillimhe


Dréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022- 2028
Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe An Garrán
Léarscáil um Chriosú Úsáid Talún

0 80 160 240 320
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 22021/ 0Si_NMJ190
SuirbhSireacht OrdánHís ;ireann, 2021



- Teorainn na Lonnaíochta
- Críos Tuile Táscach A
- Críos Tuile Táscach B
- Críos Tuile Táscach C
- PFRA Báistiúil Táscach
- PFRA Uisce Báistiúil Rabharta
- Limistéar Riarachán Chathair na Gaillimhe
- Uisce Water

Dréachtphlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022- 2028
Limistéar Ceannchathartha na Gaillimhe
An Garrán
Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte

0 80 160 240 320
Méadir



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 22021/ OSi_NMJ190
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2021



Imleabhar 2 Bailte Beagfháis

Dréachtphlean Forbartha
Chontae na Gaillimhe
2022~2028



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Réamhrá

Ordlathas Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe

Náisiúnta	Ordlathas	Lonnaíocht	Stádas Faoi Láthair
1	Limistéir Ceannchathartha	Féach Cuid 2 Baile Chláir	Plean Ceannchathartha Bhaile Chláir 2022 - 2028
		Bearna	Plean Ceannchathartha Bhearna 2022 - 2028
		Órán Mór	Plean Ceannchathartha Órán Mór 2022 - 2028
		An Garrán Cnoc Mhaoil Drise	Creatphlean Uirbeach- An Gharráin Creatphlean Uirbeach - Chnoc Mhaoil Drise
2	Príomhbhailte	Béal Átha na Sluaighe	Plean Ceantair Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe Plean 2015 – 2021 Athbhreithniú ar an PCÁ seo le tosú i R3 2021.
		Tuaim	Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018 – 2024 Athbhreithniú ar an PCÁ seo le tosú i R4 2021.
3	Áit a bhfuil Acmhainneacht Straitéiseach aici	Baile Átha an Rí	Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2012 - 2022 Athbhreithniú ar an PCÁ seo le tosú i R4 2021
4	Bailte Féinchothabháilacha	An Gort Baile Locha Riach	Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2012 - 2022. Athbhreithniú ar an PCÁ seo le tosú i R4 2021
5	Bailte Beagfháis	An Clochán Áth Cinn Maigh Cuilinn Uachtar Ard	Féach Cuid 3 Pleananna Lonnaíochta um Bailte Bheagfháis

		Port Omna	
6	Sráidbhailte Beagfháis	An Cheathrú Rua An Spidéal Béal Átha Ghártha Dún Mór Gleann na Madadh Cinn Mhara Maigh Locha	Féach Cuid 4 Pleananna Lonnaíochta um Sráidbhaile Bheagfháis

4.0 Cuid 2 - Bailte Beagfháis

“Gach Sráidbhaile Beagfháis a chur chun cinn mar áit le cónaí agus oibriú inti agus cuairt a thabhairt uirthi, ina gcuirtear raon seirbhísí, áiseanna pobail agus baile insiúlta ar fáil atá ar aon dul le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe”.

4.1 Réamhrá

Sa chuid seo (Imleabhar 2) tabharfar sonraí maidir le fíis agus cuspóirí beartais chriosaithe do na bailte seo a leanas:

An Clochán; Áth Cinn; Maigh Cuilinn; Uachtar Ard agus Port Omna.

Ullmhaíodh Pleananna Criosaithe agus Tuilte in éineacht le sainchuspóirí beartais do gach Baile Beagfháis (SGT) a liostaítear thuas.

San imleabhar seo de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022 - 2028 tá na SGTanna ann atá ainmnithe do Chontae na Gaillimhe. Is iad seo an ceathrú sraith de lonnaíochtaí mar atá leagtha amach i gCaibidil 2 Croí-Straitéis, Ordthas Lonraíochta agus Straitéis Tithíochta an Phlean Forbartha Contae 2022 - 2028. Tá Pleananna Ceantair Áitiúla reatha ag ceithre cinn de na bailte seo in situ agus bhí Plean Ceantair Áitiúil ag Uachtar Ard roimhe seo (2005-2011). Leis an Acht Pleanála agus Forbartha 2020 (arna leasú) éascaítear do sholáthar sainchuspóirí beartais do bhailte níos lú nach gcomhlíonann an daonra de 5,000 atá le cur san áireamh sa Phlean Forbartha Contae.

Déantar na SGTanna a ghrúpáil le chéile chun Imleabhar 2 den Phlean Forbartha Contae a fhoirmiú toisc go bhfuil siad cosúil ó thaobh méide de agus ó thaobh daonra de go háirithe. Sa tsraith seo de lonraíochtaí, is ionann na daonraí de réir daonáirimh 2016 agus thart ar 900 in Áth Cinn agus 1,700 i Maigh Cuilinn.

Tá gach ceann de na SGTanna suite lasmuigh de Phlean Straitéiseach an Cheantair Uirbigh (MASP). Is bailte beaga agus meánmhéide iad na SGTanna ina gcuirtear raon maith seirbhísí áitiúla ar fáil lena n-áirítear úsáidí cónaithe, fostaíochta, pobail agus turasóireachta. Tá bonneagar acu ar nós acmhainn uisce agus fuíolluisce agus dá bhrí sin féadaidís freastal ar fhás measartha thar shaolré an Phlean Forbartha Contae suas go dtí 2028. Tá sé riachtanach na daonraí a leithdháileadh ar gach baile chun freastal ar an bhfás leithdháilte daonra atá againn mar atá leagtha amach sa NPF agus RSES. Caithfear freastal ar an bhfás seo sa daonra i ngach SGT ar bhealach inbhuanaithe, comhréireach agus seicheamhach.

Sa tábla 4.1 seo a leanas, léirítear an leithdháileadh daonra in aghaidh an SGT a liostaítear thuas.

Lonnaíocht	Daonáireamh 2016	Meastachán Daonra 2022 - 2028	Aonaid Chónaithe	Cainníocht na dTailte Cónaithe atá ag teastáil (ha)
An Clochán	1,597	470	195	12.19
Áth Cinn	973	290	116	7.25
Maigh Cuilinn	1,704	350	140	8.75
Uachtar Ard	1,318	350	140	8.75
Port Omna	1,450	300	120	7.50

Tábla 4.1: Leithdháileadh Daonra 2022-2028

4.2 Achoimre Straitéiseach

Tá sé mar aidhm ag an achoimre straitéiseach do SGTanna Chontae na Gaillimhe laistigh de *Phlean Forbartha nua Chontae na Gaillimhe 2022 - 2028* na sócmhainní atá ann cheana féin atá le tairiscint ag gach SGT a fhorbairt agus an úsáid is fearr a bhaint astu. Tá béim ar leith ar shócmhainní bonneagair mar chórais chóireála fuíolluisce agus cumas gach SGT freastal ar mhéid fáis inbhuanaithe incrimintigh. Déanfar forbairt na SGTanna ar bhealach pleanáilte, comhordaithe agus inbhuanaithe.

Scrúdaíodh gach ceann de na SGTanna agus tá an rogha forbartha is fearr le haghaidh ceantar an phlean ar aon dul le mianta Thionscadal Éireann na ceantair uirbeacha tógtha atá ann cheana a chomhdhlúthú. Is príomhshócmhainní forbartha iad láithreáin athfhorbraíochta agus inlíonta laistigh de na pleananna seo. Tabharfar tosaíocht do na láithreáin seo, laistigh de lár na mbailte d'fhorbairt de réir scála iomchuí, agus aithníodh cuid acu mar Láithreáin Deise ar na léarscáileanna críosaithe a ghabhann leo. Pléitear iad seo níos mionsonraithe i ngach baile a chuirtear i láthair san Imleabhar seo.

Leanfaidh an fhís straitéiseach mar atá mínithe thuas treoir náisiúnta agus na caighdeáin agus na paraiméadair atá leagtha amach i bpríomhchaibidlí *Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028*. Cloífidh an fhís leis na prionsabail a leagtar amach thíos. Sainithnítear leis na prionsabail seo bealach chun an fhís a bhaint amach. Ina measc tá:

- Iniúchadh ar acmhainneacht gach suímh atá aitheanta mar SGTanna i struchtúr lonnaíochta an Phlean Forbartha Contae agus an candam daonra leithdháilte a bhaint amach faoi 2028 de réir PI 2040 agus na Croí-Straitéise/HNDA.
- I ngach plean baile cuirtear leibhéal inbhuanaithe forbartha dlúis chun cinn ag brath ar charachtar na timpeallachta glactha agus suíomh an SGT.
- Laistigh de gach lonnaíocht, baineadh úsáid as cur chuige loighciúil agus seicheamhach maidir le talamh a chríosú. Táthar ag súil gur féidir cur chuige incriminteach i leith na forbartha a ghlacadh i ngach SGT agus níos mó áiteanna forimeallacha a chur in áirithe le haghaidh críosaithe sa todhchaí, ach amháin nuair is iomchuí agus is gá é sin a dhéanamh.
- Riachtanais ghnóthaí agus dhaoine i ngach ceann de na SGTanna a aithint mar aon le leasanna eile d'fhonn gach ceann de na SGTanna a dhéanamh mar áit tharraingteach chun cónaí agus oibriú inti, agus chun cuairt a thabhairt uirthi.
- De réir threoir an Rialtais, tugadh tosaíocht do láithreáin forbartha a ailíniú go dlúth le rochtain éasca ar bhonneagar fuíolluisce agus ar bhonneagar poiblí eile cosúil le hiompar poiblí.
- Forbairt agus cothabháil áiseanna turasóireachta a chur chun cinn i ngach ceann de na lonnaíochtaí.
- Tacú le húsáid seirbhísí áitiúla ar nós áiseanna miondíola agus pobail atá ann cheana agus forbairt bhreise nó feabhsúchán a chur chun cinn trí fhoinsí maoinithe éagsúla, de réir mar atá siad ar fáil.
- I bhforbairt nua laistigh de gach ceann de na SGTanna déanfar ceantair i gCriosanna Tuilte A agus B a sheachaint nuair is féidir. Tá gach ceann de na Criosanna Tuilte seo aitheanta sna léarscáileanna Straitéiseacha um Measúnú Riosca Tuilte do gach ceann de na SGTanna. Tá siad seo le fáil i gCuid 3 den Imleabhar seo.
- I ngach ceann de na SGTanna tabharfar tacaíocht trína laghdaítear an spleáchas ar an gcarr príobháideach. Moladh forbairt sheicheamhach nuair is féidir freastal ar shuíomhanna le cosáin agus rotharbhealaí agus tá raon seirbhísí ann cheana ag gach SGT ar nós scoileanna, siopaí agus áiseanna pobail faoi fhad siúil de thalamh cónaithe críosaithe.
- Cáilíocht ár sócmhainní comhshaoil ar nós aibhneacha agus lochanna a choinneáil mar aon leis na hiarsmaí stairiúla amhail Struchtúir Chosanta agus Limistéir Chaomhantais Ailtireachta laistigh de gach SGT de réir na treorach náisiúnta.

4.3 Struchtúr Doiciméid

In Imleabhar 2 tá na SGTanna uile a sainaitníodh i gContae na Gaillimhe. Tá dhá chomhpháirt den imleabhar seo leagtha amach thíos:

Tá na prionsabail ghinearálta agus na cuspóirí beartais a bhaineann le gach ceann de na SGTanna.

Téacs tacaíochta agus léarscáileanna criosaithe. Dréachtaíodh léarscáileanna criosaithe saincheaptha do gach baile a bhaineann an úsáid is fearr as na sócmhainní atá i ngach SGT. Áirítear ar na SGTanna: An Clochán; Áth Cinn; Maigh Cuilinn; Uachtar Ard agus Port Omna.

4.4 Criosanna Úsáid Talún

Criosú	Cuspóir Beartais	Cur síos
Cónaithe atá ann cheana & Cónaithe Inlíonta	Taitneamhachtaí cónaithe na gceantar cónaithe atá ann a chosaint agus a fheabhsú.	Foráil a dhéanamh maidir le hathruithe feabhsúcháin tí, síntí agus forbairt chónaithe inlíonta iomchuí de réir phrionsabail dea-dhearaidh agus cosanta na taitneamhachta cónaithe atá ann cheana.
Céim Chónaithe 1	Limistéir taitneamhachta cónaithe a chosaint, a sholáthar agus a fheabhsú laistigh de shaolré an phlean seo.	Éascú a dhéanamh d'fhorbairtí cónaithe nua ar ardchaighdeán a sholáthar ag dlúis iomchuí agus nasc maith idir an leagan amach agus dearadh agus lár an bhaile agus áiseanna pobail. Meascán oiriúnach de mhéideanna, de chineálacha agus de thionachtaí tí a sholáthar d'fhonn freastal ar riachtanais teaghlaigh agus chun pobail chothroma a chur chun cinn.
Céim Chónaithe 2	Limistéir taitneamhachta chónaithe a chosaint, a sholáthar agus a fheabhsú.	Éascú a dhéanamh d'fhorbairtí cónaithe nua ar ardchaighdeán a sholáthar ar dhlús iomchuí agus nasc maith idir an leagan amach agus dearadh agus lár an bhaile agus áiseanna pobail. De ghnáth ní fhéadtar Céim Chónaithe 2 a fhorbairt le linn shaolré an phlean seo faoi réir na bhforálacha thíos. (* Forbairtí Tí Aonair do bhaill teaghlaigh ar thailte ar leis an teaghlach iad: * Forbairtí neamhchónaithe atá oiriúnach do chomhthéacs an láithreáin, aon taitneamhacht chónaithe atá ann agus an patrún forbartha atá ann cheana sa cheantar; * Nuair is léir nach féidir le tailte Cónaithe -R (Céim 1) a fhorbairt nó nach bhforbrófar iad laistigh de thréimhse an phlean,

		féadfar forbairt chónaithe a mheas ar bhealach céimnithe ar roinnt tailte cónaithe (Céim 2).
Lár an Bhaile/Tráchtáil	Foráil a dhéanamh d'fhorbairt agus d'fheabhsú úsáidí oiriúnacha de lár an bhaile lena n-áirítear úsáidí miondíola, tráchtála, oifige agus cathartha/pobail agus chun foráil a dhéanamh do chóiríocht chónaithe den scéim “um Chónaí os cionn an tSiopa” , nó do chóiríocht chónaithe eile.	Lár an bhaile atá ann a fhorbairt agus a chomhdhlúthú chun a bheocht agus a fhuinneamh a fheabhsú le forbairtí tráchtála agus cónaithe iomchuí a dhlúthú, rud a chinnteoidh meascán d'úsáidí tráchtála, áineasa agus cathartha.
Úsáid Tráchtála/Mheasctha	Foráil a dhéanamh d'fhorbairtí measctha tráchtála agus comhlántacha a fhorbairt, ar thailte oiriúnacha ar féidir leo pointí fócasacha a sholáthar chun seirbhísí a sholáthar do chomharsanachtaí / ceantair máguaird chomh maith le deiseanna d'fhiontair tráchtála, d'fhorbairtí miondíola agus do chruthú fostaíochta nach mbainfeadh an bonn de bheocht agus d'inmharthanacht lár an bhaile.	Forbairt bhreise agus feabhsúchán na limistéar fostaíochta atá ann a éascú chomh maith le deiseanna a éascú d'fhorbairtí nua tráchtála/úsáide measctha ar ardchaighdeán i dtimpeallacht fhisiciúil ar ardchaighdeán.
Tionsclaíocht	Forbairt inbhuanaithe d'úsáidí tionsclaíocha agus d'úsáidí a bhaineann leis an tionscal a chur chun cinn, lena n-áirítear déantúsaíocht, próiseáil ábhar, trádastóráil agus dáileadh ar thailte oiriúnacha, le seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha agus ardleibhéal rochtana ar na mórghréasáin bóithre agus ar na háiseanna iompair phoiblí.	Forbairt bhreise agus feabhsúchán ar na limistéir fostaíochta atá ann cheana a éascú chomh maith le deiseanna a éascú d'fhorbairtí nua ardthionsclaíocha i dtimpeallacht fhisiciúil ar ardchaighdeán.
Talmhaíocht	Forbairt d'úsáidí talmhaíochta agus d'úsáidí a bhaineann le talmhaíocht a chur chun cinn de réir na planála cirte agus na forbartha inbhuanaithe.	Forbairt bhreise na talmhaíochta a éascú agus deiseanna le haghaidh éagsúlú feirme le húsáidí a bhaineann le talmhaíocht a éascú.
Gnó agus Fiontar	Foráil a dhéanamh d'fhorbairt ghnó agus fhiontar.	Forbairt bhreise agus feabhsúchán ar na limistéir fostaíochta atá ann cheana a éascú chomh maith le deiseanna a éascú d'fhorbairtí nua ardthionsclaíocha i dtimpeallacht fhisiciúil ar ardchaighdeán.

Áiseanna Pobail	Foráil a dhéanamh d'áiseanna cathartha, pobail agus oideachais.	Forbairt do bhonneagar pobail, sláinte, oideachais reiligiúnach, sóisialta agus sibhialta a éascú.
Spás Oscailte / Áineas agus Taitneamhacht	An spás oscailte atá ann cheana a chosaint agus a fheabhsú agus spás áineasa agus conláiste a sholáthar.	Forbairt agus feabhsúchán breise a éascú maidir leis na spásanna oscailte gníomhacha atá ann cheana, limistéir aclaíochta fhoirmiúla, fearainn spóirt, páirceanna imeartha.
Turasóireacht	Acmhainneacht chultúrtha, stairiúil agus turasóireachta a chur chun cinn agus a spreagadh do gach ceann de na SGTanna.	Forbairt agus feabhsú na saoráidí turasóireachta atá i gcuid de na SGTanna cheana a éascú. Forbairt agus infheistíocht nua turasóireachta a spreagadh i gcás inarb iomchuí.
Fóntas Poiblí	Tailte ar a sholáthraítear bonneagar seirbhíse a chothabháil.	Ligean do thailte a bheith ainmnithe le haghaidh fóntais poiblí ar nós gléasraí cóireála fuíolluisce.
Bonneagar Iompair	Soláthar agus cothabháil bonneagair iompair riachtanaigh a éascú.	Ligean do thailte a bheith curtha in áirithe chun bóithre poiblí, cosáin, cuanta, canálacha, rotharbhealaí, stadanna bus agus tírdhrechtú a éascú mar aon le haon oibreacha gaolmhara riachtanacha, i gcás inarb iomchuí.

4.5 Maitrís Chríosaithe Úsáid Talún do Bhaile Beagfháis

Úsáidí Tráchtála agus Tionsclaíocha	C1	C2	R	I	BE	T	CF	OS *	PU	TI	A
Siamsaíocht	O	N	N	NO	N	O	N	N	N	N	N
ATM	P	O	O	O	O	O	O	N	N	N	N
Banc / Cumann Foirgníochta	P	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Beár / Bialann	P	O	N	N	N	O	N	N	N	N	N
B&B (Leaba is Bricfeasta) ¹	O	O	O ₁	N	N	P	N	N	N	N	O ₁
Oifig Gheallghlacadóra	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Conchró coinneála	N	N	N	O	N	N	N	N	N	N	O
Caifé ²	P	P	O	O ₂	O ₂	P	O ₂	N	N	N	N
Páirc carbhán - Saoire	N	N	N	N	N	O	N	N	N	N	N
Íoc is Iompair	O	O	N	O	O	N	N	N	N	N	N
Corrthrádail	O	O	N	N	N	O	O	N	N	N	N
Pictiúrlann	P	O	N	N	N	O	N	N	N	N	N
Ionad Comhdhála	P	P	N	N	P	O	N	N	N	N	N
Ionaid Sonraí / Ionaid Óstáil Gréasáin	P	P	N	O	P	N	N	N	N	N	N
Bialann Tiomáin Tríd	O	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Ionad Fiontair	O	O	N	O	P	N	N	N	N	N	N

Trádstóráil (Earraí Miondíola / Neamhbhia / Tí Toirtiúla 700m ² - 5,000m ²) ³	N	N	N	N	O	N	N	N	N	N	N
Úsáidí Cónaithe	C1	C2	R	I	BE	T	CF	OS*	PU	TI	A
Árasáin ¹	P	O	O ₁	N	N	N	N	N	N	N	N
Láithreáin Stad	N	N	O	N	N	N	O	N	N	N	O
Cónaithe (Gan Árasáin a áireamh) ¹	O	O	P ₁	N	N	N	N	N	N	N	O ₁
Cóiríocht saoire ghearrthéarmach	O	O	N	N	N	P	N	N	N	N	N
Áras Seanóirí	O	O	P	N	N	N	O	N	N	N	N
Úsáidí Poiblí, Pobail agus Institiúideach	C1	C2	R	I	BE	T	CF	OS*	PU	TI	A
Foirgnimh ar mhaithe le Sláinte, Sábháilteacht & Leas an Phobail	P	P	O	N	O	O	P	O*	O	N	N
Reilig	N	N	O	N	N	N	P	O*	N	N	P
Áiseanna Cúraim Leanaí (Crèche / Naíolann)	P	P	O	O	O	N	P	N	N	N	N
Teach Club & Áiseanna Gaolmhara	O	N	O	N	N	O	P	O*	N	N	O
Áis Phobail	P	O	O	N	O	O	P	O*	N	N	O
Créamatóiriam	N	N	O	O	O	N	O	N	N	N	O
Foirgneamh Cultúrtha / Áineasa	P	O	O	N	O	P	P	O*	N	N	N
Oideachas - Bunscoil/Meánscoil	O	O	O	O	N	N	P	O*	N	N	O
Oideachas - Oideachas / Oiliúint Eile	P	O	O	O	O	N	P	N	N	N	O
Teach Tórraimh	P	P	O	O	O	N	O	N	N	N	N
Fóillíocht	P	O	O	N	O	O	P	O*	N	N	O
Leabharlann	P	P	O	N	N	O	P	N	N	N	N
Áit Adhartha Phoiblí	O	O	O	N	O	N	O	N	N	N	N
Spás Oscailte, Úsáidí Áineasa agus Conláiste	C1	C2	R	I	BE	T	CF	OS*	PU	TI	A
Cúrsa Gailf	N	N	N	N	N	P	N	O*	N	N	O
Gníomhaíochtaí Áineasa / Cultúrtha	O	O	O	O	O	P	P	O*	N	N	O
Úsáidí Talmhaíochta	C1	C2	R	I	BE	T	CF	OS*	PU	TI	A
Seamlas	N	N	N	O	N	N	N	N	N	N	O
Foirgneamh Talmhaíochta	O	N	O	O	O	N	O	O*	N	N	P
Marglann / Comharchumann	O	N	N	P	N	N	N	N	N	N	P
Úsáidí Ginearálta / Seirbhísí agus Bonneagair	C1	C2	R	I	BE	T	CF	OS*	PU	TI	A
Fógraí - Neamhspleách	O	O	N	O	O	N	O	N	O	O	N
Carrchlós	P	N	O	P	O	O	O	N	N	O	N
Áiseanna Athchúrsála / Ionaí Fág anseo	N	O	N	O	O	N	O	N	O	N	O
Líonadh Talún Dhramhaíl Tí	N	N	N	N	N	N	N	N	N	N	O
Bonneagar Fóntas & Suiteálacha Seirbhíse Poiblí	O	O	O	O	O	O	O	O*	P	O	O

Fuinneamh gaoithe / in-athnuaite baile ar scála beag	O	O	O	O	O	O	O	O*	O	N	O
--	---	---	---	---	---	---	---	----	---	---	---

Nótaí Ginearálta ar an Maitrís Chriosaithe Úsáid Talún:

- (1) Measfar na húsáidí seo ar thailte Cónaithe faoi réir Chuspóir Beartais SGT 2, nó de réir mar is iomchuí.
- Caifé (2)** - Breithneofar an úsáid seo i gcás go bhfuil sí coimhdeach le forbairt chomhoiriúnach fhoriomlán chun freastal ar riachtanais an cheantair thar timpeall.
- Trádstóráil (3)** - De ghnáth ní cheadófar forbairt nó foroinnt siopaí i níos lú ná 700m² in áiteanna atá ar imeall an láir agus lasmuigh den lár, de réir Threoirlínte Pleanála Miondíola 2012 (nó aon doiciméad nuashonraithe/a ghabhann ina n-ionad).
- Ionad Sonraí** - Féadfar é a shainiú mar shaoráid, ina bhfuil trealamh teicneolaíochta faisnéise suiteáilte agus á fheidhmiú, agus ina bhfuil sonraí leictreonacha á stóráil agus á dáileadh chomh maith.
- Crios R: Cónaithe** - Tá Céim 1 céimnithe d'fhorbairt chónaithe laistigh de shaolré an Phlean seo; - De ghnáth níl Céim 2 infhorbartha i rith shaolré an Phlean seo, faoi réir na bhforálacha agus na n-eisceachtaí atá leagtha amach faoi Chuspóir Beartais SGT 1.
- * OS** - Féach freisin **Léarscáil 2 - Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Cuspóir Beartais SGT 17 agus Caighdeán DM 71.**
D'ainneoin an chriosaithe Spáis Oscailte / Áineasa agus Taitneamhachta, ní mór d'úsáidí beartaithe sa chrios seo a thaispeáint go gcomhlíontar **an Córas Pleanála & Treoirlínte um Riosca Tuilte** (2009) (nó arna nuashonrú).
D'fhéadfadh go mbeadh gá le Tástáil Fírinne mar atá leagtha amach sna treoirlínte sin.
- Ní thugtar aon úsáidí talún ar leith don chrios Úsáid Talún Teoranta toisc go léirítear leis an gcrios seo an fhorbairt atá suite cheana féin laistigh de Chrios Tuilte A/B. Le haghaidh treorach ar úsáidí / forbairt atá oiriúnach sa chrios seo, féach le do thoil ar **Chuspóir Beartais SGT 16 agus DM Caighdeán 69** den phlean seo , **léarscáileanna tuile gaolmhara agus an Córas Pleanála & Treoirlínte um Riosca Tuilte lena n-áirítear Ciorclán Roinne PL2 / 2014.**

Nótaí ar Aicmí Úsáid Talún i Maitrís Chriosaithe Úsáid Talún:

Sainmhínítear mar seo a leanas dá dtagraítear sa mhaitrís chriosaithe úsáid talún:

- Ceadaithe i bPrionsabal (P)** - Úsáid a aicmítear mar *Ceadaithe i bPrionsabal* is ea úsáid a nglacann an tÚdarás Áitiúil leis go teoiriciúil sa chrios ábhartha, faoi réir chomhlíonadh na gcuspóirí, na gcaighdeán agus na gceanglas beartais ábhartha atá leagtha amach sa phlean seo agus faoi réir na bprionsabal um pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe.
- Oscailte le Breithniú (O)** - Úsáid a aicmítear mar Oscailte le Breithniú is ea úsáid a fhéadfaidh an tÚdarás Áitiúil a cheadú i gcás go bhfuil sé sásta go mbeidh an fhoirm forbartha a mholtar comhoiriúnach leis na cuspóirí beartais don chrios, agus nach mbeidh sí ag teacht salach ar úsáidí a cheadaítear agus go gcomhlíontar pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, lena n-áirítear na cuspóirí beartais atá leagtha amach sa phlean seo.
- Ní Cheadaítear de Ghnáth (N)** - Úsáid nach ndéantar a aicmiú mar *Ní Cheadaítear de Ghnáth* is úsáid í nach gceadóidh an tÚdarás Áitiúil í ach amháin in imthosca eisceachtúla. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar gheall ar an éifeacht a fheictear dó ar úsáidí atá ann cheana agus atá ceadaithe, a neamh-chomhoiriúnacht leis na cuspóirí beartais, na caighdeán agus na ceanglais atá sa phlean seo nó toisc go bhféadfadh sé a bheith ar neamhréir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

- | | |
|---------------------|----------------------------------|
| 1. Crios C1 | Lár an Bhaile/Tráchtála |
| 2. Crios C2 | Úsáid Tráchtála/Mheasctha |
| 3. Crios R | Cónaithe |
| 4. Crios I | Tionscalaíocht |
| 5. Crios BE | Gnó & Fiontar |
| 6. Crios T | Turasóireacht |
| 7. Crios CF | Áiseanna Pobail |
| 8. Crios OS | Spás Oscailte/Áineas & Conláiste |
| 9. Crios PU | Fóntais Phoiblí |
| 10. Crios TI | Bonneagar Iompair |
| 11. Crios A | Talmhaíocht |

4.6 Cuspóirí an Bheartais Chriosaithe um Úsáid Talún

Cuspóirí Criosaithe um Úsáid Talún do Bhaile Beagfháis

SGT 1 Céimniú Forbartha Cónaithe

Tacú le forbairt tailte atá ainmnithe mar Chónaithe (Céim 1) laistigh de shaolré an Phlean, faoi réir gnáthriachtanas pleanála, rochtana agus seirbhísithe, agus na tailte atá ainmnithe mar Chónaithe (Céim 2) a chur in áirithe do riachtanais fháis níos fadtéarmaí de gach SGT. De ghnáth ní féidir tailte cónaithe (Céim 2) a fhorbairt le haghaidh tithíochta laistigh de shaolré an Phlean seo, cé is moite de na forbairtí seo a leanas, a fhéadfaidh an tÚdarás Pleanála a mheas, faoi réir cáis oiriúnaigh fianaisebhunaithe a bheith déanta don togra:

- Forbairtí tí aonair do bhaill teaghlaigh áitiúla ar thalamh ar leis an teaghlach í, faoi réir clásal áitiúchta 7 mbliana.
- Forbairtí neamhchónaithe atá oiriúnach do chomhthéacs an láithreáin, conláistí cónaithe, an patrún forbartha atá ann cheana sa cheantar agus na cuspóirí beartais sa Phlean.
- Nuair is léir nach bhféadtar nó nach bhforbrófar tailte Cónaithe (Céim 1) chun críocha cónaithe laistigh de thréimhse an phlean, féadfar forbairt chónaithe a mheas i gcásanna teoranta ar bhealach céimnithe ar thailte oiriúnacha Cónaithe (Céim 2), in imthosca eisceachtúla:
 - De ghnáth ní bhreithneofar forbairt ar thailte Cónaithe (Céim 2) ach sa chás go bhfuil 50% de na tailte Cónaithe (Céim 1) tiomanta d'fhorbairt.
 - Beidh forbairtí cónaithe ar thailte Cónaithe (Céim 2) faoi réir chomhlíonadh na Croí-Straitéise, na bprionsabal um pleanáil cheart agus na forbartha inbhuanaithe, nascachta, lena n-áirítear bonneagar agus cosán poiblí agus soilsiú go lár an bhaile, an cur chuige seicheamhach, forbairtí cliobógacha a sheachaint, agus faoi réir gnáthriachtanas pleanála, comhshaoil, rochtana agus seirbhísithe a chomhlíonadh. Ní cheadófar forbairtí ach amháin má tá cás fianaisebhunaithe dearbhaithe chuig sásamh an Údaráis Phleanála agus ní dhéanfaidh an fhorbairt dochar d'úsáid na dtailte sa todhchaí do riachtanais fháis níos fadtéarmaí gach lonnaíochta.

SGT 2 Forbairt Inlíonta Chónaithe

I sráidbhailte atá ann cheana déanfar forbairt tithíochta inlíonta teoranta ar scála beag ar láithreáin iomchuí a mheas. Tabharfaidh na láithreáin inlíonta seo aird ar charachtar na sráide atá ann cheana maidir leis an líne thógála atá ann cheana, scála, comhréireanna, leagan amach, airde agus ábhair na bhforbairtí máguaird. Ní mór do bhealach sábháilte rochtana agus amach a bheith ag an láithreán agus caighdeán bhainistíochta forbartha le haghaidh áitribh nua a chomhlíonadh.

SGT 3 Lár an Bhaile

- Beidh Láir na mBailte (TC) fós mar phríomhfhócas d'fhorbairt nua miondíola agus tráchtála. Cinnteoidh an tÚdarás Pleanála go mbeidh suíomh na forbartha miondíola sa todhchaí comhsheasmhach leis na príomhphrionsabail bheartais agus ord tosaíochta, mar atá leagtha amach faoi Alt 4.4 go 4.6 de na Treoirlínte d'Údaráis Phleanála um Pleanáil Miondíola 2012 (agus aon doiciméad nuashonraithe / a ghabhann ina n-ionad) agus beidh gá le Measúnuithe Tionchair Miondíola, lena n-áirítear sonraí faoin gcur chuige seicheamhach agus Ráitis Dearaidh d'fhorbairtí miondíola de réir na dTreoirlínte Pleanála Miondíola.
- Foráil a dhéanamh d'fhorbairtí measctha tráchtála agus comhlántacha a fhorbairt, ar thailte oiriúnacha ar féidir leo pointí fócasacha a sholáthar chun seirbhísí a sholáthar do chomharsanachtaí/ ceantair máguaird chomh maith le deiseanna d'fhiontair thráchtála, d'fhorbairtí miondíola agus do chruthú fostaíochta.
- Beocht agus inmharthanacht lár na mbailte a chosaint agus a fheabhsú trína chinntiú go bhfanfaidh siad mar an príomhionad miondíola, tráchtála agus úsáide measctha agus cosc a chur ar iomadú d'aon úsáid aonair nó d'úsáidí eile, dar leis an Údarás Pleanála, nach gcuireann le

beogacht agus inmharthanacht lár na mbailte.

SGT 4 Bainistíocht Lár an Bhaile

Faoi réir acmhainní iomchuí, ullmhóidh an Chomhairle, i gcomhar le páirtithe leasmhara áitiúla, pleananna bainistíochta lár an bhaile do na Bailte Beagfháis éagsúla de réir mar is cuí.

Sna Pleananna Bainistíochta breithneoidh cuid nó gach ceann díobh seo a leanas

- (a) Oibreacha Feabhsúcháin ar an Ríocht Phoiblí;
- (b) Uasghrádú ar shoilsiú poiblí;
- (c) Nascacht idir lár an bhaile agus imeall níos leithne na mbailte;
- (d) Dearadh / feabhsúcháin ar aghaidheanna siopaí ar na príomhshráideanna;
- (e) Uasghrádú agus feabhsú ar throsacán sráide;
- (f) Tírdhreachtú bog agus plandáil bhog ar ardchaighdeán a sholáthar chomh maith le spásanna poiblí feidhmiúla;
- (g) Bainistíocht pháirceála;
- (h) Breithniú ar athúsáid cúlchríocha laistigh de láir na sráidbhailte le haghaidh spáis chathartha / úsáidí eile;

SGT 5 Áiseanna Pobail

Forbairt áiseanna pobail a chur chun cinn ar thailte oiriúnacha, le hardleibhéal rochtana ar an bpobal áitiúil, lena n-áirítear úsáidí oideachais, pobail, cathartha, poiblí, institiúideacha, áineasa, cultúrtha agus comhlántacha eile, de réir mar is cuí.

SGT 6 Gnó agus Fiontar

Forbairt úsáidí gnó agus fiontar, tionscal éadrom / trádstóráil agus éascú úsáidí cineál páirce fiontar / oifige chun aonaid nua-thionscanta/gorlainne agus fiontair bheaga mheánmhéide a áireamh, ar thailte oiriúnacha le seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha agus le hardleibhéal rochtana ar na mórghréasáin bhóithre agus ar shaoráidí iompair poiblí.

SGT 7 Tionsclaíoch

Forbairt inbhuanaithe d'úsáidí tionsclaíocha agus d'úsáidí a bhaineann leis an tionscal a chur chun cinn, lena n-áirítear déantúsaíocht, próiseáil ábhar, trádstóráil agus dáileadh ar thailte oiriúnacha, le seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha agus le hardleibhéal rochtana ar na mórghréasáin bóithre agus ar na háiseanna iompair poiblí.

Beidh gá le cóireáil imlíne leordhóthanach agus/nó sciathadh chun comhéadain ardchaighdeán a chinntiú le spásanna poiblí agus le haon áiteanna cónaithe tadhlacha nó úsáidí íogaire talún eile de réir mar is cuí.

SGT 8 Spás Oscailte, Áineas agus Conláiste

Bainistíocht, úsáid agus/nó forbairt inbhuanaithe de na tailte OS a chur chun cinn, de réir mar is cuí. Áireofar leis seo:

- a). Spásanna oscailte agus gníomhaíochtaí áineasa a fhorbairt, de réir dea-chleachtais agus ar thailte oiriúnacha a bhfuil rochtain leordhóthanach ar an bpobal áitiúil acu agus spás oscailte agus saoráidí áineasa atá cheana ann a choinneáil, mura féidir a thaispeáint go soiléir chun sástacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe nach bhfuil na húsáidí ag teastáil ón bpobal a thuilleadh;
- b). Bainistíocht agus úsáid chuí ar aon limistéir riosca tuile laistigh de chríos an OS chun riosca agus tionchar féideartha tuilte a sheachaint, a laghdú agus/nó a mhaolú;
- c). Bainistíocht agus úsáid chuí d'aon limistéar a bhfuil luach ard bithéagsúlachta aige.

SGT 9 Turasóireacht

- a) Is cuspóir beartais de chuid na Comhairle é forbairt acmhainneacht turasóireachta na mbailte a

spreagadh agus a éascú ar bhealach a urramaíonn, a thógann, a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha agus taitneamhachtaí áitiúla gach limistéar lonnaíochta;

b) Soláthar a dhéanamh nuair is indéanta agus tacú le bonneagar agus seirbhísí turasóireachta a sholáthar lena n-áirítear, bonneagar siúlóide, rothaíochta agus uiscebhunaithe agus saoráidí gearrthéarmacha cóiríochta d'aíonna i ngach baile in áiteanna iomchuí.

SGT 10 Talmhaíocht

Beidh toimhde ghinearálta ann i gcoinne forbartha cónaithe ar thailte críosaithe Talmhaíochta (A), atá suite laistigh de theorainn an phlean cé is moite d'fhorbairtí tí aonair do bhaill teaghlaigh ar thailte faoi úinéireacht teaghlaigh, a d'fhéadfaí a mheas faoi réir chomhlíonadh na gcuispóirí beartais atá i *gCaibidil 4 Maireachtáil agus Forbairt Tuaithe*, mar is cuí, le gnáthriachtanais phleanála, rochtana agus seirbhísithe agus prionsabail na planála cirte agus na forbartha inbhuanaithe. Ní cheadófar forbairtí ach amháin má tá cás fianaisebhunaithe curtha faoi bhráid chuig shásamh an Údaráis Phleanála agus nach ndéanfaidh an fhorbairt dochar d'úsáid na dtailte sa todhchaí do riachtanais fáis níos fadtéarmaí gach lonnaíochta. Beidh feidhm ag coinníoll soláthair ar feadh tréimhse 7 mbliana, tar éis an dáta a ndéantar an duine nó na daoine lena mbaineann an clásal feidhme is infheidhme ina leith an teach a áitiú den chéad uair.

SGT 11 Fóntais Phoiblí

- a) Soláthar agus cothabháil bonneagair fóntais phoiblí riachtanach a éascú, mar aon leis na saoráidí agus na húsáidí coimhdeacha riachtanacha, de réir mar is cuí.
- b) Déanfar tograí forbartha i gcomharsanacht an bhonneagair fóntais phoiblí a mheas ar bhonn cás ar chás de réir na planála cirte agus na forbartha inbhuanaithe.

SGT 12 Dearadh Ardchaighdeáin, atá Íogair ó thaobh Comhthéacs de

A chinntiú go bhfreagraíonn forbairtí nua do chomhthéacs an láithreáin agus go bhfuil siad ag teacht le carachtar, taitneamhacht, oidhreacht, timpeallacht agus tírdhreach an cheantair. Ceanglófar ar thograí d'fhorbairtí nua carachtar reatha an cheantair a chomhlánú i dtéarmaí scála, airde, mais, líne tógála, gráin uirbigh agus sainmhínthe agus trí mholtaí dearaidh ardchaighdeáin d'fhoirgnimh/struchtúir/aghaidheanna siopaí, úsáid ardchaighdeáin, ábhair iomchuí agus comharthaíocht, soilsiú, tograí tírdhrechtaithe agus sonraí eile den sórt sin a sholáthar.

SGT 13 Tithíocht Shóisialta agus Speisialtóra

A éileamh go gcuirfear 10% ar a laghad de na láithreáin chónaithe incháilithe nua ar leataobh chun aonaid tithíochta sóisialta agus speisialaithe nua a fhorbairt, mura dtugtar aghaidh orthu trí shocruithe malartacha oiriúnacha trí chomhaontú leis an Údarás Pleanála, de réir Straitéis Tithíochta Chontae na Gaillimhe agus Cuid V den Acht um Phleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus aon leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar fhoráil Chuid V chun beartas an Rialtais a léiriú.

SGT 14 Forbairt Chónaithe Eile

Beidh toimhde ghinearálta i bhfabhar tithe altranais / cúraim agus cóiríocht / áiseanna scoir agus ionaid chúraim phobail / lae a fhorbairt ar thailte críosaithe cónaithe, tailte críosaithe saoráide pobail nó in aice le lár an tsráidbhaile seanbhunaithe nó mar athúsáid oiriúnach le haghaidh déanamhas cosanta nó foirgneamh eile (m.sh. foirgnimh institiúideacha nó oideachais) a mbeadh acmhainneacht athfhorbartha teoranta acu i bhfianaise a méid agus a gcarachtar ailtireachta, faoi réir gnáthriachtanas phleanála, comhshaoil, rochtana agus seirbhísithe.

SGT 15 Bonneagar Iompair

Soláthar agus cothabháil bonneagair iompair riachtanaigh a éascú. Áireofar leis seo tailte a chur in áirithe chun bóithre poiblí, cosáin, bealaí rothaíochta, stadanna bus agus tírdhrechtú a éascú mar

aon le haon oibreacha gaolmhara riachtanacha, de réir mar is cuí.

SGT 16 Úsáid Talún Shrianta

Bainistíocht chuí agus úsáid inbhuanaithe maidir le riosca tuile a éascú laistigh de limistéir phlean críosaithe. Leis an gcriosú seo cuirtear teorainn ar fhorbairt nua, agus aithnítear go bhféadfadh forbairt ar scála beag a bheith ag teastáil ó na húsáidí forbartha atá ann cheana laistigh de na críosanna seo, mar a leagtar amach thíos, thar shaolré an Phlean Forbartha Contae, a chuirfeadh le forbairt uirbeach dhlúth agus inbhuanaithe an bhaile.

Meastar go bhfuil an criosú bunúsach nó na húsáidí ceadaithe atá ann cheana inghlactha i bprionsabal le haghaidh mionfhorbairtí ar fhoirgnimh atá ann cheana (mar shampla síntí beaga ar thithe, athruithe ar úsáid foirgneamh atá ann cheana), nach dócha go n-ardóidh siad saincheistanna suntasacha tuile, ar an gcoinníoll nach gcuireann siad bac ar chosáin sreafa tábhachtacha, ná líon suntasach breise daoine a thabhairt isteach i limistéir riosca tuile ná stóráil substaintí guaiseacha a bheith i gceist leo.

Ó tharla go mbaineann iarratais den sórt sin le foirgnimh atá ann cheana nó le ceantair fhorbartha, ní fhéadtar an cur chuige seicheamhach a úsáid chun iad a lonnú i gceantair ina bhfuil riosca níos ísle i gceist leo agus ní bheidh feidhm ag an Tástáil Fírinneithe.

Beidh Measúnú Riosca Tuilte mionsonraithe ag gabháil le tograí forbartha laistigh den chrios seo, a dhéanfar de réir an Chórais Phleanála agus na dTreoirínte um Measúnú Riosca Tuilte agus Ciorclán PL 2/2014 (nó arna nuashonrú), lena ndéanfar measúnú ar na rioscaí tuile a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe.

Ní bhreithneofar tograí ach amháin nuair a léirítear chun sástacht an Údaráis Phleanála nach mbeadh drochthionchar acu ná nach gcuirfidís bac ar rochtain ar chúrsa uisce, tuilemhá nó saoráidí cosanta agus bainistíochta tuile, nó nach méadóidís an baol tuilte in áiteanna eile. Ceanglófar freisin nádúr agus dearadh na mbeart bainistíochta riosca tuile struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha atá riachtanach le haghaidh forbartha i gceantair den sórt sin a thaispeáint, chun a chinntiú nach méadófar guais agus riosca tuile. Leanfaidh na bearta atá beartaithe dea-chleachtas i mbainistiú sláinte agus sábháilteachta d'úsáideoirí agus do chónaitheoirí na forbartha.

Comhlíonfar sonraíochtaí le haghaidh forbairtí i gceantair atá i mbaol tuile atá leagtha amach sa phlean seo de réir mar is cuí. (Féach freisin ar Chuspóir Beartais SGT 17).

SGT 17 Limistéir Riosca Tuilte agus Criosanna Úsáid Talún

A chinntiú go ndéantar aon forbairt bheartaithe a d'fhéadfadh a bheith comhoiriúnach le cuspóirí/maitrís an bheartais críosaithe úsáide talún ach ina gcuimsítear úsáid nach bhfuil oiriúnach don Chrios Tuilte (mar a léirítear ar Léarscáileanna Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte) agus/nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuile faoi réir measúnaithe riosca tuile, de réir an Chórais Phleanála agus na dTreoirínte um Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte d'Údaráis Phleanála 2009 agus Imlitir na Roinne PI 2/2014 (nó arna nuashonrú laistigh de shaolré an phlean seo) agus cuspóirí beartais an phlean seo.

SGT 18 Láithreán Deise

An fhorbairt nó an athfhorbairt iomchuí agus inbhuanaithe a spreagadh agus tacú léi nuair is iomchuí tailte a shainaithnítear mar láithreán deise forbartha laistigh de na léarscáileanna críosaithe úsáide talún do gach ceann de na SGTanna.

5.0 Bailte Beagfháis

5.1 An Clochán **Baile Beagfháis**

5.2 Comhthéacs Baile

Tá an Clochán suite i gceantar cósta thiar Chonamara i gContae na Gaillimhe, timpeall 80 ciliméadar siar ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe. Is é an Clochán an príomhlonnaíocht uirbeach a fhreastalaíonn ar cheantar Chonamara agus is cúlchríoch mhór tuaithe é in iarthar an chontae. Seachas Cathair na Gaillimhe, is é Cathair na Mart i gContae Mhaigh Eo an lonnaíocht uirbeach mhór is gaire, atá suite 80km soir ó thuaidh. Tá an sráidbhaile cósta an Chloiginn suite timpeall 10km ó thuaidh ó bhaile an Chlocháin, agus tá Baile Conaola 10km ó dheas, feadh an chósta.

Freastalaíonn an Bóthar Tánaisteach Náisiúnta, an N59 ar an gClochán, ar phríomhbhealach na Gaillimhe-an Chlocháin-Cathair na Mart é, a fhreastalaíonn ar Chonamara. Bhí tionchar ag topagrafaíocht agus gnéithe nádúrtha (Alpach) an cheantair ar phatrún agus ar fhoirm na forbartha ar an mbaile. Trasnaíonn Abhainn Ghlinne an Clochán a shníonn tríd an mbaile agus isteach san fharraige ag cuan Aird Bhéarra, cuaisín de Bhá an Chlocháin. Tá an Clochán ar cheann de shraith cuanta ar an Atlantach, ar foscadh ó thuaidh agus ó dheas. Ar thaobh na talún, tá an Clochán suite sa ghleann foscadh idir ceantair iomaire cnoic Fhaiche Chaorach agus Sheanadh Chiamhair ó thuaidh agus ceantair chnoic Aird Bhéarra agus Coill Uí Mhongáin ó dheas.

5.3 Pobail Inbhuanaithe

5.3.1 Tithíocht

San am atá thart, bhí ról lárnach ag Lár Bhaile an Chlocháin lena n-áirítear an Phríomhshráid, Cearnóg an Mhargaidh agus Sráid an Droichid a bhí mar phointe fócasach an Bhaile, i bhfeidhmeanna riaracháin, tráchtála, cultúrtha, áineasa, cónaithe agus pobail an Bhaile. Tá forbairt tagtha ar chroílár bhaile an Chlocháin ar bhealach inbhuanaithe ó thuaidh agus ó dheas den phríomhshráid. Ar na tailte níos rite timpeall an bhaile, bhíodh an fhorbairt teoranta do thithíocht le dlús níos ísle de ghnáth, agus tá na ceantair thithíochta níos dlúithe le fáil anois soir ó lár an bhaile agus laistigh de chlúdach an bhaile.

Cuimsíonn an stoc tithíochta seanbhunaithe i gcroílár an bhaile meascán de stoc traidisiúnta tithíochta le meascán maith d'fhorbairtí nua inlíonta. Tá roinnt eastát tithíochta seanbhunaithe sa Chlochán. Le deich mbliana anuas, tá roinnt forbairtí cónaithe tógtha ar an mbóthar isteach ar thaobh thoir an bhaile. Is iad na cinn is suntasaí díobh seo ná Gleann an Chlocháin, Cúirt Cregg, Eastát Spiers agus Eastát Thulaigh Bhoithín agus roinnt eastát níos lú suite ón mbóthar Íseal le timpeall 300 aonad

5.3.2 Oideachas

Maidir le hoideachas, is meánscoil chomhoideachais í Scoil Phobail an Chlocháin. Tógadh agus osclaíodh scoil nua go hoifigiúil in 2018. Is scoil chomhoideachais freisin í Bunscoil Scoil Mhuire sa Chlochán .

5.3.3 Áiseanna Pobail

Freastalaítear ar Bhaile an Chlocháin le roinnt saoráidí pobail lárnacha a léiríonn struchtúr an bhaile agus an chúlchríoch níos leithne a bhfreastalaíonn sé air. Tá Ceanncheathrú na seirbhíse Garda Chonamara suite sa Chlochán agus tá an príomhstáisiún dóiteáin suite ar an mbaile freisin.

Soláthraíonn Ospidéal Dúiche an Chlocháin raon seirbhísí do dhaoine scothaosta i bpobal an Chlocháin, lena n-áirítear seirbhísí géarmhíochaine d'othair, seirbhísí cúraim lae téarnaimh céim síos, seirbhísí athshlánaithe agus pobail. Tá an t-ionad sláinte áitiúil suite ar Bhóthar an Ospidéil, a chuireann raon seirbhísí ar fáil don daonra áitiúil. Soláthraíonn Teach Altranais Príobháideach Naomh Áine suite sa bhaile cúram lánaimseartha do dhaoine scothaosta sa bhaile agus sa cheantar máguaird.

Tá Club CLG Naomh Feichin an Chlocháin ag imirt sa Chlochán le breis agus céad bliain, agus d'oscail sé a ndoirse den chéad uair sa bhliain 1912. Tá an fhoireann rugbaí áitiúil *Conamara RFC-Connemara Blacks* suite ar bhóthar áitiúil a fhágann an bóthar idir an Clochán agus Baile Conaola. Tá dhá eaglais i lár an bhaile: Eaglais Naomh Seosamh (Caitliceach Rómhánach) agus Teampall Chríost (Eaglais na hÉireann), de scála agus fiúntas ailtireachta agus ealaíne den scoth.

Tá spás oscailte agus dea-áiseanna spóirt sa Chlochán ach de bharr topagrafaíochta rite na dtailte mórtimpeall an bhaile cuirtear teorainn ar na húsáidí spáis oscailte gníomhacha. Tá conair ghlas ag rith ar gach taobh den Abhainn Ghlinne.

I measc na siúl bhealaí atá ann cheana i gceantar an Chlocháin tá siúlóidí tuathúla ar leibhéal íseal feadh rianta féaraigh agus cosáin cois abhann agus siúlóidí bóthair níos faide mar Bhóthar na Spéire. Leo sin ligfear do naisc idir ceantair spáis oscailte agus bainfear leas as cáilíocht radhairc na gceantar tuaithe lasmuigh den Chlochán. Nascfaidh na naisc ghlasa seo leis na cosáin siúlóide atá ann. Cuirfidh sé seo le tréscailteacht an bhaile uile a fheabhsú, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos báúla do choisithe.

5.3.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Tá oidhreacht ailtireachta saibhir agus éagsúil ag an gClochán agus tá sé ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Pleanáladh é ar bhealach comhleanúnach ar feadh an 18ú agus an 19ú haois, tá sé fós ina bhaile a bhfuil carachtar láidir stairiúil aige, ag coinneáil go leor dá fhoirgnimh agus dá fheidhmeanna bunaidh. Leanann baile an Chlocháin leagan amach clasaiceach an naoú haois déag le plean ubhchruthach agus trí phríomhshráid - Sráid an Mhargaidh, an Phríomhshráid agus Sráid an Droichid le Cearnóg Mhargaidh. Tá roinnt foirgneamh agus láithreán ar an sráid-dreach tarraingteach seo i mbaile an Chlocháin atá ar Thaifead na Struchtúr Cosanta. I measc na samplaí tá Teach na Cúirte, Teampaill Chríost agus Eaglais Naomh Seosamh.

Ina theannta sin, tá tábhacht áitiúil ag baint le radharc Eaglais Naomh Seosamh agus Teampaill Chríost lena radhairc fad-achair aitheanta atá suite i gcoinne chúlra Shléibhte Chonamara agus is gá iad a chosaint. Is cuid thábhachtach d'oidhreacht thógtha agus taitneamhacht amhairc í an bhailidhreach agus sráid-dreach den Chlochán.

Mar thosaíocht maidir le lár an bhaile a fheabhsú, tá cosaint agus feabhsú an Tírdhreacha, na sráid-dreacha agus na bpatrún sráide stairiúil agus machnamh á dhéanamh ar fhorbairt sa todhchaí.

Maidir le hoidhreacht nádúrtha, is í an phríomhghné sa Chlochán ná Abhainn Ghlinne arb í an t-aon Suíomh Eorpach a théann trasna limistéar an Phlean. Tá Abhainn Ghlinne ina chuid de SAC Coimpléasc Bheanna Beola/An Garrán. Tá teorainn an phlean cóngarach do SAC & SPA Coimpléasc Phortach Chonamara.

5.3.5 Fostaíocht agus Forbairt Eacnamaíoch

Ainmníodh an Clochán mar *Bhaile Bheagfháis (SGT)* in Ordathas lonnaíochta an Chontae. Tá seasamh na SGTanna seo tábhachtach don Chontae mar lárionaid seirbhíse lárnacha agus mar spreagthóirí fáis ina gceantar máguaird agus sna ceantair máguaird.

Is é straitéis an phlean seo ná leas a bhaint as na sócmhainní eacnamaíocha atá ann d'fhonn fostaíocht a spreagadh sa cheantar. Na príomhshócmhainní atá le tairiscint ag an mbaile leis an N59 ar phríomhbhealach na Gaillimhe-an Chlocháin-Cathair na Mart é, a fhreastalaíonn ar Chonamara. Is é an Clochán an príomhlonnaíocht uirbeach a fhreastalaíonn ar cheantar Chonamara agus is cúlchríoch mhór tuaithe é in iarthar an chontae a thairgeann réimse leathan scileanna. Tá tionscal turasóireachta seanbhunaithe sa Chlochán, sa Chloigeann agus i mBaile Conaola agus na buntáistí féideartha a bhaineann le turasóireacht. Tá earnáil láidir talmhaíochta sa cheantar freisin.

I bhfianaise shuíomh an bhaile, meastar gur dócha go nginfidh fiontair áitiúla/soláthraithe seirbhíse beaga agus meánmhéide an chuid is mó de chruthú fostaíochta nua. Tá deiseanna ann go háirithe tionscail dhian 'bunaithe ar tháirgí' a fhorbairt i bhfianaise cóngarach an baile leis an bpríomhbhealach náisiúnta.

5.3.6 Lár an Bhaile

Freastalaíonn Baile an Chlocháin ar dhaonra uirbeach áitiúil agus ar dhobharcheantar fairsing tuaithe. Is é an cuspóir beartais do mhiondíol i Lár Bhaile an Chlocháin ná tacú le beogacht agus inmharthanacht an bhaile agus a chinntiú go soláthraíonn sé raon iomchuí feidhmeanna miondíola agus neamh-mhiondíola chun freastal ar riachtanais an phobail agus na ndobharcheantar faoi seach.

San am atá thart, bhí ról lárnach ag Lár an Bhaile lena n-áirítear an Phríomhshráid, Cearnóg an Mhargaidh, Sráid an Droichid agus Sráid Hulk a bhí mar phointe fócasach an Bhaile, i bhfeidhmeanna riaracháin, tráchtála, cultúrtha, áineasa an Bhaile. Tá carachtar sainiúil ag an gceantar agus tá roinnt foirgneamh ann a bhfuil fiúntas ailtireachta ag baint leo. Tá éadanas sráide agus croílár ar leith i Lár an Bhaile do ghníomhaíocht uirbeach áit ina bhféadtar feidhmeanna cónaithe, tráchtála agus pobail tarlú taobh le taobh. Tá meascán de shiopadóireacht áise agus comparáide ag an gClochán agus roinntear an pointe fócasach miondíola le déanaí idir an Phríomhshráid/Cearnóg agus an limistéar nuafhorbartha soir ó lár an bhaile a thugann aghaidh ar Bhóthar na Gaillimhe le hoscailt Aldi Lidi agus Spar. Tá aghaidh Supervalu ar an gCearnóg agus tá sé mar chuid d'fhorbairt úsáide measctha níos mó.

Trí mhiondíol ar scála cuí san áit cheart, chomh maith le hathfhorbairt suíomhanna athfhorbraíochta agus tearcúsáidte i lár an bhaile, cinnteofar athléimneacht agus cuideoidh sé le leibhéal folúntas miondíola a laghdú. Tá sé tábhachtach athchóiriú agus athúsáid an eilimint chónaithe stairiúil agus mhiondíola de charachtar an Chlocháin a spreagadh feadh na Príomhshráide, Shráid an Mhargaidh agus Shráid an Droichid, go háirithe na foirgnimh/réadmhaoinne atá folamh. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé de chumas ag na sráideanna seo freastal ar fhorbairtí úsáide measctha comhdhéanta d'úsáidí miondíola, tráchtála agus cónaithe ar scála iomchuí le cónascadh roinnt réadmhaoinne. Ag an seanláithreán Supervalu ar an bPríomhshráid tá deis athfhorbartha ann.

Ina theannta sin, soláthraíonn léarscáil lár an bhaile teorannú suíomhanna deise (sainaitheann na láithreáin deise seo i Láithreáin Deiseanna CSGT 11) i Lár an Bhaile a chuirfeadh a bhforbairt go mór leis an sráid-dreach agus a chuideodh leis an mbaile a chur chun cinn agus an tairiscint mhiondíola fhoriomlán agus eispéireas an bhaile a fheabhsú.

5.3.7 Turasóireacht

Is baile pleanáilte é an Clochán, “An Clochán” sa Ghaeilge, a bhunaigh John D’Arcy as Cill Tulach, Baile Átha an Rí sa 19ú haois. Tá a chaisleán suite siar ó lár an bhaile ar Bhóthar na Spéire. Tá stair shaibhir ag an gClochán a mhúnlaigh an baile ar bhonn fisiciúil agus cultúrtha. Go háirithe, a chomhlachais le Marconi agus Alcock & Brown le linn an 19ú hAois; iarnród na Gaillimhe-an Chlocháin; agus a fheidhm mar Chalafort Muirí. Taispeántar a thábhacht stairiúil mar lonnaitheacht i séadchomharthaí ar nós Reilig an Ghorta Mhóir, Caisleán an Chlocháin agus Príosún an Chlocháin, agus Teach Cúirte an Chlocháin. Is baile margaidh rathúil áitiúil agus ionad turasóireachta é an Clochán sa lá atá inniu ann. Reáchtálann sé Féile Ealaíon bliantúil an-rathúil sa bhreis ar go leor imeachtaí beoga eile i rith na bliana.

Tugtar “príomhchathair Chonamara” ar an gClochán, ag seachadadh suímh ardphróifíle, agus “ainm branda” aige a bhfuil cáil idirnáisiúnta air. Tá stair barr feabhais inaitheanta i gceist leis an téarma “Conamara” ó laethanta tosaigh na turasóireachta nua-aimseartha sa naoú haois déag. Tá an Clochán ainmnithe mar Cheann Scríbe ag Fáilte Ireland agus tá sé comhchiallach le turasóireacht agus fáilteachas na hÉireann. Is baile tarraingteach é a bhaineann leas as oidhreacht shaibhir agus rogha leathan áiseanna nádúrtha agus lasmuigh. Tá fás tagtha ar ról an bhaile mar sholáthraí seirbhíse, chomh maith le ceann scríbe deiridh. Is díol spéise iad a nithe áitiúla nádúrtha cosúil leis an gcósta, tuath, cnoc, loch agus abhainn. D’fhás sé ó sholáthraí cóiríochta bige go baile ina bhfuil rogha mhór de chineál cóiríochta agus soláthar bialainne. Tá rogha siopaí ann freisin le go leor speisialtóirí turasóireachta/ceardaíochta/só.

I measc a soláthar de ghníomhaíochtaí allamuigh tá gníomhaíochtaí farraige agus talamh-bhunaithe, lena n-áirítear, siúlóid, rothaíocht, snámh, seoltóireacht/bádóireacht, slatiascaireacht, curachóireacht, tumadóireacht agus galf. Soláthraíonn an turasóireacht an fhostaíocht is mó de chineál séasúrach agus buan sa Chlochán.

Is ceann scríbe turasóireachta é an Clochán do dhaoine atá ag taiscéaladh Conamara. I measc na náiteanna ar díol spéise iad sa Chlochán agus thar timpeall tá na Beanna Beola, Páirc Náisiúnta Chonamara le haghaidh gníomhaíochtaí allamuigh, Inis Bó Finne agus Teach Solais Ceann Léime suite ag an bpointe is faide siar de Chontae na Gaillimhe.

I measc na nithe is díol spéise sa cheantar máguaird tá Seó Capaillín Chonamara, Seachtain na nEalaíon Pobail a thairgeann léamh filíochta, léachtaí, aithrisí agus ceol traidisiúnta. Is díol spéise eile é Rásaí Iomaí, áit a mbíonn rásaíocht capall ar an trá. I measc na siúlóidí tarraingteacha sa cheantar tá Bóthar na Spéire agus Bóthar na Trá trí limistéar an chuain. Is tiomáint tharraingteach de 11 km é Bóthar an Spéir feadh Chuan an Chlocháin agus Cuan Bhaile an tSrutháin atá níos mó ná 150 m os cionn leibhéal na farraige ag Ceann Léime, le radhairc ar an Atlantach, Caisleán an Chlocháin, stáisiún garda cósta, oileáin Inis Toirc agus Tairbeart agus an baile a bhfuil tóir ag siúlóirí air ar feadh na bliana.

Cuideoidh forbairt leanúnach Ghlasbhealach Chonamara a théann ón gClochán go Cathair na Gaillimhe leis an tarraingt turasóireachta chuig an gceantar. Faoi láthair tá 4 mhol rothaíochta lúbtha ag an gClochán. Tá an líonra siúlóide sa Chlochán comhdhéanta de na cosáin thadhla. Tá an breac donn agus an breac geal chomh maith le bradáin in Abhainn Ghlinne a shníonn isteach san fharraige trí bhaile an Chlocháin, a mheallann slatiascairí agus turasóirí.

5.4 Seirbhísí agus Bonneagar

5.4.1 Soláthar Uisce

Faigheann an Clochán a soláthar uisce ó Scéim Soláthair Uisce Réigiúnaigh an Chlocháin a fhreastalaíonn ar an mbaile, a phurláin agus a shíneann ó dheas i dtreo Bhaile Conaola agus ó thuaidh i dtreo an Chladaigh Dhuibh.

5.4.2 Diúscairt Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an mbaile agus rinneadh oibreacha uasghrádaithe air agus tá acmhainn laistigh den líonra chun freastal ar an bhforbairt atá beartaithe.

5.4.3 Bonneagar Iompair agus Gluaiseacht

Tugann an N59 méid mór tráchta trí imeall an bhaile, go háirithe le linn buaic an tséasúir turasóireachta. Is dócha gurb é plódú tráchta ó úsáideoirí an N59, mar aon le trácht tríd go bealaí eile, agus trácht a cruthaíodh sa bhaile, an tsaincheist iompair is mó don Chlochán faoi láthair.

Tá iompar poiblí sa Chlochán teoranta do sheirbhísí bus, comhdhéanta go príomha de sheirbhísí réigiúnacha a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir leis an gClochán a nascadh le Cathair na Gaillimhe agus an Clochán le Cathair na Mart agus níos faide i gcéin. Soláthraíonn Citylink seirbhís laethúil ón mbaile go Gaillimh. Cé nach bhfreastalaíonn seirbhís iarnróid oibríochtúil ar an gClochán a thuilleadh, tá an bonneagar iarnróid atá ann cheana sa bhaile mar chuid de Líne stairiúil Chonamara, a dúnadh i 1935.

Faoi láthair tá 4 mhol rothaíochta lúbtha ag an gClochán. Tá an líonra siúlóide sa Chlochán comhdhéanta de na cosáin atá tadhlach le bóithre poiblí. Faoi láthair níl aon líonra siúlóide / rothaíochta tiomnaithe i lár an bhaile, áfach, i bhfianaise fhoirm uirbeach réasúnta dlúth an Chlocháin tá acmhainneacht shuntasach ann aistriú módúil ón gcarr príobháideach go siúlóid agus rothaíocht.

5.5 Tuilte

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá faoi dhliteanas riosca tuile, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirínte um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte d'Údaráis Phleanála (DEHLG, 2009) agus Ciorclán PL2/2014 agus aon leasú orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnuithe Riosca Tuilte a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta don Chlochán agus tá sé de réir na dtreoirínte agus na ciorclach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí Beartais Críosaithe Úsáid Talún don Chlochán (Baile Beagfháis an Chlocháin - CSGT)

CSGT 1 Lár an Bhaile Inbhuanaithe

Forbairt an Chlocháin a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhreach, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontar, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a chuireann raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí ar fáil don phobal áitiúil agus do chuairteoirí. Leanfaidh lár an bhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar de bheith ina phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

CSGT 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísíthe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhreach air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha ar nós áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaonra cónaithe phlean lonnaithe an Chlocháin. Taitneamhachtaí cónaithe atá ann a chosaint agus forbairt nua inlíonta atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir pleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe den phlean lonnaithe. Cónaí os cionn an tsiopa a spreagadh go sonrach a

fhéadtar cur le beogacht an chroí agus gníomhaíocht a leathnú níos faide ná uaireanta gnó.

CSGT 3 Áiseanna agus Seirbhísí Pobail

Leathnú agus forbairt na saoráidí agus na seirbhísí pobail atá ann cheana a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

CSGT 4 Gnó agus Fiontar

Leathnú úsáidí gnóthaí agus fiontar i limistéar phlean an Chlocháin a éascú nuair is cuí agus chun soláthar deiseanna fostaíochta áitiúla breise a éascú de réir phleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

CSGT 5 Forbairt Turasóireachta

(a) Forbairt bhreise an Chlocháin a chur chun cinn agus a éascú mar phríomh-cheann scríbe turasóireachta chun leasa an bhaile agus na gceantar máguaird.

(b) Tacú agus comhoibriú i gcomhar le comhlachtaí ábhartha agus úinéirí talún, bealaí taitneamhachta turasóireachta a sholáthar timpeall an bhaile.

(c) Forbairt acmhainneacht turasóireachta inbhuanaithe laistigh den Chlochán a spreagadh agus cuidiú leis ar bhealach a urramaíonn, a thógann, a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn tábhacht chultúrtha, thógtha, ailtireachta, seandálaíochta agus oidhreachta an bhaile lena n-áirítear oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht, agus a thaitneamhachtaí áitiúla.

CSGT 6 Talmhaíocht

Tacú le forbairt na dtailte seo chun críocha talmhaíochta agus forbairt chónaithe a theorannú ar na tailte ábhair de réir chuspóir beartais SGT 10.

CSGT 7 Bonneagar Poiblí

(Tacú agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt bonneagair agus d'oibreacha feabhsúcháin a théann chun leasa an Chlocháin mar SGT agus réigiún níos leithne Chonamara

CSGT 8 Líonra Coisithe agus Rothaíochta

Forbairt agus tacú le forbairt sraith bealaí coisithe agus rothaíochta a nascann na ceantair chónaithe le lár an bhaile agus seirbhísí pobail áitiúla nuair is féidir.

CSGT 9 Líonra Taitneamhachta

Tacú le seachadadh Thionscadal Glasbhealach Chonamara chomh maith le líonra inrochtana de naisc agus taitneamhachtaí féarbhealaigh a bhunú a sholáthraíonn bealaí cúrsaíochta sábháilte agus tarraingteacha do choisithe agus do rothaithe chun taitneamh agus úsáid áineasa an phobail iomláin agus cuairteoirí ar an mbaile.

CSGT 10 Tailte a Thaispeáint

Cosaint agus bainistíocht fhadtéarmach na saoráide tábhachtaí seo a chinntiú, chun tacú le cothabháil agus/nó feabhsú na dtailte agus iad a spreagadh.

CSGT 11 Láithreáin Deise

Athfhorbairt chúí de na láithreáin deise a shainaithnítear thíos a chur chun cinn agus a spreagadh, a chuirfidh le beogacht agus carachtar an Chlocháin.

OPT - Siopa Gráin CL1, Bóthar na Trá, An Clochán.

Cur síos Achomair: Iar-stóras de cheithre stór ceangailte le chúig bhá, a tógadh in 1829, atá tréigthe anois, le ballaí aolchloiche spallaí nochta, rindreáilte ar bhinn thiar theas, agus cúinní cóirithe go garbh air. Suite ar thaobh an ché.

Achar: Tá achar an láithreáin thart ar 0.043 heicteár

Criosú: Tá an láithreán criosaithe do Thurasóireacht.

Úsáid Talún Reatha: Tréigthe - úsáideadh roimhe seo mar stóras.

Deis: Foráil a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt turasóireachta, chónaithe, thráchtála nó úsáide measctha.



OPT - CL2 Séipéal Folamh, An Clochán.

Cur síos Achomair: Iar-shéipéal agus mansa Meitidisteach comhcheangailte, a tógadh c.1860. Séipéal de dhá stór agus trí bhá ar an taobh thiar os cionn an íoslaigh agus áit chónaithe agus seomra scoile de dhá stór agus dhá bhá.

Achar: Tá achar an láithreáin thart ar 0.13 heicteár

Criosú: Tá an láithreán criosaithe i Lár an Bhaile.

Úsáid Talún Reatha: Folamh - úsáideadh roimhe seo mar áit chónaithe agus mar shéipéal.

Deis: Foráil a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt turasóireachta, chónaithe, tráchtála nó úsáide measctha.



OPT - CL3 Áitreabh miondíola folamh, Sráid an Mhargaidh, an Clochán.

Cur síos Achomair: Foirgneamh dhá stór ar an bpríomh-phromanáid siopadóireachta, aghaidh lag, neamhréireach ar an tsráid, folamh faoi láthair.


Achar: Tá achar an láithreáin thart ar 0.06 heicteár

Criosú: Tá an láithreán críosaithe mar Lár an Bhaile.

Úsáid Talún Reatha: Folamh - úsáid roimhe seo mar asraon miondíola.

Deis: Foráil a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt chónaithe/mhiondíola, tráchtála nó úsáide measctha. Áireofar sa togra forbartha foriomlán don láithreán bonn cirt mionsonraithe dearaidh agus an acmhainneacht atá ann feabhsúcháin ar aghaidheanna a dhéanamh. Tá aghaidh an fhoirgnimh reatha neamhréireach sa tsráid agus léiríonn sé tionchar diúltach amhairc laistigh den ACA.





- Teorainn Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- R - Cónaithe Inlíonadh
- C1 - Lár an Bhaile
- BE - Gnó & Fiontar
- T - Turasóireacht
- CF - Áiseanna Pobail
- PU - Fónais Phoiblí
- OS - Spás Oscailte/ Áineas & Taitneamhacht
- A - Talmhaíocht
- TI - Bonneagar Iompair
- Láithreán Deise
- Úsáid Talún Shrianta
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Uisce/Aibhneacha/Srutháin


Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Baile Beagháis
An Clochán
Léarscáil um Chriosú Úsáid Talún



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021/OSI_NMA_090 ©
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021



- Teorainn Lonnaíochta
- Crios Tuilte Táscach A
- Crios Tuilte Táscach B
- Crios Tuilte Táscach C
- PFRA Báistiúil Táscach
- PFRA Báistiúil Rabharta
- Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Baile Beagfháis
An Clochán
Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte

0 180 360 540 720
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021/OSi_NMA_090 ©
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021

6.1 Áth Cinn Baile Beagfháis

6.2 Comhthéacs Baile

Tá Áth Cinn suite timpeall 26km ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe agus 20km siar ó Thuaim lena gcinntítear go bhfuil rochtain éasca ar an raon níos leithne soláthair seirbhíse sa dá cheantar seo. Trasnaíonn an baile teorainn an chontae le Contae Mhaigh Eo agus tá sé suite go straitéiseach feadh an Bhóthair Thánaistigh Náisiúnta, an N84 a sholáthraíonn naisc mhaithe iompair idir Gaillimh agus Maigh Eo agus é ag gníomhú mar phríomh-thairseach feithiclí chuig an mbaile freisin.

Bhí tionchar ag tírdhreach, topagrafaíocht agus gnéithe nádúrtha an cheantair ar phatrún agus ar fhoirm forbartha an Bhaile thar na blianta. Soláthraíonn carachtar tuaithe an tírdhreacha máguaird, an oidhreacht shaibhir agus a ghaireacht do Loch na Coiribe, go leor deiseanna taitneamhachta don Bhaile. Tá an baile suite ó dheas ón Abhainn Dubh atá mar theorainn an chontae le Maigh Eo. Is ionad slatiascaireachta é do chladach thoir Loch na Coiribe, agus is é na Goirt Ghlasa, timpeall 6.5 km siar ón mbaile, a chuan bádóireachta.

6.3 Pobail Inbhuanaithe

6.3.1 Tithíocht

Mar shainairíonna de lár Áth Cinn ná a fhorbairt chomhtháite mar Bhaile margaidh tráchtála den 19ú haois, atá leagtha amach mar lonnaíocht phleanáilte i ndáil le teach mór an tiarna talún, Caisleán Áth Cinn agus a dhiméin.

Tá croílár bhaile Áth Cinn ard-dlúis ó thaobh leagan amach de agus d'fhorbair sé ar bhealach inbhuanaithe ag gobadh amach ó dheas agus soir ón bpríomhshráid. Tá forbairt ag roinnt eastát tithíochta ó dheas, soir ó dheas agus soir ó thuaidh de chroílár an bhaile le roinnt tithíochta inlíonta i lár an bhaile agus laistigh den teorainn forbartha. Cuimsítear sa stoc foirgneamh tithíochta seanbhunaithe i gcroílár an bhaile meascán de stoc traidisiúnta tithíochta le meascán d'fhorbairtí nua inlíonta. Tá roinnt eastáit tithíochta seanbhunaithe laistigh den teorainn forbartha lena n-áirítear Cnoc na Cluana, Radharc an Chaisleáin, Naomh Seoirse, na bungalónna ar feadh na Sráide Nua agus na forbairtí tithíochta inlíonta amach ón tSráid Nua, forbairt na Cearnóige agus Ascaill Ashthorn.

Tá soláthar talún cónaithe in Áth Cinn suite ó thuaidh agus soir ó lár an bhaile le ceapacha níos lú ó dheas. Tá soláthar suntasach ann freisin de láithreáin inlíonta atá criosaithe le haghaidh láithreán úsáide/deise cónaithe i lár an bhaile.

6.3.2 Oideachas

Ó thaobh an oideachais de, tá dhá bhunscoil in Áth Cinn, is scoil do bhuachaillí Sinsearachacha í Scoil Breandáin Naofa (Scoil na mBuachaillí) ina bhfuil ceithre rang de bhuachaillí ón tríú rang go dtí an séú rang. Tá Scoil Mhuire na Dea chomhairle (Scoil na gCailíní) tadhlach le scoil na mbuachaillí. Freastalaíonn scoil na gCailíní ar bhuachaillí suas go rang a dó. Tá ceann de na meánscoileanna is mó sa chontae in Áth Cinn, le daltaí ag taisteal ó dhobharcheantar leathan le haghaidh oideachais mheánscoile i Meánscoil chomhoideachais na Toirbhearta.

6.3.3 Áiseanna Pobail

Tá roinnt áiseanna pobail agus áineasa dea-fhorbartha ag Áth Cinn ar fud an bhaile lena n-áirítear na scoileanna, leabharlann, comhar creidmheasa, clós súgartha do leanaí, séipéil agus reiligi,

áiseanna míochaine, stáisiún Garda, banc, oifig an phoist agus roinnt páirceanna spóirt. Tá na háiseanna seo suite den chuid is mó siar ón mbaile.

I measc na gclubanna/grúpaí sóisialta a fhreastalaíonn ar dhaoine óga agus aosta tá an club beiriste, Cumann Ceoil Áth Cinn, Cumann Forbartha Áth Cinn, Moyne Villa FC, CLG Áth Cinn, Club Peile Rugbaí Coiribe, Sean Chairde Átha Chinn, Solstice Arts Group, Bailte Slachtmhara Áth Cinn, Bothán na bhFear Áth Cinn/ Solas agus Grúpa Comhshaoil Áth Cinn.

6.3.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Ritheann lár Áth Cinn ó Chearnóg Naomh Seoirse ar thaobh thoir an Bhaile go dtí Eaglais Chaitliceach Rómhánach Naomh Muire san iarthar agus bhí an ceantar seo mar phointe fócasach don Bhaile, ag imirt ról lárnaigh i réimse feidhmeanna riaracháin, tráchtála, cultúir, caithimh aimsire, cónaithe agus pobail an Bhaile. Tá an baile leagtha amach mar lonnaíocht phleanáilte i ndáil le teach mór an tiarna talún, Caisleán Áth Cinn agus a diméin. Den chuid is mó, tá na foirgnimh theaghlaigh agus tráchtála féin de stíl dhúchasach shimplí, agus tá ailtireacht neoclasaiceach na bhfoirgneamh poiblí contrártha leo.

Cuirfidh ainmniú lár an bhaile stairiúil mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta agus an bhainistíocht ghaolmhar ar fhoirgnimh aonair agus ar an bhfearann poiblí sa cheantar sin go mór le cáilíocht na timpeallachta áitiúla laistigh d'Áth Cinn. Tá príomhthábhacht an ACA ainmnithe mar gheall ar a fhorbairt mar lonnaíocht ón 19ú haois den chuid is mó. Tá roinnt struchtúr cosanta suite laistigh de limistéar Phlean Áth Cinn, i measc na samplaí tá Eaglais Naomh Muire agus Eaglais Eoin Baiste. Leanann foirgnimh shuntasacha, ar nós na hiar-Eaglaise Caitlicí i gcroílár an Bhaile, ag cur leis an sráid-dreach uirbeach.

Is sampla de thírdhreach deartha í Diméin Áth Cinn laistigh de limistéar an phlean. Bhí sé mar chuid den eastát a bhí ag teaghlach Naomh Seoirse go dtí gur díscailleadh é i 1892 ag Coimisiún na Talún. Bhí mainéar ann, foirgnimh lasmuigh, gairdíní ornáideacha, páirc agus coillearnach, agus cailleadh cuid mhaith de. Is iad na gnéithe is suntasaí le maireachtáil ná na ballaí arda cloiche a bhí timpeall ar an iliomad gairdíní agus an diméin féin. Is gné shuntasach iad seo sa tírdhreach agus cuireann siad le carachtar Áth Cinn.

Tá oidhreacht seandálaíochta saibhir ag Áth Cinn freisin, le roinnt séadchomharthaí taifeadta, ag soláthar fianaise ar lonnaíocht luath sa cheantar.

Feidhmíonn na sruthanna agus na haibhneacha éagsúla ar nós Abhainn Áth Cinn agus Sruth Annacurta i limistéar an phlean mar chonairí éiceolaíochta sula ndraenálann siad isteach i suíomh ainmnithe - SAC Loch Coirib, pNHA & SPA. Tá luach ard bithéagsúlachta áitiúil ag crainn agus fáлта sceach agus cuireann siad le nascacht éiceolaíoch.

6.3.5 Fostaíocht agus Forbairt Eacnamaíoch

Ainmníodh Áth Cinn mar Bhaile Bheagfháis (SGT) in Ordalthas lonnaíochta an Chontae. Soláthraíonn Áth Cinn méid teoranta fostaíochta agus seirbhísí áitiúla do mhuintir an Bhaile agus dóibh siúd atá laistigh dá chúlchríoch agus féachfaidh an plan le tacú le forbairt, beogacht agus fuinneamh an bhaile. Mar gheall ar a ghaireacht do Chathair na Gaillimhe, feidhmíonn Áth Cinn mar bhaile comaitéireachta tábhachtach ach tá an cumas aige freisin a bheith níos féinchothaithí trí dheiseanna fostaíochta a chruthú, agus freastal ar ghnóthaí beaga agus gnóthaí nuathionscanta fós.

Tá bonn beag fostaíochta áitiúil ann trína sholáthar miondíola, seirbhísí agus earnálacha measartha tionsclaíochta/fiontraíochta. Tá bonn teoranta tionsclaíoch agus fiontraíochta ag Áth Cinn.

Treorófar go cuí forbairt eacnamaíoch agus cruthú fostaíochta chun cosaint áiseanna cónaithe, oidhreacht thógtha agus nádúrtha, tírdhreach agus sráid-dreach, carachtar an bhaile agus beogacht agus inmharthanacht lár an bhaile a chinntiú.

6.3.6 Lár an Bhaile/Miondíol

Is é ceantar lár an bhaile an príomhfhócas i gcónaí maidir le forbairt nua miondíola a shuíomh, le deiseanna chun an earnáil seo a fhorbairt ar bhealach comhdhlúite agus seicheamhach. Caithfear forbairt aon seirbhísí miondíola agus neamh-mhiondíola sa bhaile amach anseo a phleanáil, a dhearadh agus a bhainistiú go cúramach d'fhonn carachtar uathúil an bhaile a chosaint agus a fheabhsú agus beogacht eacnamaíoch lár an bhaile a chur chun cinn agus bonn láidir a sholáthar do dheiseanna fostaíochta.

Tá meascán de shiopadóireacht áise agus comparáide ag Áth Cinn le líon maith bialanna agus beáir le go leor seirbhísí gnó agus airgeadais scaipthe ar fud an chroí miondíola aitheanta. Freastalaíonn dhá ollmhargadh go maith ar na cónaitheoirí in oirthear agus in iarthar an bhaile. Tá barrachas suntasach de spás miondíola folamh sa chroí miondíola laistigh den chroí miondíola aitheanta.

Sainaithníodh roinnt láithreán deise laistigh de Lár an Bhaile agus tá siad leagtha amach i gcuispóir beartais HSGT 12. Tá cáilíocht agus carachtar ar leith ag gach ceann de na trí shuíomh agus tá ról lárnach acu i bhfeidhmiú inbhuanaithe an bhaile iomláin agus lár an bhaile.

6.3.7 Turasóireacht

Is earnáil thábhachtach í an turasóireacht sa cheantar áitiúil, mar thiománaí an gheilleagair áitiúil chomh maith le meicníocht chun an oidhreacht áitiúil a chaomhnú agus a fheabhsú. Tá líon suntasach nithe is díol spéise do thurasóirí ag Áth Cinn agus an ceantar máguaird a dhíríonn ar chaitheamh aimsire uisce-bhunaithe, ar a oidhreacht nádúrtha, ar a oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta, agus tá Mainistir an Rois in aice láimhe mar chuid de chonair tiomána na Láithreán Oidhreachta Eaglasta in Oirthear na Gaillimhe.

Bhuaigh Tionscadal Lása Áth Cinn Gradam Oidhreachta na mBailte Slachtmhara 2017 toisc go raibh an cur chuige nuálach cruthaitheach a ghlac an tionscadal an-tógtha leis na breithiúna ón gComhairle Oidhreachta a thosaigh tar éis rannpháirtíocht Áth Cinn i dtionscadal píolótach 'Bailte Beaga Smointe Móra' na Gaillimhe 2020.

Tá gnéithe turasóireachta Áth Cinn neamhfhorbartha den chuid is mó, rud a thugann deis shuntasach freisin bonn turasóireachta an cheantair a leathnú agus a chur chun cinn, go háirithe i bhfianaise chóngracht Áth Cinn do Loch Coirib agus láithreáin oidhreachta ar nós Mainistir an Rois in aice láimhe.

6.4 Seirbhísí agus Bonneagar

6.4.1 Seirbhísí Uisce

Faigheann Áth Cinn a sholáthar uisce ó Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Thuama a bhaintear as Loch na Coiribe ag Luimneach. Maidir leis seo, ní fachtóir teorannaithe d'fhorbairt é soláthar uisce phoiblí.

6.4.2 Diúscairt Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an mbaile agus tá acmhainn laistigh den líonra chun freastal ar an bhforbairt atá beartaithe.

6.4.3 Bonneagar Iompair agus Gluaiseacht

Tá Áth Cinn suite go straitéiseach feadh an Bhóthair Thánaistigh Náisiúnta, an N84 a sholáthraíonn naisc mhaithe iompair idir Gaillimh agus Maigh Eo agus é ag gníomhú mar phríomh-thairseach feithiclí chuig an mBaile freisin. Is naisc thábhachtacha iad na bóithre réigiúnacha leis an mbaile agus uaidh. Téann an R334 isteach sa Bhaile ón iarthuaisceart agus soláthraíonn sé naisc mhaithe leis an gCrois agus Iarthar na Gaillimhe agus is é an R333 an bóthar isteach thiar agus nascann sé leis an mBóthar Náisiúnta an N83 Mótarbhealach an M17 siar ó Bhaile Thuama.

Tá iompar poiblí in Áth Cinn teoranta do sheirbhísí bus, comhdhéanta go príomha de sheirbhísí áitiúla a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le hÁth Cinn a nascadh le Gaillimh agus Áth Cinn le Baile an Róba agus Béal an Átha.

6.5 Tuilte

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá faoi dhliteanas riosca tuile, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte d'Údaráis Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Ciorclán PL2/2014 agus aon leasú orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnuithe Riosca Tuilte a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta d'Áth Cinn agus tá sé de réir na dtreoirlínte agus na ciorclach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí Beartais Críosaithe Úsáid Talún d'Áth Cinn (Baile Beagfháis Áth Cinn - HSGT)

HSGT 1 Lár an Bhaile Inbhuanaithe

Forbairt Áth Cinn a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhreach, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontar, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a sholáthraíonn raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí don phobal áitiúil agus do chuiditheoirí. Beidh lár an Bhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar mar phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

HSGT 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhreach air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha mar áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaoine cónaithe phlean lonnaithe Áth Cinn. Taitneamhachtaí cónaithe atá ann a chosaint agus forbairt inlíonta nua atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir phleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe limistéar an phlean. Maireachtáil os cionn an tsiopa a spreagadh go sonrach a fhéadtar cur le beogacht an chroí agus gníomhaíocht a leathnú níos faide ná uaireanta gnó.

HSGT 3 Áiseanna agus Seirbhísí Pobail

Forbairt áiseanna pobail a chur chun cinn ar thailte/láithreáin oiriúnacha, in Áth Cinn le leibhéal ard rochtana ar an bpobal áitiúil, lena n-áirítear úsáidí oideachais, pobail, cathartha, poiblí, institiúideacha, áineasa, cultúrtha agus comhlántacha eile, de réir mar is cuí.

HSGT 4 Gnó agus Fiontar

Leathnú úsáidí gnóthaí agus fiontar i limistéar phlean Áth Cinn a éascú nuair is cuí agus chun soláthar deiseanna fostaíochta áitiúla breise a éascú de réir phleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

HSGT 5 Lár an Bhaile/Tráchtáil

Forbairt lár an bhaile a chur chun cinn mar thimpeallacht dhian, dea-nasctha, ardchaighdeán agus inrochtana, le meascán oiriúnach úsáidí, a sholáthraíonn raon miondíola, seirbhísí, áiseanna agus taitneamhachtaí don phobal áitiúil agus do chuairteoirí. Beidh lár an Bhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar mar phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh d'Áth Cinn. Tá sé tábhachtach cothromaíocht forbartha a chinntiú sa chroílár miondíola d'fhonn a chinntiú go ndéantar athbheochan ar an bpríomhshráid, an tSráid Ard, go laghdaítear folúntais agus go seachnófar tarraingt mhiondíola neamhchothromaithe ón gceantar seo.

HSGT 6 Forbairt Turasóireachta

Forbairt bhreise ar Áth Cinn a chur chun cinn agus a éascú mar phríomhcheann scríbe turasóireachta chun leasa an bhaile agus na gceantar máguaird.

HSGT 7 Diméin Áth Cinn

Carachtar limistéar diméin stairiúil Áth Cinn atá laistigh de theorainn an phlean a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú trí dhearadh agus rialú cuí ar dhearadh, leagan amach agus suíomh na forbartha nua laistigh di nó cóngarach di.

HSGT 8 Plean Ceantair Gníomhaíochta Bhóthair na Marglainne

Tacú le leathnú comhordaithe lár an bhaile ó dheas ón bpríomhshráid, an tSráid Ard, i dtreo Bhóthar na Marglainne agus a cheangal go n-ullmhófar Plean Ceantair Gníomhaíochta d'fhorbairt íogair agus iomchuí an cheantair seo. Léireoidh an Plean Réimse Gníomhaíochta agus aon fhorbairt laistigh den ráithe seo:

- (a) Áiseanna carrchlóis phoiblí leordhóthanacha a sholáthar i gcomharsanacht lár an bhaile.
- (b) Socrú comhordaithe rochtana ar fheithiclí, a bheidh i gcomhairle agus i gcomhaontú leis an Rannóg Dhearaidh Bóthair de Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- (c) Rochtain feithiclí ar an gceantar seo a choinneáil ag aomhal Bhóthar na Marglainne agus Bhóthar na Diméine agus freisin idir an taobh theas den Phríomhshráid agus an limistéar seo.
- (d) Naisc chosáin agus rothaíochta a sholáthar do lár an bhaile.
- (e) Beidh dearadh agus ábhair ar ardchaighdeán sna foirgnimh, go háirithe feadh imeall an bhóthair a sholáthraíonn imfhálú agus éadanas láidir.
- (f) Tírdhrechtú oiriúnach agus spásanna poiblí inúsáidte a sholáthar. (e) Páirceáil scagtha.

HSGT 9 Ceathrú Nua Gnó agus Fiontar

A cheangal go n-ullmhófar Plean Ceantair Gníomhaíochta d'fhorbairt íogair agus iomchuí na dtailte críosaithe gnó agus fiontar soir ó dheas ó limistéar an phlean (soir ó N84). Léireoidh an Plean Réimse Gníomhaíochta agus aon fhorbairt laistigh den ráithe seo:

- (a) Socruithe rochtana comhordaithe, i gcomhairle agus i gcomhaontú leis an Rannóg Dhearaidh Bóthair de Chomhairle Chontae na Gaillimhe, b'fhearr ó Bhóthar na Marglainne nó an rochtain atá ann cheana ag freastal ar pháirc Gairdíní Pobail Áth Cinn/galf dhá mhaide.
- (b) Naisc chosáin agus rothaíochta a sholáthar do lár an Bhaile.
- (c) Beidh dearadh agus ábhair ar ardchaighdeán sna foirgnimh, go háirithe feadh imeall an bhóthair a sholáthraíonn imfhálú agus éadanas láidir.
- (d) Tírdhrechtú oiriúnach agus spásanna poiblí inúsáidte a sholáthar. (e) Páirceáil scagtha.

HSGT 10**Plean Athbhreithnithe Bainistíochta Tráchta a ullmhú**

Is cuspóir beartais é Plean Bainistíochta Tráchta d'Áth Cinn a athbhreithniú / a chur i bhfeidhm laistigh de shaol an phlean seo, a chuimseoidh an méid seo a leanas;

(a) Forálacha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna a bhaineann le páirceáil ar an bpríomhshráid agus an brú tráchta a eascraíonn as páirceáil ar dhá thaobh na sráide.

(b) Iarracht a dhéanamh chun crosbhealach Bhóthar na Marglainne agus acomhal Bhóthar na Diméine a athdhearadh.

(c) Uasghrádú ar Bhóthar na Marglainne agus na mbóithre áitiúla L-61281 agus L-6128 (Bóthar na Diméine) laistigh de theorainn an phlean. Éascóidh aon uasghrádú áiseanna soilsithe poiblí, coisithe agus rothaíochta.

(d) Uasghrádú ar acomhal Bhóthar na Marglainne agus an N84 laistigh den chríos luais 50kmh chun soláthar a dhéanamh do rochtain chomhordaithe ar na tailte Gnó & Fiontar soir ón N84. Déanfar socruithe rochtana den sórt sin i gcomhairle agus i gcomhaontú le RannRannóg Dhearaidhair Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

(e) D'fhoill acmhainn, éifeachtúlacht agus sábháilteacht bhealach náisiúnta an N84 a chosaint, beidh rochtain nua ar an mbealach náisiúnta seo idir an críos 50 agus 60kmh teoranta, agus maidir leis seo beidh gá le forbairt tailte soir ón N84 sa todhchaí chun cur chuige comhordaithe bainistíochta rochtana agus tráchta a sholáthar, a dhéanfar i gcomhairle agus i gcomhaontú leis an Rannóg Dearaidh Bóthair de Chomhairle Contae na Gaillimhe.

(f) Éascú a dhéanamh ar fhorbairt áiseanna páirceála poiblí ar an mbaile.

(g) Pointí rochtana a chur in áirithe d'fhorbairt sa todhchaí agus d'fhorbairt agus rochtain ar chúlchríocha d'fhoill rochtain leordhóthanach feithiclí, coisithe agus rothaíochta ar chúlchríocha a chinntiú, d'fhoill forbairt éifeachtach na dtailte seo a éascú agus chun nascacht agus inrochtaineacht ar thailte le héadanas bóthair teoranta a chinntiú.

(h) A chinntiú go soláthraítear nascbhóthar thuaidh (lena n-áirítear saoráidí do choisithe agus rothaíocht) idir an R334 agus Cearnóg Naomh Seoirse chun rochtain ar thailte cónaithe atá suite idir an dá bhóthar seo a éascú.

(i) Iarracht a dhéanamh nasc ó dheas leis an tSráid Nua a sholáthar ón nascbhóthar thuaidh atá beartaithe agus rochtain a chur in áirithe dó.

(j) Iarracht a dhéanamh acomhal an L-61301 agus an N84 a uasghrádú.

(k) A chinntiú go soláthraítear cosáin agus soilsiú poiblí ón bhforbairt chónaithe atá ann ar feadh an L-6128-1 (Bóthar na Diméine) go lár an Bhaile agus an R334 (Bóthar Réigiúnach) go lár an bhaile. Soláthrófar saoráidí rothaíochta sna láithreáin seo freisin nuair is féidir.

(l) Bearta ceansaithe tráchta feadh Bhóthar na Diméine a éascú (L-6128-1).

(m) Beidh forbairt nua ag teastáil chun a chinntiú go bhfuil siad nasctha go sásúil leis an gcosán agus leis an líonra soilsithe poiblí a fhreastalaíonn ar lár an bhaile faoi láthair.

HSGT 11**Bonneagar Poiblí**

(Tacú agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt bonneagair agus d'oibreacha feabhsúcháin a théann chun leasa Áth Cinn mar SGT agus an réigiúin níos leithne.

HSGT 12**Láithreáin Deise**

Athfhorbairt chuí de na láithreáin deise a shainiú agus a chur chun cinn agus a spreagadh, a chuirfidh le beogacht agus carachtar Áth Cinn.

OPT-HE1 Láithreán ó dheas ó Lár an Bhaile agus an Phríomhshráid Áth Cinn.


Cur síos: Cuimsíonn an láithreán seo ó dheas ón bPríomhshráid roinnt gairdíní cúil móra a fhreastalaíonn ar na réadmhaoine, limistéar clós folamh ar an taobh thoir thuaidh den láithreán agus na páirceanna ag síneadh síos chomh fada le Tailte na Marglainne. Is í an talmhaíocht an úsáid talún is mó.

Achar: Tá achar an láithreáin thart ar 0.14ha heicteár.

Criosú: Tá an láithreán criosaithe mar Lár an Bhaile.

Úsáid Talún Reatha: Is í an talmhaíocht an úsáid talún is mó agus na páirceanna ó dheas ó na teaghaisí agus na gairdíní a úsáidtear faoi láthair chun eallach a innilt agus le fána síos i dtreo Thailte na Marglainne agus Bóthar Rochtana.

Deis: Foráil a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt turasóireachta, cónaithe, tráchtála nó úsáide measctha.



OPT-HE2 Suíomh Thoir Theas ó limistéar Lár an Bhaile amach ón gCearnóg.


Cur síos: Tá bungaló tréigthe ar chuid thuaidh an láithreáin seo agus dhá fhoirgneamh measartha cloiche nach bhfuil in úsáid/seideanna stórála le sclátaí nádúrtha ar dhíonta ar an gcuid theas den láithreán seo atá ró-fhásta agus tá siad uile suite laistigh den ACA. Tá teorainn an bhalla cloiche nádúrtha fós slán feadh teorainn an láithreáin ó dheas.

Ceantar: Tá achar an láithreáin thart ar 0.07 heicteár

Criosú: Tá an láithreán criosaithe i Lár an Bhaile.

Úsáid Talún Reatha: Úsáid chónaithe roimhe seo leis an dá fhoirgneamh measartha cloiche nár úsáideadh le húsáid san am atá thart.

Deis: Foráil a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt turasóireachta, cónaithe, tráchtála nó úsáide measctha.



OPT-HE3 Láithreán Cúinne - An tSráid Ard & An Cearnóg.

Cur síos: Tá an plota seo os comhair na Príomhshráide agus na Cearnóige. Fillteann sé timpeall an áitribh mhóir de 2 stór atá suite ar choirnéal an láithreáin. Ar chúl agus ó dheas an áitribh tá an plota folamh le teorainn ard (péinteáilte le múrmhaisiú) agus tá foirgneamh tréigthe aon stór (éadan siopa le doras agus dhá fhuinneog) taobh thoir den phlota agus ag tabhairt aghaidh ar an bPríomhshráid.


Tá teaghais folamh 2 stór níos faide siar a thugann aghaidh ar an bPríomhshráid.


Ceantar: Tá limistéar an láithreáin circa 0.21 heicteár.

Criosú: Tá an láithreán criosaithe i Lár an Bhaile.

Úsáid Talún Reatha: Folamh - Úsáid chónaithe roimhe seo agus mhiondíola b'fhéidir.

Deis: Foráil a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt turasóireachta, cónaithe, tráchtála nó úsáide measctha.






- Teorainn Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- R - Cónaithe Inlíonadh
- C1 - Lár an Bhaile
- BE - Gnó & Fiontar
- CF - Áiseanna Pobail
- PU - Fóntas Poiblí
- OS - Spás Oscailte/ Áineas& Taitneamhacht
- TI - Bonneagar Iompair
- Uisce / Aibhneacha / Srutháin
- Úsáid Talún Shrianta
- Limistéar Caomhantais Ailtreachta
- Láithreán Deise


Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Baile Beagfháis
Áth Cinn
Léarscáil um Chriosú Úsáid Talún



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_09
Suirbhéireacht Ordánais Éireann 2021



- Teorainn Lonnaíochta
- Crios Tuilte Táscach A
- Crios Tuilte Táscach B
- Crios Tuilte Táscach C
- PFRA Táscach Báistiúil
- PFRA Báistiúil Rabharta
- Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Baile Beagfháis
Áth Cinn
Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte

0 100 200 300 400
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_09
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021

7.1 Maigh Cuilinn Baile Beagfháis

7.2 Comhthéacs Baile

Tá Maigh Cuilinn suite timpeall 10km siar ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe. Bhí bunús an bhaile dírithe timpeall ar chrosbhóthar ina ritheann bóthar áitiúil An Spidéal go Cnoc an Fhearraí trí Bhóthar an Chlocháin na Gaillimhe N59 (L1320 agus L1313). Soláthraíonn an baile éagsúlacht mhaith seirbhísí agus áiseanna áitiúla do chónaitheoirí agus do chuairteoirí. Gineadh méid teoranta fostaíochta sa cheantar le blianta beaga anuas. Tá na poist seo lonnaithe san earnáil seirbhíse, ar nós miondíola agus bialanna chomh maith le méid measartha post tionsclaíoch agus fiontar. Tá Maigh Cuilinn suite i nGaeltacht na Gaillimhe freisin, a chuireann le creatlach cultúrtha an cheantair. Tá cúlchríoch mór ag Maigh Cuilinn, a léiríonn a ról straitéiseach i seirbhísí agus áiseanna a sholáthar do chónaitheoirí áitiúla na gceantar seo. Síneann an DED fairsing tuaithe ó DEDanna tuaithe Bearna go Cill Aithnín siar ó Mhaigh Cuilinn agus ó dheas go Tulaigh Mhic Aodháin.

7.2 Pobail Inbhuanaithe

7.2.1 Tithíocht

D'fhorbair Maigh Cuilinn timpeall ar acomhal na mBóithre N59 (Gaillimh - an Clochán) agus L1313 (An Spidéal - Cnoc an Fhearraí). Ag an áit seo tá patrún líneach forbartha sa bhaile, go príomha feadh ais thuaidh theas an N59 a thaispeánann roinnt foirgneamh sraithe dhá stór le húsáidí tráchtála ar an mbunurlár agus úsáidí cónaithe ar leibhéal an chéad urláir. Tá an ceantar seo tréithrithe ag stíleanna éagsúla foirgnimh a chuimsíonn foirgnimh thraidisiúnta cloiche agus forbairtí níos nua-aimseartha lena n-áirítear árasáin. Tá roinnt réadmhaoine scoite ar na bóithre isteach i mbaile Maigh Cuilinn freisin. Tá an patrún líneach forbartha seo i láthair freisin ar bhóthar an L1313 cé go bhfuil sé níos lú, le héagsúlacht níos nua-aimseartha de dhearadh tithíochta. Tógadh líon suntasach tithíochta de chineál bruachbhailte i Maigh Cuilinn le blianta beaga anuas.

7.2.2 Oideachas

Is bunscoil chomhoideachais sa bhaile í Scoil Mhuire agus tá roinnt bunscoileanna sa dobharcheantar. Níl aon mheánscoil ar an mbaile, freastalaíonn daltaí ar mheánscoil i gcathair na Gaillimhe in aice láimhe agus ina theannta sin freastalaíonn roinnt daltaí ar mheánscoil sa Spidéal.

7.2.3 Áiseanna Pobail

Tá roinnt príomháiseanna pobail i mbaile Mhaigh Cuilinn, ar taitneamhachtaí tábhachtacha iad don bhaile agus don chúlchríoch níos leithne. I measc na n-áiseanna seo tá clós súgartha na leanaí, creis, bunscoil, séipéal agus reilig, áiseanna leighis, Stáisiún na nGardaí, oifig an phoist agus roinnt áiseanna spóirt. Beidh ionad cúraim phríomhúil nua ann atá beagnach críochnaithe ar an mbealach isteach go sráidbhaile Mhaigh Cuilinn. Tá saoráid tí altranais ar an mbaile freisin atá suite ar an L1313 / Bóthar Chnoc an Fhearraí. Tá teach altranais eile suite lasmuigh de limistéar an phlean gar do na háiseanna CLG áitiúla i mbaile fearainn Bhaile Uí Chuir. Cé nach bhfuil na háiseanna CLG suite laistigh de chlúdach an bhaile, tá traidisiún láidir spóirt i Maigh Cuilinn. Tá feabhas tagtha ar na háiseanna spóirt le blianta beaga anuas, agus cúirt liathróid láimhe curtha leis atá suite ar thailte CLG i mBaile na hAbhann.

7.2.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Le hoidhreacht thógtha lena n-áirítear oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta, tugtar eolas ar charachtar agus ar chuma Mhaigh Cuilinn. Is gné stairiúil agus fheiceálach ar an mbaile an crosbhóthar i Maigh Cuilinn. Forbraíonn na foirgnimh dhúchasacha ón bpointe seo feadh na Príomhshráide. Tá an Chomhairle tiomanta don oidhreacht seo a chosaint agus a fheabhsú mar atá leagtha amach sa reachtaíocht phleanála, trí chuspóirí beartais úsáide talún íogair faoi threoir chaomhnaithe a chur i bhfeidhm, prionsabail dearaidh uirbeacha agus caighdeáin fhorbartha a fheabhsaíonn suíomh ailtireachta Maigh Cuilinn go suntasach. Liostaíonn Taifead na Struchtúr Cosanta na foirgnimh sa bhaile ar Struchtúir Chosanta iad, lena n-áirítear foirgneamh an Chomharchumainn.

Baineann cuid d'oidhreacht chultúrtha Mhaigh Cuilinn le stádas Gaeltachta Maigh Cuilinn ar fiú í a chosaint, go háirithe ós rud é nach í an Ghaeilge an teanga phobail a thuilleadh. Tá cuspóirí beartais ábhartha sa Phlean Forbartha Contae i *gCaibidil 13 Gaeltacht agus Oileáin* tá Loch na Coiribe le feiceáil ó phointí amhairc áirithe sa bhaile de réir mar a scuabann an talamh anuas ón mbaile i dtreo an locha i dtreo thoir. Is Limistéar Speisialta Caomhantais (SAC) é Loch na Coiribe a bhfuil impleachtaí aige d'fhorbairt a tharlaíonn i Maigh Cuilinn agus sna ceantair máguaird. Tá roinnt SACanna agus Limistéir Chaomhantais Speisialta eile (SPA) cóngarach don bhaile nach mór a chosaint de réir mar a fhásann agus a fhorbraíonn an baile.

Is ceantar Oidhreachta Nádúrtha í Coill Dhroim Chonga agus tá Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Phortach Mhaigh Cuilinn tadhlach leis an bplean ó dheas.

7.2.5 Fostaíocht agus Forbairt Eacnamaíoch

Ainmníodh Maigh Cuilinn mar **Bhaile Beagfháis (SGT)** in Ordathas lonnaithe an Chontae. Is lárionaid seirbhíse lárnacha iad an SGT agus spreagthóirí fáis do gach ceantar baile agus cúlchríoch níos leithne. Tá suíomh straitéiseach ag Maigh Cuilinn ar an mBóthar N59 an Chlocháin-na Gaillimhe-Cathair na Mart. Tá sé ar imeall Chathair na Gaillimhe agus tá sé mar chuid den Ghaeltacht freisin agus is geata é do mhórchéantar Chonamara. Tá sé nasctha leis an Spidéal trí Bhóthar Chnoc an Fhearaí. Dá bhrí sin, tá an baile sách inrochtana ó gach príomhthreorú. Ina theannta sin, cuireann sé timpeallacht mhaireachtála ar ardchaighdeán ar fáil le radhairc ar Loch na Coiribe agus mar sin is áit tharraingteach í le maireachtáil, obair agus cuairt a thabhairt uirthi, a mbeadh éifeacht dhearfach aige spéis eacnamaíoch shuntasach a ghiniúint. Is é an baile is mó agus an t-aon bhaile ar na bealaí isteach thiar go Cathair na Gaillimhe.

Tá bonn fostaíochta gníomhach bunaithe ag Maigh Cuilinn i lár an bhaile atá dírithe go príomha ar sheirbhísí miondíola agus áitiúla. Tá bonn fostaíochta ar bhóthar Chnoc an Fhearaí freisin a phléifear i gcuid 2.3.7 thíos. Tá an cumas ag an mbaile a bheith níos féinchothaithí a d'fhéadfaí a bhaint amach trí dheiseanna nua fostaíochta a chruthú, agus freastal ar ghnóthais ar scála beag agus gnólachtaí nuathionscanta, lena n-áirítear an earnáil mhiondíola.

7.2.6 Lár an Bhaile/Miondíol

Freastalaíonn ionad Mhaigh Cuilinn ar dhaonra na mbailte áitiúla chomh maith leis an gcúlchríoch níos leithne. Cé gur buntáiste é suíomh straitéiseach bhaile Maigh Cuilinn atá cóngarach do Chathair na Gaillimhe, is dúshlán é seo freisin d'earnálacha miondíola agus seirbhíse an bhaile mar go bhféadadh cónaitheoirí rogha a dhéanamh siopadóireacht a dhéanamh i gcuid de na hionaid siopadóireachta móra lasmuigh den bhaile, atá suite ar imeall thiar na Cathrach, atá ar a bhealach chun an bhaile. Tugtar faoi deara go bhfuil roinnt aonad folamh i bhfoirgneamh ollmhargadh McCann's Supervalu.

7.2.7 Gnó, Fiontar agus Tionscail

Tá tailte sa Mhaigh Cuilinn sainaitheanta sa phlean ina gceadófaí úsáidí Gnó agus Fiontar agus Tionscail. Faoi láthair, tá cuid mhór de thalamh críosaithe thionsclaíoch ar an taobh thoir thuaidh den bhaile. Tá méid teoranta críosaithe gnó agus fiontar ag an láthair seo freisin. Níos faide ó dheas i dtreo cheann thoir theas an bhaile tá candam talún atá críosaithe le haghaidh úsáidí breise Gnó agus Fiontar. Tá méid measartha fostaíochta in earnálacha tionsclaíocha/fiontraíochta. Tá an fhéidearthacht ann go bhforbróidh na hearnálacha seo níos mó laistigh den bhaile, mar gheall ar chóngaracht an bhaile le cathair na Gaillimhe agus an fás réamh-mheasta daonra atá aitheanta do limistéar an phlean agus don chúlchríoch níos leithne a bhfreastalaíonn baile Maigh Cuilinn air.

7.3 Seirbhísí agus Bonneagar

Cé go bhfuil na deiseanna iompair phoiblí teoranta i Maigh Cuilinn, maolódh soláthar seachbhóthar a bhfuiltear ag súil leis faoi láthair i Ráithe 2/3 de 2021, srianta suntasacha tráchta sa bhaile. Tabharfaidh tógáil an sheachbhóthair deis shuntasach chun díriú ar úsáid modhanna iompair inbhuanaithe, mar shampla siúlóid agus rothaíocht, a chur chun cinn agus a éascú laistigh de cheantair na mbailte lena n-áirítear ag sean-rian iarnróid idir an Clochán agus Gaillimh nó gar dó. Tá breithniú tábhachtach freisin sa phróiseas déanta pleananna chun soláthar seirbhíse bus agus áiseanna gaolmhara a éascú agus spleáchas ar ghluaisteáin a laghdú trí úsáid agus iompar comhtháite talún agus tionscnaimh taistil inbhuanaithe níos leithne.

7.3.1 Seirbhísí Uisce

Faigheann Maigh Cuilinn a soláthar uisce ó Scéim Soláthair Baile Uachtar Ard agus ó Sholáthar Uisce Phurláin Chathair na Gaillimhe. Freastalaíonn soláthar uisce phoiblí ar na tailte go léir a shainaithnítear le haghaidh acmhainneacht forbartha.

7.3.2 Diúscairt Fuíolluisce

Freastalaíonn gléasra cóireála fuíolluisce poiblí ar an mbaile agus bogaigh thógtha atá suite i mBaile Uí Chuirce Thiar.

7.3.3 Iompar, Bonneagar agus Gluaiseacht

Tá soláthar iompair phoiblí i Maigh Cuilinn teoranta do sheirbhísí bus, arb éard atá iontu seirbhísí áitiúla den chuid is mó a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le Maigh Cuilinn agus a phurláin a nascadh le Cathair na Gaillimhe agus le ceantar Chonamara níos leithne. Soláthraíonn Bus Éireann seirbhísí bus poiblí agus tá oibreoir bus príobháideach ag freastal ar an mbaile freisin.

Tá an soláthar do rothaíocht teoranta i mbaile Maigh Cuilinn agus timpeall air mar gheall ar acmhainn theoranta an ghréasáin bóithre (ag pointí áirithe) chun freastal ar ghluaisteáin. Mar sin féin, tá an baile suite ar lúb rothaíochta bóthair a bhfuil an-tóir air ó Chathair na Gaillimhe trí Mhaigh Cuilinn, An Spidéal agus Bearna. Tá athfhorbairt an tseanlíne iarnróid nó gar dó mar chonair rothaíochta/siúlóide mar chuspóir beartais sa phlean a d'fhéadfaí a bhaint amach sa todhchaí, a bheadh mar chuid de Ghlasbhealach beartaithe na Gaillimhe - an Chlocháin.

Cuirtear Siúlóid agus Rothaíocht chun cinn mar mhodh iompair inbhuanaithe laistigh den limistéar pan críosaithe. Tá sé tábhachtach naisc tharraingteacha do choisithe a sholáthar agus a spreagadh idir lár an bhaile leis na ceantair chónaithe.

Tacaíonn an Plean le feabhas a chur ar ghluaiseacht agus ar shreabhadh i lár an bhaile. Tá an baile suite ag aomhal beag crosbhóthair le bealach náisiúnta an N59 agus Bóthar An Spidéal - Cnoc an Fhearaí. Gineann na bealaí seo fadhbanna suntasacha tráchta agus inrochtaineachta ar an mbaile. Tacaítear le Scéim Sheachbhóthar Maigh Cuilinn N59 atá beartaithe, ach, ní shásóidh sé seo riachtanais bhonneagair bóithre an bhaile go hiomlán, áfach. Beidh gá le feabhsúcháin ar an ngréasán bóithre sa bhaile agus timpeall air le linn thréimhse an phlean chun plódú iomarcach agus easpa nascachta i lár an bhaile agus sa cheantar máguaird a sheachaint. Déanfar iarrachtaí chun a chinntiú go bhfásfaidh an baile ar bhealach inbhuanaithe agus go gcoinneofar inrochtaineacht agus nascacht. Chuirfeadh sé seo timpeallacht mhaireachtála níos fearr ar fáil do chónaitheoirí agus do chuariteoirí ar an gceantar.

7.4 Tuilte

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá faoi dhliteanas riosca tuile, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte d'Údaráis Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Ciorclán PL2/2014 agus aon leasú orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnuithe Riosca Tuilte a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta do Mhaigh Cuilinn agus tá sé de réir na dtreoirlínte agus na ciorclach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí an Bheartais Críosaithe um Úsáid Talún do Mhaigh Cuilinn (Baile Beagfháis Maigh Cuilinn-MSGT)

MSGT 1 Lár an Bhaile Inbhuanaithe

Forbairt Lár an Bhaile a chur chun cinn agus tacú leis mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhreachú, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontar, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a sholáthraíonn raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí don phobal áitiúil agus do chuariteoirí ar an mbaile. Beidh lár an bhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar mar phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de Mhaigh Cuilinn.

MSGT 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhreachú air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha mar áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaonra cónaithe phlean Mhaigh Cuilinn.

MSGT 3 Áiseanna agus Seirbhísí Pobail

Forbairt na saoráidí agus na seirbhísí áitiúla a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil. Go háirithe i gcás Maigh Cuilinn soláthar seirbhísí pobail breise a sholáthar ar nós scoil nua, leabharlann áitiúil nó úsáid chathartha eile chun leasa an phobail áitiúil.

MSGT 4 Gnó agus Fiontar

Chun leathnú úsáidí gnó agus fiontar i réimse phlean Mhaigh Cuilinn a éascú. Suíomh straitéiseach an bhaile a chur chun cinn agus díriú ar a chóngaracht do Chathair na Gaillimhe mar áit chun gnó a aimsiú agus a dhéanamh.

MSGT 5 Forbairt Eacnamaíoch

Forbairt óstáin agus ionad comhdhála a chur ar thailte a spreagadh, ar thailte iad atá criosaithe go hoiriúnach i Maigh Cuilinn chun gnó agus cuairteoirí breise a spreagadh chun na coda seo de Ghaillimh.

MSGT 6 Tionscail

Forbairt d'úsáidí tionsclaíocha agus d'úsáidí a bhaineann leis an tionscal a chur chun cinn, lena n-áirítear déantúsaíocht, próiseáil ábhar, trádastóráil agus dáileadh ar thailte oiriúnacha, le seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha agus leibhéal ard rochtana ar na mórghríasáin bóithre agus ar na háiseanna iompair phoiblí. Beidh gá le cóireáil imlíne leordhóthanach agus/nó scagadh chun comhéadain ardchaighdeán a chinntiú le spásanna poiblí agus le haon áiteanna cónaithe tadhlacha nó úsáidí íogaire talún eile de réir mar is cuí.

MSGT 7 Bonneagar

Tacú le feabhsú agus uasghrádú an ghréasáin bóithre agus sráide i Limistéar an Phlean agus timpeall air, faoi réir gnáthriachtanas pleanála agus cúinsí comhshaoil. Déanfar anailís mhionsonraithe ar ghluaiseacht sa bhaile agus timpeall air chun na feabhsuithe bonneagair a theastaíonn sa bhaile agus timpeall air a fháil amach chun a fhorbairt inbhuanaithe a chinntiú sa todhchaí.

MSGT 8 Bonneagar Poiblí

(a) Tacú agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt bonneagair agus d'oibreacha feabhsúcháin a théann chun leasa Mhaigh Cuilinn mar SGT agus an réigiúin níos leithne.

MSGT 9 Líonra Coisithe agus Rothaíochta

Forbairt agus tacú le forbairt sraith bealaí coisithe agus rothaíochta a nascann na ceantair chónaithe le lár an bhaile agus seirbhísí pobail áitiúla nuair is féidir.

MSGT 10 Comharthaíocht

Oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha cheantair Ghaeltachta na Gaillimhe a chosaint trí, i measc nithe eile, an Ghaeilge a chur chun cinn de réir Scéim Teanga an údaráis Áitiúil agus a chinntiú go bhfuil gach comharthaíocht sheachtrach nua i nGaeilge.

An Ghaeilge a chur chun cinn de réir Scéim Teanga an Údaráis Áitiúil. Is i nGaeilge amháin a bheidh aon chomharthaíocht sheachtrach a chuirfear suas ar fhoirgnimh agus ar thailte i Maigh Cuilinn le siombailí a shainaithnítear go hidirnáisiúnta orthu.

MSGT 11 Clásal Feidhme Teanga

Cuirfear Clásal um Sholáthar Teanga i bhfeidhm ar chuid d'aonaid chónaithe i bhforbairt de dhá aonad nó níos mó i Maigh Cuilinn. Is ionann a bheidh céatadán na dtithe a mbeidh clásal um sholáthar teanga iontu agus **20%** ar a laghad nó i gcion na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge ar bhonn laethúil, de réir an Daonáirimh is déanaí a foilsíodh, cibé acu is mó.

MSGT 12 Ráitis Tionchair Teanga

Ráiteas tionchair teanga (LIS) a cheangal le hiarratais ar dhá theach nó níos mó nó i gcás ina ndéanann iarratasóir iarratas ar níos mó ná teach amháin i gceantar, de réir Alt 8.3.4 de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe (nó arna nuashonrú). Teastóidh LIS freisin le haghaidh gach iarratas úsáide tráchtála agus úsáide measctha móire le haghaidh forbartha sa cheantar nó iad siúd a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an nGaeilge i Maigh Cuilinn.

MSGT 13 Tailte Talmhaíochta

Tacú le forbairt na dtailte seo chun críocha talmhaíochta agus forbairt chónaithe a theorannú ar na tailte ábhair de réir chuspóir beartais SGT7.

MSGT 14 Láithreáin Deise

Athfhorbairt chuí de na láithreáin deise a shaináithnítear sa phlean seo a chur chun cinn agus a spreagadh, a chuirfidh le beogacht agus carachtar Mhaigh Cuilinn.

OPT - MC1 Iar-bhialann / teach tábhairne

Cur Síos


Achar: Thart ar 0.3HA

Criosú: Lár an Bhaile

Úsáid Talún Reatha: Tá gailearaí ealaíne i gcuid den fhoirgneamh faoi láthair.

Deis: Suíomh athfhorbraíochta é seo i lár Maigh Cuilinn ar shuíomh thiar theas na Príomhshráide (N59). Tá foirgneamh mór cosanta faoi éadan cloiche atá dhá stór ar airde ar an láithreán. Tá an láithreán gar don chrosbhóthar i lár an bhaile agus dá bhrí sin tá a liostú mar Láithreán Deise tuillte sa chás seo toisc go bhféadfadh a athfhorbairt cur go mór leis an gcuid seo den bhaile. D'úsáidfí cur chuige solúbtha chun an cineál úsáide a cheadófaí anseo a chinneadh. Spreagfaí úsáidí pobail agus cultúrtha anseo. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh úsáid tráchtála a bheith i gceist le forbairt an láithreán, níl sé teoranta ag criosú Lár an Bhaile.





- Teorainn Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R- Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- R - Cónaithe Inléonadh
- C1 - Lár an Bhaile
- BE - Gnó & Fiontar
- T - Turasóireacht
- I - Tionscal
- CF - Áiseanna
- Pobail
- PU - Fónas Poiblí
- OS - Spás Oscailte/Áineas & Conláiste
- A - Talmhaíocht
- TI - Bonneagar Iompair
- Uisce/Aibhneacha/Srutháin
- N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuillinn
- Úsáid Talún Shrianta
- Láithreán Deise

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028


Baile Beagfháis
Maigh Cuillinn
Léarscáil um Chriosú Úsáid Talún

0 190 380 570 760
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council


Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_09
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021



- Teorainn Lonnaíochta
- Crios Tuilte Táscach A
- Crios Tuilte Táscach B
- Crios Tuilte Táscach C
- PFRA Táscach Báistiúil
- PFRA Báistiúil Rabharta
- Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Baile Beagfháis
Maigh Cuillinn
Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte



8.1 Uachtar Ard Baile Beagfháis

8.2 Comhthéacs Baile

Tá baile Uachtar Ard suite timpeall 27km siar ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe ar Bhóthar an N59 Gaillimh - an Chlocháin, ar Phríomhbhealach Náisiúnta é. Ainmnítear Uachtar Ard mar Bhaile Beagfháis i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022 - 2028 de bhua dhaonra an bhaile agus an leibhéal fairsing seirbhísí áitiúla, fostaíochta agus stoic chónaithe a thairgeann sé d'áitritheoirí. Freastalaíonn sé freisin ar dhobharcheantar mór tuaithe a shíneann níos faide siar i dtreo bhaile an Chlocháin agus soir i dtreo bhaile Mhaigh Cuilinn.

Tá an baile tógtha ar bhruach Abhainn an Chnoic leis an bPríomhshráid, patrún lonnaithe líneach le forbairtí soir ón mbaile. Tá éagsúlacht airde foirgneamh feadh an N59 sa bhaile idir bhungaló agus dhá stór i gcoitinne. Cuireann príomhshráid an bhaile réimse leathan seirbhísí áitiúla ar fáil d'áitritheoirí ar nós siopadóireachta de chineál áise, banc, oifig an phoist, bialanna agus tithe tábhairne. Tá seirbhísí áitiúla eile cosúil le scoileanna, faichí imeartha, ionad sláinte agus clós súgartha suite laistigh faoi fhad siúil ghairid ón bPríomhshráid. Soláthraíonn na seirbhísí áitiúla seo deiseanna fostaíochta ar an mbaile freisin. Tá úsáidí oifige agus tionsclaíocha ann freisin a sholáthraíonn ionchais fhostaíochta níos mó agus níos éagsúla.

8.3 Pobail Inbhuanaithe

8.3.1 Tithíocht

Tá réimse leathan forbairtí tithíochta i mbaile Uachtar Ard agus timpeall air. I measc na gcineálacha tithe seo tá raon tithíochta sraithe agus scoite idir bungaló agus foirgneamh dhá stór, suite feadh bhealach artaireach an N59 trí lár an bhaile. Den chuid is mó, níl gairdíní tosaigh ag an maoin seo mar is gnách go mbíonn siad in aice leis an gcosán poiblí a fhreastalaíonn ar an mbaile, áfach, tá eisceachtaí ann maidir leis seo agus tá gairdíní tosaigh beaga ag roinnt réadmhaoine ar an mbealach seo. Cuimsíonn an chuid seo den bhaile cásanna cóiríochta cónaithe ar an gcéad urlár - cineál cóiríochta 'cónaí os cionn an tsiopa'.

Tá forbairtí tithíochta de chineál bruachbhailte suite go príomha ó thuaidh agus ó dheas ón N59. Tá dearadh, leagan amach agus cineál teaghaise éagsúil acu. Cuimsíonn siad raon réadmhaoine sraithe, lár-sraithe agus leathscoite. De ghnáth, tógadh na tithe cónaithe seo ar cheapacha cruth dronuilleogach le gairdíní measartha tosaigh agus cúil. Cuimsíonn na forbairtí tithíochta níos mó limistéir de spás glas comhchoiteann laistigh de gach forbairt.

Príomhchuspóir den phlean lonnaithe seo is ea forbairt bhreise tithíochta a sholáthar sa todhchaí a chloíonn le prionsabail na cáilíochta agus na hinbhuanaitheachta i dtéarmaí dearaidh agus leagan amach go háirithe. Sa phlean lonnaithe agus i bPlean Forbartha an Chontae a ghabhann leis, tugtar faisnéis agus treoir a bhaineann le forbairt do na sé bliana amach romhainn go dtí 2028. Cuimsíonn an fhaisnéis seo sonraí faoin suíomh, cineál agus an dearadh is fearr amach anseo d'fhorbairt chónaithe sa todhchaí i mbaile Uachtar Ard agus timpeall air.

8.3.2 Oideachas

Maidir le hoideachas, is meánscoil chomhoideachais í Scoil Naomh Pól. Tá an scoil suite ar an taobh thiar de Bhóthar na Ceathrún Meánaí - achar gairid ón mbunscoil, mar sin feidhmíonn sí mar scoil fhriothálach.

Tá an scoil náisiúnta Scoil Chuimín & Caitríona suite ar an taobh thoir de Bhóthar na Ceathrún Meánaí, atá ó thuaidh ó Bhóthar N59 an Clochán-Gaillimh

8.3.3 Áiseanna Pobail

Tá dea-áiseanna pobail á gcur ar fáil in Uachtar Ard. I measc na n-áiseanna seo tá páirceanna spóirt lánmhéide de chineálacha éagsúla, clós súgartha do leanaí agus tá áiseanna eile ann ar nós creis, bunscoil, meánscoil, séipéal agus reilig, áiseanna míochaine lena n-áirítear fiacloir agus radharceolaí, Stáisiún Garda, Comhar Creidmheasa, Oifig an Phoist, banc siopaí, búistéir, gruagaire, clós tógálaithe agus teach altranais. Tá rogha leathan agus éagsúil d'úsáidí pobail sa bhaile. Taispeánann sé samplaí maithe d'athúsáid foirgneamh freisin, mar shampla úsáidtear seanfhoirgneamh scoile anois mar halla pobail agus úsáidtear seanfhoirgneamh na cúirte sa bhaile anois mar leabharlann a fhreastalaíonn ar an bpobal áitiúil. Tá an t-ádh ar an mbaile go bhfuil ionad acmhainní áitiúil aige a thairgeann tacaíochtaí agus seirbhísí éagsúla don phobal áitiúil.

Is áis luachmhar pobail iad siúlóidí agus cosáin laistigh agus timpeall Bhaile Uachtar Ard. Tá Club CLG Uachtar Ard suite i dtreo cheann thoir an bhaile ó thuaidh ón N59. Cuimsíonn na tailte seo páirceanna imeartha agus teach club le cosán siúlóide timpeall imlíne an láithreáin. Tá Páirc Corribdale, páirc aclaíochta agus áineasa don phobal áitiúil suite in aice le tailte CLG. Tá limistéar súgartha slán ann do leanaí níos lú. Tá Club Rugbaí Uachtar Ard suite i dtreo cheann thiar an bhaile, ar áis phobail é a bhfuil meas mór ag cónaitheoirí áitiúla air.

8.3.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Tá bunús bhaile Uachtar Ard bunaithe ar an acomhal idir an talamh feirme torthúil, aolchloiche ó dheas agus soir ón mbaile. Tosaíonn tírdhreach Chonamara atá níos gairbhe agus lom ó thuaidh agus siar ó Uachtar Ard. Bhí tionchar freisin ag an acomhal seo ar fhorbairt an bhaile seo toisc go bhfuil pointe trasnaithe abhann leibhéal íseal ann, ar gné thipiciúil gheografach í a mbíonn tionchar aici ar shuíomh na lonnaithe de ghnáth. Cuireadh feabhas suntasach ar an ngréasán bóithre a fhreastalaíonn ar an mbaile go luath sa 19^ú haois. Sa lá atá inniu ann tá réimse foirgneamh ar taispeáint sa bhaile a forbraíodh chun críocha riaracháin. I measc samplaí díobh seo tá teach na cúirte agus an dá fhoirgneamh eaglaise ar an mbaile. Le patrún sráide agus éagsúlacht ailtireachta na bhfoirgneamh, idir dheartha agus dhúchasach, cruthaítear sráid-dreach ina bhfeictear a stair. Ba cheart go léireodh agus go n-urramódh forbairt sa todhchaí a carachtar seanbhunaithe i dtéarmaí mhéid, airde, ábhar agus dlús plota. Coinneofar an Limistéar Caomhantas Ailtireachta atá i bhfeidhm in Uachtar Ard agus beidh gá le forbairt bheartaithe laistigh de shaolré an phlean seo chun cáilíochtaí ailtireachta an ACA seo a urramú. Tá roinnt struchtúr cosanta ar an mbaile, eadhon Bialann O'Fatharta / Halloran's, Eaglais Pharóiste Chill Chuimin, Seanfhoirgneamh Theach na Cúirte, an Droichead bóthair thar abhainn an Chnoic agus Séipéal Mhuire gan Smál.

Tá roinnt Séadchomharthaí Taifeadta ag Uachtar Ard freisin agus tá dhá shuíomh Natura 2000 ann - SAC Loch na Coiribe agus SPA Loch na Coiribe agus Limistéir Oidhreachta Náisiúnta.

8.3.5 Fostaíocht, Forbairt Turasóireachta agus Eacnamaíoch

Is áit tharraingteach í Uachtar Ard chun cuairt a thabhairt uirthi agus chun saoire. Mar sin cuireann tionscal na turasóireachta go mór le geilleagar an bhaile. Tá an baile tagtha chun cinn mar áit do thurasóirí cuairt a thabhairt uirthi mar gheall ar a inrochtaineacht ó Chathair na Gaillimhe tríd an N59 agus suíomh an bhaile ag an ngeata isteach chuig Réigiún Conamara. Baineann an baile leas freisin as tírdhreach tarraingteach atá cóngarach do Loch na Coiribe. De bharr an dá ghné seo is áit tharraingteach é Uachtar Ard chun cuairt a thabhairt uirthi agus am a chaitheamh inti. Cuireann sé

raon leathan díol spéise ar fáil agus mar sin tarraingíonn sé aird ar raon níos leithne de chuairteoirí. Tugann gaireacht Loch na Coiribe le hUachtar Ard borradh eacnamaíoch don cheantar mar go dtugann an dogharlach seo raon gníomhaíochtaí uisce-bhunaithe do mhuintir na háite agus do chuairteoirí, lena n-áirítear turais bháid agus slatiascaireachta. Tá tithe tábhairne, siopaí, bialanna agus ionaid a sholáthraíonn cóiríocht thar oíche ar chuid de thairbhíthe thionscal na turasóireachta in Uachtar Ard. Dá bhrí sin, soláthraítear raon roghanna fostaíochta a bhfuil géarghá leo do dhaoine leas a bhaint as go háitiúil. Mar sin féin, tá cuid mhaith den fhorbairt eacnamaíoch agus den fhostaíocht bunaithe ar thurasóireacht shéasúrach agus is féidir séasúr an tsamhraidh sa chuid seo de Chontae na Gaillimhe a bheith ar bhonn gearrthéarmach.

I measc na bhfoinsí fostaíochta eile i mbaile Uachtar Ard tá fostaíocht de chineál oifige / seirbhíse mar aon le roinnt fostaíochta tionsclaíche. Mar sin féin, d'fhéadfadh an baile tacú le bonn fostaíochta níos mó go háitiúil i bhfabhar cónaitheoirí ag taisteal go Cathair na Gaillimhe gach lá. Tá acmhainneacht fostaíochta laistigh de limistéar an phlean lonnaithe, go háirithe lár an bhaile, gnó agus fiontar agus criosanna tionsclaíocha. Spreagfar tuilleadh deiseanna fostaíochta agus éagsúlú nuair is cuí.

Tá suíomh criosaithe de ghnó agus fiontar ar shuíomh iar-Stáisiún Traenach Uachtar Ard, atá suite i dtreo imeall theas limistéar an phlean lonnaithe. Tá foirgneamh an stáisiúin traenach atá ann cheana ar an láithreán agus faoi láthair tá sé á úsáid go gníomhach mar mhonarcha cairpéad. Is foirgneamh ón naoú haois déag an stáisiún traenach bunaidh. Tá sé mar chuid de Chlár na Struchtúr Cosanta de Phlean Forbartha an Chontae.

8.3.6 Lár an Bhaile/Miondíol

Tá Lár an Bhaile in Uachtar Ard réasúnta gnóthach. Tá cuid de na foirgnimh thráchtála laistigh de limistéar criosaithe lár an bhaile suite laistigh de cheapacha móra infhorbartha a thairgeann an cumas soláthar seirbhísí lár an bhaile agus miondíola in Uachtar Ard a athrú thar shaolré an phlean seo. Cuireann lár an bhaile seirbhísí tráchtála éagsúla ar fáil do chónaitheoirí áitiúla agus do chuairteoirí ar an gceantar. Tá raon maith tithe tábhairne, caiféanna agus bialanna ann freisin chun freastal ar riachtanais daoine.

Ritheann Abhainn an Chnoic comhthreomhar leis an bPríomhshráid sa bhaile. Suite ó thuaidh den Phríomhshráid tá na ceantair talún, atá leochaileach ó thaobh tuilte de, criosaithe mar Spás Oscailte/Áineas agus Taitneamhacht. Mar sin féin, i gcás nach bhfuil tuilte i gceist, síneann roinnt ceapacha criosaithe i lár an bhaile ó thuaidh go bruach an chúrsa uisce seo. Tugann sé seo an deis na ceapacha seo i lár an bhaile a athfhorbairt agus treoshuíomh na forbartha nua a chur in oiriúint do tharraingteacht áitiúil Abhainn an Chnoic.

Trasnaíonn criosú Lár an Bhaile agus tá ceantair ann a úsáidtear chun críocha cónaithe agus áiseanna pobail atá ann cheana. Mar sin ní amháin go soláthraíonn lár an bhaile seirbhísí siopadóireachta tráchtála dóibh siúd sa cheantar ach freisin seirbhísí gairmiúla agus áiseanna áitiúla. Leis na húsáidí seo go léir chomh gar dá chéile cinntítear atmaisféar gnóthach agus rathúil i lár an bhaile.

8.4 Seirbhísí agus Bonneagar

8.4.1 Seirbhísí Uisce

Faigheann Uachtar Ard a sholáthar uisce ó Scéim Soláthair Baile Uachtar Ard. Freastalaíonn soláthar uisce phoiblí ar na tailte go léir a shainaithnítear le haghaidh acmhainneacht forbartha.

8.4.2 Diúscairt Fuíolluisce

Freastalaíonn gléasra cóireála fuíolluisce poiblí ar Uachtar Ard. Freastalaíonn seirbhísí fuíolluisce poiblí ar na tailte go léir a shainaithnítear le haghaidh acmhainneacht forbartha.

8.4.3 Iompar agus Gluaiseacht

Is é an N59 an Príomhbhealach Náisiúnta a théann trasna an bhaile i dtreo thoir-thiar. Rinneadh oibreacha athailínithe éagsúla ar an N59 a fhágann go bhfuil Uachtar Ard níos inrochtana ó Chathair na Gaillimhe. Freastalaíonn roinnt seirbhísí bus ar an mbaile freisin ó Ghailimh agus siar go dtí SGT an Chlocháin agus thairis. Tá soilsiú poiblí agus cosáin sa bhaile chun freastal ar ghluaiseacht coisithe go héasca. Tá cosáin siúlóide ann freisin a mheallann cuairteoirí chuig an mbaile agus an ceantar máguaird. Spreagann forbairt chónaithe sa phlean lonnaíochta seo naisc iompair inbhuanaithe leis na príomhshráideanna siopadóireachta agus áiseanna pobail ar nós na scoileanna agus páirceanna imeartha spóirt sa cheantar. Ba cheart go spreagfadh an cur chuige seo maidir le criosú úsáide talún agus cur chuige seicheamhach maidir lena fhorbairt laghdú ar spleáchas ar an gcarr príobháideach a chur chun cinn.

Tá seirbhísí bus iompair phoiblí ag fónamh ar Uachtar Ard a sholáthraíonn naisc le Cathair na Gaillimhe agus an Clochán. Tá stad an bhus suite i lár an bhaile atá inrochtana do na ceantair chónaithe máguaird laistigh de limistéar an phlean.

8.5 Tuilte

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá faoi dhliteanas riosca tuile, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte d'Údaráis Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Ciorclán PL2/2014 agus aon leasú orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnuithe Riosca Tuilte a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta d'Uachtar Ard agus tá sé de réir na dtreoirlínte agus na ciorclach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí Beartais Críosaithe Úsáid Talún d'Uachtar Ard (Baile Beagfháis Áth Cinn - OSGT)

OSGT 1 Lár an Bhaile Inbhuanaithe

Forbairt Uachtar Ard a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhreach, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontar, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a sholáthraíonn raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí don phobal áitiúil agus do chuairteoirí. Beidh lár an bhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar mar phríomhfócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

OSGT 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhreach air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha mar áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaoir cónaithe phlean lonnaíochta Uachtar Ard. Taitneamhachtaí cónaithe atá ann a chosaint agus forbairt nua inlíonta atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir pleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe limistéar an phlean. Cónaí os cionn an tsiopa a spreagadh go sonrach a fhéadtar cur le beogacht an chroí agus gníomhaíocht a leathnú níos faide ná uaireanta gnó.

OSGT 3 Áiseanna agus Seirbhísí Pobail

Leathnú agus forbairt na saoráidí agus na seirbhísí atá ann cheana a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

OSGT 4 Gnó agus Fiontar

(a) Leathnú úsáidí gnóthaí agus fiontar i limistéar phlean Uachtar Ard a éascú nuair is cuí agus de réir phleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

(b) Úsáidí breise gnó agus fiontar a chur chun cinn ar sheanláithreán an stáisiúin traenach in Uachtar Ard de réir phleanáil agus fhorbairt cheart an cheantair.

OSGT 5 Tionscail

Forbairt do leathnú na n-úsáidí tionsclaíocha agus d'úsáidí a bhaineann leis an tionscal a chur chun cinn, lena n-áirítear déantúsaíocht, próiseáil ábhar, trádstóráil agus dáileadh ar thailte oiriúnacha, le seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha agus leibhéal ard rochtana ar na mórgheasáin bóithre agus ar na háiseanna iompair phoiblí. Beidh gá le cóireáil imlíne leordhóthanach agus/nó scagadh chun comhéadain ardchaighdeán a chinntiú le spásanna poiblí agus le haon áiteanna cónaithe tadhlacha nó úsáidí íogaire talún eile de réir mar is cuí.

OSGT 6 Forbairt Turasóireachta

(a) Forbairt bhreise Uachtar Ard a chur chun cinn agus a éascú mar phríomh-cheann scríbe turasóireachta chun leasa an bhaile agus na gceantar máguaird.

(b) Tacú agus comhoibriú i gcomhar le comhlachtaí ábhartha agus úinéirí talún, bealaí taitneamhachta turasóireachta a sholáthar timpeall an bhaile.

(c) Forbairt acmhainneacht turasóireachta inbhuanaithe laistigh d'Uachtar Ard a spreagadh agus cuidiú leis ar bhealach a urramaíonn, a thógann, a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn tábhacht chultúrtha, thógtha, ailtireachta, seandálaíochta agus oidhreachta an bhaile lena n-áirítear oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht, agus a thaitneamhachtaí áitiúla, go háirithe leis an margadh turasóireachta iascaireachta áitiúil atá uathúil d'Uachtar Ard.

OSGT 7 Bonneagar Poiblí

Tacú agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt bonneagair agus d'oibreacha feabhsúcháin a théann chun leasa Uachtar Ard mar SGT agus an réigiúin níos leithne.

OSGT 8 Líonra Coisithe agus Rothaíochta

Forbairt agus tacú le forbairt sraith bealaí coisithe agus rothaíochta a nascann na ceantair chónaithe le lár an bhaile agus seirbhísí pobail áitiúla nuair is féidir.

OSGT 9 Láithreán Deise

Athfhorbairt chuí den láithreán deise a shainiú sa phlean seo a chur chun cinn agus a spreagadh, a chuirfidh le beogacht agus carachtar Uachtar Ard.

OSGT 10 Forbairt Míchuí ar Chriosanna Tuilte

Sa chás go moltar forbairt/úsáid talún laistigh d'aon limistéar atá faoi réir an chuspóra seo caithfear measúnú hidreolaíoch mionsonraithe agus dearadh láidir SUDS a bheith ag gabháil leis an togra forbartha ina dtaispeántar an cumas eachtraí tuile féideartha a sheasamh chun cáilíocht uisce a choinneáil agus chun éifeachtaí féideartha ar ghnéithe éiceolaíochta a sheachaint.

- Ba cheart aon mholadh forbartha a mheas go cúramach agus ceanglófar orthu cloí leis an gCóras Pleanála agus leis na Treoirí um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údarás Phleanála/Imlitir PL2/2014 agus an Tástáil Fírinne Bainistíochta Forbartha lena mbaineann.

- Ba cheart meas cuí a thabhairt d'Athrú Aeráide in aon togra forbartha.

- Criosanna brúachánacha na gcóras sruthchúrsa ar fud limistéar an phlean a chosaint le maolán ginearálta cosanta de 10 méadar ó aibhneacha laistigh de limistéar an phlean arna thomhas ó bhruach na habhann, (féadfar an fad seo a mhéadú agus a laghdú ar bhonn láithreáin de réir láithreáin, de réir mar is cuí).

- Maidir le haon togra forbartha a chuirfear isteach don láithreán seo, beidh gá le tuarascáil/tuascálacha éiceolaíochta mionsonraithe, arna cur i gcrích ag pearsanra a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu bonn eolais a thabhairt don Scagadh le haghaidh Measúnachta Cuí ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, arb í an t-údarás inniúil.

- Tabharfar breac-chuntas ar na tailte ábhartha agus léireofar iad le siombail ar an léarscáil chriosaithe úsáide talún agus ar chóras GIS Chomhairle Chontae na Gaillimhe ionas go mbeidh an fhoireann agus an pobal ar an eolas faoi na coinníollacha/srianta speisialta a ghabhann leo.

OPT-OU1 - Iar-Óstán Corrib House, Uachtar Ard

Cur síos


Achar: Thart ar 0.29HA

Criosú: Lár an Bhaile

Úsáid Talún Reatha: Láithreán Óstáin Folamh

Deis: Suíomh athfhorbraíochta é seo i lár Uachtar Ard. Tá an suíomh suite ar an taobh theas den phríomhshráid i dtreo cheann thiar an bhaile. Tá cruth mór agus dronuilleogach ar an suíomh. Tá an tIar-Óstán Corrib House ann, atá tréigthe anois. Is deis í seo d'fhorbairt úsáide measctha a d'fhéadfadh cur leis an gcuid seo de lár an bhaile, ina bhfuil roinnt foirgneamh folamh cnuasaithe le chéile faoi láthair.






- Teorainn Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- * R - Cónaithe Inlíonta
- C1 - Lárán Bhaile
- BE - Gnó & Fiontar
- CF - Saoráidí Pobail
- PU - Fóntas Poiblí
- OS - Spás Oscailte/ Áineas & Conláiste
- TI - Bonneagar Iompair
- Uisce / Aibhneacha / Srutháin
- Úsáid Talún Shrianta
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Láithreán Deise
- OSGT 10 - a
- Forbairt Mhichuí ar Chrios Tuille

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022 -2028
Baile Beaghfáis
Uachtar Ard
Léarscáil um Chriosú Úsáid Talún



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council


Galway County Council 2021/OSI_NMA_090
 © Ordnance Survey Ireland, 2021



- Teorainn Lonnaíochta
- Crios Tuilte Táscach A
- Crios Tuilte Táscach B
- Crios Tuilte Táscach C
- PFRA Táscach Báistíúil
- PFRA Báistíúil Rabhartha
- Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028

Baile Beagfháis
Uachtar Ard
Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Galway County Council 2021/OSI_NMA_090
© Ordnance Survey Ireland, 2021

9.1 Port Omna Baile Beagfháis

9.2 Comhthéacs Baile

Tá Port Omna suite timpeall 68 ciliméadar soir ó dheas ó Chathair na Gaillimhe, 31 ciliméadar ó dheas ó Bhéal Átha na Sluaighe agus 24 ciliméadar siar ó Bhiorra. Tá an baile ar an dá thaobh de theorainn an chontae le Contae Thiobraid Árann agus aithnítear é mar an príomhshuíomh uirbeach in oirdheisceart Chontae na Gaillimhe a fhreastalaíonn ar chúlchríoch fhairsing tuaithe ar gach taobh den deighilt chontae. Freastalaíonn an Bóthar Tánaisteach Náisiúnta, an N65 ar Phort Omna, a fheidhmíonn mar phríomh-thairseach feithicle isteach sa bhaile.

Tá Port Omna teorantach le hAbhainn na Sionainne soir, Loch Deirgeirt ó dheas agus Páirc tarraingteach Foraoise Phort Omna san iardheisceart a chuimsíonn limistéar de thart ar 600 heicteár. Bhí tionchar ag topagrafaíocht agus gnéithe nádúrtha an cheantair ar phatrún agus ar fhoirm forbartha an bhaile thar na blianta. Tá an baile tarraingteach agus fáilteach mar áit chónaithe agus do chuairteoirí ar cheantar Loch Deirgeirt.

9.3 Pobail Inbhuanaithe

9.3.1 Tithíocht

Tá dhá bhóthar chomhthreomhara mar theorainn Phort Omna; Sráid Naomh Breandán / Ascaill Chluain Fearta agus Sráid na Mainistreach a dtrasnaíonn Ascaill Naomh Bríd / Sráid Phádraig iad agus bhí an ceantar seo mar phointe fócasach don Bhaile, ag imirt róil lárnaigh i bhfeidhmeanna sa lucht riaracháin, tráchtála, cultúrtha, áineasa, cónaithe agus pobail an Bhaile. Tá na sráideanna seo leathan i gcomhréir le hairde ingearchló na bhfoirgneamh, rud a thugann atmaisféar fairsing don bhaile. Den chuid is mó, tá na foirgnimh theaghlaigh agus tráchtála féin de stíl dhúchasach shimplí, agus tá ailtireacht neoclasaiceach na bhfoirgneamh poiblí contrártha leo.

Tá croílár bhaile Phort Omna ard-dlúis ó thaobh leagan amach de agus d'fhorbair sé ar bhealach inbhuanaithe ag gobadh amach i ngach treo ó na príomhshráideanna. Tá forbairt ag roinnt eastát tithíochta ó thuaidh, soir, agus siar de chroílár an bhaile le roinnt tithíochta inlíonta i lár an bhaile agus laistigh den teorainn forbartha. Sa stoc tithíochta seanbhunaithe atá i gcroílár an bhaile, áirítear meascán de stoc traidisiúnta tithíochta le meascán maith d'fhorbairtí nua inlíonta.

9.3.2 Oideachas

Ó thaobh an oideachais de, is meánscoil chomhoideachais í Scoil Phobail Port Omna agus is scoil chomhoideachais í Scoil Náisiúnta Naomh Breandán i bPort Omna freisin.

9.3.3 Áiseanna Pobail

Tá roinnt áiseanna forbartha pobail agus áineasa i mbaile Port Omna, lena n-áirítear scoileanna, leabharlann, clós súgartha do leanaí, séipéal agus reilig, áiseanna leighis, stáisiún Garda, banc, oifig an phoist agus roinnt áiseanna spóirt atá scaipthe timpeall an bhaile.

I measc na gclubanna / grúpaí sóisialta a fhreastalaíonn ar dhaoine óga agus aosta tá club beiriste, Grúpa Drámaíochta Portumna Players, Tionscadal Forbartha Pobail Na Calai, Grúpa Comhshaoil An Gairdin, Portumna Town FC, CLG Phort Omna, Club Peile Rugbaí Phort Omna agus Club Gailf Phort Omna. Rinneadh halla an bhaile a athchóiriú le déanaí agus tá sé suite go lárnach in Ascaill Chluain Fearta, taobh thiar de Theach na Cúirte. Is iad Abhainn na Sionainne agus Loch Deirgeirt an bonn le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le fóillíocht agus úsáidtear na coillearnacha timpeall Pháirc Foraoise Phort Omna le haghaidh raon gníomhaíochtaí lasmuigh.

Is iar-eaglais í Eaglais Chaitliceach Naomh Bríd (sean), atá suite ar Ascaill Naomh Bríd a choinníonn a carachtar ailtireachta Athbheochan Ghotach agus go leor dá ghnéithe bunaidh. Is éard a bhí sna foirgnimh thadhhlacha ná iar-chlochar, reilig le másailéam atá mar chuid de ghrúpa tábhachtach struchtúr reiligiúnach sa cheantar seo. Tiontaíodh an Eaglais seo go halla paróiste agus tá sí folamh agus in úsáid faoi láthair.

Tá dhá ollmhargadh i bPort Omna chomh maith le roinnt siopaí níos lú le stáisiúin pheitрил, rogha mhaith bialanna agus caiféanna chomh maith le cuid mhór de thithe tábhairne a chuireann bia ar fáil. Tá dea-mheascán de chóiríocht turasóireachta i bPort Omna le rogha de bhloic árasán, iostáin, BnBanna agus Sráidbhaile Glampála i Lár an Bhaile. Rinneadh damáiste d'Óstán Shannon Oaks siar ó lár an bhaile i dtine in 2011 agus tá sé tréigthe/ folamh ó shin.

9.3.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Cuireann an oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha i bPort Omna lena carachtar agus lena sainiúlacht áitiúil. Is cuid thábhachtach de thaitneamhacht amhairc an cheantair é bailedhreach Port Omna agus caithfear cosaint agus feabhsú an tírdhreacha baile, na sráid-dreacha agus na bpatrún sráide stairiúla a mheas maidir le caomhnú agus forbairt an bhaile sa todhchaí.

Cuirfidh ainmniú lár an bhaile stairiúil mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta agus an bhainistíocht ghaolmhar ar fhoirgnimh aonair agus ar an bhfearann poiblí sa cheantar sin go mór le cáilíocht na timpeallachta áitiúla laistigh do Phort Omna. Tá príomhthábhacht an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta ainmnithe sa teaghlaim dá phatrún sráide, méideanna plota agus comhleanúnachas ailtireachta. Tagann formhór na bhfoirgneamh ó dheireadh an 18ú haois agus deireadh an 19ú haois agus tá go leor tréithe cosúla acu. Is gnéithe tábhachtacha iad aghaidheanna siopaí traidisiúnta a mhaireann. Ag féachaint dá mhéad tá líon flaithiúil foirgneamh i bPort Omna a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach ag baint leo. Tá roinnt struchtúr cosanta suite laistigh de limistéar phlean Phort Omna, i measc na samplaí tá Siopa Bia agus BÁCÚS Williams ar Shráid na Mainistreach agus seanfhoirgneamh Theach na Cúirte ar Ascaill Chluain Fearta. Tá oidhreacht seandálaíochta saibhir ag Port Omna freisin, le roinnt séadchomharthaí taifeadta, ag soláthar fianaise ar lonnaitheacht luath sa cheantar.

Maidir le hoidhreacht nádúrtha, tá líon suntasach suíomhanna ainmnithe ag Port Omna a théann trasna limistéar an Phlean agus is í an phríomhghné i bPort Omna ná Abhainn na Sionainne agus Loch Deirgeirt atá ina dhá Limistéar Caomhantais Speisialta, eadhon SAC Calaí na Sionainne agus Loch Deirgeirt, SAC an Chladaigh Thoir -Thuaidh. Ina theannta sin, tá dhá Limistéar Cosanta Speisialta ann a théann trasna limistéar an phlean, eadhon SPA Calaí Lár na Sionainne agus SPA Loch Deirgeirt (An tSionainn). Téann Ceantar Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe do Chalaí na Sionainne agus an Limistéar Oidhreachta Nádúrtha Loch Deirgeirt atá beartaithe trí limistéar an phlean ó dheas.

9.3.5 Fostaíocht agus Forbairt Eacnamaíoch

Tá úsáidí fostaíochta ar scála mór dírithe i limistéar thiar agus thuaidh an phlean ar chriosú Tionscail agus Fiontar. Aithníonn an Plean tailte criosaithe tionsclaíocha neamhfhorbartha (I) chun freastal ar fhorbairt thionsclaíoch chomh maith le tailte Gnó / Fiontair (BE) a bheith ar fáil a fhéadann úsáidí éagsúla fiontar agus gnó a éascú.

Is é ceantar lár an bhaile an príomhfhócas i gcónaí maidir le forbairt nua miondíola a shuíomh, le deiseanna chun an earnáil seo a fhorbairt ar bhealach comhdhlúite agus seicheamhach. Caithfear forbairt aon seirbhísí miondíola agus neamh-mhiondíola sa bhaile sa todhchaí a phleanáil, a dhearadh agus a bhainistiú go

cúramach d'fhonn carachtar uathúil an bhaile a chosaint agus a fheabhsú agus beogacht eacnamaíoch lár an bhaile a chur chun cinn agus bonn láidir a sholáthar do dheiseanna fostaíochta.

Is spás faisnéise é an Mol i bPort Omna a threoraíonn cuairteoirí chuig na háiteanna éagsúla is díol spéise do thurasóirí i bPort Omna ar nós The Workhouse, bialanna áitiúla agus gnóthais. Soláthraíonn sé faisnéis rithábhachtach do dhaoine freisin faoi chúrsaí oideachais agus deiseanna fostaíochta atá le teacht. Freastalaíonn an oifig ar na bailte agus na sráidbhailte níos leithne timpeall ar Phort Omna. Tá spásanna oifige sa Mhol le deiseanna do ghnó agus d'fhiontraithe nua-thionscanta leas a bhaint as spás deisce laistigh den Mhol agus tugann sé deis do ghnóthaí a gcuid táirgí agus seirbhísí a thaispeáint.

Is tionscal suntasach agus fostóir mór é, Green Isle Foods atá lonnaithe ar an mbaile in éineacht le roinnt fostóirí eile. D'fhéadfadh fiontair/soláthraithe seirbhíse áitiúla níos lú agus meánmhéide cruthú fostaíochta nua a ghiniúint. Treorófar go cuí forbairt eacnamaíoch agus cruthú fostaíochta chun cosaint áiseanna cónaithe, oidhreacht thógtha agus nádúrtha, tírdhreach agus sráid-dreach, carachtar an bhaile agus beogacht agus inmharthanacht lár an bhaile a chinntiú.

9.3.6 Lár an Bhaile/Miondíol

Freastalaíonn Baile Phort Omna ar dhaonra uirbeach áitiúil agus ar dhobharcheantar fairsing tuaithe. Is é an cuspóir beartais do mhiondíol i Lár Bhaile Phort Omna ná tacú le beogacht agus inmharthanacht an bhaile agus a chinntiú go soláthraíonn sé raon iomchuí feidhmeanna miondíola agus neamh-mhiondíola chun freastal ar riachtanais an phobail agus na ndobharcheantar faoi seach.

Go stairiúil, bhí Lár an Bhaile mar phointe fócasach an Bhaile, ag imirt róil lárnaigh i bhfeidhmiú riaracháin, tráchtála, cultúrtha agus áineasa an Bhaile. Tá carachtar sainiúil ag an gceantar agus tá roinnt foirgneamh ann a bhfuil fiúntas ailtireachta ag baint leo. Tá éadanas sráide agus croílár ar leith i Lár an Bhaile do ghníomhaíocht uirbeach áit ina bhféadtar feidhmeanna cónaithe, tráchtála agus pobail tarlú taobh le taobh.

Tá meascán de shiopadóireacht áise agus comparáide ag Port Omna le hOllmhargadh mór Maoirseachta ar an taobh thoir de lár an bhaile le go leor páirceála eas-sráide chomh maith le líon maith bialann agus soláthar fairsing seirbhísí míochaine, beáir agus seirbhísí gnó scaipthe ar fud an chroí mhiondíola aitheanta. Mar sin féin, tá barrachas suntasach de spás miondíola folamh i gcroílár miondíola bhaile Phort Omna laistigh den chroí mhiondíola aitheanta. Tá an pointe fócasach miondíola roinnte idir croílár an bhaile agus coimpléasc miondíola Aldi siar ón lár a bhfuil nascacht mhaith aige trí chosán nua go lár an bhaile.

9.3.7 Turasóireacht

Is tionscal tábhachtach í an turasóireacht sa gheilleagar áitiúil agus aithnítear í mar chatalaíoch do mhéid suntasach gníomhaíochta tráchtála sa bhaile. Tá líon suntasach nithe is díol spéise do thurasóirí ag Port Omna dírithe timpeall ar a shuíomh pictiúrtha in aice leis an tSionainn agus gar do Pháirc Fhoraoise Phort Omna. Ina dhiaidh sin tá oidhreacht shaibhir nádúrtha agus thógtha ag an mbaile de bhua a shuíomh geografach buntáisteach. Feidhmíonn na tréithe agus na taitneamhachtaí seo ag an am céanna mar shócmhainní áineasa luachmhara don bhaile agus cuireann siad go mór lena mhealladh foriomlán.

D'fhás Port Omna ó sholáthraí cóiríochta bige go baile ina bhfuil rogha mhór de chineálacha cóiríochta. Tá rogha mhaith caifé, bialanna agus siopaí sa bhaile freisin. I measc a soláthar de ghníomhaíochtaí allamuigh tá gníomhaíochtaí farraige agus talamh-bhunaithe, lena n-áirítear, siúlóid, slatiascaireacht, rothaíocht, snámh, seoltóireacht/bádóireacht, curachóireacht agus galf. Soláthraíonn an turasóireacht fostaíocht shéasúrach agus

Buan i bPort Omna agus tá go leor oibre déanta trí infheistíocht áitiúil agus náisiúnta chun an tionscal seo a chur chun cinn sa cheantar.

Is príomhshócmhainní iad Loch Deirgeirt agus Abhainn na Sionainne do bhaile Phort Omna agus don cheantar máguaird. Tógann Ceantar na Lochanna agus Uiscebhealaí Intíre suas cuid mhór de lár na hÉireann lena n-áirítear príomh-uiscebhealaí nó dobharcheantair na Sionainne agus na hÉirne, mar aon le conair 30 mhíle ar gach taobh. I measc na bpríomh lochanna tá Loch Éirne Íochtair agus Uachtair, Fearainn Locha an Chabháin agus Mhuineacháin, Lochanna na hIarmhí, Loch Aillionn, Loch Cé, Loch Rí agus Loch Deirgeirt.

Go náisiúnta, san fheachtas margaíochta ‘Hidden Heartlands’ le Fáilte Ireland agus Discover Ireland cuimsítear roinnt contaetha lena n-áirítear Gaillimh. Le Hidden Heartlands na hÉireann ina bhfuil Abhainn na Sionainne agus Port Omna, cuirtear béim níos mó ar áilleacht dhílis na tuaithe intíre, áit a bhfuil gníomhaíocht agus scíthe ann le pobail na tuaithe agus lena stíleanna maireachtála. Soláthraíonn sé naisc idir cinn scríbe agus díol spéise lárnacha, trína ndéantar radharcra agus cultúr uathúil a thaispeáint, ag soláthar rochtain éasca ar bhealaí siúlóide agus rothaíochta.

I measc na n-áiteanna is díol spéise i bPort Omna agus timpeall air tá a Chaisleán, an Mhainistir, Teach na mBocht agus an Pháirc Fhoraoise stairiúil, Abhainn na Sionainne agus Fearainn Loch Deirgeirt. Is teach tábhachtach ón seachtú haois déag é Caisleán Phort Omna agus tá an músaem oidhreachtas agus na gairdíní ar an mbunurlár oscailte don phobal anois. Is foirgneamh suntasach spéise é an mhainistir freisin. Ag Ionad Teach na mBocht na hÉireann i bPort Omna tugtar léargas ceart don phobal ar shaol in Éirinn sa chuid deiridh de na 19^ú haois atá céimeanna tosaigh an 20^ú haois toisc go bhfuil gach seacht dteach na mbocht slán agus ar oscailt don phobal.

Tá ceithre shlí lúbtha ag Páirc Fhoraoise Phort Omna a fhéadtar a úsáid le haghaidh rothaíochta agus siúlóide, lena n-áirítear an *Forest Friendly Trail* (1.4km), *The Woodland Trail* (2km), na conairí níos faide *Rinnmaher* agus *Bonaveen* (thart ar 10 km an ceann), a leathnú go dtí ceantair sheachtracha na Páirce. Tá cíós rothair ar fáil sa bhaile freisin. Bealach Hymany, conair shiúlóide a théann ó Phort Omna ar aghaidh go Béal Átha na Sluaighe agus a chríochnaíonn ag Béal Átha Ghártha. Téann an chonair trí thír-raon álainn agus sruthchúrsaí, lena n-áirítear bithéagsúlacht, gnáthóga agus éanlaith na Sionainne.

Tá Club Gailf Phort Omna suite in áit álainn laistigh de thimpeallacht shuaimhneach Pháirc Fhoraoise Phort Omna. Tá an-tóir ar Ché Phort Omna a bhfuil rochtain ag Bóthar na hEaglaise air mar limistéar snámha agus picnic go háirithe i rith míonna an tsamhraidh. Ina theannta sin, d’aithin Uiscebhealaí Éireann deiseanna turasóireachta maidir le forbairtí cuain ar an mbaile. Tá sé mar aidhm ag an bplean oibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun ‘tarraingteacht turasóireachta’ an bhaile a chur chun cinn agus a fhorbairt, trí straitéis mhargaíochta agus turasóireachta a fhorbairt don Bhaile.

9.4 Seirbhísí agus Bonneagar

9.4.1 Seirbhísí Uisce

Faigheann baile Phort Omna agus an ceantar tuaithe máguaird a sholáthar uisce ó Loch Deirgeirt. Déantar an t-uisce a bhaintear a chóireáil sula ndéantar é a úsáid ag an ionad cóireála áitiúil.

9.4.2 Diúscairt Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an mbaile. Tá acmhainn laistigh den líonra freastal ar fhorbairt atá beartaithe.

9.4.3 Bonneagar Iompair agus Gluaiseacht

Freastalaíonn líonra maith de bhóthar poiblí ar Phort Omna a thagann le chéile sa bhaile lena n-áirítear bóthar tánaisteach náisiúnta an N65, bóthar Scairbhe an R352, bóthar R355 Béal Átha na Sluaighe agus an bóthar áitiúil a bhfuil líon mór tráchta air, an L-4313-0.

Tá iompar poiblí i bPort Omna teoranta do sheirbhísí bus, arb éard atá iontu seirbhísí áitiúla agus príobháideacha den chuid is mó a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le Port Omna agus a phurláin a nascadh le Cathair na Gaillimhe, Baile Locha Riach agus Biorra.

Tá an líonra siúlóide i bPort Omna comhdhéanta de chosáin atá tadhlach le bóithre poiblí agus tá roinnt lúb conláistí agus rothaíochta conláiste san fhóraois in aice láimhe. Tá ceithre chonair lúbtha i bPáirc Fharaoise Phort Omna atá dé-úsáid le haghaidh rothaíochta agus siúlóide, lena n-áirítear dhá shiúlóid ghearra agus dhá shiúlóid níos faide atá timpeall ar 10 km, ag síneadh go ceantair sheachtracha na Páirce.

9.5 Tuilte

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá faoi dhliteanas riosca tuile, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte d'Údaráis Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Ciorclán PL2/2014 agus aon leasú orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnuithe Riosca Tuilte a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta do Phort Omna agus tá sé de réir na dtreoirlínte agus na ciorclach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí Beartais Chríosaithe Úsáid Talún do Phort Omna (Baile Beagfháis Phort Omna - PSGT)

PSGT 1 Lár an Bhaile Inbhuanaithe

Forbairt Phort Omna a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhreachtú, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontar, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a sholáthraíonn raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí don phobal áitiúil agus do chuaisceoirí. Beidh lár an bhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar mar phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

PSGT 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhreachtú air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha mar áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaoine cónaithe phlean lonnaithe Phort Omna. Taitneamhachtaí cónaithe atá ann a chosaint agus forbairt inlíonta nua atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir phleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe limistéar an phlean. Maireachtáil os cionn an tsiopa a spreagadh go sonrach a fhéadtar cur le beogacht an chroí agus gníomhaíocht a leathnú níos faide ná uaireanta gnó.

PSGT 3 Áiseanna agus Seirbhísí Pobail

Leathnú agus forbairt na saoráidí agus na seirbhísí atá ann cheana a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

PSGT 4 Gnó agus Fiontar

Leathnú úsáidí gnóthaí agus fiontar i limistéar phlean Phort Omna a éascú nuair is cuí agus chun soláthar deiseanna fostaíochta áitiúla breise a éascú de réir phleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

PSGT 5 Tionscail

Forbairt do leathnú na n-úsáidí tionsclaíocha agus d'úsáidí a bhaineann leis an tionscal a chur chun cinn, lena n-áirítear déantúsaíocht, próiseáil ábhar, trádstóráil agus dáileadh ar thailte oiriúnacha, le seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha agus leibhéal ard rochtana ar na mórghréasáin bóithre agus ar na háiseanna iompair phoiblí. Beidh gá le cóireáil imlíne leordhóthanach agus/nó scagadh chun comhéadain ardchaighdeán a chinntiú le spásanna poiblí agus le haon áiteanna cónaithe tadhlaigh nó úsáidí íogaire talún eile de réir mar is cuí.

PSGT 6 Forbairt Turasóireachta

- (a) Forbairt bhreise ar Phort Omna a chur chun cinn agus a éascú mar phríomh-cheann scríbe turasóireachta chun leasa an bhaile agus na gceantar máguaird.
- (b) Athfhorbairt chuí ar Láithreán an Óstáin (Iar-Óstán Shannon Oaks) a spreagadh.
- (c) Tacú agus comhoibriú i gcomhar le comhlachtaí ábhartha agus úinéirí talún, bealaí taitneamhachta turasóireachta a sholáthar timpeall an bhaile.
- (d) Forbairt acmhainneacht turasóireachta inbhuanaithe laistigh de Phort Omna a spreagadh agus cuidiú leis ar bhealach a urramaíonn, a thógann, a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn tábhacht chultúrtha, thógtha, ailtireachta, seandálaíochta agus oidhreacht an bhaile lena n-áirítear oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht, agus a thaitneamhachtaí áitiúla.

SGT 7 Bonneagar Poiblí

Tacú agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt bonneagair agus d'oibreacha feabhsúcháin a théann chun leasa Phort Omna mar SGT agus an réigiúin níos leithne.

PSGT 8 Líonra Coisithe agus Rothaíochta

Forbairt agus tacú le forbairt sraith bealaí coisithe agus rothaíochta a nascann na ceantair chónaithe le lár an bhaile agus seirbhísí pobail áitiúla nuair is féidir.

PSGT 9 Láithreáin Deise

Athfhorbairt iomchuí na Láithreán Deise a a shainaithnítear sa phlean a spreagadh agus athchóiriú agus athúsáid na gné stairiúla cónaithe agus miondíola de charachtar Phort Omna a chuirfidh le beogacht agus carachtar Phort Omna.

Port Omna - Láithreán Deise

OPT-PU1 Port Omna - Foirgneamh an Mhuilinn soir ó limistéar Lár an Bhaile


Cur síos Achomair: Páirc mhór chothrom ar an taobh thoir de thailte Lár an Bhaile le stórais mhóra as úsáid agus ghránna ar an taobh thiar thuaidh den phlota. Tá teaghais tréigthe le tritseán ina fhásach go dtí an chúinne thoir agus thiar theas den pháirc. Meascán de bhalla cloiche íseal / fód agus díog cré le crainn feadh teorainn thuaidh an bhóthair chomh maith le roinnt fálú pailise feadh teorainn thaobh an bhóthair ar an taobh thoir den láithreán.

Achar: Tá an láithreán thart ar 1.84 heicteár

Criosú: Tá an láithreán criosaithe i Lár an Bhaile.

Úsáid Talún Reatha: Is í an úsáid is mó a bhaintear as an láithreán seo ná talamh talmhaíochta branair le seanfhoirgnimh agus dhá áitreabh tréigthe/as úsáid.

Deis: Foráil a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt turasóireachta, cónaithe, tráchtála nó úsáide measctha. Féadfaidh ráiteas dearaidh mionsonraithe a bheith san áireamh sa togra forbartha foriomlán don láithreán.



OPT - PU2 Port Omna - Eaglais Naomh Bríd (sean) agus maoin agus tailte an chlochair in aice láimhe, Ascaill Naomh Bríd.


Cur síos Achomair: Séipéal Caitliceach Rómhánach Athbheochana Gotach T-phlean neamhspleách, a tógadh c.1825, le meánlann trí bhá agus croslann aon-bhá leathan le póirsí beannacha ar na taobhanna thoir. Póirse trí bhá ar leithead, aon bhá domhain agus dhá stór chun tosaigh, le druma túr plean cearnach ar a bharr.

Achar: Tá an láithreáin thart ar 0.58 heicteár

Criosú: Tá an láithreán criosaithe d'áiseanna Pobail.

Úsáid Talún Reatha: Eaglais Chaitliceach Rómhánach tiontaithe go halla paróiste nach bhfuil in úsáid faoi láthair agus atá folamh. Iar-chlochar san iarthar nach bhfuil in úsáid ach an oiread.

Deis: Foráil a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt turasóireachta, cónaithe, pobail, tráchtála nó úsáide measctha.



OPT - PU3- Port Omna - Sráid na Mainistreach, Bóthar na Sionainne - Áitribh tréigthe agus Trádstóras .

Cur síos Achomair: Is éard atá i Maoine 1 ar Shráid na Mainistreach, Bóthar na Sionainne ná teach dhá stór trí bhá ar an ardán, a tógadh c.1880, le háiléar agus a bhfuil aghaidh siopa os comhair (ó thuaidh) agus breisiú dhá stór ar chúl. Raon foirgneamh lasmuigh sa chlós ó dheas, ag teacht le teorainn an bhóthair.


Achar: Tá an láithreán thart ar 0.58 heicteár

Criosú: Tá an láithreán criosaithe i Lár an Bhaile.

Úsáid Talún Reatha: Folamh - úsáid roimhe seo mar áit chónaithe agus miondíola.

Deis: Foráil a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt turasóireachta, cónaithe, tráchtála nó úsáide measctha.





- Teorainn Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- R - Cónaithe Inlíonadh
- C1 - Lár an Bhaile
- C2 - Úsáid Tráchtála/Measctha
- BE - Gnó & Fiontar
- T - Turasóireacht
- I - Tionscal
- CF - Saoráidí Pobail
- PU - Fónais Phoiblí
- OS - Open Space/Recreation & Amenity
- TI - Bonneagar liompair
- Uisce/Aibhneacha/Srutháin
- Úsáid Talún Sriantha
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Láithreán Deise

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028


Baile Beagfháis
Port Omna
Léarscáil um Chriosú Úsáid Talún

0 180 360 540 720
méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2020Si_NMA_09
Suirbhéireacht Ordánais Éireann 2021



- Teorainn Lonnaíochta
- Críos Tuilte Táscach A
- Críos Tuilte Táscach B
- Críos Tuilte Táscach C
- PFRA Báistiúil Táscach
- PFRA Báistiúil Rabhartha Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Baile Beagfháis
Port Omna
Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte

0 180 360 540 720
Méadair





Imleabhar 2
Sráidbhailte Beagfháis
Dréachtphlean
Forbartha Chontae na
Gaillimhe
2022~2028



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Brollach

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe

Leibhéal	Ordlathas	Lonnaíocht	Stádas Reatha
1	Limistéar Ceannchathartha	Féach Mír 2 Baile Chláir	Plean Ceannchathartha Bhaile Chláir 2022 - 2028
		Bearna	Plean Ceannchathartha Bhearna 2022 - 2028
		Órán Mór	Plean Ceannchathartha Órán Mór 2022 – 2028
		An Garrán Cnoc Mhaoil Drise	Creatphlean Uirbeach an Gharráin Creatphlean Uirbeach Chnoc Mhaoil Drise
2	Príomhbhailte	Béal Átha na Sluaighe	Plean Ceantair Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe 2015 – 2021 hbhreithniú ar an PCÁ seo le tosú i R3 2021.
		Tuaim	Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2018 – 2024 Athbhreithniú ar an PCÁ seo le tosú i R4 2021.
3	Áit a bhfuil Acmhainneacht Straitéiseach aici	Baile Átha an Rí	Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2012 – 2022 Athbhreithniú ar an PCÁ seo le tosú i R4 2021
4	Bailte Féinchothabhála	An Gort Baile Locha Riach	Plean Ceantair Áitiúil an Ghoirt Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2012 – 2022. Athbhreithniú ar an PCÁ seo le tosú i R4 2021
5	Bailte Beagfháis	An Clochán Áth Cinn Maigh Cuilinn Uachtar Ard Port Omna	Féach Mír 3 Pleananna Lonnaíochta um Baile Beagfháis

6	Sráidbhailte Beagfháis	An Cheathrú Rua An Spidéal Béal Átha Ghártha Dún Mór Gleann na Madadh Cinn Mhara Maigh Locha	Féach Mír 4 Pleananna Lonnaíochta um Shráidbhaile Beagfháis
---	------------------------	--	---

10.0 Cuid 3– Sráidbhailte Beagfháis

Gach Sráidbhaile Beagfháis a chur chun cinn mar áit le cónaí agus oibriú inti agus cuairt a thabhairt uirthi, ina gcuirtear raon seirbhísí, áiseanna pobail agus sráidbhaile insiúlta ar fáil atá ar aon dul le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe.

10.1 Réamhrá

Sa chuid seo (Imleabhar 2), tabharfar sonraí maidir le fíis agus cuspóirí beartais chriosaithe do na sráidbhailte seo a leanas:

An Cheathrú Rua, An Spidéal, Béal Átha Ghártha, Dún Mór, Gleann na Madadh, Cinn Mhara agus Maigh Locha.

Ullmhaíodh pleananna Criosaithe agus Tuilte in éineacht le sainchuspóirí beartais do gach Sráidbhaile Beagfháis (SGV) a liostaítear thuas.

San imleabhar seo de Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028, cuimsítear na SGVanna ainmnithe do Chontae na Gaillimhe. Is iad seo na lonnaíochtaí den cúigiú sraith mar atá leagtha amach i *gCaibidil 2 Croí-Straitéis, Orlathas Lonnaíochta agus Straitéis Tithíochta* den Phlean Forbartha Contae 2022-2028. Tá struchtúr lonnaíochta láidir ag na sráidbhailte atá liostaithe sa chatagóir seo agus tá an cumas acu tacú le fás breise, ag tairiscint rogha maireachtála malartach do dhaoine atá ag iarraidh cur fúthu inár SGVanna nó faoin tuath. Leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), éascaítear do sholáthar na sainchuspóirí beartais do shráidbhailte níos lú, ina bhfuil daonra níos lú ná 5,000 duine iontu, a chur san áireamh sa Phlean Forbartha Contae.

Déantar na SGVanna a ghrúpáil le chéile chun an tImleabhar 2 den Phlean Forbartha Contae a fhoirmiú toisc go bhfuil siad cosúil ó thaobh méide de agus go háirithe, ó thaobh daonra de. Mar shampla, níl an daonra de gach lonnaíocht níos mó ná 1,000 duine, ach mar sin féin, tá cumas bonneagair ag gach lonnaíocht chun freastal ar mhéid comhréireach den daonra agus ar fhorbairt ghaolmhar laistigh de shaolré an Phlean Contae seo. Nuair a chuirtear gach ceann de na lonnaíochtaí beaga seo san áireamh sa Phlean Contae, le cuspóirí beartais agus léarscáil criosaithe, tá an t-údarás áitiúil i riocht níos straitéisí chun a riachtanais atá leagtha amach sa RSES a sheachadadh trí áiteanna níos fearr a sholáthar do dhaoine chun maireachtáil agus oibriú iontu. Leis na sráidbhailte seo a chur san áireamh sa Phlean Forbartha Contae, cuideofar le maoiniú agus tacaíochtaí eile a mhealladh ón Rialtas Láir agus ó fhoinsí féideartha eile.

Tá gá leis na daonraí a chuirtear i leith gach sráidbhaile chun an fás leithdháilte daonra a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa CNP agus RSES. Caithfear freastal ar an bhfás seo sa daonra i ngach SGV ar bhealach inbhuanaithe, comhréireach agus seicheamhach.

Léirítear sa tábla 10.1 seo a leanas an leithdháileadh daonra in aghaidh an SGV a liostaítear thuas.

Lonnaíocht	Daonáireamh 2016	Meastachán Daonra 2022 - 2028	Aonaid Chónaithe	Cainníocht na dTailte Cónaithe atá ag teastáil (ha)
An Cheathrú Rua	781	150	60	5.45
An Spidéal	237	55	22	2.00
Béal Átha Ghártha	687	175	70	6.36
Dún Mór	600	120	48	4.36

Gleann na Madadh	480	130	52	4.73
Cinn Mhara	730	200	80	7.27
Maigh Locha	518	125	50	4.55

Tábla 10.1: Leithdháileadh Daonra 2022 - 2028

10.2 Achoimre Straitéiseach

Tá fíis straitéiseach mar bhonn agus mar thaca ag an achoimre straitéiseach do na SGVanna chun fás agus forbairt na sráidbhailte beagfháis seo sa todhchaí a threorú ar bhealach inbhuanaithe.

Scrúdaíodh gach ceann de na SGVanna agus tá an rogha forbartha is fearr le haghaidh gach limistéar plean ar aon dul leis na mianta i dTionscadal Éireann (TÉ) 2040, chun na ceantair uirbeacha tógtha atá ann cheana a chomhdhlúthú. Tá láithreáin athfhorbraíochta agus inlíonta ina gcomhpháirteanna lárnacha de na pleananna seo.

Leanfaidh an fhís straitéiseach mar atá mínithe thuas treoir náisiúnta agus na paraiméadair chaighdeánacha atá leagtha amach i bpríomhchaibidlí Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028.

Beidh an fhís ag cloí leis na prionsabail a leagtar amach thíos. Sainithnítear leis na prionsabail seo bealach chun an fhís a bhaint amach. Ina measc tá:

- Iniúchadh a dhéanamh ar acmhainneacht gach suímh mar a shainithnítear é mar SGV i struchtúr lonnaithe an Phlean Forbartha Contae agus an candam daonra leithdháilte a bhaint amach faoi 2028 de réir TÉ 2040 agus na Croí-Straitéise/HNDA;
- Leibhéal forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn atá oiriúnach do charachtar, oidhreacht, taitneamhacht agus ról straitéiseach gach lonnaithe lena ligtear d'fheabhas a chur ar na SGVanna agus ar na seirbhísí, saoráidí agus taitneamhachtaí feabhsaithe chomh maith;
- Soláthar a dhéanamh do chomhdhlúthú agus d'fhás comhleanúnach na sráidbhailte agus na gceantar tuaithe seo i gContae na Gaillimhe;
- Tacú le leibhéal iomchuí seirbhísí agus bonneagair atá comhréireach le gach sráidbhaile chun fás agus forbairt inbhuanaithe sa todhchaí a éascú;
- Lárionaid sráidbhailte láidre beoga a chur chun cinn a mheallann gnó nua agus a sholáthraíonn feidhmeanna miondíola agus seirbhíse iomchuí chun freastal ar riachtanais de gach sráidbhaile agus den chúlchríoch máguaird, chomh maith le timpeallacht thaitneamhach tharraingteach le haghaidh siopadóireachta, gnó, áineasa agus maireachtála a chur ar fáil;
- Lónra gluaiseachta ar ardchaighdeán a sholáthar do choisithe, do rothaithe agus d'fheithiclí le tosaíocht a thabhairt don iompar poiblí;
- Dearadh ardchaighdeán a chomhtháthú i ngach forbairt don todhchaí laistigh de gach lonnaithe, ag cur teicneolaíochtaí glasa nuálacha chun cinn i limistéir uile an phlean a chuireann go dearfach leis an gcomhshaol;
- Ní dhéanfar forbairt nua atá laistigh de gach ceann de na SGVanna i gceantair i gCriosanna Tuilte A agus B nuair is féidir. Tá gach ceann de na Criosanna Tuilte seo aitheanta sna léarscáileanna Straitéiseacha um Measúnú Riosca Tuilte do gach ceann de na SGVanna;
- Forbairt a spreagadh a dhéantar a chomhtháthú go híogair leis an tírdhreach atá ann cheana, forbairt lena léirítear tuiscint ar cháilíochtaí intreacha shuíomh an tírdhreacha agus, nuair is féidir, deiseanna a chur chun cinn chun tréithe, gnéithe agus bithéagsúlacht tírdhreacha a chosaint agus a fheabhsú;
- Cáilíocht ár sócmhainní comhshaoil ar nós aibhneacha agus lochanna a choinneáil mar aon leis na hiarsmaí stairiúla ar nós Déanmhas Cosanta agus Limistéar Caomhantais Ailtireachta laistigh de gach SGV de réir na treorach náisiúnta.

10.3 Struchtúr an Doiciméid

In Imleabhar 2 tá na SGVanna uile a sainaitníodh i gContae na Gaillimhe. Tá dhá chomhpháirt den chuid seo a bhfuil cur síos orthu thíos.

- Prionsabail ghinearálta agus cuspóirí beartais ardleibhéil a bhaineann le gach ceann de na SGVanna.
- Dréachtaíodh léarscáileanna críosaithe saincheaptha chomh maith lena téacs tacaíochta do gach sráidbhaile ina mbaintear an úsáid is fearr as na sócmhainní atá i ngach SGV. I measc na SGVanna tá: An Cheathrú Rua, An Spidéal, Béal Átha Ghártha, Dún Mór, Gleann na Madadh, Cinn Mhara agus Maigh Locha.

10.4 Críosanna Úsáid Talún

Críosú	Cuspóir Beartais	Cur síos
Cónaithe Reatha & Cónaithe Inlíonta	Conláistí cónaithe na gceantar cónaithe atá ann cheana a chosaint agus a fheabhsú.	Foráil a dhéanamh maidir le hathruithe feabhsúcháin tí, síntí agus forbairt cónaithe inlíonta iomchuí de réir phrionsabail dea-dhearaidh agus cosanta na gconláistí cónaithe atá ann cheana.
Céim Chónaithe 1	Limistéir chonláiste cónaithe a chosaint, a sholáthar agus a fheabhsú laistigh de shaolré an phlean seo.	Éascú a dhéanamh d'fhorbairtí cónaithe nua ar ardchaighdeán a sholáthar ar dhlúis iomchuí le naisc mhaith idir leagan amach agus dearadh agus lár an tsráidbhaile agus áiseanna pobail. Meascán oiriúnach de mhéideanna, de chineálacha agus de thionachtaí tí a sholáthar d'fhonn freastal ar riachtanais teaghlaigh agus chun pobail dea-thomhaiste a chur chun cinn.
Céim Chónaithe 2	Limistéir chonláiste cónaithe a chosaint, a sholáthar agus a fheabhsú.	Éascú a dhéanamh d'fhorbairtí cónaithe nua ar ardchaighdeán a sholáthar ar dhlúis iomchuí le naisc mhaith idir leagan amach agus dearadh agus lár an tsráidbhaile agus áiseanna pobail. De ghnáth ní fhéadtar forbairt a dhéanamh ar chríosú cónaithe Chéim 2 le linn shaolré an phlean seo faoi réir na bhforálacha thíos. (* Forbairtí Tí Aonair do bhaill teaghlaigh ar thailte faoi úinéireacht teaghlaigh: * Forbairtí neamhchónaithe atá oiriúnach do chomhthéacs an láithreáin, aon chonláiste cónaithe atá ann cheana chomh maith leis an bpatrún forbartha reatha sa cheantar; * Nuair is léir nach féidir nó nach bhforbrófar tailte R-Chónaithe (Céim 1) laistigh de thréimhse an

		phlean d'fhéadfadh sé go ndéanfaí forbairt chónaithe a mheas ar bhealach céimnithe ar roinnt tailte cónaithe (Tailte chéim 2).
Lár an tsráidbhaile	Foráil a dhéanamh d'fhorbairt agus d'fheabhsú úsáidí oiriúnacha de lár an tsráidbhaile lena n-áirítear úsáidí miondíola, tráchtála, oifige agus cathartha/pobail agus chun foráil a dhéanamh do chóiríocht chónaithe den scéim "um Chónaí os cionn an tSiopa", nó do chóiríocht chónaithe choimhdeach eile.	Lár an tsráidbhaile atá ann cheana a fhorbairt agus a chomhdhlúthú chun a bheocht agus a fhuinneamh a fheabhsú le forbairtí tráchtála agus cónaithe iomchuí a dhlúthú, rud a chinnteoidh meascán d'úsáidí tráchtála, áineasa agus cathartha..
Tionsclaíocht	Forbairt inbhuanaithe d'úsáidí tionsclaíocha agus d'úsáidí a bhaineann leis an tionscal a chur chun cinn, lena n-áirítear déantúsaíocht, próiseáil ábhar, trádstóráil agus dáileadh ar thailte oiriúnacha, le seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha agus ardleibhéal rochtana ar na mórghréasáin bhóithre agus ar na háiseanna iompair phoiblí.	Forbairt bhreise agus feabhsúchán ar na limistéir fostaíochta atá ann cheana a éascú chomh maith le deiseanna a éascú d'fhorbairtí nua ardhionsclaíocha i dtimpeallacht fhisiciúil ar ardchaighdeán.
Talmhaíocht	Forbairt d'úsáidí talmhaíochta agus d'úsáidí a bhaineann le talmhaíocht a chur chun cinn de réir na pleanála cirte agus na forbartha inbhuanaithe.	Forbairt bhreise na talmhaíochta a éascú agus deiseanna le haghaidh éagsúlú feirme le húsáidí a bhaineann le talmhaíocht a éascú.
Gnó agus Fiontar	Foráil a dhéanamh d'fhorbairt ghnó agus fhiontar.	Forbairt bhreise agus feabhsúchán ar na limistéir fostaíochta atá ann cheana a éascú chomh maith le deiseanna a éascú d'fhorbairtí nua ardhionsclaíocha i dtimpeallacht fhisiciúil ar ardchaighdeán.
Áiseanna Pobail	Foráil a dhéanamh d'áiseanna cathartha, pobail agus oideachais.	Forbairt de bhonneagar pobail, sláinte, oideachais reiligiúnach, sóisialta agus sibhialta a éascú.
Spás Oscailte / Áineas agus Taitneamhacht	An spás oscailte atá ann cheana a chosaint agus a fheabhsú agus spás áineasa agus conláiste a sholáthar.	Forbairt agus feabhsúchán breise a éascú maidir leis na spásanna oscailte gníomhacha atá ann cheana, limistéir aclaíochta fhoirmiúla, fearainn spóirt, páirceanna imeartha.
Turasóireacht	Acmhainneacht chultúrtha, stairiúil agus turasóireachta a chur chun cinn agus a spreagadh do gach ceann de na SGVanna.	Forbairt agus feabhsú na saoráidí turasóireachta atá i gcuid de na SGVanna cheana a éascú. Forbairt agus infheistiúocht

		nua turasóireachta a spreagadh i gcás inarb iomchuí.
Fóntas Poiblí	Tailte ar a sholáthraítear bonneagar seirbhíse a chothabháil.	Ligean do thailte a bheith ainmnithe le haghaidh fóntais poiblí ar nós gléasraí cóireála fuíolluisce.
Bonneagar Iompair	Soláthar agus cothabháil bonneagair iompair riachtanaigh a éascú.	Ligean do thailte a bheith curtha in áirithe chun bóithre poiblí, cosáin, cuanta, canálacha, rotharbhealaí, stadanna bus agus tírdhrechtú a éascú mar aon le haon oibreacha gaolmhara riachtanacha, i gcás inarb iomchuí.

10.5 Maitrís Chriosaithe Úsáid Talún do Shráidbhaile Beagfháis

Úsáidí Tráchtála agus Tionsclaíocha	VC	R	I	BE	T	CF	OS*	PU	TI	A
Siamsaíocht	O	N	N	N	O	N	N	N	N	N
ATM	P	O	O	O	O	O	N	N	N	N
Banc / Cumann Foirgníochta	P	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Beár / Bialann	P	N	N	N	O	N	N	N	N	N
B&B (Leaba is Bricfeasta) ₁	O	O ₁	N	N	P	N	N	N	N	O ₁
Oifig Gheallghlacadóra	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Conchró coinneála	N	N	O	N	N	N	N	N	N	O
Caiféz	P	O	O ₂	O ₂	P	O ₂	N	N	N	N
Páirc carbhán - Saoire	N	N	N	N	O	N	N	N	N	N
Íoc is Iompair	O	N	O	O	N	N	N	N	N	N
Corrthrádail	O	N	N	N	O	O	N	N	N	N
Pictiúrlann	P	N	N	N	O	N	N	N	N	N
Ionad Comhdhála	P	N	N	P	O	N	N	N	N	N
Ionaid Sonraí / Ionaid Óstáil Gréasáin	P	N	O	P	N	N	N	N	N	N
Bialann Tiomáint Tríd	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Ionad Fiontair	O	N	O	P	N	N	N	N	N	N
Tionscal Eastóscach	N	N	N	N	N	N	N	N	N	O
Ionad Garraíodóireachta	O	N	N	O	N	N	O*	N	N	N
Dochtúirí Teaghlaigh & Seirbhísí Leighis	P	O	N	O	N	O	N	N	N	N
Loistín ₁	P	O ₁	N	N	P	O	N	N	N	O ₁
Salón Gruagaireachta/Pearsanta/Grúmaeireachta	P	O	N	N	N	N	N	N	N	N
Gníomhaíocht Eacnamaíoch ó Bhaile ₁	O	O ₁	N	N	N	N	N	N	N	O ₁
Brú	P	O	N	N	P	N	N	N	N	N
Óstán	P	O	N	N	P	N	N	N	N	N

Iosta Breosla Teaghlaigh	N	N	O	O	N	N	N	N	N	N
Tionsclaíoch	N	N	P	O	N	N	N	N	N	N
Aonaid Lóistíochta, Stórála & Dáileacháin	N	N	P	O	N	N	N	N	N	N
Taifeadadh Meán & Úsáidí Ginearálta Meán	O	O	O	P	N	N	N	N	N	N
Seomra Taispeántais Díolachán Mótair	O	N	O	O	N	N	N	N	N	N
Club oíche	O	N	N	N	O	N	N	N	N	N
Oifig (<100m ²)	P	O	N	N	N	O	N	N	N	O
Oifig (100m ² go 1000m ²)	O	N	O	O	N	N	N	N	N	N
Páirc Oifige (> 1000m ²)	N	N	O	O	N	N	N	N	N	N
Stáisiún Peitрил	O	N	O	O	N	N	N	N	N	N
Seirbhísí Gairmiúla / Eile	P	O	N	N	N	N	N	N	N	N
Bialann	P	N	N	N	P	N	N	N	N	N
Gnó Eolaíocht-Bhunaithe & Teicneolaíocht-Bhunaithe	O	N	P	P	N	N	N	N	N	N
Clós Conamair	N	N	O	N	N	N	N	N	N	N
Garáiste Seirbhíse	N	N	O	O	N	N	N	N	N	N
Siopa - Ar bhonn Comparáide	P	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Siopa - Áise	P	O	N	N	O	N	N	N	N	N
Siopaí - Ionad Áise / Comparáide ar Scála Mór	P	N	N	N	N	N	N	N	N	N
	VC	R	I	BE	T	CF	OS*	PU	TI	A
Déantúsaíocht ar Scála Beag	N	N	P	O	N	N	N	N	N	N
Iosta Stórála	N	N	P	O	N	N	N	N	N	N
Beir-Leat	O	N	N	N	O	N	N	N	N	N
Iosta Iompair	N	N	O	O	N	N	N	O	N	N
Clinic Tréidliachta	O	O	O	O	N	N	N	N	N	O
Trádstóráil (lena n-áirítear Mórdhíol)	N	N	P	O	N	N	N	N	N	N
Trádstóráil (Miondíol / Neamhbhia <700m ²) ³	O	N	N	N	N	N	N	N	N	N
Trádstóráil (Earraí Miondíola / Neamhbhia / Tí Toirtiúla 700m ² - 5,000m ²) ³	N	N	N	O	N	N	N	N	N	N
Úsáidí Cónaithe	VC	R	I	BE	T	CF	OS*	PU	TI	A
Árasáin ₁	P	O ₁	N	N	N	N	N	N	N	N
Láithreán Stad	N	O	N	N	N	O	N	N	N	O
Cónaithe (Gan Árasáin a áireamh) ₁	O	P ₁	N	N	N	N	N	N	N	O ₁
Cóiríocht saoire ghearrthéarmach	O	N	N	N	P	N	N	N	N	N
Áras Seanóirí	O	P	N	N	N	O	N	N	N	N
Úsáidí Poiblí, Pobail agus Institiúideach	VC	R	I	BE	T	CF	OS*	PU	TI	A

Foirgnimh ar mhaithe le Sláinte, Sábháilteacht & Leas an Phobail	P	O	N	O	O	P	O*	O	N	N
Reilig	N	O	N	N	N	P	O*	N	N	P
Áiseanna Cúraim Leanaí (Crèche / Naíolann)	P	O	O	O	N	P	N	N	N	N
Teach Club & Áiseanna Gaolmhara	O	O	N	N	O	P	O*	N	N	O
Áis Phobail	P	O	N	O	O	P	O*	N	N	O
Créamatóiriam	N	O	O	O	N	O	N	N	N	O
Foirgneamh Cultúrtha / Áineasa	P	O	N	O	P	P	O*	N	N	N
Oideachas - Bunscoil / Meánscoil	O	O	O	N	N	P	O*	N	N	O
Oideachas - Oideachas / Oiliúint Eile	P	O	O	O	N	P	N	N	N	O
Teach Tórraimh	P	O	O	O	N	O	N	N	N	N
Fóillíocht	P	O	N	O	O	P	O*	N	N	O
Leabharlann	P	O	N	N	O	P	N	N	N	N
Áit Adhartha Phoiblí	O	O	N	O	N	O	N	N	N	N
Spás Oscailte, Úsáidí Áineasa agus Conláiste	VC	R	I	BE	T	CF	OS*	PU	TI	A
Cúrsa Gailf	N	N	N	N	P	N	O*	N	N	O
Gníomhaíochtaí Áineasa/Cultúrtha	O	O	O	O	P	P	O*	N	N	O
Úsáidí Talmhaíochta	VC	R	I	BE	T	CF	OS*	PU	TI	A
Seamlas	N	N	O	N	N	N	N	N	N	O
Foirgneamh Talmhaíochta	O	O	O	O	N	O	O*	N	N	P
Marglann / Comharchumann	O	N	P	N	N	N	N	N	N	P
Úsáidí Ginearálta / Seirbhísí agus Bonneagair	VC	R	I	BE	T	CF	OS*	PU	TI	A
Fógraí - Neamhspleách	O	N	O	O	N	O	N	O	O	N
Carrchlós	P	O	P	O	O	O	N	N	O	N
Áiseanna Athchúrsála / Ionaid Fág anseo	N	N	O	O	N	O	N	O	N	O
Líonadh Talún Dhramhaíl Tí	N	N	N	N	N	N	N	N	N	O
Bonneagar Fóntas & Suiteálacha Seirbhíse Poiblí	O	O	O	O	O	O	O*	P	O	O
Fuinneamh gaoithe / in-athnuaite baile ar scála beag	O	O	O	O	O	O	O*	O	N	O

Nótaí Ginearálta ar an Maitrís Chriosaithe Úsáid Talún:

- (1) Measfar na húsáidí seo ar thailte Cónaithe faoi réir Chuspóir Beartais SGV 2, nó de réir mar is cuí.
- Caifé** (2) - Breithneofar an úsáid seo i gcás go bhfuil sí coimhdeach le forbairt chomhoiriúnach fhoriomlán chun freastal ar riachtanais an cheantair thar timpeall.
- Trádstóráil** (3) - De ghnáth ní cheadófar forbairt nó foroinnt siopaí i níos lú ná 700m2 in áiteanna atá ar imeall an láir agus lasmuigh den lár, de réir Threoirlínte Pleanála Miondíola 2012 (nó aon doiciméad nuashonraithe/a ghabhann ina n-ionad).
- Ionad Sonraí** - Féadfar é a shainiú mar shaoráid, ina bhfuil trealamh teicneolaíochta faisnéise suiteáilte agus á fheidhmiú, agus ina bhfuil sonraí leictreonacha á stóráil agus á dáileadh chomh maith.

5. **Crios R: Cónaithe** - Tá Céim 1 céimnithe d'fhorbairt chónaithe laistigh de shaolré an Phlean seo; - De ghnáth níl Céim 2 infhorbartha i rith shaolré an Phlean seo, faoi réir na bhforálacha agus na n-eisceachtaí atá leagtha amach faoi Chuspóir Beartais SGV 1.
6. ***OS** - Féach freisin **Léarscáil 2 - Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte, Cuspóir Beartais SGV 17 agus Caighdeán DM 69**.
D'ainneoin an criosú Spáis Oscailte/Áineasa agus Conláiste, ní mór d'úsáidí beartaithe sa chrios seo a thaispeáint go gcomhlíontar **An Córas Pleanála & Treoirlínte um Riosca Tuilte** (2009) (nó arna nuashonrú). D'fhéadfadh go mbeadh gá le Tástáil Fírinne mar atá leagtha amach sna treoirlínte sin.
7. Ní thugtar aon úsáidí talún ar leith don chrios Úsáid Talún Teoranta toisc go léirítear leis an gcrios seo an fhorbairt atá suite cheana féin laistigh de Chrios Tuilte A/B. Le haghaidh treorach ar úsáidí / forbairt atá oiriúnach sa chrios seo, féach le do thoil ar **Chuspóir Beartais SGV 16 agus DM Caighdeán 69** den phlean seo, agus an **Córas Pleanála & Treoirlínte um Riosca Tuilte lena n-áirítear Ciorclán Roinne PL2/2014**.
8. **N*** -Ní cheadaítear de ghnáth, eisceachtaí a mheastar d'iarrais faoi

Nótaí ar Aicmí Úsáid Talún i Maitrís Chriosaithe Úsáid Talún:

Sainmhínítear mar seo a leanas na haicmí úsáide talún dá dtagraítear sa mhaitrís chriosaithe úsáide talún:

1. **Ceadaithe i bPrionsabal (P)** - Úsáid a aicmítear mar Cheadaithe i bPrionsabal is ea úsáid a nglacann an tÚdarás Áitiúil leis go teoiriciúil sa chrios ábhartha, faoi réir chomhlíonadh na gculpóirí, na gcaighdeán agus na gceanglas beartais ábhartha atá leagtha amach sa phlean seo agus faoi réir na bprionsabal um pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe.
2. **Oscailte le breithniú (O)** - Úsáid a aicmítear mar *Oscailte le Breithniú* is ea úsáid a fhéadfaidh an tÚdarás Áitiúil a cheadú i gcás go bhfuil sé sásta go mbeidh an fhoirm forbartha a mholtar comhoiriúnach leis na cuspóirí beartais don chrios, agus nach mbeidh sí ag teacht salach ar úsáidí a cheadaítear agus go gcomhlíontar pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, lena n-áirítear na cuspóirí beartais atá leagtha amach sa phlean seo.
3. **Ní Cheadaítear de Ghnáth (N)** - Úsáid nach ndéantar a aicmiú mar Ní Cheadaítear de Ghnáth is úsáid í nach gceadóidh an tÚdarás Áitiúil í ach amháin in imthosca eisceachtúla. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar gheall ar an éifeacht a fheictear dó ar úsáidí atá ann cheana agus atá ceadaithe, a neamh-chomhoiriúnacht leis na cuspóirí beartais, na caighdeáin agus na ceanglais atá sa phlean seo nó toisc go bhféadfadh sé a bheith ar neamhréir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

Tá na criosanna úsáide talún dá dtagraítear sa mhaitrís chriosaithe úsáide talún comhdhéanta díobh seo a leanas:

- | | |
|--------------------|----------------------------------|
| 1. Crios VC | Lár an tSráidbhaile/Tráchtála |
| 2. Crios R | Cónaithe |
| 3. Crios I | Tionsclaíoch |
| 4. Crios BE | Gnó & Fiontar |
| 5. Crios T | Turasóireacht |
| 6. Crios CF | Áiseanna Pobail |
| 7. Crios OS | Spás Oscailte/Áineas & Conláiste |
| 8. Crios PU | Fónais Phoiblí |
| 9. Crios TF | Bonneagar Iompair |
| 10. Crios A | Talmhaíocht |

Cuspóirí an Bheartais Chriosaithe um Úsáid Talún do Shráidbhailte Beagfháis

SGV 1 Céimniú Forbartha Cónaithe

Tacú le forbairt tailte atá ainmnithe mar Chónaithe (Céim 1) laistigh de shaolré an Phlean, i gcomhréir leis an gCroí-Straitéis agus faoi réir gnáthriachtanas pleanála, rochtana agus seirbhísithe, agus na tailte atá ainmnithe mar Chónaithe (Céim 2) a chur in áirithe do riachtanais fháis níos fadtéarmaí de gach sráidbhaile. De ghnáth ní féidir tailte cónaithe (Céim 2) a fhorbairt le haghaidh tithíochta laistigh de shaolré an Phlean seo, cé is moite de na forbairtí seo a leanas, a fhéadfaidh an tÚdarás Pleanála a mheas, faoi réir cáis oiriúnaigh fianaisebhunaithe a bheith déanta don togra:

- Forbairtí tí aonair do bhaill teaghlaigh áitiúla ar thalamh ar leis an teaghlach í, faoi réir clásal áitíochta 7 mbliana.
- Forbairtí neamhchónaithe atá oiriúnach do chomhthéacs an láithreáin, conláistí cónaithe, an patrún forbartha atá ann cheana sa cheantar agus na cuspóirí beartais sa Phlean.
- Nuair is léir nach bhféadtar nó nach bhforbrófar tailte Cónaithe (Céim 1) chun críocha cónaithe laistigh de thréimhse an phlean, féadfar forbairt chónaithe a mheas i gcásanna teoranta ar bhealach céimnithe ar thailte oiriúnacha Cónaithe (Céim 2), in imthosca eisceachtúla:
 - De ghnáth ní bhreithneofar forbairt ar thailte Cónaithe (Céim 2) ach sa chás go bhfuil 50% de na tailte Cónaithe (Céim 1) tiomanta d'fhorbairt.
 - Beidh forbairtí cónaithe ar thailte Cónaithe (Céim 2) faoi réir chomhlíonadh na Croí-Straitéise, na bprionsabal um pleanáil cheart agus na forbartha inbhuanaithe, nascachta, lena n-áirítear bonneagar agus cosán poiblí agus soilsiú go lár an tsráidbhaile, an cur chuige seicheamhach, forbairtí cliobógacha a sheachaint, agus faoi réir gnáthriachtanas pleanála, comhshaoil, rochtana agus seirbhísithe a chomhlíonadh. Ní cheadófar forbairtí ach amháin má tá cáis fianaisebhunaithe dearbhaithe chuig sásamh an Údaráis Phleanála agus ní dhéanfaidh an fhorbairt dochar d'úsáid na dtailte sa todhchaí do riachtanais fháis níos fadtéarmaí gach lonnaíochta.

SGV 2 Forbairt Inlíonta Chónaithe

I sráidbhailte atá ann cheana déanfar forbairt tithíochta inlíonta teoranta ar scála beag ar láithreáin iomchuí a mheas. Tabharfaidh na láithreáin inlíonta seo aird ar charachtar na sráide atá ann cheana maidir leis an líne thógála atá ann cheana, scála, comhréireanna, leagan amach, airde agus ábhair mhargaíochta na bhforbairtí máguaird. Ní mór do bhealach sábháilte rochtana isteach agus amach a bheith ag an láithreán agus caighdeán bhainistíochta forbartha le haghaidh áitribh nua a chomhlíonadh.

SGV 3 Lár an tSráidbhaile

- Beidh Láir na Sráidbhailte (VC) fós mar phríomhfhócas do shuíomh na forbartha miondíola agus tráchtála nua. Cinnteoidh an tÚdarás Pleanála go mbeidh suíomh na forbartha miondíola sa todhchaí chomhsheasmhach leis na príomhphrionsabail bheartais agus ord tosaíochta, mar atá leagtha amach faoi Alt 4.4 go 4.6 de na *Treoirlínte d'Údaráis Phleanála um Pleanáil Miondíola 2012* (agus aon doiciméad nuashonraithe/a ghabhann ina n-ionad) agus beidh gá le Measúnuithe Tionchair Miondíola, lena n-áirítear sonraí faoin gcur chuige seicheamhach agus Ráitis Dearaidh d'fhorbairtí miondíola de réir na dTreoirlínte Pleanála Miondíola.
- Foráil a dhéanamh d'fhorbairtí measctha tráchtála agus comhlántacha a fhorbairt, ar thailte oiriúnacha ar féidir leo pointí fócasacha a sholáthar chun seirbhísí a sholáthar do

chomharsanachtaí/ ceantair máguaird chomh maith le deiseanna d'fhiontair tráchtála, d'fhorbairtí miondíola agus do chruthú fostaíochta.

3. Beocht agus inmharthanacht láir na sráidbhailte a chosaint agus a fheabhsú trína chinntiú go bhfanfaidh siad mar an príomhionad miondíola, tráchtála agus úsáide measctha agus cosc a chur ar iomadú d'aon úsáid aonair nó d'úsáidí eile, dar leis an Údarás Pleanála, nach gcuireann le beogacht agus inmharthanacht láir na sráidbhailte.

SGV 4 Bainistíocht Lár an tSráidbhaile

Faoi réir acmhainní iomchuí, ullmhóidh an Chomhairle, i gcomhar le páirtithe leasmhara áitiúla, pleananna bainistíochta lár sráidbhaile do na Sráidbhailte Beagfháis éagsúla de réir mar is cuí.

Sna Pleananna Bainistíochta breithneoidh cuid nó gach ceann díobh seo a leanas

- (a) Oibreacha Feabhsúcháin ar an Ríocht Phoiblí;
- (b) Uasghrádú ar shoilsiú poiblí;
- (c) Nascacht idir lár an tsráidbhaile agus imeall níos leithne na sráidbhailte;
- (d) Dearadh/feabhsúcháin ar aghaidheanna siopaí ar na príomhshráideanna;
- (e) Uasghrádú agus feabhsú ar throscán sráide;
- (f) Tírdhreachtú bog agus plandáil bhog ar ardchaighdeán a sholáthar chomh maith le spásanna poiblí feidhmiúla;
- (g) Bainistíocht pháirceála;
- (h) Breithniú ar athúsáid cúlchríocha laistigh de láir na sráidbhailte le haghaidh spáis chathartha/úsáidí eile;

SGV 5 Áiseanna Pobail

Forbairt áiseanna pobail a chur chun cinn ar thailte oiriúnacha, le hardleibhéal rochtana ar an bpobal áitiúil, lena n-áirítear úsáidí oideachais, pobail, cathartha, poiblí, institiúideacha, áineasa, cultúrtha agus comhlántacha eile, de réir mar is cuí.

SGV 6 Gnó agus Fiontar

Forbairt úsáidí gnó agus fiontar, tionscal éadrom / trádstóráil agus éascú úsáidí cineál páirce fiontar / oifige chun aonaid nua-thionscanta/gorlainne agus fiontair bheaga mheánmhéide a áireamh, ar thailte oiriúnacha le seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha agus le hardleibhéal rochtana ar na mórghréasáin bhóithre agus ar shaoráidí iompair phoiblí.

SGV 7 Tionsclaíoch

Forbairt inbhuanaithe d'úsáidí tionsclaíocha agus d'úsáidí a bhaineann leis an tionscal a chur chun cinn, lena n-áirítear déantúsaíocht, próiseáil ábhar, trádstóráil agus dáileadh ar thailte oiriúnacha, le seirbhísí agus saoráidí leordhóthanacha agus le hardleibhéal rochtana ar na mórghréasáin bhóithre agus ar na háiseanna iompair phoiblí.

Beidh gá le cóireáil imlíne leordhóthanach agus/nó sciathadh chun comhéadain ardchaighdeán a chinntiú le spásanna poiblí agus le haon áiteanna cónaithe tadhlacha nó úsáidí íogaire talún eile de réir mar is cuí.

SGV 8 Spás Oscailte Áineas agus Conláiste

Bainistíocht, úsáid agus/nó forbairt inbhuanaithe de na tailte SO a chur chun cinn, de réir mar is cuí. Áireofar leis seo:

- a). Spásanna oscailte agus gníomhaíochtaí áineasa a fhorbairt, de réir dea-chleachtais agus ar thailte oiriúnacha a bhfuil rochtain leordhóthanach ar an bpobal áitiúil acu agus spás oscailte agus saoráidí áineasa atá ann a choinneáil, mura féidir a thaispeáint go soiléir chun sástacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe nach bhfuil na húsáidí ag teastáil ón bpobal a thuilleadh;

- b). Bainistíocht agus úsáid chuí ar aon limistéir riosca tuile laistigh de chríos an SO chun riosca agus tionchar féideartha tuile a sheachaint, a laghdú agus/nó a mhaolú;
- c). Bainistíocht agus úsáid chuí d'aon limistéar a bhfuil luach ard bithéagsúlachta aige.

SGV 9 Turasóireacht

- (a) Is cuspóir beartais de chuid na Comhairle é forbairt acmhainneacht turasóireachta na sráidbhailte a spreagadh agus a éascú ar bhealach a urramaíonn, a thógann, a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn oidhreacht chultúrtha, thógtha agus nádúrtha agus taitneamhachtaí áitiúla gach limistéar lonnaíochta;
- (b) Soláthar a dhéanamh nuair is indéanta agus tacú le bonneagar agus seirbhísí turasóireachta a sholáthar lena n-áirítear, bonneagar siúlóide, rothaíochta agus uiscebhunaithe agus saoráidí gearrthéarmacha cóiríochta d'aíonna i ngach sráidbhaile in áiteanna iomchuí.

SGV 10 Talmhaíocht

Beidh toimhde ghinearálta ann i gcoinne forbartha cónaithe ar thailte críosaithe Talmhaíochta (A), atá suite laistigh de theorainn an phlean cé is moite d'fhorbairtí tí aonair do bhaill teaghlaigh ar thailte faoi úinéireacht teaghlaigh, a d'fhéadfaí a mheas faoi réir chomhlíonadh na gcuspoir beartais atá i *gCaibidil 4 Maireachtáil agus Forbairt Tuaithe*, mar is cuí, le gnáthriachtanais phleanála, rochtana agus seirbhísithe agus prionsabail na planála cirte agus na forbartha inbhuanaithe. Ní cheadófar forbairtí ach amháin má tá cás fianaisebhunaithe curtha faoi bhráid chuig sásamh an Údaráis Phleanála agus nach ndéanfaidh an fhorbairt dochar d'úsáid na dtailte sa todhchaí do riachtanais fháis níos fadtéarmaí gach lonnaíochta. Beidh feidhm ag coinníoll soláthair ar feadh tréimhse 7 mbliana, tar éis an dáta a ndéantar an duine nó na daoine lena mbaineann an clásal feidhme is infheidhme ina leith an teach a áitiú den chéad uair.

SGV 11 Fóntais Phoiblí

a) Soláthar agus cothabháil bonneagair fóntais phoiblí riachtanach a éascú, mar aon leis na saoráidí agus na húsáidí coimhdeacha riachtanacha, de réir mar is cuí.

b) Déanfar tograí forbartha i gcomharsanacht an bhonneagair fóntais phoiblí a mheas ar bhonn cás ar chás de réir na planála cirte agus na forbartha inbhuanaithe

SGV 12 Dearadh Ardchaighdeán, atá Íogair ó thaobh Comhthéacs de

A chinntiú go bhfreagraíonn forbairtí nua do chomhthéacs an láithreáin agus go bhfuil siad ag teacht le carachtar, taitneamhacht, oidhreacht, timpeallacht agus tírdhreach an cheantair. Ceanglófar ar thograí d'fhorbairtí nua carachtar reatha an cheantair a chomhlánú i dtéarmaí scála, airde, mórdhlúthú, líne thógála, gráin uirbhígh agus sainmhínte agus trí mholtaí dearaidh ardchaighdeán d'fhoirgnimh/struchtúir/aghaidheanna siopaí, úsáid ardchaighdeán, ábhair iomchuí agus comharthaíocht, soilsiú, tograí tírdhreachaithe agus sonraí eile den sórt sin a sholáthar.

SGV 13 Tithíocht Shóisialta agus Speisialtóra

A éileamh go gcuirfear 10% ar a laghad de na láithreáin chónaithe incháilithe nua ar leataobh chun aonaid tithíochta sóisialta agus speisialaithe nua a fhorbairt, mura dtugtar aghaidh orthu trí shocruithe malartacha oiriúnacha trí chomhaontú leis an Údarás Pleanála, de réir Straitéis Tithíochta Chontae na Gaillimhe agus Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus aon leasuithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar fhoráil Chuid V chun beartas an Rialtais a léiriú.

SGV 14 Forbairt Chónaithe Eile

Beidh toimhde ghinearálta i bhfabhar tithe altranais / cúraim agus cóiríocht / áiseanna scoir agus ionaid chúraim phobail / lae a fhorbairt ar thailte críosaithe cónaithe,

tailte criosaithe saoráide pobail nó in aice le lár an tsráidbhaile seanbhunaithe nó mar athúsáid oiriúnach le haghaidh déanmhas cosanta nó foirgneamh eile (m.sh. foirgnimh institiúideacha nó oideachais) a mbeadh acmhainneacht athfhorbartha teoranta acu i bhfianaise a méid agus a gcarachtar ailtireachta, faoi réir gnáthriachtanas pleanála, comhshaoil, rochtana agus seirbhísithe.

SGV 15 Bonneagar Iompair

Soláthar agus cothabháil bonneagair fónais phoiblí riachtanach a éascú, mar aon leis na saoráidí agus na húsáidí coimhdeacha riachtanacha, de réir mar is cuí.

SGV 16 Úsáid Talún Shrianta (CL)

Bainistíocht chuí agus úsáid inbhuanaithe riosca tuile a éascú laistigh de cheantair a forbraíodh roimhe seo.

Ní bhaineann an criosú seo ach le ceantair a forbraíodh roimhe seo agus cuirtear teorainn ar fhorbairt nua, agus aithnítear go bhféadfadh forbairt ar scála beag a bheith ag teastáil ó úsáidí forbartha atá ann cheana laistigh de na criosanna seo, mar a leagtar amach thíos, thar shaolré an Phlean Forbartha Contae, a chuirfeadh le forbairt uirbeach dhlúth agus inbhuanaithe an tsráidbhaile.

Meastar go bhfuil an criosú bunúsach nó na húsáidí ceadaithe atá ann cheana inghlactha i bprionsabal le haghaidh mionfhorbairtí ar fhoirgnimh atá ann cheana (mar shampla síntí beaga ar thithe, athruithe ar úsáid foirgneamh atá ann cheana), nach dócha go n-ardóidh siad saincheisteanna suntasacha tuile, ar an gcoinníoll nach gcuireann siad bac ar chosáin shreafa tábhachtacha, ná líon suntasach breise daoine a thabhairt isteach i limistéir riosca tuile ná stóráil substaintí guaiseacha a bheith i gceist leo.

Ó tharla go mbaineann iarratais den sórt sin le foirgnimh atá ann cheana nó le ceantair fhorbartha, ní fhéadtar an cur chuige seicheamhach a úsáid chun iad a lonnú i gceantair ina bhfuil riosca níos ísle i gceist leo agus ní bheidh feidhm ag an Tástáil Fírinne.

Beidh Measúnú Riosca Tuilte mionsonraithe ag gabháil le tograí forbartha laistigh den chrios seo, a dhéanfar de réir an Chórais Phleanála agus na dTreoirí um Measúnú Riosca Tuilte agus Ciorclán PL 2/2014 (nó arna nuashonrú), lena ndéanfar measúnú ar na rioscaí tuile a bhaineann leis an bhforbairt bheartaithe.

Ní bhreithneofar tograí ach amháin nuair a léirítear chun sástacht an Údaráis Phleanála nach mbeadh drochthionchar acu ná nach gcuirfidís bac ar rochtain ar chúrsa uisce, tuilemhá nó saoráidí cosanta agus bainistíochta tuile, nó nach méadóidís an baol tuilte in áiteanna eile. Ceanglófar freisin nádúr agus dearadh na mbeart bainistíochta riosca tuile struchtúrtha agus neamhstruchtúrtha atá riachtanach le haghaidh forbartha i gceantair den sórt sin a thaispeáint, chun a chinntiú nach méadófar guais agus riosca tuile. Leanfaidh na bearta atá beartaithe dea-chleachtas i mbainistiú sláinte agus sábháilteachta d'úsáideoirí agus do chónaitheoirí na forbartha.

Comhlíonfar sonraíochtaí le haghaidh forbairtí i gceantair atá i mbaol tuile atá leagtha amach sa phlean seo de réir mar is cuí. (Féach freisin ar chuspóir beartais SGV 17).

SGV 17 Limistéir Riosca Tuilte agus Criosanna Úsáid Talún

A chinntiú go ndéantar aon fhorbairt bheartaithe a d'fhéadfadh a bheith comhoiriúnach le cuspóirí/maitris an bheartais criosaithe úsáide talún ach ina gcuimsítear úsáid nach bhfuil oiriúnach don Chrios Tuilte (mar a léirítear ar Léarscáil 8 - Bainistíochta Riosca i gCás Tuilte) agus/nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol tuile faoi réir measúnaithe riosca tuile, de réir an Chórais Phleanála agus na dTreoirí um Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte d'Údaráis Phleanála 2009 agus Imlitir na Roinne PL 2/2014 (nó arna nuashonrú laistigh de shaolré an phlean seo) agus cuspóirí beartais an phlean seo.

SGV 18**Láithreáin Deise**

An fhorbairt nó an athfhorbairt iomchuí agus inbhuanaithe a spreagadh agus tacú léi nuair is iomchuí tailte a shainaithnítear mar láithreáin deise forbartha laistigh de na léarscáileanna críosaithe úsáide talún do gach ceann de na SGVanna.

11.0 Sráidbhailte Beagfháis

11.1 An Cheathrú Rua Sráidbhaile Beagfháis

11.2 Comhthéacs Sráidbhaile

Tá sráidbhaile na Ceathrún Rua suite timpeall 45km siar ó chathair na Gaillimhe i lár leithinse ina bhfuil Toghcheantar an Chrompáin. Soir ón leithinis tá Cuan Chasla agus níos faide soir tá Ros an Mhíl agus Cois Fharraige, agus siar ón leithinis tá Cuan an Fhir Mhóir agus ansin Leitir Móir agus Garmna, an ceantar ar a dtugtar Ceantar na nOileán. Is é an R343 an bóthar a fhreastalaíonn ar an sráidbhaile a théann amach ón bpríomhbhealach réigiúnach an R336 ag an acomhal i gCasla.

11.3 Pobail Inbhuanaithe

11.3.1 Tithíocht

Tá an tithíocht laistigh de shráidbhaile na Ceathrún Rua comhdhéanta de tithíocht scaipthe ísealdlúis. Tá an chuid is mó den fhorbairt tithíochta i dtéarmaí a dlúis, a treoshuímh agus a dearaidh cosúil leis na haonaid chónaithe lasmuigh de lár an tsráidbhaile atá ann cheana féin.

Ar an bPríomhshráid agus ar na tailte ar chúl na príomhshráide, cuirtear deiseanna ar fáil d'fhoirgnimh le dearadh comhaimseartha agus úsáid mheasctha lena léirítear atmaisféar sráidbhaile i gceantar Gaeltachta, agus ag an am céanna rochtain a sholáthar ar chúl-thailte infhorbartha chun críocha cónaithe.

Bheadh sé inmhianaithe go ndéanfaí athnuachan leanúnach ar mhaoin laistigh de Chroí an tSráidbhaile chomh maith le dearadh ardchaighdeán d'fhorbairt tithíochta inlíonta. Tá sé tábhachtach freisin go ndéantar carachtar tuaithe, oidhreacht agus taitneamhachtaí nádúrtha an tsráidbhaile a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirtear as dóibh.

11.3.2 Oideachas

Tá bunscoil chomhoideachais Scoil Náisiúnta Mhic Dara agus meánscoil chomhoideachais Scoil Chuimsitheach Chiaráin i sráidbhaile na Ceathrún Rua. Tá dhá Choláiste Samhraidh sa sráidbhaile – Coláiste Chiaráin agus Coláiste Cholumba a fhreastalaíonn ar 2000 dalta gach bliain. Riarann OÉ Gaillimh cúrsaí tríú leibhéal i nGaeilge i gcomhthéacs oideachais fhor-rochtana san Acadamh ar a dtugtar Áras Mháirtín Uí Chadhain a bhfuil sé mar aidhm aige an teanga a neartú agus a mhéadú i measc mhuintir na Gaeltachta agus na n-institiúidí poiblí a fhreastalaíonn ar an nGaeltacht.

11.3.3 Áiseanna Pobail

Is sráidbhaile tuaithe den chuid is mó é sráidbhaile na Ceathrún Rua, ach mar sin féin, cuirtear ar fáil raon áiseanna lena n-áirítear scoileanna, aonaid mhiondíola tráchtála, tithe tábhairne agus oifig an phoist.

Is cuid riachtanach de chreatlach agus de charachtar an tsráidbhaile iad na cuanta ag an Sean-Chéibh agus Caladh Thadhg. Tá tailte CLG na Ceathrún Rua suite cóngarach don bhóthar L-52160. Tá Páirc Spraoi (clós súgartha) ar fáil sa sráidbhaile a osclaíodh in 2010.

Tá méadú tagtha ar an daonra sa sráidbhaile agus sa chúlchríoch máguaird le blianta beaga anuas agus leis seo, cuirtear éilimh bhreise ar bhonneagar agus ar shaoraidí pobail an tsráidbhaile. Tá sé tábhachtach go spreagtar áiseanna nua gnó a chur ar bun i gcroílár an tsráidbhaile agus nuair is féidir, go bhfeabhsaítear na saoraidí pobail atá ann cheana.

11.3.4 Comhshaol agus Oidhreach

Sa sráidbhaile tá roinnt limistéar spáis oscailte suite ó thuaidh agus ó dheas ón R343 agus tá siad seo suite go straitéiseach ionas go bhféadtar gach duine rochtain a fháil orthu.

Tá croícheantar an tsráidbhaile ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Is gné thábhachtach den sráid-dreach í an tseanscoil náisiúnta, is foirgneamh suntasach é, dar dáta 1893, lena beanna atá fairsingithe go breá agus péireáil dhúbailte agus thriarach ar oscailtí fuinneoige. Tá scoil eile ar tógadh níos déanaí as eibhear áitiúil, tipiciúil de dhearadh lár an fichiú haois agus is é an Stát ar thóg í sa bhliain 1956. Tá an séipéal Caitliceach ann ó na 1920idí i leith, tá sé suite ar thalamh ard, agus dá bharr tugtar láithreach iomráiteach di agus fócas ceannasach don phobal máguaird. Is foirgneamh suntasach é mar gheall ar a chruth fada caol agus a línte glana.

11.3.5 Lár an tSráidbhaile, Gnó agus Fiontar

D'fhorbair an sráidbhaile ar bhealach líneach den chuid is mó feadh an R343. Tá gráin thógtha an tsráidbhaile comhdhéanta de shraith ilroinnte foirgneamh feadh na príomhshráide ó eaglais an pharóiste siar ó dheas go dtí an casadh go Caladh Thadhg agus feadh ceithre mhionbhóthar a théann amach ón bpríomhshráid. Tá geilleagar an tsráidbhaile tipiciúil den mheascán a chothaíonn go leor sráidbhailte dá mhéad a fheidhmíonn mar ionaid seirbhíse do chúlchríoch fhairsing tuaithe.

Sa sráidbhaile tá raon foirgneamh cathartha ina bhfuil séipéal, bunscoileanna agus meánscoileanna, halla pobail agus teach altranais/coimpléasc sláinte, agus raon foirgneamh tráchtála lena n-áirítear óstáin, oifig an phoist, siopaí, oifigí, stáisiún dóiteáin agus áiseanna bialainne. Tá roinnt seirbhísí ann freisin nach mbeadh le fáil de ghnáth i sráidbhailte dá mhéad i.e. Eastát Tionscail, Coláistí Samhraidh agus Áiseanna Oideachais Tríú Leibhéil. Léiríonn na húsáidí seo go léir an tábhacht a bhaineann leis an gCeathrú Rua i bhfoirm saoráidí agus seirbhísí.

11.3.6 Turasóireacht

Tá sé mar aidhm ag an bplean acmhainn chultúrtha, oidhreachta agus turasóireachta an cheantair a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe. Tá tionscal na turasóireachta ar cheann de na gineadóirí ioncaim is suntasaí in Iarthar na hÉireann, agus go háirithe i gConamara. Is sócmhainn turasóireachta thábhacht sa Cheathrú Rua í Trá an Dóilín ar thrá brait ghoirm í. Is sócmhainn luachmhar sóisialta agus eacnamaíoch an meascán de cháilíocht tírdhreacha, cósta an Atlantaigh, tír-raon sléibhe gan mhilleadh, agus cultúr uathúil briathartha agus ceoil dhúchasaigh. I measc roinnt tionscnamh turasóireachta áitiúla tá tumadóireacht scúba agus Féile an Dóilín.

Aithnítear go bhfuil cuid de na ceantair Ghaeltachta is láidre ó thaobh úsáid laethúil na Gaeilge de i gcontúirt anois mar gheall ar mheath eacnamaíoch agus sóisialta, rud a léiríodh sa Daonáireamh agus i dtuarascálacha sóisialta agus eacnamaíocha. Tacaíonn an plean seo le leibhéal leordhóthanach seirbhísí a fhorbairt chun inmharthanacht eacnamaíoch agus shóisialta de phobal na Gaeltachta sa Cheathrú Rua a chinntiú agus na bagairtí ar cheantair gheografacha níos forimeallaí a shainaithint.

11.4 Seirbhísí & Bonneagar

11.4.1 Soláthar Uisce

Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil. Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil do na tailte go léir a shainaithnítear d'acmhainneacht forbartha. Tá acmhainn dhearbhaithe ag an líonra.

11.4.2 Diúscairt Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an sráidbhaile agus rinneadh oibreacha uasghrádaithe agus tá acmhainn laistigh den líonra chun freastal ar an bhforbairt atá beartaithe.

11.4.3 Iompar agus Gluaiseacht

Tá seirbhís rialta bus ann idir Cathair na Gaillimhe agus An Cheathrú Rua a théann siar go Leitir Mealláin agus/nó go Carna. Tá an nascacht i lár an tsráidbhaile go maith, agus tá i ndóthain cosán ann.

11.5 Tuile

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá i mbaol tuilte, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údaráis Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Imlitir PL2 / 2014 agus le haon leasú orthu a dhéanfar orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnacht Riosca Tuile a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta don Cheathrú Rua agus tá sé de réir na dtreoirlínte agus na himlitreach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí Beartais Chríosaithe um Úsáid Talún don Cheathrú Rua (An Cheathrú Rua Sráidbhaile Beagfháis -CSGV)

CSGV 1 Lár an tSráidbhaile Inbhuanaithe

Forbairt shráidbhaile na Ceathrún Rua a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhrechtú, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontar, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a chuireann raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí ar fáil don phobal áitiúil agus do chuiditheoirí ar na sráidbhailte. Leanfaidh lár an tsráidbhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar de bheith ina phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

CSGV 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhrechtú air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha ar nós áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaoine cónaithe phlean lonnaithe na Ceathrún Rua. Taitneamhachtaí cónaithe reatha a chosaint agus forbairt nua inlíonta atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir phleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe de limistéar an phlean.

CSGV 3 Clásal Feidhme Teanga

Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar chuid d'aonaid chónaithe i bhforbairt de dhá aonad nó níos mó sa Cheathrú Rua. Is ionann a bheidh cion na dtithe a mbeidh feidhm ag an gclásal feidhme teanga leo agus 80% ar a laghad nó i gcomhréir leis na daoine a úsáideann an Ghaeilge ar bhonn laethúil, de réir na dtuairisceán Daonáirimh is déanaí a foilsíodh, cibé acu is mó.

CSGV 4 Áiseanna Pobail

Forbairt áiseanna pobail a chur chun cinn ar thailte / láithreáin oiriúnacha, sa Cheathrú Rua le hardleibhéal rochtana ar an bpobal áitiúil, lena n-áirítear úsáidí oideachais, pobail, cathartha, poiblí, institiúideacha, áineasa, cultúrtha agus comhlántacha eile, de réir mar is cuí.

CSGV 5 Forbairt agus Seirbhísí Áitiúla

Forbairt áiseanna agus seirbhísí áitiúla a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

CSGV 6 Turasóireacht

An Cheathrú Rua a chur chun cinn mar phríomh-cheann scríbe turasóireachta ann féin agus mar mhol turasóireachta don Ghaeltacht, ag cur eispéiris ardchaighdeáin, shaibhir agus éagsúil ar fáil do gach cuairteoir.

CSGV 7 Fiontar ar Scála Beag

Soláthar forbartha tráchtála agus fostaíochta sa sráidbhaile a spreagadh agus go háirithe an soláthar de dheiseanna d'fhiontair nua-thionscanta ar scála beag.

CSGV 8 Oibreacha Feabhsúcháin ar an Sráid-Dreach

Féachaint d'ullmhúchán plean phoiblí a éascú a chuirfidh bonn eolais faoi oibreacha feabhsúcháin ar an sráid-dreach faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

CSGV 9 Bonneagar Poiblí a Leathnú

Tacú le leathnú an bhonneagair phoiblí laistigh den sráidbhaile de réir mar is gá.

CSGV 10 Comharthaíocht

An Ghaeilge a chur chun cinn de réir Scéim Teanga an Údaráis Áitiúil. Is i nGaeilge amháin a bheidh aon chomharthaíocht sheachtrach a chuirfear suas ar fhoirgnimh agus ar thailte sa Cheathrú Rua.

CSGV 11 Pointí Rochtana Táscacha le haghaidh Forbartha.

Pointí rochtana ar thailte infhorbartha / ceantair chúlchríche a chur in áirithe mar a léirítear ar an léarscáil Chriosaithe Úsáid Talún don Cheathrú Rua.

CSGV 12 Láithreáin Deise (OPT)

Athfhorbairt chuí na láithreáin deise a shainithnítear thíos a chur chun cinn agus a spreagadh a chuirfidh le beogacht agus carachtar na Ceathrún Rua.

Láithreán OPT-CH 1 An Cheathrú Rua


Cur síos Achomair: Láithreán suite i lár an tsráidbhaile agus ina bhfuil teachín tréigthe ann.

Achar: Tá achar an láithreáin timpeall 0.10 heicteár.

Criosú: Tá an láithreán criosaithe mar Lár an tsráidbhaile.

Úsáid Talún Reatha: Cónaithe Ísealdlúis Reatha.

Deis: Soláthar a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar lár an tsráidbhaile / forbairt chónaithe. Cuimseofar sa thogra forbartha foriomlán don láithreán mionteagasc dearaidh agus plean tírdhreachaithe ina gcuirfear san áireamh suíomh feiceálach an láithreáin ábhair sa sráidbhaile.



Láithreán OPT-CH2 An Cheathrú Rua



Cur síos Achomair: Is láithreán úrnua folamh é atá suite ó thuaidh ó chriosú lár an tsráidbhaile.


Achar: Is ionann achar an láithreán deise Uimh.2 agus 1.09 ha. Is ionann achar an láithreán deise Uimh.3 agus 2.49ha.

Criosú: Tá na láithreáin criosaithe mar Lár an tSráidbhaile.

Úsáid Talún Reatha: Láithreáin úrnua folmha.

Deis: Soláthar a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar lár an tsráidbhaile / forbairt chónaithe. Is príomhláithreáin iad seo laistigh den Cheathrú Rua agus ba cheart go léireofaí dearadh foirgneamh nuálach ar ardchaighdeán agus leagan amach cuí in aon togra forbartha agus aird á tabhairt ar shuíomh an togra ábhair don láithreán. Áireofar mionteagasc dearaidh agus plean tírdhreachaithe ag cur san áireamh suímh fheiceálaigh an láithreáin ábhair sa sráidbhaile.






- Teorainn Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- VC - Lár an tSráidbhaile
- T - Turasóireacht
- I - Tionsclaíoch
- CF - Saoráidí Pobail
- PU - Fóntas Poiblí
- OS - Spás Oscailte/Áineas & Conláiste
- TI - Bonneagar Iompair
- Uisce/Aibhneacha/Srutháin
- Úsáid Talún Srinata
- Láithreáin Deise
- Cuspóirí Beartais (féach sonraí thíos)

Cuspóirí Beartais

CSGV 11 Pointí Rochtana Táscaha le haghaidh Forbartha


Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Sráidbhaile Beagfháis
An Cheathrú Rua
Léarscáil um Chríosú Úsáid Talún



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_09
Suirbhéireacht Ordánais Éireann, 2021



- Teorainn Lonnaíochta
- Críos Tulte Táscach A
- Críos Tulte Táscach B
- Críos Tulte Táscach C
- PFRA Báistiúil Táscach
- PFRA Báistiúil Rabhartha
- Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Sráidbhaile Beagfháis
An Cheathrú Rua
Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte

0 80 160 240 320
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_09
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2021

12.1 An Spidéal Sráidbhaile Beagfháis

12.2 Comhthéacs Sráidbhaile

Suite 18km siar ó Chathair na Gaillimhe i nGaeltacht Chonamara, tá an Spidéal ar an dá thaobh den R336, ó thuaidh tá tírdhreach garbh de bhratphortach os cionn bhuncharraig eibhir agus ó dheas tá Cuan na Gaillimhe. Is é an R336 an Phríomhshráid agus nascann sé an Chathair leis an Líonán in iarthuaisceart Chonamara. Freastalaíonn bóthar áitiúil ar an sráidbhaile freisin a nascann go díreach é le Maigh Cuilinn agus leis an mbealach tánaisteach náisiúnta an N59.

12.3 Pobail Inbhuanaithe

12.3.1 Tithíocht

I gcás an Spidéil, sa phlean sráidbhaile seo, cuirfear meascán de chineálacha agus de mhéideanna tithe laistigh den sráidbhaile chun cinn. Tá an stoc tithíochta laistigh de shráidbhaile an Spidéil comhdhéanta faoi láthair de mheascán de chóiríocht chónaithe ar an urlár uachtarach, le raon tithe cónaithe scoite agus leathscoite dhá stór feadh na príomhshráide.

Lasmuigh de chroílár an tsráidbhaile, tá na forbairtí tithíochta éagsúil ó thaobh méid agus stíl de, ina bhfuil meascán de thithe móra scoite agus tithe leathscoite agus sraithe níos lú ar tógadh ar dhlús níos airde.

Bhainfeadh an lonnaitheacht leas as athghiniúint agus athúsáid na maoine atá ann cheana féin i gcroílár an tsráidbhaile. Ba cheart go ndéanfaí forbairtí nua a chomhtháthú isteach sa sráidbhaile reatha agus go bhféadfaí siúl nó dul ar rothar go héasca agus go sábháilte go dtí an lár agus go dtí na príomhaiseanna. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt a úsáideann láithreáin athfhorbraíochta, agus ba cheart go mbeadh gach forbairt bháil le carachtar an cheantair. Tá sé tábhachtach freisin go ndéantar carachtar tuaithe, oidhreacht agus taitneamhachtaí nádúrtha an tsráidbhaile a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirtear as dóibh.

12.3.2 Oideachas

Is é Coláiste Chonnacht atá lasmuigh de theorainn an tsráidbhaile an áit is suntasaí le haghaidh gníomhaíochtaí áineasa agus taitneamhachta an phobail agus úsáidtear é freisin mar choláiste samhraidh do dhaltaí a thagann chuige chun an Ghaeilge a fhoghlaim. Is í Scoil Náisiúnta Éinne an bhunscoil chomhoideachais agus tá sí suite ó thuaidh ón bpríomhshráid i lár an tsráidbhaile. Is scoil chomhoideachais freisin é Coláiste Chroí Mhuire gan Smál, an mheánscoil áitiúil.

12.3.3 Áiseanna Pobail

Tá dhá chuan sa sráidbhaile, an tSean Chéibh agus an Chéibh Nua agus dhá thrá phoiblí ó dheas a bhfuil tóir orthu, Trá na mBan agus Trá na Céibhe atá suite ar Chuan na Gaillimhe agus dea-naisc eatarthu le cosán siúlóide/ rothaíochta radhairc.

Tá Trá na mBan ar thaobh an bhóthair soir ón sráidbhaile le promanáid ghairid, agus tá Trá na Céibhe foscadh taobh thiar den ché, agus féadtar teacht uirthi i gcarr ar bhóthar cúng siar ón sráidbhaile. Úsáidtear na carraigeacha taobh thiar den ché, agus an ché í féin, le haghaidh slatiascaireachta cladaigh le linn séasúir na ronnach. Tá láithreán deise do chlós súgartha sainaitheanta sa phlean seo a bheadh ina shócmhainn don cheantar do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon.

12.3.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Ba é William A. Scott, príomhdhearthóir Ealaíon agus Ceardaíochta dá ré, a dhear an séipéal Caitliceach, dar dáta 1904 lena gnéithe athbheochana Rómhánúla agus stíl eicléictiúil. Bhí Scott freagrach freisin as na stuabhealaí ina bhfuil saothair dhealbhóireachta Michael Shorthall as Baile Locha Riach le haimsiú ina ndearadh: mullaigh cholúin snoite, coirbéil agus dátchloch ar a dtaispeántar ainmhithe, duilliúr agus gníomhaíochtaí spóirt.

Is cuid lárnach de shráid-dhreach an tsráidbhaile an clochar lena phlean L-chruthach dar dáta 1923. Tá an leabharlann lonnaithe i seanscoil a tógadh i 1952, foirgneamh a chuireann le carachtar shráidbhaile an Spidéil.

12.3.5 Lár an tsráidbhaile, Gnó & Fiontar

Tá na foirgnimh ar an bPríomhshráid éagsúil ó thaobh stíle, méid agus aoise de, agus is úsáid tráchtála den chuid is mó a bhaintear as na bunurláir. I measc na n-úsáidí eile feadh na Príomhshráide tá Scoil Náisiúnta Éinne, Coláiste Chroí Mhuire gan Smál, an Leabharlann agus Coláiste an Linbh Íosa. D'fhás an sráidbhaile in aice le dhá chuan in aice láimhe, rud a léiríonn an tábhacht atá ag an bhfarraige do phobal an chósta mar ghineadóir d'fhostaíocht áitiúil agus mar thaitneamhacht áineasa.

Tá raon maith seirbhísí miondíola agus tráchtála le roinnt meascán cónaithe le fáil i lár an tsráidbhaile ag crosbhóthar an R336 agus Bóthar Mhaigh Cuilinn. Comhcheanglaíonn imeall thoir an tsráidbhaile de réir a chéile le stiall beagnach leanúnach de thithe tuaithe aonair a bhfuil a haghaidheanna ó dheas ag breathnú amach ar an bhfarraige. Tá imeall thoir an tsráidbhaile sainmhínithe níos soiléire le Diméin an Spidéil agus Abhainn Bhoth Loiscthe. Tá roinnt láithreán deise sainaitheanta don Spidéil agus tugtar breac-chuntas orthu i gcuaspóir beartais SSGV 12 Láithreáin Deise.

12.3.6 Turasóireacht

Mar gheall ar shuíomh cósta an tsráidbhaile, an sráidbhaile ceardaíochta áitiúil, a chultúr uathúil agus cóngarach an tsráidbhaile do Chathair na Gaillimhe is suíomh tarraingteach turasóireachta é mar is léir ón méadú ar líon na gcuairteoirí samhraidh. Cé go bhfuil sé laistigh de réimse tionchair na cathrach, coinníonn an Spidéil a fhéiniúlacht féin agus tá ról tábhachtach aige mar thairseach Ghaeltacht Chonamara agus mar ionad seirbhíse áitiúil. Suite sa tírdhreach atá tipiciúil de thír-raon Chonamara, le suíomh Dhiméin an Spidéil ar an taobh thiar den sráidbhaile, ina bhfuil Teach an Spidéil agus an choillearnach ghaolmhar, cuirtear sócmhainn thábhachtach chomhshaoil agus amhairc ar fáil don sráidbhaile.

Tá gilleagar an tsráidbhaile uathúil, mar gheall ar an meascán seirbhísí a chothaíonn an sráidbhaile agus mar gheall ar an gcúlchríoch thuaithe níos leithne freisin. Tá roinnt siopaí miondíola ar mhionscála ann, tithe tábhairne, asraonta bia, oifigí, banc agus roinnt foirgneamh seirbhíse pobail. Tá an Cheardlann, Stiúideonna Ceardaíochta agus Dearaidh an Spidéil suite ar an mbealach isteach chuig sráidbhaile an Spidéil, díreach in aice leis an trá, ag breathnú amach ar Chuan na Gaillimhe, Aillte an Mhothair agus Oileáin Árann. Tá roinnt ceardaí ag dearadh agus ag cruthú saothar, idir ghloine dhaite agus chomhleáite, ciseadóireacht, grianghrafadóireacht, criadóireacht, ealaíontóir meán measctha, éadaí seanré, péinteáil, fíodóireacht, agus priontáil T-léine. Tá an-tóir ar thurasóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon ar na hearraí ceardaíochta agus na táirgí atá deartha go háitiúil.

12.4 Seirbhísí agus Bonneagar

12.4.1 Soláthar Uisce

Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil. Freastalaíonn soláthar uisce phoiblí ar an sráidbhaile. Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil do na tailte go léir a shainaitnítear d'acmhainneacht forbartha.

12.4.2 Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an sráidbhaile agus tá acmhainn laistigh den líonra chun freastal ar an bhforbairt atá beartaithe.

12.4.3 Iompar agus Gluaiseacht

Tá sráidbhaile an Spidéil dea-nasctha leis an líonra cosán reatha.. Soláthraíonn siad nasc sábháilte do choisithe sa sráidbhaile agus timpeall air. Soláthraíonn Bus Éireann seirbhísí fillte laethúla isteach agus amach ó Chathair na Gaillimhe le cuideachtaí bus príobháideacha a sholáthraíonn iompar fillte idir an chúlchríoch agus an sráidbhaile ar bhonn seachtainiúil.

12.5 Tuile

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá i mbaol tuilte, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údarás Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Imlitir PL2 / 2014 agus aon leasú orthu . Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnacht Riosca Tuile a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta don Spidéal agus tá sé de réir na dtreoirlínte agus na himlitreach dá dtagraítear thuas

Cuspóirí Beartais Chriosaithe um Úsáid Talún don Spidéal (An Spidéal Sráidbhaile Beagfháis)

SSGV 1 Lár an tSráidbhaile Inbhuanaithe

Forbairt shráidbhaile an Spidéil a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhreach, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontar, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a chuireann raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí ar fáil don phobal áitiúil agus do chuariteoirí ar na sráidbhailte. Leanfaidh lár an tsráidbhaile agus na príomhshráideanna gaolmhara de bheith ina phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

SSGV 2 Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhreach air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha ar nós áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaoine cónaithe an Spidéil. Taitneamhachtaí cónaithe reatha a chosaint agus forbairt nua inlíonta atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir pleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe de limistéir an phlean.

SSGV 3 Pointí Rochtana Táscacha le haghaidh Forbartha.

Pointí rochtana ar thailte infhorbartha / ceantair chúlchríche a chur in áirithe mar a léirítear sna léarscáileanna Criosaithe Úsáid Talún don Spidéal.

SSGV 4 Clásal Feidhme Teanga

Cuirfear Clásal Feidhme Teanga i bhfeidhm ar chuid d'aonaid chónaithe i bhforbairt de dhá aonad nó níos mó sa Spidéal. Is ionann a bheidh cion na dtithe a mbeidh feidhm ag an gclásal feidhme teanga leo agus 80% ar a laghad nó i gcomhréir le líon na ndaoine a úsáideann an Ghaeilge ar bhonn laethúil, de réir na dtuairisceán Daonáirimh is déanaí a foilsíodh, cibé acu is mó.

SSGV 5 Áiseanna Pobail

Forbairt áiseanna pobail a chur chun cinn ar thailte/láithreáin oiriúnacha, sa Spidéal le hardleibhéal rochtana ar an bpobal áitiúil, lena n-áirítear úsáidí oideachais, pobail, cathartha, poiblí, institiúideacha, áineasa, cultúrtha agus comhlántacha eile, de réir mar is cuí.

SSGV 6 Forbairt agus Seirbhísí Áitiúla

Forbairt áiseanna agus seirbhísí áitiúla a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

SSGV 7 Turasóireacht

An Spidéal a chur chun cinn mar phríomhcheann scríbe turasóireachta ann féin agus mar mhol turasóireachta don Ghaeltacht, ag cur eispéiris ardchaighdeáin, shaibhir agus éagsúil ar fáil do gach cuairteoir.

SSGV 8 Fiontar ar Scála Beag

Soláthar forbartha tráchtála agus fostaíochta sa sráidbhaile a spreagadh agus go háirithe an soláthar de dheiseanna d'fhiontair nua-thionscanta ar scála beag.

SSGV 9 Bonneagar Fóntais Phoiblí

Soláthar agus cothabháil bonneagair fóntais poiblí riachtanach a éascú, mar aon leis na saoráidí agus na húsáidí coimhdeacha riachtanacha, de réir mar is cuí, laistigh de limistéar phlean lonnaíochta an Spidéil.

SSGV 10 Bonneagar Iompair

Soláthar agus cothabháil bonneagair iompair riachtanaigh a éascú.

Áireofar leis seo áirithint tailte laistigh de limistéar phlean lonnaíochta an Spidéil chun bóithre poiblí, cosáin, rotharbhealaí, stadanna bus agus tírdhrechtú a éascú, mar aon le haon oibreacha gaolmhara riachtanacha, de réir mar is cuí. Beidh aon bhóthar táscach faoi réir measúnaithe riachtanas agus próisis mhionsonraithe um roghnú conairí agus bealaí agus aird á tabhairt, inter alia, ar shrianta agus ar dheiseanna comhshaoil.

SSGV 11 Plean Gnímh Ceantair do Dhiméin an Spidéil

Is cuspóir beartais de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe é a cheangal go n-ullmhófar Plean Gníomhcheantair d'aon fhorbairt ar Dhiméin an Spidéil ag cur san áireamh íogaireachtaí comhshaoil an cheantair agus léiriú shuíomh uathúil na dtailte seo.

SSGV 12 Láithreáin Deise

Athfhorbairt chuí na láithreáin deise a shainaithnítear a chur chun cinn agus a spreagadh a chuirfidh le beogacht agus carachtar an Spidéil.

OPT-SP 1 Láithreán Deise 1 sa Spidéal Foirgneamh Ceann Tuí ar an mbealach isteach go dtí an Spidéal

Cur síos Achomair:

Achar: Is ionann achar an láithreán deise Uimh.4 agus 0.40HA

Criosú: Tá an láithreán criosaithe mar Lár an tsráidbhaile.

Úsáid Talún Reatha: Láithreán athfhorbraíochta folamh

Deis: Soláthar a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt mhiondíola agus/nó tráchtála. Ba cheart go léireofaí i bhforbairt an chuid theas den láithreán a shuíomh feiceálach ar an mbealach isteach chuig an Spidéal. Cuimseofar sa thogra forbartha foriomlán don láithreán plean tírdhreachaithe mionsonraithe, ina gcuirfear san áireamh suíomh feiceálach an láithreáin ábhair ar imeall an tsráidbhaile. Dearadh foirgnimh nuálach, ardchaighdeáin agus leagan amach cuí agus suíomh na dtailte ábhair á gcur san áireamh.



OPT -SP2 An Spidéal

Cur Síos Achomair:


Achar: Is ionann Láithreáin Deise SP 2 agus 0.14 ha agus is ionann Láithreáin Deise SP 2 agus 0.42ha

Criosú: Tá na tailte criosaithe mar Lár an tSráidbhaile agus Áiseanna Pobail

Úsáid Talún Reatha: Tá foirgneamh ann cheana ar chuid de thailte atá á n-oibriú ag FSS faoi láthair agus is tailte athfhorbraíochta iad na tailte eile.

Deis: Meastar go mbeadh roinnt úsáidí pobail lena n-áirítear clós súgartha / 'Limistéar Cluichí Ilúsáidte' oiriúnach ag an áit thábhachtach seo. I dtograí le haghaidh na dtailte seo, breithneofar suíomh/ comhthéacs an láithreáin chomh maith leis an tsaoráid chuain in aice láimhe i dtéarmaí dearaidh agus coincheap.






- Teorainn Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- R - Cónaithe Inléonadh
- VC - Lár an tSráidbhaile
- BE - Gnó & Fiontar
- T - Turasóireacht
- CF - Saoráidí Pobail
- PU - Fónas Poiblí
- OS - Spás Oscailte/ Áineas & Taitneamhacht
- TI - Bonneagar Iompair
- Uisce / Aibhneacha / Srutháin
- Bóthar Faoisimh Táscach
- Úsáid Talún Srianta
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Láithreán Deise
- Cuspóir beartais (féach sonraí thíos)

Cuspóirí Beartais

- SSGV 3 Pointe Rochtana Táscach le haghaidh
- SSGV 10 Forbartha Bóthar Faoisimh Táscach
- SSGV 11 Diméin an Spidéil


Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028

Sráidbhaile Beagfháis An Spidéal Léarscáil um Chríosú Úsáid Talún



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_09
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021



- Teorainn Lonnaíochta
- Críos Tuile Táscach A
- Críos Tuile Táscach B
- Críos Tuile Táscach C
- PFRA Báistiúil Táscach
- PFRA Báistiúil Rabhartha
- Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Sráidbhaile Beagfháis
An Spidéal
Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte

0 70 140 210 280
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_06
Suirbhéireacht Ordánais Éireann, 2021

13.1 Béal Átha Ghártha Sráidbhaile Beagfháis

13.2 Comhthéacs Sráidbhaile

Tá Béal Átha Ghártha suite in oirthuaisceart Chontae na Gaillimhe, 3KM ón teorainn le Contae Ros Comáin san oirthear agus 15KM ón gCreagán san iardheisceart leis an N63. D'fhás an sráidbhaile mar bhaile margaidh a théann siar go dtí an 19^ú hAois. Tá fianaise den bhaile margaidh le feiceáil inniu lena phríomhshráid leathan agus cearnóg an mhargaidh. Is forbairt de chineál líneach í lonnaíocht an tsráidbhaile ar an N63. Tá an sráidbhaile beag agus tuaithe ó thaobh carachtar de agus tá sé suite i gceantar ina bhfuil daonra beag ann i gContae na Gaillimhe, ach, mar sin de, freastalaíonn roinnt seirbhísí áitiúla air, lena n-áirítear siopaí, scoileanna, caiféanna agus áiseanna spóirt.

13.3 Pobail Inbhuanaithe

13.3.1 Tithíocht

Tá tithíocht i lár an tsráidbhaile meascán comhdhéanta de thithe aon stór agus dhá stór, tithe cónaithe sraithe agus scoite feadh na príomhshráide. Is foirm thógtha leanúnach agus líneach den chuid is mó é an stoc tógála agus tá an pointe fócasach ag Cearnóg an Mhargaidh agus tá an fhorbairt ag síneadh ó thuaidh agus ó dheas ón bPríomhshráid.

Tá an stoc tithíochta seanbhunaithe atá os comhair na Cearnóige, na Príomhshráide agus croílár an tsráidbhaile measartha ó thaobh méide de, tá sé tarraingteach agus de chruth agus dearadh traidisiúnta le leagan amach ard-dlúis. Tá líon beag forbairtí tithíochta de chineál bruachbhailte ó thuaidh agus ó dheas ón sráidbhaile arb ionann iad agus thart ar 120 aonad de stoc tithíochta nua Bhéal Átha Ghártha. Ina measc, tá tithe cónaithe scoite, leathscoite agus sraithe le dlúis éagsúla. Leis an éagsúlacht de theaghaisí atá sa sráidbhaile, cuirtear meascán maith ar fáil dá áitritheoirí.

Bhainfeadh an lonnaíocht leas as athghiniúint agus athúsáid na maoine atá ann cheana féin i gcroílár an tsráidbhaile. Ba cheart go ndéanfaí forbairtí nua a chomhtháthú isteach sa sráidbhaile reatha agus go bhféadfaí siúl nó dul ar rothar go héasca agus go sábháilte go dtí an lár agus go dtí na príomháiseanna. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt a úsáideann láithreáin athfhorbraíochta agus ba cheart go mbeadh gach forbairt bháúil le carachtar an cheantair. Tá sé inmhianaithe go ndéanfaí athnuachan leanúnach ar mhaoin laistigh de Chroílár an tsráidbhaile agus ba cheart go mbeadh dearadh ardchaighdeán d'fhorbairt tithíochta inlíonta agus ba cheart go mbeadh aghaidheanna siopaí nua nó athsholáthair ag teacht le carachtar foriomlán na príomhshráide.

13.3.2 Oideachas

Ó thaobh oideachais de, is bunscoil chomhoideachais í Scoil Mhuire Gan Smál (Scoil Náisiúnta Bhéal Átha Ghártha) agus is meánscoil chomhoideachais í Coláiste Mhuire.

13.3.3 Áiseanna Pobail

Ceann de phríomhfheidhmeanna an tsráidbhaile seo ná soláthar a dhéanamh do riachtanais laethúla an phobail áitiúil. Tá feidhm thábhachtach ag áiseanna sóisialta agus pobail maidir le hionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus feidhmíonn siad mar phointe cruinnithe fócasach do chónaitheoirí de gach aois.

Tá roinnt áiseanna pobail agus áineasa dea-fhorbartha sa sráidbhaile lena n-áirítear séipéal, aonaid mhiondíola tráchtála, oifig an phoist, halla pobail, páirc imeartha agus tithe tábhairne.

Tá an tseanscoil mhór (dar dáta 1880) dea-shuite ag ceann thuaidh na cearnóige os comhair an tSéipéil Chaitlicigh. Le déanaí, rinneadh an teach cúirte atá suite díreach soir ó Eaglais Naomh Muire a thiontú ina spás pobail.

Is é CLG Naomh Breandán an club áitiúil CLG, atá suite i lár an tsráidbhaile díreach ó thuaidh den Chearnóg. Féachfaidh an plan seo leis na háiseanna pobail reatha a chosaint agus an raon áiseanna pobail atá ar fáil sa sráidbhaile a leathnú.

Ainmnítear Béal Átha Ghártha mar shráidbhaile *Chatagóir B* (daonra idir 201 agus 1,000) faoi chomórtas bliantúil na mBailte Slachtmhara. Tá an grúpa áitiúil Bailte Slachtmhara an-ghníomhach maidir le feabhas a chur ar an sráidbhaile agus a phurláin.

Tá cosáin agus soilsíú poiblí sa sráidbhaile laistigh den sráidbhaile ach rinneadh oibreacha ceansaithe tráchta teoranta ag pointí tairsí. Teastaíonn oibreacha ceansaithe tráchta chun feabhas a chur ar shábháilteacht choisithe timpeall na Cearnóige, Scoil Mhuire Gan Smál / clós súgartha agus ag an gcrosbhóthar soir ón sráidbhaile gar do Mheánscoil Naomh Muire.

Tá seirbhís iompair phoiblí (bus) laethúil ó Ros Comáin go Gaillimh ag freastal ar an lonnaíocht, a nascann an lonnaíocht le Cathair na Gaillimhe agus le ceantair eile lena n-áirítear an Creagán.

Tá méadú tagtha ar an daonra sa lonnaíocht agus sa chúlchríoch máguaird le blianta beaga anuas agus leis seo, cuirtear éilimh bhreise ar bhonneagar agus ar shaoráidí pobail an tsráidbhaile. Tá sé tábhachtach go spreagtar áiseanna nua gnó a chur ar bun i gcroílár an tsráidbhaile agus nuair is féidir, go bhfeabhsaítear na saoráidí pobail atá ann cheana.

13.3.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Tá sráid-dreach tarraingteach ag Béal Átha Ghártha ina bhfuil roinnt foirgneamh breá aonair. Tá Eaglais Chaitliceach Naomh Muire, Banc na hÉireann, Teach na Cúirte, atá suite sa sráidbhaile taifeadta i dTaifead ar Dhéanmhais Chosanta agus cuireann siad le carachtar ailtireachta na lonnaíochta.

Le cearnóg an mhargaidh cuirtear limistéar tarraingteach de spás oscailte ar fáil do chónaitheoirí agus soláthraíonn an seastán banda a tógadh le déanaí pointe fócasach tarraingteach. Ó 1945 i leith úsáideadh é chun an carnabhal bliantúil a reáchtáil. Le blianta beaga anuas úsáidtear an limistéar mar charrchlós neamhfhoirmiúil agus níl mórán crainn curtha ann. D'fhéadfaí roinnt cineálacha cur chuige éagsúla a ghlacadh chun cur leis an ríocht phoiblí agus cuma amhairc chearnóg an mhargaidh é a fheabhsú, mar shampla limistéar suíocháin lasmuigh a chur leis do chónaitheoirí agus do chuaritheoirí chun ceann scríbe níos tarraingte agus níos cairdiúla do dhaoine a chruthú.

Tá sé tábhachtach tréscailteacht, struchtúr agus moirfeolaíocht an tsráidbhaile a chosaint. Tá croícheantar ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Léiríonn timpeallacht thógtha uathúil Shráidbhaile Bhéal Átha Ghártha a stair i bpatrún na spásanna uirbeacha agus i ndearadh na dtithe aonair agus na bhfoirgneamh sainchomhartha. Tá foirceann i gcruth diamant i mBéal Átha Ghártha, soir ón Sráidbhaile, áit a raibh an eaglais Phrotastúnach ag an mbealach isteach chuig iar-eastát Achadh Raithin. Eastát mór rathúil a bhí in Achadh Raithin agus spreag a úinéir gníomhaíocht mhargaidh an tSráidbhaile go luath sa 19ú haois.

Mar thoradh ar phleanáil ordúil an tSráidbhaile tá príomhshráid leathan le tithe dhá stór den chuid is mó ina bhfuil aghaidheanna éagsúla le colbhaí múnlaith ar na fuinneoga agus na doirse.

Leis an seastán banna a cuireadh isteach le déanaí taispeántar an gaol atá ag an tSráidbhaile mar áit bhreithe Patrick Sarsfield Gilmore a rugadh i mBéal Átha Ghártha sa bhliain 1829 agus bhí ina phríomh-chumadóir agus máistir-bhanna i SAM. Tá an pobal ag baint úsáide as an teach cúirte arís trí ghealltanais mhuintir na háite d'oidhreacht thógtha a Sráidbhaile.

13.3.5 Lár an tSráidbhaile agus Gnó & Fiontar

Cuireann Béal Átha Ghártha méid teoranta fostaíochta agus seirbhísí áitiúla ar fáil do mhuintir an tsráidbhaile agus dóibh siúd laistigh dá chúlchríoch agus féachfaidh an plean le tacú le forbairt, fuinneamh agus beogacht an tsráidbhaile.

I gcroílár an tsráidbhaile is é an aidhm ná úsáid tháirgiúil a bhaint as na foirgnimh atá folamh agus neamhúsáidte. Tá acmhainn theoranta ann do scéimeanna cónaithe beaga nó do dheiseanna féin-thógtha laistigh den chroílár. Mar sin féin, tá deiseanna laistigh den lonnaíocht d'fhorbairt na maoine tearcúsáidte agus na n-áitreabh tréigthe atá ann soir ón sráidbhaile. Tacófar agus éascófar tograí forbartha atá suite i gcroílár an tsráidbhaile nuair is cuí, go háirithe Deiseanna um Chónaí os cionn an tSiopa i gcroílár an tsráidbhaile.

Tá dhá shuíomh deise suite ar an bpríomhshráid i mBéal Átha Ghártha. Tá bonn láidir tráchtála ann beag sa sráidbhaile a fhreastalaíonn ar an daonra áitiúil.

Le gaireacht Bhéal Átha Ghártha le Gleann na Suca, d'fhéadfadh lánaí tuaithe ciúine, bóithre portaigh, oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha deiseanna turasóireachta a fhorbairt sa sráidbhaile.

13.4 Seirbhísí agus Bonneagar

13.4.1 Soláthar Uisce

Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil. Freastalaíonn soláthar uisce phoiblí ar an sráidbhaile. Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil do na tailte go léir a shaináithnítear d'acmhainneacht forbartha agus tá acmhainn sa líonra.

13.4.2 Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an sráidbhaile. Caithfear oibreacha a dhéanamh ar an gcóras laistigh de shaolré an phlean, ach táthar ag súil go dtosóidh sé seo ar bhonn gearrthéarmach, áfach.

13.4.3 Iompar agus Gluaiseacht

Ritheann an Bóthar Náisiúnta an N63 tríd an lonnaíocht, rud a fhágann go bhfuil go leor tráchta ann, lena n-áirítear cion ard feithiclí earraí troma. Tá gá le bearta maolaithe tráchta breise laistigh den lonnaíocht.

Tá go leor páirceála ar an tsráid i spásanna ainmnithe páirceála suite sa chearnóg agus feadh na Príomhshráide.

13.5 Tuile

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá i mbaol tuilte, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údarás Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Imlitir PL2 / 2014 agus aon leasú orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnacht Riosca Tuile a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta do Bhéal Átha Ghártha agus tá sé de réir na dtreoirlínte agus na himlitreach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí Beartais Chriosaithe um Úsáid Talún do Bhéal Átha Ghártha (Béal Átha Ghártha Sráidbhaile Beagfháis- BSGV)

BSGV 1 Lár an tSráidbhaile Inbhuanaithe

Forbairt shráidbhaile Bhéal Átha Ghártha a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhreachtú, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontair, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a chuireann raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí ar fáil don phobal áitiúil agus do chuiditheoirí ar na sráidbhailte. Leanfaidh lár an tsráidbhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar de bheith ina phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

BSGV 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhreachtú air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha ar nós áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaonra cónaithe plean lonnaithe Bhéal Átha Ghártha. Taitneamhachtaí cónaithe reatha a chosaint agus forbairt nua inlíonta atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir pleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe de limistéar an phlean. Cónaí os cionn an tsiopa a spreagadh go háirithe, rud ar féidir leis cur le beogacht an chroíláir agus gníomhaíocht a leathnú níos faide ná uaireanta gnó.

BSGV 3 Forbairt agus Seirbhísí Áitiúla

Forbairt áiseanna agus seirbhísí áitiúla a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

BSGV 4 Áiseanna Clóis Súgartha

Tacú le cothabháil áiseanna clóis súgartha, faoi réir na n-acmhainní a bheith ar fáil.

BSGV 5 Fiontar ar Scála Beag

Soláthar forbartha tráchtála agus fostaíochta sa sráidbhaile a spreagadh agus go háirithe an soláthar de dheiseanna d'fhiontair nua-thionscanta ar scála beag.

BSGV 6 Oibreacha Feabhsúcháin ar an Sráid-dreach

Féachaint d'ullmhúchán plean poiblí a éascú a chuirfidh bonn eolais faoi oibreacha feabhsúcháin ar an sráid-dreach faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

BSGV 7 Bonneagar Poiblí a Leathnú

Tacú le leathnú an bhonneagair poiblí laistigh den sráidbhaile de réir mar is gá.

BSGV 8 Láithreán Deise

Athfhorbairt chuí an láithreán deise a shainaithnítear a chur chun cinn agus a spreagadh a chuirfidh le beogacht agus carachtar Bhéal Átha Ghártha.

OPT- BA 1 Láithreán Deise Bhéal Átha Ghártha


Cur síos Achomair Seid thréigthe i mBéal Átha Ghártha

Achar: Is ionann achar an láithreán agus 0.67HA.

Criosú: Tá an láithreán criosaithe mar Lár an tSráidbhaile.

Úsáid Talún Reatha: Seid fholamh de chineál stórais. D'fhéadfaí gur baineadh úsáid aisti leis an túr uisce in aice láimhe.

Deis: Soláthar a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt mhiondíola agus/nó tráchtála. Is trí lána beag soir ón láithreán in aice leis na háitribh chónaithe reatha an príomhbhealach isteach. D'fhéadfadh go mbeadh meascán d'úsáidí tráchtála agus cónaithe oiriúnach anseo.





- Teorainn Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- VC - Lár an tSráidbhaile
- BE - Gnó & Fiontar
- CF - Saoráidí Pobail
- OS -Spás Oscailte/Áineas & Conláiste
- TI - Bonneagar Iompair
- Uisce/Aibhneacha/Srutháin
- Úsáid Talún Shrianta
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Láithreáin Deise

OPT-BA.1

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Sráidbhaile Beagfháis
Béal Átha Ghártha
Léarscáil um Chriosú Úsáide Talún

0 50 100 150 200
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 202 OSi_NMA_06
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, 202



-  Teorainn Lonnaíochta
-  Críos Tuilte Táscach A
-  Críos Tuilte Táscach C
-  PFRA Báistiúil Táscach
-  PFRA Báistiúil Rabhartha
-  Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Sráidbhaile Beagfháis
Béal Átha Ghártha
Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte

0 50 100 150 200
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_06:
Suirbhéireacht Ordánais Éireann, 2021

14.1 Dún Mór Sráidbhaile Beagfháis

14.2 Comhthéacs Sráidbhaile

Tá Dún Mór suite 50KM soir ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe agus 15KM soir ó thuaidh ó bhaile Thuama. Tá fás tagtha ar phatrún lonnaíochta Dhún Mór le himeacht ama, ar bhruach an tSlogaire agus ag an gcrosbhealach den bhóthar tánaisteach náisiúnta N83 le bóithre réigiúnacha R328 agus R360.

Síneann na príomhshráideanna sa Sráidbhaile ó chearnóg lárnach an mhargaidh. Tá an ghné thráchtála de lár an tSráidbhaile teoranta den chuid is mó don cheantar ó thuaidh agus soir ón gcearnóg. Tá líon teoranta seirbhísí áitiúla áise sa sráidbhaile. Tá airde na bhfoirgneamh i lár an tsráidbhaile suas le trí stór ar a mhéad.

14.3 Pobail Inbhuanaithe

14.3.1 Tithíocht

Tá cuid mhór stoc tithíochta laistigh de limistéar phlean Dhún Mór agus laistigh de chroílár an tsráidbhaile. Le blianta beaga anuas athraíodh roinnt maoine foilmhe le haghaidh úsáide cónaithe i gcroílár an tsráidbhaile. Tá an stoc tithíochta níos traidisiúnta sa Dún Mór comhdhéanta d'éagsúlacht mhaith stíleanna agus méideanna lena n-áirítear maoin scoite níos mó atá suite laistigh de cheapacha móra; áitribh leathscoite agus tithíocht de chineál bruachbhailte agus stíl sraithe ar dhlús níos airde.

Bhain Dún Mór leas as forbairtí nua tithíochta atá suite laistigh de chlúdach an tsráidbhaile, mar shampla tá Cearnóg na Beairice suite soir ó chroílár an tsráidbhaile, tá Siúlóid na mBráthar suite soir ó thuaidh ón sráidbhaile agus tá Fearann na Mainistreach suite ó thuaidh den sráidbhaile. Féachann an plean sráidbhaile seo le patrúin lonnaíochta inbhuanaithe a chinntiú, laistigh de limistéar an phlean a bhfuil nasc maith acu le lár an tsráidbhaile.

Bheadh sé inmhianaithe go ndéanfaí athnuachan leanúnach ar mhaoin laistigh de Chroílár an tsráidbhaile agus ba cheart go mbeadh dearadh ardchaighdeán d'fhorbairt tithíochta inlíonta agus ba cheart go mbeadh aghaidheanna siopaí nua nó athsholáthair ag teacht le carachtar foriomlán na bhfoirgneamh tarraingteach i gcroílár an tsráidbhaile.

Tá scóip ann le forbairt laistigh den Dún Mór, ach, tá sé tábhachtach go ndéantar carachtar tuaithe an tsráidbhaile, a oidhreacht ailtireachta agus a oidhreacht eile agus a thaitneamhachtaí nádúrtha a chothabháil agus a fheabhsú agus gan é a chur i gcontúirt, áfach.

14.3.2 Oideachas

Is í Scoil Nioclás Naofa an bhunscoil chomhoideachais áitiúil agus is í Scoil Phobail Dhún Mór an meánscoil chomhoideachais.

14.3.3 Áiseanna Pobail

Tá raon maith seirbhísí áitiúla á chur ar fáil i nDún Mór, lena n-áirítear saoráid CLG (MacHales Dhún Mór); páirceanna sacair ar leithligh suite ar Fhaiche an Aonaigh in aice leis an Mainistir Agaistíneach agus faichí rugbaí. Tá cúrsa gailf naoi bpoll suite ó dheas ón sráidbhaile, a mheallann díograiseoirí gailf go dtí an ceantar. Tá clós súgartha Dhún Mór suite sa sráidbhaile freisin agus tá sé faoi fhad siúil ó na comharsanachtaí máguaird.

14.3.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Tugadh Dún Mór air, mar gheall ar an dún mór. Bhí an dún bunaidh ina dhaingean ag na Ríthe Uí Conchobair, Ríthe Chonnacht, a dhíshealbhaigh na Norman de Berminghams iad ina dhiaidh sin.

Tá oidhreacht shaibhir thógtha ag an mbaile le Caisleán Dhún Mór ar an imeall Fheirm an Chaisleáin a cheaptar go dtéann siar go lár an tríú haois déag agus tá an Mhainistir Agaistíneach (a bunaíodh i 1425) i mbaile fearainn Fhearann na Mainistreach Theas mar chuid den bhaile stairiúil (GA017 -002) de Dhún Mór agus is Séadchomhartha Náisiúnta é atá faoi úinéireacht an stáit.

Tá an sráidbhaile suite i gceantar tuaithe droimneach réidh. Ritheann an Slogaire tríd an Dún Mór agus tá siúl bhealach tarraingteach cois na habhann sa bhaile, ar taitneamhacht áitiúil í a bhfuil an-tóir uirthi. Tá an Slogaire mar chuid de chóras na Coiribe agus tá sí ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Speisialta (LCS) mar chuid de SAC Loch Coirib. Tá Ceantar Oidhreachta Nádúrtha de Phortach an tSléibhe cúpla ciliméadar soir ón mbaile.

Tá buntáistí ag Dún Mór ar nós siúlóid abhann le Droichead Dhún Mór agus Cearnóg an Mhargaidh, a sholáthraíonn ceantair a úsáidtear mar spás oscailte éighníomhach. Tá an bruach is mó de spás oscailte suite ó dheas ón bhforbairt tithíochta reatha Siúlóid na mBráthar. Mar sin féin, níor baineadh úsáid as an limistéar talún atá ainmnithe mar spás oscailte go barr a chumais. Féadfar tuilleadh limistéar oscailte a ainmniú feadh chonair na habhann.

Tá croícheantar ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Tá oidhreacht shaibhir seandálaíochta an cheantair faoi chosaint ag Crios a bhfuil acmhainneacht seandálaíochta aige atá dírithe ar an Mhainistir Agaistíneach ón 15ú haois ina bhfuil séipéal ón 19ú haois. Tá a thábhacht eaglasta le feiceáil freisin i reilig iata meánaoiseach Mhainistir San Nioclás i bhFearann na Mainistreach Thuaidh.

Tá foirgneamh Bhanc na hÉireann, cé go bhfuil sé tipiciúil ó thaobh mionsonraí ar fhoirgneamh bainc ón ré Vichteoiriach dhéanach, ní ghnáth a fheictear foirgneamh d'aon stór. Níos fearr fós, tá an aird ar tugadh ar mhionsonraí le feiceáil sa phóirse iontrála atá múnlaíthe go casta agus braic dín déanta as adhmaid agus tá sé uathúil ó thaobh stíle sa Sráidbhaile. Tógadh é breis agus céad bliain ó shin, agus leanann sé ag soláthar seirbhísí airgeadais don phobal áitiúil agus tá sé mar phointe fócasach sa Dún Mór.

14.3.5 Lár an tSráidbhaile agus Gnó & Fiontar

Cuireann an Dún Mór méid teoranta fostaíochta agus seirbhísí áitiúla ar fáil do mhuintir an tsráidbhaile agus don chúlchríoch níos leithne. Féachfaidh an plean le tacú le forbairt, fuinneamh agus beogacht an tsráidbhaile.

Tá foirgnimh trí stór a laghdaíonn go tithe cónaithe dhá stór agus aon stór ar imeall an ionaid tráchtála, mar thréithe ag croílár tráchtála Dhún Mór. Freastalaíonn miondíoltóir mór bia ar an Sráidbhaile atá suite ar an taobh thoir den N83. Tá go leor aonad miondíola, oifig an phoist agus clinicí tréidliachta sa sráidbhaile. Mar atá mínithe thuas tá roinnt foirgneamh atá folamh/as úsáid faoi láthair.

Tacóidh an plean trí chuspóir beartais a sholáthar, athfhorbairt agus athúsáid foirgneamh folamh. Spreagfaidh an t-údarás pleanála athghiniúint laistigh den Sráidbhaile le linn dearadh agus spreagfar úsáid an stoic fhoirgnimh atá folamh cheana féin.

I gcroílár an tsráidbhaile is é an aidhm ná úsáid tháirgiúil a bhaint as na foirgnimh atá folamh agus neamhúsáidte laistigh den limistéar seo. Tá acmhainn theoranta ann do scéimeanna cónaithe beaga nó do dheiseanna féin-thógtha laistigh den chroílár. Mar sin féin, tá deiseanna laistigh den lonnaíocht d'fhorbairt na maoine tearcúsáidte agus na n-áitreabh tréigthe atá ann soir ón sráidbhaile. Tacófar agus éascófar tograí forbartha atá suite i gcroílár an tsráidbhaile nuair is cuí, go háirithe Deiseanna um Chónaí os cionn an tSiopa i gcroílár an tsráidbhaile.

14.4 Seirbhísí agus Bonneagar

14.4.1 Soláthar Uisce

Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil. Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil do na tailte go léir a shainithnítear d'acmhainneacht forbartha.

14.4.2 Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an sráidbhaile. Tá acmhainn laistigh den líonra chun freastal ar fhorbairt atá beartaithe.

14.4.3 Iompar agus Gluaiseacht

Is é an N83 an Príomhbhóthar Náisiúnta idir Tuaim agus Béal Átha hAmhnais, a théann trí Dhún Mór. Cuireann Bus Éireann modh iompair phoiblí ar fáil do chónaitheoirí go Cathair na Gaillimhe lena n-áirítear stad ag GMT. Soláthraíonn cuideachta bhus príobháideach nasc idir Dún Mór agus lár bhaile Thuama. Tá stad an bhus laistigh de lár an tsráidbhaile agus mar sin tá sé inrochtana dóibh siúd atá ina gcónaí sa sráidbhaile agus timpeall air.

Bhí comhairliúchán poiblí ann le déanaí maidir leis na hoibreacha feabhsúcháin bóithre atá riachtanach i sráidbhaile Dhún Mór chun rochtain éasca a éascú. Tá sé seo ag céim dhearaidh an phróisis faoi láthair.

14.5 Tuile

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá i mbaol tuilte, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirínte um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údarás Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Imlitir PL2 / 2014 agus aon leasú orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnacht Riosca Tuile a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta do Dhún Mór agus tá sé de réir na dtreoirínte agus na himlitreach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí Beartais Chríosaithe um Úsáid Talún do Dhún Mór (Dún Mór Sráidbhaile Beagfháis)

DSGV 1 Lár an tsráidbhaile Inbhuanaithe

Forbairt shráidbhaile Dhún Mór a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhreachtú, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontair, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a chuireann raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí ar fáil don phobal áitiúil agus do chuiditheoirí ar na sráidbhailte. Leanfaidh lár an tsráidbhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar de bheith ina phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

DSGV 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhreachtú air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha ar nós áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaonra cónaithe shráidbhaile Dhún Mór. Áiseanna cónaithe reatha a chosaint agus forbairt inlíonta nua atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir pleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe de limistéar an phlean.

DSGV 3 Áiseanna Pobail

Forbairt áiseanna pobail a chur chun cinn ar thailte/láithreáin oiriúnacha, i nDún Mór le hardleibhéal rochtana ar an bpobal áitiúil, lena n-áirítear úsáidí oideachais, pobail, cathartha, poiblí, institiúideacha, áineasa, cultúrtha agus comhlántacha eile, de réir mar is cuí.

DSGV 4 Forbairt agus Seirbhísí Áitiúla

Forbairt áiseanna agus seirbhísí áitiúla a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

DSGV 5 Fiontar ar Scála Beag

Soláthar forbartha tráchtála agus fostaíochta sa sráidbhaile a spreagadh agus go háirithe an soláthar de dheiseanna d'fhiontair nua-thionscanta ar scála beag.

DSGV 6 Oibreacha Feabhsúcháin ar an Sráid-dreach

Féachaint d'ullmhúchán plean poiblí a éascú a chuirfidh bonn eolais faoi oibreacha feabhsúcháin ar an sráid-dreach faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

DSGV 7 Bonneagar Poiblí a Leathnú

Tacú le leathnú an bhonneagair poiblí laistigh den sráidbhaile de réir mar is gá.

DSGV 8 Láithreán Deise

Athfhorbairt chuí an láithreán deise a shainaithnítear a chur chun cinn agus a spreagadh a chuirfidh le beogacht agus carachtar Dhún Mór.

OPT- DU 1 Láithreán Deise Dún Mór

Cur síos Achomair: Is láithreán úrnua é i lár shráidbhaile Dhún Mór.

Achar: Is ionann achar an láithreán deise Uimh.1 agus 0.49HA

Criosú: Tá an láithreán criosaithe mar Lár an tSráidbhaile.


Úsáid Talún Reatha: Láithreán úrnua folamh.

Deis

Soláthar a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt mhiondíola agus/nó tráchtála. Ní mór don togra forbartha foriomlán aghaidh a thabhairt ar éadan na sráide nuair a athraíonn úsáid fheiceálach talún ó úsáid chónaithe go húsáid thráchtála. Dearadh foirgnimh nuálach, ardchaighdeán agus leagan amach cuí agus suíomh na dtailte ábhair á gcur san áireamh.

D'fhéadfadh go mbeadh meascán d'úsáidí tráchtála agus cónaithe nó forbairt de chineál eachlainne oiriúnach anseo.






- Teorainn Lonnaíochta
- R - Cónaithe Fleatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R Cónaithe Céim 2
- R - Cónaithe inilíonadh
- VC - Lár an tsráidbhaile
- BE - Gnó & Fiontar
- CF - Saoráidí Pobail
- OS - Spás Oscailte/Áineas agus Conláiste
- TI - Bonneagar Iompair
- Uisce/Aibhneacha/Srutháin
- Úsáid Talún Srianata
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Láithreán Deise

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe


2022-2028

Sráidbhaile Beagfháis
Dún Mór
Léarscáil um Chriosú Úsáide Talún



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Galway County Council 2021/05/J.M. 090
© Ordnance Survey Ireland, 2021



- Teorainn Lonnaíochta
- Críos Tuilte Táscach A
- Críos Tuilte Táscach B
- Críos Tuilte Táscach C
- PFRA Báistiúil Táscach
- PFRA Báistiúil Rabhartha
- Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Sráidbhaile Beagfháis
Dún Mór
Bainistíocht Riosca i gCás Tuilte

0 80 160 240 320
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_06
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann, 2021

15.1 Gleann na Madadh Sráidbhaile Beagfháis

15.2 Comhthéacs Sráidbhaile

Tá sráidbhaile Ghleann na Madadh suite in Oirthuaisceart an chontae. Tá sé suite thart ar 55KM soir ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe agus 29KM soir ó thuaidh ó bhaile Thuama leis an N83.

Cruthaíodh an sráidbhaile timpeall ar chrosbhóthar ar dtús, eadhon bóthar Dhún Mór - Gleann na Madadh, ar a dtugtar Bóthar Réigiúnach Bhaile Átha Luain (R362) agus an Baile Mór go Gleann na Madadh agus ar aghaidh go Bóthar Réigiúnach Mhaigh Locha (R364).

Bóthar réigiúnach an R362 ag nascadh Dún Mór ar an N83 leis an M6 i mBaile Átha Luain agus tá sé nasctha le Maigh Locha leis an mbóthar réigiúnach R364 ar an N63 in aice leis an mBaile Mór ar an N60. Tá crosbhóthar an tsráidbhaile sainmhínithe go soiléir fós i nGleann na Madadh sa lá atá inniu ann. Téann sráidbhaile Ghleann na Madadh siar go luath an naoú haois déag, ach tá go leor Séadchomharthaí Taifeadta sa cheantar lena n-áirítear liosanna, rud a thugann le tuiscint go bhfuil lonnaíocht san áit seo thar thréimhse níos faide.

15.3 Pobail Inbhuanaithe

15.3.1 Tithíocht

Sainghné na cúlchríche máguaird ná an meascán d'úsáid talmhaíochta le tithíocht aonuaire scaipthe ar na bóithre réigiúnacha ó lár an tsráidbhaile. Tharla roinnt forbairtí tithíochta níos mó i nGleann na Madadh thar na blianta lena n-áirítear Arda Dudley agus Páirc O'Keefe ó dheas ó chroílár an tsráidbhaile agus eastát Radharc an Locha soir ón sráidbhaile. Tríd is tríd, cuirtear éagsúlacht shláintiúil cineálacha agus méideanna teaghaise ar fáil laistigh de limistéar an phlean.

Bhainfeadh an lonnaíocht leas as athghiniúint maoine atá ann cheana féin i gcroílár an tsráidbhaile. Ba cheart go ndéanfaí forbairtí nua a chomhtháthú isteach sa sráidbhaile reatha agus go bhféadfaí siúl nó dul ar rothar go héasca agus go sábháilte go dtí an lár agus go dtí na príomhaiseanna.

Bheadh sé inmhianaithe go ndéanfaí athnuachan leanúnach ar mhaoin laistigh de Chroílár an tsráidbhaile agus ba cheart go mbeadh dearadh ardchaighdeán d'fhorbairt tithíochta inlíonta agus ba cheart go mbeadh aghaidheanna siopaí nua nó athsholáthair ag teacht le carachtar foriomlán na príomhshráide.

Tá sé tábhachtach freisin go ndéantar carachtar tuaithe, oidhreacht agus taitneamhachtaí nádúrtha an tsráidbhaile a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirtear as dóibh.

15.3.2 Oideachas

Is í Scoil Náisiúnta Sheosaimh an bhunscoil chomhoideachais áitiúil agus is í Scoil Phobail Gleann na Madadh an mheánscoil chomhoideachais.

15.3.3 Áiseanna Pobail

Tá raon áiseanna pobail á chur ar fáil cheana féin i nGleann na Madadh. Ina measc seo tá scoileanna, séipéal Naomh Pádraig, óstán, ionad sláinte, asraonta miondíola ar nós Supervalu, BÁCÚS, creis, Stáisiún Garda, clinic tréidliachta agus ionad pobail chomh maith le hoifig phoist in éineacht le haonáin tráchtála eile.

Is áis eile í Amharclann Halla an Bhaile i nGleann na Madadh a fhreastalaíonn ní amháin ar dhaoine atá ina gcónaí sa sráidbhaile ach ar dhobharcheantar i bhfad níos leithne. Tá an tsaoráid CLG áitiúil suite taobh thoir den sráidbhaile. Tá Glen Celtic AFC suite siar ón sráidbhaile. Tá páirceáil phoiblí suite soir ó Shéipéal Naomh Pádraig. Tá Ionad Eachaíochta Glenn suite taobh amuigh

de limistéar an phlean lonnaíochta, 1KM ó dheas ó lár an tsráidbhaile ar bhóthar Chill Choirín.

15.3.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Tá Clós Súgartha Pobail Ghleann na Madadh, Páirc Uí Choileáin, suite ó dheas ón sráidbhaile. Anseo, cuirtear limistéar imeartha ar fáil le trealamh agus páirceanna imeartha gaolmhara.

Tá croícheantar ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Is baile tarraingteach, le dea-leagan amach é Gleann na Madadh. Téann forbairt an tsráidbhaile siar go dtí na 1820idí nuair a tógadh séipéal agus bunaíodh margadh. Taispeánann an chéad eagrán de Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis c1840 tithíocht scaipthe ar líne na mbóithre isteach agus Beairic Póilíní ar Bhóthar na gCreag. Sa bhliain 1853, osclaíodh teach oibre Ghleann na Madadh agus bhí sé suite ar imeall thoir an bhaile. D'fhás agus bhí rath ar an sráidbhaile le teacht na margaí agus na n-aonach, trádáil mhéadaithe agus tógadh tuilleadh foirgneamh lena n-áirítear an stór meáchain margaidh timpeall 1900 chun na meáchain a úsáidtear leis na scálaí trichosacha a choinneáil ar laethanta margaidh i nGleann na Madadh.

Tiomnaíodh Eaglais Chaitliceach Naomh Pádraig sa bhliain 1904; in ionad an tséipéil níos luaithe a bhí ina sheasamh ar thailte na reilige áitiúla. I 1909 tógadh Halla Baile Naomh Bríd agus tá ról tábhachtach aige i saol cultúrtha agus sóisialta an phobail ó shin.

Baintear úsáid talmhaíochta den chuid is mó as an tírdhreach íseal, droimneach, réidh timpeall Ghleann na Madadh. Tá mósáic de pháirceanna glasa, bogaigh, portaigh ardaithe agus pócaí foraoiseachta buaircíneacha ann os cionn aolchloiche. Tá turlach mór ar imeall thoir an bhaile agus tá sé mar chuid de choimpléasc mór turlaigh agus portaigh ar a dtugtar Portach Loch Loirgín / Turlach Ghleann na Madadh SAC. Tá loch beag ar bharr an phortaigh agus ritheann sruthán ón loch, tríd an bportach agus isteach sa turlach. Tá an ghné neamhghnách seo uathúil don phortach seo.

15.3.5 Lár an tsráidbhaile agus Gnó & Fiontar

Tá Gleann na Madadh ar cheann de na sráidbhailte suntasacha in oirthuaisceart na Gaillimhe le raon maith seirbhísí agus áiseanna. Tháinig croílár an tsráidbhaile chun cinn timpeall ar chrosbhóthar an R 362 agus an R 364 ina bhfuil formhór na n-asraonta tráchtála atá ag freastal ar an sráidbhaile inniu. Leis na ceithre bhóthar a théann ó lár an tsráidbhaile, sainmhínítear an sráid-dreach agus tá siad comhdhéanta go príomha d'fhoirgnimh dhá stór. Tá tríú hurlár tánaisteacha ag líon beag de na foirgnimh. Is iad sclátaí agus tíleanna gorma nó dubha na hábhair dhín is mó atá le feiceáil le bailchríoch phlástair bhrutha ar bhallaí seachtracha na bhfoirgneamh. Tá gairdíní tosaigh ag roinnt maoine ar na príomhshráideanna, ach den chuid is mó tá aghaidheanna na n-aonad cónaithe ar an gcosáin thadhlaigh.

Faoi láthair tá dhá sholáthraí bÁCúis suite ar an R 364 ó dheas ó lár an tsráidbhaile. I gcroílár an tsráidbhaile is é an aidhm ná úsáid tháirgiúil a bhaint as na foirgnimh atá folamh agus neamhúsáidte laistigh den limistéar seo. Tá acmhainn theoranta ann do scéimeanna cónaithe beaga nó do dheiseanna féin-thógtha laistigh den chroílár. Mar sin féin, tá deiseanna laistigh den lonnaíocht d'fhorbairt na maoine tearcúsáidte agus na n-áitreabh tréigthe atá ann soir ón sráidbhaile. Tacófar agus éascófar tograí forbartha atá suite i gcroílár an tsráidbhaile nuair is cuí, go háirithe Deiseanna um Chónaí os cionn an tSiopa i gcroílár an tsráidbhaile.

15.4 Seirbhísí agus Bonneagar

15.4.1 Soláthar Uisce

Freastalaíonn soláthar uisce phoiblí ar an sráidbhaile. Tá acmhainn sa líonra chun freastal ar fhorbairt atá beartaithe.

15.4.2 Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an sráidbhaile. Tá acmhainn laistigh den líonra chun freastal ar fhorbairt atá beartaithe.

15.4.3 Iompar agus Gluaiseacht

Cuireann Bus Éireann seirbhís bus phoiblí ar fáil idir Cathair na Gaillimhe agus Gleann na Madadh agus bealach bus 426 idir Cathair na Gaillimhe go Bealach an Doirín i gContae Ros Comáin.

15.5 Tuile

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá i mbaol tuilte, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údaráis Phleanála (RCORÁ, 2009 agus Imlitir PL2 / 2014 agus aon leasú orthu). Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnacht Riosca Tuile a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta do Ghleann na Madadh agus tá sé de réir na dtreoirlínte agus na himlitreach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí Beartais Chriosaithe um Úsáid Talún do Ghleann na Madadh (Gleann na Madadh Sráidbhaile Beagfháis)

GSGV 1 Lár an tSráidbhaile Inbhuanaithe

Forbairt shráidbhaile Ghleann na Madadh a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhrechtú, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontair, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a chuireann raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí ar fáil don phobal áitiúil agus do chuariteoirí ar na sráidbhailte. Leanfaidh lár an tsráidbhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar de bheith ina phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

GSGV 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhrechtú air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha ar nós áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaoir cónaithe shráidbhaile Ghleann na Madadh. Taitneamhachtaí cónaithe reatha a chosaint agus forbairt nua inlíonta atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir pleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe de limistéar an phlean.

GSGV 3 Áiseanna Pobail

Forbairt áiseanna pobail a chur chun cinn ar thailte/láithreáin oiriúnacha, i nGleann na Madadh le hardleibhéal rochtana ar an bpobal áitiúil, lena n-áirítear úsáidí oideachais, pobail, cathartha, poiblí, institiúideacha, áineasa, cultúrtha agus comhlántacha eile, de réir mar is cuí.

GSGV 4 Forbairt agus Seirbhísí Áitiúla

Forbairt áiseanna agus seirbhísí áitiúla a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

GSGV 5 Fiontair ar Scála Beag

Soláthar forbartha tráchtála agus fostaíochta sa sráidbhaile a spreagadh agus go háirithe an soláthar de dheiseanna d'fhiontair nua-thionscanta ar scála beag.

GSGV 6 Oibreacha Feabhsúcháin ar an

Féachaint d'ullmhúchán plean phoiblí a éascú a chuirfidh bonn eolais d'oibreacha feabhsúcháin ar an sráid-dreach faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

GSGV 7 Bonneagar Poiblí a Leathnú

Tacú le leathnú an bhonneagair phoiblí laistigh den sráidbhaile de réir mar a bheidh gá leis.

GSGV 8 Láithreán Deise

Athfhorbairt chuí an láithreán deise a shainaithnítear thíos a chur chun cinn agus a spreagadh a chuirfidh le beogacht agus carachtar Ghleann na Madadh.

OPT-GL 1 Láithreán athfhorbraíochta atá cuid de folamh, Gleann na Madadh


Cur síos Achomair: Láithreán feiceálach suite ag an gcrosbhóthar i sráidbhaile Ghleann na Madadh.


Achar: Tá achar an láithreáin timpeall 0.21 HA.

Criosú: Tá an láithreán criosaithe mar Lár an tSráidbhaile

Úsáid Talún Reatha: Tá cuid de folamh.

Deis: Tá an láithreán suite ag an gcrosbhóthar i nGleann na Madadh. Láithreán cúinne é lena aghaidh ar an R364 soir agus ar an R362 ó thuaidh. Mar sin de, is deis dáiríre í anseo a d'fhéadfadh cur go mór le lár an tsráidbhaile. D'fhéadfadh an láithreán soláthar a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar lár an tsráidbhaile / forbairt chónaithe.





Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028


Sráidbhaile Beagfháis
Gleann na Madadh
Léarscáil um Chriosú Úsáide Talún

0 50 100 150 200
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_09
Suirbhéireach Ordnáis Éireann, 2021



- Teorainn Lonnaíochta
- Crios Tuile Táscach C
- PFRA Báisíúil Táscach
- PFRA Báisíúil Rabhartha
- Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Sráidbhaile Beagfháis
Gleann na Madadh
Bainistíocht Riosca i gCás Tuile

0 50 100 150 200
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSi_NMA_06:
Suirbhéireacht Ordánais Éireann, 2021

16.1 Cinn Mhara Sráidbhaile Beagfháis

16.2 Comhthéacs Sráidbhaile

Tá Cinn Mhara suite ar an bPríomhbhóthar Náisiúnta, N67 agus is féidir é a ainmniú mar shráidbhaile cois farraige, ar chladach theas Chontae na Gaillimhe. Tá Cinn Mhara suite ag ceann Bhá Chinn Mhara agus d'fhorbair sé timpeall ar chuan nádúrtha agus cuaisín sa chúinne thoir theas de Chuan na Gaillimhe.

Tá naisc den scoth ag Cinn Mhara leis an mótarbhealach M18 a nascann Gort agus Tuam leis an rochtain is gaire atá suite ar an mbealach amach 17 ag Cill Tiarnáin timpeall 8km ón sráidbhaile. Tá an M17 agus an M6 inrochtana go héasca ó Ard Raithin in aice láimhe chomh maith leis an stáisiún iarnróid agus tá seirbhís laethúil Bus Éireann idir Gaillimh agus an Clár Thuaidh. Tá Cinn Mhara suite timpeall 28km ó Ghaillimh agus tá sé laistigh d'Ísleáin Bhoirne. Tá atmaisféar tarraingteach ag sráidbhaile Chinn Mhara lena bhialanna, caiféanna, siopaí, óstán agus tithe péinteáilte go geal. Tá Cinn Mhara suite i dtírdhreach saibhir ó thaobh cultúir de agus tá sé suite go hidéalach chun taiscéalaíocht a dhéanamh ar Bhoirinn agus ar dheisceart na Gaillimhe.

Toisc go bhfuil Cinn Mhara suite ar chladach theas Chontae na Gaillimhe, is ceann scríbe é an sráidbhaile a bhfuil an-tóir ag turasóirí lae agus ag lucht saoire air. Tá Caisleán Dhún Guaire dar dáta c1520 suite ar shuíomh daingnithe níos luaithe Dún Guaire, dún le Guaire, Rí Chonnacht na 7^ú haoise agus tá sé suite amach ón N67 ar an mbealach thoir isteach sa sráidbhaile. Feadh bhóthar na cé, tá cruth agus dearadh tarraingteach na bhfoirgneamh traidisiúnta sa sráidbhaile, cúilín agus na cláiocha le feiceáil in aice leis an gcósta le Cnoic Bhoirne sa chúlra. Is minic a fheictear báid seoltóireachta traidisiúnta amuigh ar an bhfarraige nó ar feistiú sa bhá a úsáidtear mar chúlra do go leor grianghraf agus cártaí poist.

16.3 Pobail Inbhuanaithe

16.3.1 Tithíocht

Tá cruth uirbeach Chinn Mhara tagtha chun cinn le himeacht ama agus cuireann sé le carachtar agus sainiúlacht áitiúil an cheantair. Tá an Phríomhshráid, limistéar na Cé, na sráideanna a nascann na ceantair seo agus timpeall Chearnóg an Mhargaidh, aitheanta mar chroí tráchtála an tsráidbhaile.

Tá an stoc tithíochta seanbhunaithe lena aghaidh ar an bPríomhshráid agus i gcroílár an tsráidbhaile measartha ó thaobh méide de, tá sé tarraingteach agus de chruth agus dearadh traidisiúnta le leagan amach ard-dlúis. Leis an éagsúlacht de theaghaisí atá sa sráidbhaile, cuirtear meascán maith ar fáil dá áitritheoirí. Ina theannta sin, tógadh áit chónaithe inlíonta sa sráidbhaile. Tá dhá eastát tithíochta seanbhunaithe sa sráidbhaile lena n-áirítear Páirc Radharc an Chaisleáin atá comhdhéanta de theaghaisí scoite agus Páirc an Chlochair ina bhfuil meascán de chineálacha tí. Tógadh roinnt forbairtí cónaithe ar scála beag gar don phríomhchroílár le deich mbliana anuas.

Soláthraíonn Cinn Mhara seirbhísí do dhobharcheantar tuaithe níos leithne ná an sráidbhaile é féin lena n-áirítear Gaillimh Theas agus an Clár Thuaidh agus mar sin tá sé tábhachtach go bhfanfaidh sé ina lonnaíocht sráidbhaile inmharthana, le bonn láidir miondíola agus seirbhíse.

16.3.2 Oideachas

Ó thaobh oideachais de, is bunscoil chomhoideachais í Scoil Náisiúnta Naomh Seosamh agus is meánscoil chomhoideachais í Coláiste Seamount Chinn Mhara.

16.3.3 Áiseanna Pobail

Tá feidhm thábhachtach ag áiseanna sóisialta agus pobail maidir le hionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus feidhmíonn siad mar phointe cruinnithe fócasach do chónaitheoirí de gach aois. Is áis chreise phobail é Ionad Pobail Leanaí Chinn Mhara sa sráidbhaile atá tadhlach leis an ionad pobail agus a thairgeann raon seirbhísí do níos mó lena n-áirítear clár réamhscoile. Tá Eaglais Naomh Seosamh, an scoil náisiúnta agus an t-ionad pobail, ar áiseanna pobail tábhachtacha iad, suite go lárnach sa sráidbhaile. Úsáidtear Eaglais Naomh Colmáin, atá suite ar imeall an tsráidbhaile uair sa tseachtain le haghaidh seirbhísí.

Úsáidtear an t-ionad pobail le haghaidh raon leathan gníomhaíochtaí ar nós áiseanna áineasa, badmantan, damhsa, ceachtanna ceoil, Club Óige, Karate agus Drámaíocht, cruinnithe pobail, imeachtaí díola, srl. Tá Ionad Pobail Leanaí Kinvara atá ina áis chreise phobail agus réamhscoil thadhlach leis an ionad pobail.

In 2015, rinneadh Teach na Cúirte Chinn Mhara ar Bhóthar Theach na Cúirte a athchóiriú agus úsáideadh anois é mar spás tiomnaithe agus mar bhaile d'Amharcealaíona Cheantar Chinn Mhara (KAVA le tacaíocht ó Chomhairle Pobail Chinn Mhara agus ón gComhairle Paróiste. Bíonn Margadh Feirmeoirí Chinn Mhara ar siúl ar Bhóthar Theach na Cúirte gach Aoine idir mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair. Cuireann sé rogha táirgí áitiúla ar fáil lena n-áirítear bia agus ceardaíocht agus uaireanta bíonn seisiúin cheoil bheo ann.

16.3.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Is sráidbhaile tarraingteach é Cinn Mhara a bhaineann leas as oidhreacht shaibhir agus rogha leathan áiseanna nádúrtha agus allamuigh. Mar gheall ar shuíomh Chinn Mhara ag ceann Chuan na Gaillimhe is bonn iontach é do dhíograiseoirí canú/dionga agus seoltóireachta. Is iad na conláistí lárnacha atá ar fáil sa sráidbhaile ná limistéar an Bhá agus iarsmaí theach túr Rí Guaire ón 7ú haois agus Dún Guaire ón naoú haois soir ó thuaidh ón sráidbhaile agus gar do Chnoic Bhoirne iontacha agus Ísleáin Bhoirne ó dheas.

Tá sráid-dreach tarraingteach ag Cinn Mhara ina bhfuil roinnt foirgneamh breá aonair. Laistigh de ACA Chinn Mhara agus laistigh den sráidbhaile tá roinnt déanmhas cosanta agus séadchomharthaí taifeadta a chuireann le carachtar ailtireachta na lonnaithe. Túr Muileann Gaoithe, Cléireach Naomh Seosamh, Eaglais Naomh Seosamh, Teach Cúirte Chinn Mhara, Stórais Murphy, Caisleán Dhún Guaire agus Siopa PJ O'Dea. I measc na Séadchomharthaí Taifeadta tá an Dún Cinn Tíre, Tithe Túir, Muileann Gaoithe, Séipéal agus an Reilig.

Leis an limistéar féir le suíocháin lasmuigh in aice leis an gcé cuirtear limistéar tarraingteach de spás oscailte ar fáil do chónaitheoirí agus do chuirteoirí agus soláthraíonn an cé pointe fócasach tarraingteach agus ceann scríbe atá báil do dhaoine.

16.3.5 Lár an tsráidbhaile agus Gnó & Fiontar

Tá croí tráchtála an tsráidbhaile aitheanta mar an Phríomhshráid, limistéar an Chuain, na sráideanna a nascann na ceantair seo agus timpeall Chearnóg an Mhargaidh. Cuirtear tuilleadh gníomhaíochta tráchtála sa limistéar seo chun cinn mar aon le forbairt limistéar an Chuain agus Chearnóg an Mhargaidh mar phointí fócasacha.

Cuireann Cinn Mhara méid teoranta fostaíochta agus seirbhísí áitiúla ar fáil do mhuintir an tsráidbhaile agus dóibh siúd laistigh dá dhobharcheantar níos leithne agus féachfaidh an plan le tacú le forbairt, fuinneamh agus beogacht lár an tsráidbhaile.

I gcroílár an tsráidbhaile, tá aidhm straitéiseach ná úsáid tháirgiúil a bhaint as na foirgnimh atá fós folamh agus neamhúsáidte laistigh den limistéar seo. Tá acmhainn ann do scéimeanna cónaithe beaga, do dheiseanna féin-thógtha laistigh den chroílár. Mar sin féin, tá deiseanna laistigh den lonnaithe d'athfhorbairt na maoine tearcúsáidte agus na n-áitreabh reatha. Tacófar agus éascófar le tograí forbartha atá lonnaithe laistigh de chroílár an tsráidbhaile nuair is cuí, go háirithe Deiseanna

um Chónaí os cionn an tSiopa i gcroílár an tsráidbhaile. Tá láithreáin deise suite ar an bpríomhshráid i gCinn Mhara ina bhfuil talamh tearcúsáidte ar chúl na bhfoirgneamh seo.

16.3.6 Turasóireacht

Mar thoradh ar ghaireacht Chinn Mhara do Chathair na Gaillimhe, Réigiún Bhoirne lena n-áirítear Ísleáin Bhoirne, Páirc na Cúile, Bealach Loch Cútra agus Cill Mhic Dhuach le bóithre ciúine áitiúla, cnoic, coillte, páirceanna, seandálaíocht, caisleáin agus cósta tá deiseanna turasóireachta le forbairt sa sráidbhaile. Tá an-tóir ag turasóirí agus díograiseoirí gníomhaíochtaí allamuigh ar na bealaí tiomána, siúlóide / rothaíochta sa cheantar lena n-áirítear ó Chinn Mhara go Bealach Loch Cútra, suas an líne nua go ceantar an Ghoirt agus an Tobair, amach bóthar an chósta go réigiún Bhoirne.

Samhlaítear go ndéanfar tuilleadh forbartha ar na naisc thurasóireachta idir an sráidbhaile agus an caisleán d'fhonn luach taitneamhachta an cheantair a uasmhéadú. I measc na sásraí chun é seo a bhaint amach tá saoraidí páirceála feabhsaithe a sholáthar ag an dá shuíomh mar aon le siúlbealach a nascann iad. Spreagtar seirbhísí a bhaineann le turasóireacht go príomha i lár an tsráidbhaile le háiseanna turasóireachta agus páirceála iomchuí ag Caisleán Dhún Guaire.

16.4 Seirbhísí agus Bonneagar

16.4.1 Soláthar Uisce

Soláthraíonn tollpholl amháin soláthar uisce poiblí Chinn Mhara a sholáthraíonn scéim uisce phoiblí Chinn Mhara agus a bhfuil acmhainn ann le haghaidh fáis réamh-mheasta.

16.4.2 Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an sráidbhaile. Tá acmhainn laistigh den líonra chun freastal ar fhorbairt atá beartaithe.

16.4.3 Bóithre agus Iompar

Ritheann an Bóthar Náisiúnta an N67 tríd an lonnaíocht, rud a fhágann go bhfuil go leor tráchta ann, lena n-áirítear cion ard feithiclí earraí troma agus busanna turais lae feadh Slí an Atlantaigh Fhiáin. Tá feabhsúcháin déanta ar chuid den bhonneagar bóithre áitiúil sa cheantar go háirithe feadh an bhóthair isteach chuig an sráidbhaile agus na cosáin sa sráidbhaile.

Tá páirceáil teoranta ar an tsráid i spásanna ainmnithe páirceála suite sa chearnóg, sa Chuan agus feadh na Príomhshráide. Cuirtear roinnt spásanna páirceála do bhusanna poiblí ar fáil síos ag an gCéibh.

Leis an obair athailínithe ar an mbóthar isteach soir ó Chinn Mhara, beidh an N67 níos sábháilte agus coinneofar carachtar an bhóthair trí na claíocha a atógáil. Tá an lonnaíocht inrochtana ag seirbhís laethúil bus arna cur ar fáil ag Bus Éireann (Bealach 350) idir Gaillimh agus Dúlainn, a nascann na lonnaíochtaí idir Cathair na Gaillimhe agus Dúlainn lena n-áirítear Cinn Mhara agus a sholáthraíonn seirbhísí a bhfuil géarghá leo don mhuintir áitiúil agus do thurasóirí.

16.5 Tuile

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá i mbaol tuilte, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairtí atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údarais Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Imlitir PL2 / 2014 agus aon leasú a ndéanfar orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar

Measúnacht Riosca Tuile a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta do Chinn Mhara agus tá sé de réir na dtreoirlínte agus na himlitreach dá dtagraítear thuas

Cuspóirí Beartais Chriosaithe um Úsáid Talún do Chinn Mhara (Cinn Mhara Sráidbhaile Beagfháis- KSGV)

KSGV 1 Lár an tSráidbhaile Inbhuanaithe

Forbairt shráidbhaile Chinn Mhara a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhrechtú, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontair, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a chuireann raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí ar fáil don phobal áitiúil agus do chuiditheoirí ar na sráidbhailte. Leanfaidh lár an tsráidbhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar de bheith ina phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

KSGV 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhrechtú air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha ar nós áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaonra cónaithe plean lonnaithe Chinn Mhara. Taitneamhachtaí cónaithe reatha a chosaint agus forbairt nua inlíonta atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir pleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe de limistéar an phlean. Cónaí os cionn an tsiopa a spreagadh go háirithe, rud ar féidir leis cur le beogacht an chroíláir agus gníomhaíocht a leathnú níos faide ná uaireanta gnó.

KSGV 3 Forbairt agus Seirbhísí Áitiúla

Forbairt áiseanna agus seirbhísí áitiúla a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

KSGV 4 Áiseanna Pobail

Tacú le háiseanna breise pobail a sholáthar agus le háiseanna an chlós súgartha a chothabháil, faoi réir na n-acmhainní a bheith ar fáil.

KSGV 5 Forbairt agus Seirbhísí Áitiúla

Éascú a dhéanamh ar leathnú na seirbhísí agus na ngnóthaí áitiúla atá ann nuair is cuí agus soláthar deiseanna fostaíochta áitiúla breise a éascú de réir phleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

KSGV 6 Fiontar ar Scála Beag

Soláthar forbartha tráchtála agus fostaíochta sa sráidbhaile a spreagadh agus go háirithe an soláthar de dheiseanna d'fhiontair nua-thionscanta ar scála beag.

KSGV 7 Turasóireacht

Cinn Mhara a chur chun cinn mar phríomh-cheann scríbe turasóireachta ann féin agus mar mhol turasóireachta do Chinn Mhara, ag cur eispéiris ardchaighdeán, shaibhir agus éagsúil ar fáil do gach cuairteoir.

KSGV 8 Oibreacha Feabhsúcháin ar an Sráid-Dreach

Éascú a dhéanamh ar chur i gcrích oibreacha feabhsúcháin sráid-dreacha faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

KSGV 9 Bonneagar Poiblí a Leathnú

Tacú le leathnú an bhonneagair phoiblí laistigh den sráidbhaile de réir mar a bheidh gá leis.

KSGV 10 Nascacht leis an Sráidbhaile

Ba cheart go mbeadh forbairtí nua dea-chomhtháite leis an sráidbhaile reatha agus go ligfeadh siad do rochtain éasca agus shábháilte, agus nascacht leis an sráidbhaile agus leis na príomhaiseanna de shiúl na gcós agus ar rothar.

KSGV 11 Claíocha Cloiche

Coinneáil agus cur leis na claíocha cloiche nádúrtha feadh teorainneacha cois bóthair, teorainneacha eastáit tithíochta agus teorainneacha le haon fhorbairt nua laistigh den teorainn forbartha a spreagadh.

KSGV 12 Láithreáin Deise

Athfhorbairt chuí an láithreán deise a shainaithnítear thíos a chur chun cinn, a spreagadh a chuirfidh le beogacht agus carachtar Chinn Mhara.

Láithreán OPT-KI 1 Cinn Mhara - Láithreán cúinne.


Cur síos Achomair: Tá an láithreán cúinne seo le feiceáil ag druidim leis an sráidbhaile ón taobh thoir agus ó dheas suite trasna an bhóthair siar ó Oifig an Phoist. Faoi láthair tá foirgnimh lasmuigh d'aon stór agus garáiste ag freastal ar an teaghais thraidisiúnta 3 stór ar an láithreán tadhlaigh ar an taobh thiar.

Achar: Is ionann achar an láithreán agus thart ar 0.2 HA.

Criosú: Tá an láithreán criosaithe mar Lár an tSráidbhaile.

Úsáid Talún Reatha: Seideanna stórála agus garáiste a fhreastalaíonn ar an teaghais ar an láithreán tadhlaigh ar an taobh thiar.

Deis: Soláthar a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt turasóireachta, chónaithe, tráchtála/nó úsáide measctha.



Láithreán OPT-KI 2 Cinn Mhara - Tailte ar chúl na Príomhshráide.


Cur síos Achomair: Tá aghaidh an láithreáin seo ar an bPríomhshráid le teaghais de 2 stór ann cheana féin a bhfuil rochtain taobh aige ar an bPríomhshráid ar an taobh thoir thuaidh den láithreán Deise seo. Síneann an plota siar ar chúl Theach Tábhairne Tully agus na foirgnimh a ghabhann leis ar theorainn eastát tithíochta Arvough. Ritheann an bóthar a fhreastalaíonn ar an gcarrchlós ar chúl an Ollmhargaidh feadh teorann thoir an láithreáin.


Achar: Is ionann achar an láithreán agus thart ar. 0.24HA.

Criosú: Tá an láithreán criosaithe mar Lár an tSráidbhaile.

Úsáid Talún Reatha: Cónaithe le cuid mhór den láithreán deise seo in úsáid mar ghairdíní cúil le haghaidh na réadmhaoine atá a n-aghaidheanna ar an bPríomhshráid.

Deis: Soláthar a dhéanamh do mheascán úsáidí atá in ann freastal ar fhorbairt turasóireachta, chónaithe, tráchtála/nó úsáide measctha.





- Teorainn Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe (Céim 2)
- VC - Lár an tSráidbhaile
- C2 - Úsáid Mheasctha/ Tráchtála
- T - Turasóireacht
- CF - Saoraidí Pobail
- PU - Fóntas Poiblí
- OS - Spás Oscailte/Áineas & Conláiste
- A - Talmhaíocht
- TI - Bonneagar Iompair
- Bóthar atá Beartaithe
- Úsáid Talún Srianata
- Limistéar Caomhantais Ailtireachta
- Láithreán Deise

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028


Sráidbhaile Beagfháis
Cinn Mhara
Léarscáil um Chríosú Úsáid Talún

0 90 180 270 360
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_09
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021



- Teorainn Lonnaíochta
- Críos Tuile Táscach A
- Críos Tuile Táscach B
- Críos Tuile Táscach C
- PFRA Báistiúil Táscach
- PFRA Báistiúil Rabhartha
- Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Sráidbhaile Beagfháis
Cinn Mhara
Bainistíocht Riosca i gCás Tuile

0 90 180 270 360
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_09
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021

17.1 Maigh Locha Sráidbhaile Beagfháis

17.2 Comhthéacs Sráidbhaile

Tá sráidbhaile Mhaigh Locha suite 52km soir ó thuaidh ó Chathair na Gaillimhe. Téann an N63 isteach chuig an sráidbhaile ó threo thiar theas ó Mhainistir Chnoc Muaidhe. Tá sráidbhaile Mhaigh Locha suite díreach 5km ón gCreagán. Trasnaíonn an príomhbhealach Náisiúnta (N63) agus an príomhbhealach réigiúnach R364 ag Maigh Locha chun crosbhóthar a chruthú ag lár an tsráidbhaile. Is sráidbhaile dlúth tuaithe é seo, le nasc láidir leis an gCreagán, sráidbhaile tuaithe níos mó, go háirithe chun leas a bhaint as na háiseanna iar-bhunscoile sa Chreagán mar níl meánscoil féin ag Maigh Locha. Cé go bhfuil sráidbhaile Mhaigh Locha beag, coimeádann sé go leor de na seirbhísí riachtanacha nach bhfuil ag sráidbhailte eile. Ina measc seo tá Stáisiún Garda, Oifig an Phoist agus ionad pobail.

17.3 Pobail Inbhuanaithe

17.3.1 Tithíocht

Mar aon le lonnaíochtaí eile den mhéid céanna, cuirfear meascán de chineálacha agus de mhéideanna tithe laistigh den sráidbhaile chun cinn sa phlean sráidbhaile seo. I sráidbhaile Mhaigh Locha tá cineálacha agus méideanna tí éagsúla ann cheana féin. Áirítear leis seo patrún lonnaíochta líneach ar na bóithre isteach chuig an sráidbhaile. De ghnáth, bíonn bungalónna agus tithe cónaithe dhá stór sna haonaid chónaithe seo atá suite laistigh de cheapacha móra. Tá áitribh de chineál sraithe suite i gcroílár an tsráidbhaile agus tá roinnt cóiríochta cónaithe suite os cionn aonad tráchtála atá ann cheana. Tá meascán de thithíocht de chineál bruachbhailte ann freisin a bhfuil rochtain orthu ón N63 lena n-áirítear Meadow Court, na hÚllóird, na Plandlanna agus The Dales.

Bheadh sé inmhianaithe go ndéanfaí athnuachan leanúnach ar mhaoin laistigh de Chroílár an tsráidbhaile agus ba cheart go mbeadh dearadh ardchaighdeán d'fhorbairt tithíochta inlíonta agus ba cheart go mbeadh aghaidheanna nua nó athsholáthair ag teacht le carachtar foriomlán na príomhshráide.

Tá sé tábhachtach freisin go ndéantar carachtar tuaithe, oidhreacht agus taitneamhachtaí nádúrtha an tsráidbhaile a chothabháil agus a fheabhsú agus nach gcuirtear as dóibh.

Is iad na príomhshuímh d'fhorbairtí nua tithíochta ná ceantair atá gar do chroílár an tsráidbhaile ina bhfuil naisc leis an sráidbhaile, de shiúl na gcos.

17.3.2 Oideachas

Is í Scoil Naomh Pádraig an bhunscoil chomhoideachais áitiúil sa sráidbhaile. Níl aon mheánscoil áitiúil sa sráidbhaile, tá an bhunscoil is gaire suite sa Chreagán.

17.3.3 Áiseanna Pobail

Tá dea-raon áiseanna pobail á chur ar fáil cheana féin i Maigh Locha. Ina measc seo tá bunscoil; séipéal; ionad sláinte; creis; Stáisiún na nGardaí; Oifig an Phoist; Páirc imeartha agus clós súgartha Mhaigh Locha. I bhfianaise mhéid agus shuíomh tuaithe an tsráidbhaile, tá go leor áiseanna pobail á gcur ar fáil don phobal.

Tá méadú tagtha ar an daonra sa lonnaíocht agus sa chúlchríoch máguaird le blianta beaga anuas agus leis seo, cuirtear éilimh bhreise ar bhonneagar agus ar shaoraidí pobail an tsráidbhaile. Tá sé tábhachtach go spreagtar áiseanna nua gnó a chur ar bun i gcroílár an tsráidbhaile agus nuair is

féidir, go bhfeabhsaítear na saoráidí pobail atá ann cheana.

Féachfaidh an plean seo leis na háiseanna pobail reatha a chosaint agus an raon áiseanna spóirt atá ar fáil sa sráidbhaile a leathnú.

17.3.4 Comhshaol agus Oidhreacht

Tá go leor áiseanna pobail i sráidbhaile Mhaigh Locha i dtéarmaí páirceanna imeartha, clós súgartha do leanaí agus áiseanna creise chomh maith le hionad pobail. Mar sin féin, tá easpa spáis oscailte éighníomhach agus tírdhrechtú i lár an tsráidbhaile agus timpeall air. Freastalaítear go maith ar an sráidbhaile le soilsiú sráide agus cosáin ach tá easpa ann maidir leis an méid tírdhreacha boga atá ar phríomhshráid atá sách leathan agus is í páirceáil an ghné is mó. Ina theannta sin, tá cearnóg mhór a úsáidtear mar charrchlós mar an ghné is suntasaí ar an gcrosbhóthar sa sráidbhaile ar thaobh amháin. Meastar go bhféadfadh feabhsuithe ar an ríocht phoiblí sa suíomh seo cur go mór le timpeallacht mhaireachtála an tsráidbhaile tuaithe seo.

17.3.5 Lár an tSráidbhaile agus Gnó & Fiontar

D'fhás Maigh Locha timpeall an chrosbhóthair i lár an tsráidbhaile. Is é Eaglais Naomh Pádraig an ghné is suntasaí den chrosbhóthar atá suite laistigh de phlota mór ar an taobh thiar theas den chrosbhóthar. Is áit bheag, dhlúth agus thuaithe é lár an tsráidbhaile i Maigh Locha. Tá roinnt maoine tráchtála i lár an tsráidbhaile atá imithe i léig thar na blianta.

Mar sin féin, tá roinnt comharthaí dearfacha ann de ghníomhaíocht tráchtála i lár an tsráidbhaile i Maigh Locha. Mar shampla, tá an siopa troscáin Coppinger in áit chúinne fheiceálach ar shuíomh thoir thuaidh an chrosbhóthair. Tá éadan dúbailte ar an áitreabh seo agus dá bhrí sin tá láithreacht aige ar phríomhbhealach náisiúnta an N63 agus ar Bhóthar Chill Choirín ó thuaidh. Tá roinnt siopaí áise áitiúla i lár an tsráidbhaile freisin. Tá oifig an phoist sa sráidbhaile fós i bhfeidhm agus le déanaí tugadh cead pleanála laistigh den aonad tadhlaigh lena n-áirítear caifé ilchineálach agus forbairt chónaithe a chuirfidh go mór le lár an tsráidbhaile.

Spreagfar úsáidí den chineál Gnó agus Fiontar i lár an tsráidbhaile. Beidh criosú Gnó agus Fiontar ann don fhoirgneamh stórais atá in aice leis an mbunscoil reatha, rud a sholáthródh roinnt fostaíochta áitiúla a bhfuil géarghá léi, gan dochar a dhéanamh do thaitneamhacht chónaithe.

17.4 Seirbhísí agus Bonneagar

17.4.1 Soláthar Uisce

Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil. Freastalaíonn soláthar uisce phoiblí ar an sráidbhaile. Tá soláthar uisce phoiblí ar fáil do na tailte go léir a shainaithnítear d'acmhainneacht forbartha.

17.4.2 Fuíolluisce

Freastalaíonn córas cóireála fuíolluisce cathrach ar an sráidbhaile. Tá acmhainn laistigh den líonra chun freastal ar fhorbairt atá beartaithe.

17.4.3 Iompar agus Gluaiseacht

Is é an príomhbhealach artaireach tríd an sráidbhaile ná Príomhbhóthar Náisiúnta N63 Gaillimh - Ros Comáin. Tagann sé isteach sa sráidbhaile ó threo thiar theas ó Mhainistir Chnoc Muaidhe agus casann sé siar ó dheas agus é ag fágáil Maigh Locha agus ag druidim leis an gCreagán atá thart ar 5KM soir ó dheas ó Mhaigh Locha. Trasnaíonn an N63 an R364, lena gcruthaítear an crosbhóthar i lár shráidbhaile Mhaigh Locha. Tugtar Bóthar Chill Choirín ar an gcuid ó thuaidh den R364 ag Maigh Locha agus tugtar Bóthar an tSéipéil ar an gcuid ó dheas den bhóthar. Éiríonn an N63 níos leithne i sráidbhaile Mhaigh Locha chun freastal ar pháirceáil ar na sráideanna. Tá carrchlós suite ag an gcrosbhóthar sa sráidbhaile. Soláthraíonn seirbhísí bus poiblí nasc laethúil le turais fhillte go cathair na Gaillimhe do chónaitheoirí áitiúla.

17.5 Tuile

Maidir le tailte laistigh den sráidbhaile atá i mbaol tuilte, éileoidh an Chomhairle ar aon fhorbairt atá beartaithe cloí leis an gCóras Pleanála agus na Treoirínte um Bainistíocht Riosca Tuilte d'Údarais Phleanála (RCORÁ, 2009) agus Imlitir PL2 / 2014 agus aon leasú orthu. Féadfaidh an Chomhairle, ag féachaint do chineál agus scóip na forbartha, a cheangal go ndéanfar Measúnacht Riosca Tuile a chur isteach, de réir mar is iomchuí, chun oiriúnacht tograí forbartha a mheas. Tá léarscáil tuile aitheanta do Mhaigh Locha agus tá sé de réir na dtreoirínte agus na himlitreach dá dtagraítear thuas.

Cuspóirí Beartais Chriosaithe um Úsáid Talún do Mhaigh Locha (Maigh Locha Sráidbhaile Beagfháis- MSGV)

MSGV 1 Lár an tSráidbhaile Inbhuanaithe

Forbairt shráidbhaile Mhaigh Locha a chur chun cinn, mar thimpeallacht dhian, ardchaighdeán, le dea-thírdhreachtú, de réir scála daonna agus inrochtana, le meascán iomchuí úsáidí, lena n-áirítear úsáidí cónaithe, tráchtála, seirbhíse, turasóireachta, fiontair, poiblí agus pobail de réir mar is cuí, a chuireann raon seirbhísí miondíola, áiseanna agus taitneamhachtaí ar fáil don phobal áitiúil agus do chuiditheoirí ar na sráidbhailte. Leanfaidh lár an tsráidbhaile agus an phríomhshráid ghaolmhar de bheith ina phríomhfhócas do ghníomhaíochtaí miondíola agus seirbhíse laistigh de na ceantair phlean seo.

MSGV 2 Pobail Chónaithe Inbhuanaithe

Forbairt tailte iomchuí agus seirbhísithe a chur chun cinn chun soláthar a dhéanamh do phobail chónaithe inbhuanaithe ar ardchaighdeán, a bhfuil dea-leagan amach agus dea-thírdhreachtú air, le meascán iomchuí de chineálacha agus dlúis tithíochta, mar aon le húsáidí talún comhlántacha ar nós áiseanna pobail, seirbhísí áitiúla agus saoráidí iompair phoiblí, chun freastal ar dhaonra cónaithe plean lonnaithe Mhaigh Locha. Taitneamhachtaí cónaithe reatha a chosaint agus forbairt nua inlíonta atá comhoiriúnach agus deartha go cuí a éascú, de réir pleanála cirte agus forbartha inbhuanaithe de limistéar an phlean. Cónaí os cionn an tsiopa a spreagadh go háirithe, rud ar féidir leis cur le beogacht an chroíláir agus gníomhaíocht a leathnú níos faide ná uaireanta gnó.

MSGV 3 Forbairt agus Seirbhísí Áitiúla

Forbairt áiseanna agus seirbhísí áitiúla a spreagadh agus tacú leo chun freastal ar riachtanais an phobail áitiúil.

MSGVV 4 Áiseanna Pobail

Tacú le háiseanna breise pobail a sholáthar agus le háiseanna an chlós súgartha a chothabháil, faoi réir na n-acmhainní a bheith ar fáil.

MSGV 5 Forbairt agus Seirbhísí Áitiúla

Éascú a dhéanamh ar leathnú na seirbhísí agus na ngnóthaí áitiúla atá ann nuair is iomchuí agus chun soláthar deiseanna fostaíochta áitiúla breise a éascú de réir phleanáil cheart agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

MSGV 6 Fiontair ar Scála Beag

Soláthar forbartha tráchtála agus fostaíochta sa sráidbhaile a spreagadh agus deiseanna a sholáthar d'fhiontair nua-thionscanta ar scála beag go háirithe ar thailte in aice leis an mbunscoil atá ann cheana agus a bhfuil críosú gnó agus fiontar acu.

MSGV 7 Oibreacha Feabhsúcháin ar an Sráid-Dreach

Éascú a dhéanamh ar chur i gcrích oibreacha feabhsúcháin sráid-dreacha faoi réir acmhainní a bheith ar fáil.

MSGV 8 Bonneagar Poiblí a Leathnú

Tacú le leathnú an bhonneagair poiblí laistigh den sráidbhaile de réir mar a bheidh gá leis.

MSGV 9 Nascacht leis an Sráidbhaile

Ba cheart go mbeadh forbairtí nua dea-chomhtháite leis an sráidbhaile reatha agus go ligfeadh siad do rochtain éasca agus shábháilte, agus nascacht leis an sráidbhaile agus leis na príomháiseanna de shiúl na gcos agus ar rothar.

MSGV 10 Láithreán Deise

Athfhorbairt chuí an láithreán deise a shainaithnítear thíos a chur chun cinn, a spreagadh a chuirfidh le beogacht agus carachtar Mhaigh Locha.

OPT- MO 1 Láithreán Mhaigh Locha.

Cur síos Achomair: Suíomh mór folamh i lár Shráidbhaile Mhaigh Locha.


Achar: Tá an láithreán thart ar 0.87 HA


Criosú: Tá an láithreán seo criosaithe ar Lár an tSráidbhaile.

Úsáid Talún Reatha: Folamh.

Deis: Tá an láithreán suite ar an taobh thuaidh den bhóthar go dtí an Creagán (N63). Bheadh an príomhbhealach rochtana ón gcúinne thoir theas den láithreán, ach d'fhéadfadh go mbeadh pointí rochtana breise féideartha ón taobh thoir (R364), thiar theas tríd an N63.

Tá acmhainneacht mhór ag an láithreán d'fhorbairt sa todhchaí. Tá roinnt forbairtí déanta le déanaí tadhlaigh leis an láithreán seo le roinnt blianta anuas agus cuireadh aonaid chónaithe agus creis leis. Tá criosú Lár an tSráidbhaile ar an láithreán deise áirithe seo a d'fhéadfadh forbairt chomhlántach bhreise a sholáthar le cur leis an meascán forbartha atá ann cheana sa chomharsanacht.






- Teorainn Lonnaíochta
- R - Cónaithe Reatha
- R - Cónaithe (Céim 1)
- R - Cónaithe Inlíonadh
- VC - Lár an tSráidbhaile
- BE - Gnó & Fiontar
- CF - Saoráidí Pobail
- OS - Spás Oscailte/Áineas & Conláiste
- TI - Bonneagar Iompair
- Limistéar Comhantais Ailtireachta
- Láithreán Deise


Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Sráidbhaile Beagfháis
Maigh Locha
Léarscáil um Chriosú Úsáid Talún



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_09
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021



- Teorainn Lonnaíochta
- Críos Tuile Táscach A
- Críos Tuile Táscach B
- Críos Tuile Táscach C
- PFRA Báistiúil Táscach
- PFRA Báistiúil Rabhartha
- Uisce

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe
2022-2028

Sráidbhaile Beagfháis
Maigh Locha
Bainistíocht Riosca i gCás Tuile

0 90 180 270 360
Méadair



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Comhairle Chontae na Gaillimhe 2021 OSI_NMA_09
Suirbhéireacht Ordanáis Éireann 2021